



---

*Uimhir 25 de 2008*

---

**AN tACHT AIRGEADAIS (UIMH. 2) 2008**

*[An tiontú oifigiúil]*

---

**RIAR NA nALT**

**CUID 1**

**TOBHAIGH, CÁIN IONCAIM, CÁIN CHORPARÁIDE AGUS CÁIN  
GHNÓCHAN CAIPITIÚIL**

**CAIBIDIL 1**

*Léiriú*

Alt

1. Léiriú (*Cuid 1*).

**CAIBIDIL 2**

*Tobhaigh*

2. Tobhach ioncaim.
3. Tobhach lotha i limistéir uirbeacha.

**CAIBIDIL 3**

*Cáin Ioncaim*

4. Leasú ar alt 15 (ráta muirir) den Phríomh-Acht.
5. Leasú ar alt 122 (socruithe maidir le hiasacht tosaíochta) den Phríomh-Acht.
6. Sochar comhchineáil: ríomhaireachtaí astaíocht bhunaithe.
7. Muirear sochair comhchineáil: faoiseamh i leith rothar.
8. Leasú ar alt 469 (faoiseamh i leith costais sláinte) den Phríomh-Acht.
9. Scéimeanna scaireanna d'fhostaithe: ceadú a tharraingt siar.
10. Leasú ar alt 128 (mar a dhéileálfar, ó thaobh cánach, le stiúirthóirí cuideachtaí agus fostaithe dá ndeonaítear cearta chun scaireanna nó sócmhainní eile a fháil) den Phríomh-Acht.
11. Leasú ar Sceideal 29 (forálacha dá dtagraítear in ailt 1052, 1053 agus 1054) a ghabhann leis an bPríomh-Acht.

[Uimh. 25.] *An tAcht Airgeadais (Uimh. 2)* 2008. [2008.]

12. Leasú ar Chaibidil 5 (forálacha muirearacha ilghnéitheacha) de Chuid 5 den Phríomh-Acht.
13. Cáin a aisíoc i gcás nach gcuirfear tuilleamh ar aghaidh.
14. Faoiseamh i leith úis a íocadh ar iasachtaí tí áirithe.
15. Leasú ar alt 819 (cónaí) den Phríomh-Acht.
16. Sochair scoir.

#### CAIBIDIL 4

##### *Cáin Ioncaim, Cáin Chorparáide agus Cáin Ghnóchan Caipitiúil*

17. Leasú ar alt 659 (feirmeoireacht: liúntais le haghaidh caiteachais chaipitiúil ar fhoirgníú foirgneamh feirme, etc. chun truailliú a rialú) den Phríomh-Acht.
18. Leasú ar Chaibidil 2 (feirmeoireacht: faoiseamh i leith méadú ar luachanna stoic) de Chuid 23 den Phríomh-Acht.
19. Leasú ar alt 279 (foirgnimh nó déanmhais áirithe a cheannach) den Phríomh-Acht.
20. Liúntais chaipitiúla le haghaidh aonad cáilitheach sainchúraim mhaolaithigh.
21. Scéim chun aistriú agus athshuíomh saoráidí tionscail áirithe a éascú.
22. Leasú ar alt 268 (an bhrí atá le “foirgneamh nó déanmhas tionscail”) den Phríomh-Acht.
23. Leasú ar alt 81 (riail ghinearálta maidir le hasbhaintí) den Phríomh-Acht.
24. Leasú ar alt 81B (cúlchistí combhionannaithe le haghaidh gnó árachais agus athárachais creidmheasa de chuid cuideachtaí) den Phríomh-Acht.
25. Leasú ar alt 198 (ní inmhuirearaithe ús áirithe) den Phríomh-Acht.
26. Leasú ar Chuid 8 (íocaíochtaí bliantúla, muirir agus ús) den Phríomh-Acht.
27. Polasaithe árachais saoil agus cistí infheistíochta.
28. Leasú ar alt 481 (faoiseamh i leith infheistíochta i scannáin) den Phríomh-Acht.
29. Leasú ar alt 503 (éilimh) den Phríomh-Acht.
30. Leasú ar alt 768 (liúntas le haghaidh fios feasa) den Phríomh-Acht.

#### CAIBIDIL 5

##### *Cáin Chorparáide*

31. Faoiseamh ó cháin do chuideachtaí nua-thionscanta áirithe.
32. Leasú ar alt 448 (faoiseamh ó cháin chorparáide) den Phríomh-Acht.

[2008.] *An tAcht Airgeadais (Uimh. 2) 2008. [Uimh. 25.]*

33. Críoch iomchuí.
34. Leasú ar alt 766 (creidmheas cánach le haghaidh caiteachais ar thaighde agus forbairt) den Phríomh-Acht.
35. Leasú ar alt 766A (creidmheas cánach ar chaiteachas ar fhoirgnimh nó ar dhéanmhais a úsáidtear le haghaidh taighde agus forbartha) den Phríomh-Acht.
36. Teorainn le creidmheasanna cánach atá le híoc faoi alt 766 nó 766A den Phríomh-Acht.
37. Liúntais caithimh agus cuimilte a luathú le haghaidh trealaimh áirithe atá éifeachtach ó thaobh fuinnimh de.
38. Réamhcháin.
39. Leasú ar alt 239 (cáin ioncain ar íocaíochtaí ag cuideachtaí cónaitheacha) den Phríomh-Acht.
40. Leasú ar Sceideal 4 (comhlachtaí stát-tionscanta neamhthráchtála sonraithe a dhíolmhú ó fhorálacha áirithe cánach) a ghabhann leis an bPríomh-Acht.

#### CAIBIDIL 6

##### *Cáin Ghnóchan Caipitiúil*

41. Mar a dhéileálfar ó thaobh cánach le bainisteoirí ciste fiontair áirithe.
42. Leasú ar alt 29 (daoine is inmhuirearaithe) den Phríomh-Acht.
43. Leasú ar alt 549 (idirbhearta idir daoine bainteacha) den Phríomh-Acht.
44. Gnóchain chaipitiúla: ráta muirir.
45. Mar a dhéileálfar le diúscairtí áirithe arna ndéanamh ag Cumann Cógaiseoirí na hÉireann.

#### CUID 2

##### MÁL

46. Leasú ar Chaibidil 1 de Chuid 2 (dlí máil ginearálta a chomhdhlúthú agus a nuachóiriú) den Acht Airgeadais 2001.
47. Rátaí cánach ola mianra.
48. Leasú ar Chaibidil 1 (cáin ola mianra) de Chuid 2 den Acht Airgeadais 1999.
49. Leasú ar Chaibidil 1 (cáin leictreachais) de Chuid 2 den Acht Airgeadais 2008.
50. Rátaí cánach táirgí alcóil.
51. Leasú ar alt 78A (faoiseamh do ghrúdlanna beaga) den Acht Airgeadais 2003.
52. Rátaí cánach táirgí tobac.

[Uimh. 25.] *An tAcht Airgeadais (Uimh. 2)* 2008. [2008.]

53. Leasú ar alt 67 (dleacht gealltóireachta) den Acht Airgeadais 2002.
54. Leasú ar alt 71 (dleacht gealltóireachta a íoc) den Acht Airgeadais 2002.
55. Cáin aerthaistil.
56. Leasú ar alt 7 (ceadúnaisí geallghlacadóirí do thabhairt amach) den Acht um Gheall-Chur 1931.
57. Aisghairm a bhaineann le dlí máil.
58. Ceadúnais mhórdhíoltóirí.
59. Méaduithe ar dhleachtanna ar cheadúnais áirithe deochanna meisciúla.
60. Leasú ar alt 130 (léiriú) den Acht Airgeadais 1992.
61. Leasú ar alt 131 (na Coimisinéirí Ioncaim do chlárú feithiclí) den Acht Airgeadais 1992.
62. Leasú ar alt 132 (dleacht mháil a mhuirearú) den Acht Airgeadais 1992.
63. Leasú ar alt 134 (buanfhaoisimh) den Acht Airgeadais 1992.
64. Leasú ar alt 135 (díolúine shealadach ó chlárú) den Acht Airgeadais 1992.
65. Leasú ar alt 135B (méideanna a aisíoc i leith cánach cláraithe feithiclí i gcásanna áirithe) den Acht Airgeadais 1992.
66. Leasú ar alt 141 (rialacháin) den Acht Airgeadais 1992.

### CUID 3

#### CÁIN BHREISLUACHA

67. Léiriú (*Cuid 3*).
68. Leasú ar alt 3 (soláthar earraí) den Phríomh-Acht.
69. Leasú ar alt 7A (rogha chun ligin earraí dochorraithe a chur faoi cháin) den Phríomh-Acht.
70. Leasú ar alt 7B (bearta idirthréimhseacha: díolúine a tharscaoileadh) den Phríomh-Acht.
71. Imeallscéim ghníomhaire taistil.
72. Leasú ar alt 11 (rátaí cánach) den Phríomh-Acht.
73. Leasú ar alt 12 (asbhaint i leith cáin a iompraíodh nó a íocadh) den Phríomh-Acht.
74. Leasú ar alt 20 (aisíoc cánach) den Phríomh-Acht.
75. Leasú ar alt 32 (rialacháin) den Phríomh-Acht.
76. Leasú ar an gCéad Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht.

77. Leasú ar an Dara Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht.

#### CUID 4

##### DLEACTANNA STAMPA

78. Léiriú (*Cuid 4*).
79. Ionstraimí a stampáil go leictreonach: nithe breise.
80. Leasú ar alt 5 (comhaontú maidir le dleacht stampa a íoc ar ionstraimí) den Phríomh-Acht.
81. Leasú ar alt 14 (pionós ar ionstraimí a stampáil tar éis iad a fhorghníomhú) den Phríomh-Acht.
82. Talamh: forálacha speisialta.
83. Leasú ar alt 34 (comhaontuithe i dtaca le díol nó in oirchill díola) den Phríomh-Acht.
84. Leasú ar alt 81AA (aistrithe chuig feirmeoirí óga oilte) den Phríomh-Acht.
85. Leasú ar alt 81C (faoiseamh breise comhdhlúthúcháin feirme) den Phríomh-Acht.
86. Leasú ar Chuid 9 (tobhaigh) den Phríomh-Acht.
87. Leasú ar Sceideal 1 a ghabhann leis an bPríomh-Acht.

#### CUID 5

##### CÁIN FHÁLTAS CAIPITIÚIL

88. Léiriú (*Cuid 5*).
89. Leasú ar alt 89 (forálacha a bhaineann le maoin talmhaíochta) den Phríomh-Acht.
90. Fáltais chaipitiúla: an ráta muirir.

#### CUID 6

##### ILGHNÉITHEACH

91. Léiriú (*Cuid 6*).
92. Cumhachtaí ioncaim.
93. Tuairisceáin i ndáil le socraíochtaí agus iontaobhaithe.
94. Míreanna oidhreachta agus maoin oidhreachta a bhronnadh.
95. Leasú ar alt 811A (idirbhearta chun dliteanas cánach a sheachaint: formhuirear, ús agus fógra cosantach) den Phríomh-Acht.
96. Leasuithe ilghnéitheacha: dreasú chun íoc agus comhdú go leictreonach.
97. Leasuithe ilghnéitheacha a bhaineann le cáin a bhailiú agus a ghnóthú.

[Uimh. 25.] *An tAcht Airgeadais (Uimh. 2)* 2008. [2008.]

98. Leasuithe ilghnéitheacha i ndáil le pionóis.
99. Leasuithe teicniúla ilghnéitheacha i ndáil le cáin.
100. An Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla.
101. Cúram agus bainistiú cánacha agus dleachtanna.
102. Gearrtheideal, forléiriú agus tosach feidhme.

#### SCEIDEAL 1

AISGHAIRM I NDÁIL LEIS AN DLÍ MÁIL

#### SCEIDEAL 2

CEADÚNAIS MHÁIL

#### SCEIDEAL 3

LEASUITHE ILGHNÉITHEACHA: DREASÚ CHUN ÍOC AGUS COMHDÚ GO LEICTREONACH

#### SCEIDEAL 4

FORÁLACHA A BHAINNEANN LE CÁIN A BHAILIÚ AGUS A GHNÓTHÚ

#### SCEIDEAL 5

LEASUITHE ILGHNÉITHEACHA I NDÁIL LE PIONÓIS

#### SCEIDEAL 6

LEASUITHE ILGHNÉITHEACHA TEICNIÚLA I NDÁIL LE CÁIN

---

NA HAHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

An tAcht Aerloingseoireachta agus Aeriompair (Leasú) 1998	1998, Uimh. 24
An tAcht Féimheachta 1988	1988, Uimh. 27
An tAcht um Gheall-Chur 1931	1931, Uimh. 27
An tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil 2003	2003, Uimh. 1
Acht an Bhainc Ceannais 1971	1971, Uimh. 24
Acht na gCuideachtaí 1963	1963, Uimh. 33
An tAcht Cúirteanna Breithiúnais 1924	1924, Uimh. 10
Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha) 1961	1961, Uimh. 39
An tAcht um Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath 1997	1997, Uimh. 7
An tAcht um Thráchtáil Leictreonach 2000	2000, Uimh. 27
An tAcht um Fheidhmiú Orduithe Cúirte 1926	1926, Uimh. 18
<i>Excise Act 1835</i>	5&6 Wm.4, c.39
<i>Finance (1909-10) Act 1910</i>	10 Edw.7, c.8
An tAcht Airgeadais 1940	1940, Uimh. 14
An tAcht Airgeadais 1947	1947, Uimh. 15
An tAcht Airgeadais 1950	1950, Uimh. 18
An tAcht Airgeadais 1976	1976, Uimh. 16
An tAcht Airgeadais 1980	1980, Uimh. 14
An tAcht Airgeadais 1983	1983, Uimh. 15
An tAcht Airgeadais 1989	1989, Uimh. 10
An tAcht Airgeadais 1992	1992, Uimh. 9
An tAcht Airgeadais 1993	1993, Uimh. 13
An tAcht Airgeadais 1995	1995, Uimh. 8
An tAcht Airgeadais 1999	1999, Uimh. 2
An tAcht Airgeadais 2000	2000, Uimh. 3
An tAcht Airgeadais 2001	2001, Uimh. 7
An tAcht Airgeadais 2002	2002, Uimh. 5
An tAcht Airgeadais 2003	2003, Uimh. 3
An tAcht Airgeadais 2005	2005, Uimh. 5
An tAcht Airgeadais 2006	2006, Uimh. 6
An tAcht Airgeadais 2007	2007, Uimh. 11
An tAcht Airgeadais 2008	2008, Uimh. 3
An tAcht Seirbhísí Dóiteáin 1981	1981, Uimh. 30
An tAcht Sláinte 1970	1970, Uimh. 1
An tAcht um Ranníocaí Sláinte 1979	1979, Uimh. 4
An tAcht Deocha Meisciúla 1943	1943, Uimh. 7
An tAcht Deocha Meisciúla 1946	1946, Uimh. 33
An tAcht Deochanna Meisciúla 1962	1962, Uimh. 21
An tAcht Deochanna Meisciúla 1988	1988, Uimh. 16
An tAcht Deochanna Meisciúla 2003	2003, Uimh. 31
An tAcht Deochanna Meisciúla (An Ceoláras Náisiúnta) 1983	1983, Uimh. 34
An tAcht um Údarás Eitlíochta na hÉireann 1993	1993, Uimh. 29
An tAcht um Thionscal Rásaíochta Capall na hÉireann 1994	1994, Uimh. 18
<i>Judgement Mortgage (Ireland) Act 1850</i>	13&14 Vic. c. 29
<i>Judgement Mortgage (Ireland) Act 1858</i>	21&22 Vic. c. 105
An tAcht Rialtais Áitiúil 2001	2001, Uimh. 37

[Uimh. 25.] *An tAcht Airgeadais (Uimh. 2)* 2008. [2008.]

An tAcht um Chosaint Mháithreachais 1994	1994, Uimh. 34
An tAcht um Chosaint Mháithreachais (Leasú) 2004	2004, Uimh. 28
An tAcht um Fhorais Chultúir Náisiúnta 1997	1997, Uimh. 11
An tAcht um Chiste Náisiúnta Oiliúna 2000	2000, Uimh. 41
An tAcht Cógaisíochta 2007	2007, Uimh. 20
<i>Pharmacy (Ireland) Act 1875</i>	38&39 Vic. c. 57
Na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000 go 2006	
An tAcht um Bhailiú Shealadach Cánach 1927	1927, Uimh. 7
An tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005	2005, Uimh. 26
An tAcht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa 1999	1999, Uimh. 31
An tAcht um Údaráis Stáit (Socrúithe le haghaidh Comhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha) 2002	2002, Uimh. 1
An tAcht Comhdhlúite Cánacha 1997	1997, Uimh. 39
An tAcht um Thrácht Cuartaíochta 1952	1952, Uimh. 15
An tAcht Cánach Breisluacha 1972	1972, Uimh. 22
Na hAchtanna Cánach Breisluacha 1972 go 2008	





---

*Uimhir 25 de 2008*

---

**AN tACHT AIRGEADAIS (UIMH. 2) 2008**

*[An tiontú oifigiúil]*

---

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE FORCHUR, AISGHAIRM, LOGHADH, ATHRÚ AGUS RIALÁIL CÁNACHAIS, DLEACHTANNA STAMPA AGUS DLEACHTANNA A BHAINNEANN LE MÁL AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ EILE THAIRIS SIN I dTAOBH AIRGEADAIS LENA nÁIRÍTEAR RIALÁIL CUSTAM.  
[24 Nollaig, 2008]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

CUID 1

TOBHAIGH, CÁIN IONCAIM, CÁIN CHORPARÁIDE AGUS CÁIN GHNÓCHAN CAIPITIÚIL

CAIBIDIL 1

*Léiriú*

1.—Sa Chuid seo, ciallaíonn “Príomh-Acht” an tAcht Léiriú (*Cuid 1*).  
Comhdhlúite Cánacha 1997.

CAIBIDIL 2

*Tobhaigh*

2.—Leasaítear an Príomh-Acht—

Tobhach ioncaim.

(a) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Chuid 18:

“TOBHAIGH

CUID 18A

TOBHACH IONCAIM

Míithe (Cuid 18A).

531A.—(1) Sa Chuid seo—

ciallaíonn ‘ioncam comhiomlán’, i ndáil le pearsa aonair agus bliain mheasúnachta, comhiomlán dhíolaíochtaí iomchuí agus

ioncam iomchuí na pearsan aonair don bhliain mheasúnachta;

ciallaíonn ‘Ard-Bhailitheoir’ an tArd-Bhailitheoir arna cheapadh nó arna ceapadh faoi alt 851;

tá le ‘fostaí’ agus ‘fostóir’ na bríonna céanna atá leo in alt 983;

ciallaíonn ‘díolaíochtaí eisiata’ díolaíochtaí a tugadh don Aire Airgeadais faoi alt 483;

tá le ‘tobhach ioncaim’ an bhrí a shanntar dó le halt 531B;

ciallaíonn ‘mí cánach ioncaim’ mí fhéilire;

ciallaíonn ‘Rialacháin ÍMAT’ na Rialacháin Cánach Ioncaim (Fostaíochtaí) (Comhdhlúite) 2001 (I.R. Uimh. 559 de 2001);

forléireofar ‘díolaíochtaí iomchuí’ agus ‘ioncam iomchuí’ de réir mhíreanna (a) agus (b), faoi seach, den Tábla a ghabhann le halt 531B(1);

ciallaíonn ‘íocaíochtaí de chineál dá samhail’ íocaíochtaí atá den ghné chéanna le híocaíochtaí arna ndéanamh faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh ach a dhéanann—

- (a) Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte,
- (b) an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta,
- (c) an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta,
- (d) an Roinn Oideachais agus Eolaíochta,
- (e) an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia,
- (f) an Foras Áiseanna Saothair, i leith scéimeanna a luaitear i glásail (I), (II) agus (III) d’alt 472A(1)(b)(i), nó
- (g) aon stát nó críoch eile;

ciallaíonn ‘íocaíochtaí leasa shóisialaigh’ íocaíochtaí arna ndéanamh faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh;

ciallaíonn ‘bliain mheasúnachta’ bliain mheasúnachta de réir bhrí na nAchtanna Cánach.

(2) Tá le focail agus le habairtí a úsáidtear sa Chuid seo na bríonna céanna atá leo sna hAchtanna Cánach ach amháin i gcás go bhforáiltear a mhalairt nó go n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt.

Tobhach  
ioncain a  
mhuirearú.

531B.—(1) Le héifeacht ón 1 Eanáir 2009, déanfar cáin ar a dtabharfar ‘tobhach ioncain’ a mhuirearú, a thobhach agus a íoc de réir fhorálacha na Coda seo i leith an ioncain a shonraítear i míreanna (a) agus (b) den Tábla a ghabhann leis an bhfo-alt seo.

#### AN TÁBLA

- (a) Maidir leis an ioncam a thuairiscítear sa mhír seo, ar a dtabharfar ‘díolaíochtaí iomchuí’, is díolaíochtaí atá ann a bhfuil feidhm ag Caibidil 4 de Chuid 42 maidir leo nó a gcuirtear an Chaibidil sin i bhfeidhm maidir leo, seachas íocaíochtaí leasa shóisialaigh agus íocaíochtaí de chineál dá samhail agus díolaíochtaí eisiata.
- (b) Maidir leis an ioncam a thuairiscítear sa mhír seo, ar a dtabharfar ‘ioncam iomchuí’, is ioncam atá ann ó gach bunadh, seachas díolaíochtaí iomchuí, íocaíochtaí leasa shóisialaigh agus íocaíochtaí de chineál dá samhail agus díolaíochtaí eisiata, arna mheas de réir na nAchtanna Cánach Ioncain agus—
- (i) amhail is nár achtaíodh ailt 140, 141, 142, 143, 195, 231, 232, 233, 234 agus 664 riamh,
- (ii) gan aird ar aon asbhaint—
- (I) i leith liúntais cíosa dhúbailte faoi alt 324(2), 333(2), 345(3) nó 354(3),
- (II) faoi alt 372AP, le linn méid barrachais nó easnaimh i leith cíosa ó aon áitreabh a ríomh,
- (III) faoi alt 372AU, le linn méid barrachais nó easnaimh i leith cíosa

ó aon áitreabh a ríomh,

- (IV) faoi alt 847A, i leith deonacháin iomchuí (de réir bhrí an ailt sin), nó
- (V) faoi alt 848A, i leith deonacháin iomchuí (de réir bhrí an ailt sin),
- (iii) gan gnóchain, ioncam ná íocaíochtaí lena mbaineann aon cheann de na forálacha seo a leanas a áireamh:
  - (I) Caibidil 4 de Chuid 8;
  - (II) Caibidil 5 de Chuid 8;
  - (III) Caibidil 7 de Chuid 8;
  - (IV) Caibidil 5 de Chuid 26;
  - (V) Caibidil 6 de Chuid 26;
  - (VI) Caibidil 1A de Chuid 27;
  - (VII) Caibidil 4 de Chuid 27,
 agus
- (iv) ag féachaint d'asbhaint i leith aon íocaíochta lena mbaineann alt 1025, arna déanamh ag pearsa aonair de bhun comhshocraíochta cothabhála (de réir bhrí an ailt sin), a bhaineann leis an bpósadh chun tairbhe an pháirtí eile sa phósadh, mura bhfuil feidhm ag alt 1026 i leith íocaíochta den sórt sin.

(2) Ní bheidh an tobhach ioncain iníoctha, do bhliain mheasúnachta, ag pearsa aonair—

- (a) a chruthóidh chun sástacht na gCoimisinéirí Ioncain nach mó ná €18,304 a ioncam nó a hioncam comhiomlán don bhliain mheasúnachta,
- (b) a bhfuil, de bhua alt 45 den Acht Sláinte 1970 nó Rialachán (CEE) Uimh. 1408/71<sup>1</sup> an 14 Meitheamh 1971 ón

<sup>1</sup>IO Uimh. L 149, 5.7.1971, lch.2

gComhairle, lán-cháilíocht aige nó aici le haghaidh seirbhísí faoi Chuid IV den Acht sin, nó

- (c) a chruthóidh chun sástacht na gCoimisinéirí Ioncaim, tar éis dóibh éileamh arna dhéanamh ar shlí a cheadóidh nó dá bhforáilfaidh siad a fháil, nach mó ná €20,000 a ioncam nó a hioncam comhiomlán don bhliain mheasúnachta agus a mbeidh 65 bliana d'aois nó os a chionn slánaithe aige nó aici tráth ar bith le linn na bliana measúnachta sin.

An ráta muirir. 531C.—Déanfar, don bhliain mheasúnachta 2009, agus do gach bliain mheasúnachta dá éis, pearsa aonair a mhuirearú i leith tobhaigh ioncaim ar a ioncam nó ar a hioncam comhiomlán don bhliain mheasúnachta de réir na rátaí a shonraítear sa Tábla a ghabhann leis an alt seo.

#### AN TÁBLA

An chuid den ioncam comhiomlán	An ráta tobhaigh ioncaim
An chéad €100,100	1%
An chéad €150,020 eile	2%
An fuilleach	3%

Tobhach ioncaim ar dhíolaíochtaí iomchuí a asbhaint agus a íoc.

531D.—(1) Beidh fostóir faoi dhliteanas sa chéad ásc tobhach ioncaim a íoc a bheidh dlite i leith aon íocaíochta díolaíochtaí iomchuí.

- (2) (a) Maidir le haon íocaíocht díolaíochtaí iomchuí a dhéanfar le fostaí nó thar ceann fostaí an 1 Eanáir 2009 nó dá éis, déanfaidh an fostóir tobhach ioncaim a asbhaint as na díolaíochtaí sin de réir aon cheann nó gach ceann de na rátaí a shonraítear i bhfomhíreanna (i) agus (ii) de mhír (c) agus beidh feidhm chun na críche sin ag an bhfomhír sin (ii) amhail is dá ndéanfaí na focail ‘ach nach dtéann thar €4,810’ a scríosadh.
- (b) Maidir le haon íocaíocht díolaíochtaí iomchuí a dhéanfar le fostaí nó thar ceann fostaí ar dháta rite an *Achta Airgeadais (Uimh. 2) 2008* nó dá éis sin, déanfaidh an fostóir tobhach

ioncaim a asbhaint as na díolaíochtaí sin de réir aon cheann nó gach ceann de na rátaí a shonraítear i bhfomhíreanna (i), (ii) agus (iii) de mhír (c).

(c) Is iad seo a leanas na rátaí dá dtagraítear i míreanna (a) agus (b):

(i) 1 faoin gcéad i gcás nach mó ná €1,925 méid na ndíolaíochtaí iomchuí, sa chás gur seachtain an tréimhse a ndéantar an íocaíocht ina leith, nó méid comhréire sa chás gur mó nó gur lú ná seachtain an tréimhse,

(ii) 2 faoin gcéad ar mhéid na breise i gcás gur mó ná €1,925 méid na ndíolaíochtaí iomchuí, ach nach mó ná €4,810 é, sa chás gur seachtain an tréimhse a ndéantar an íocaíocht ina leith, nó méid comhréire i gcás gur mó nó gur lú ná seachtain an tréimhse,

(iii) 3 faoin gcéad ar mhéid na breise i gcás gur mó ná €4,810 méid na ndíolaíochtaí iomchuí, sa chás gur seachtain an tréimhse a ndéantar an íocaíocht ina leith, nó méid comhréire i gcás gur mó nó gur lú ná seachtain an tréimhse,

agus d'ainneoin gur díolaíochtaí, go hiomlán nó go páirteach, in aghaidh bliana measúnachta éigin seachas an bhliain mheasúnachta a ndéanfar an íocaíocht lena linn na díolaíochtaí iomchuí.

(3) Beidh feidhm ag forálacha Chuid 4 de Rialachán ÍMAT, fara aon mhodhnuithe is gá, maidir le tobhach ioncaim i leith díolaíochtaí iomchuí, agus maidir le haon tobhach ioncaim is infíoctha ag fostaí, ní bheidh sé inghnóthaithe uaidh nó uaithi ag a fhostóir nó ag a fostóir ach trína asbhaint de réir na bhforálacha sin.

(4) (a) (i) Déanfaidh an fostóir, laistigh de 14 lá ó dheireadh gach míosa cánach ioncaim, iomlán na

méideanna go léir de thobhach ioncaim a dhligh an fostóir a asbhaint as díolaíochtaí iomchuí arna n-foc ag an bhfostóir le linn na míosa cánach ioncaim sin a chur ar aghaidh chuig an Ard-Bhailitheoir.

- (ii) Féadfaidh an tArd-Bhailitheoir a údarú, i scríbhinn, don fhostóir, agus mura gcuirfidh an fostóir ina choinne, iomlán na méideanna go léir de thobhach ioncaim a chur ar aghaidh chuig an Ard-Bhailitheoir, laistigh de 14 lá ó dheireadh cibé tréimhse is faide (más ann) ach nach faide ná bliain, a údarófar amhlaidh ar méideanna iad a dhligh an fostóir a asbhaint as díolaíochtaí iomchuí arna n-foc ag an bhfostóir le linn na tréimhse is faide sin.
  - (iii) I gcás go ndéanfar iomlán na méideanna a chur ar aghaidh ar cur ar aghaidh é dá dtagraítear i bhfomhír (i) trí cibé meán leictreonach (de réir bhrí alt 917EA) a cheadóidh na Coimisinéirí Ioncaim, beidh feidhm ag fomhír (i) agus beidh éifeacht léi amhail is dá gcuirfí ‘Laistigh de 23 lá ó dheireadh gach míosa cánach ioncaim’ in ionad ‘Laistigh de 14 lá ó dheireadh gach míosa cánach ioncaim’ ach, i gcás nach ndéanfar an cur ar aghaidh sin laistigh den tréimhse 23 lá sin, beidh feidhm ag fomhír (i) agus beidh éifeacht léi gan féachaint d’fhorálacha na fomhíre seo.
- (b) Ar thobhach ioncaim a bheith íochta, féadfaidh an tArd-Bhailitheoir admháil a thabhairt don fhostóir lena mbaineann i leith na híocaíochta agus is é a bheidh san admháil cibé ceann acu seo a leanas is cuí leis an Ard-Bhailitheoir, eadhon—

- (i) admháil ar leithligh i leith gach íocaíochta den sórt sin, nó
  - (ii) admháil i leith na n-íocaíochtaí sin go léir arna ndéanamh laistigh den tréimhse a shonrófar san admháil.
- (5) (a) Laistigh de 46 lá ó dheireadh bliana measúnachta, nó ón dáta a scoirfidh an fostóir go buan de bheith ina fhostóir nó ina fostóir lena mbaineann Rialachán 7(1) de Rialacháin ÍMAT, cibé acu is túisce, cuirfidh an fostóir na nithe seo a leanas chuig an Ard-Bhailitheoir—
- (i) tuairisceán, i bhfoirm a sholáthróidh nó a cheadóidh na Coimisinéirí Ioncaim, i leith gach pearsan aonair lena ndearnadh íocaíocht díolaíochtaí iomchuí le linn na bliana sin, ar a dtaispeánfar—
    - (I) méid iomlán an tobhaigh ioncaim ab iníochta maidir leis an bpearsa aonair sa bhliain sin,
    - (II) an dáta a thosaigh agus an dáta a scoir fostaíocht na pearsan aonair laistigh den bhliain sin, más infheidhme,
    - (III) an ráta tobhaigh ioncaim is iníochta i leith na pearsan aonair, agus
    - (IV) iomlán na ndíolaíochtaí iomchuí a íocadh leis an bpearsa aonair sa bhliain sin,
- agus
- (ii) ráiteas, dearbhú agus deimhniú, i cibé foirm a sholáthróidh nó a cheadóidh na Coimisinéirí Ioncaim, ina léireofar an méid iomlán tobhaigh ioncaim a dhligh an fostóir a chur ar aghaidh i leith



gach pearsan aonair lena ndearnadh íocaíocht díolaíochtaí iomchuí sa bhliain mheasúnachta.

- (b) I gcás gur comhlacht corpraithe an fostóir, beidh an dearbhú agus an deimhniú dá dtagraítear i mír (a)(ii) faoi shíniú rúnaí an chomhlachta chorpraithe nó stiúirthóra ar an gcomhlacht corpraithe.
- (6) (a) (i) Laistigh de 46 lá ó dheireadh bliana measúnachta, tabharfaidh an fostóir do gach fostaí atá ar fostú ag an bhfostóir ar an lá deiridh den bhliain mheasúnachta agus ar asbhaineadh aon tobhach ioncaim as a dhíolaíochtaí iomchuí nó a díolaíochtaí iomchuí le linn na bliana sin, deimhniú ina léireofar—
- (I) an méid iomlán tobhaigh ioncaim a asbhaineadh as díolaíochtaí iomchuí an fhostaí le linn na bliana sin,
- (II) dáta tosaigh fhostaíocht an fhostaí laistigh den bhliain sin, más infheidhme,
- (III) an ráta tobhaigh ioncaim ab iníoctha i leith an fhostaí, agus
- (IV) iomlán na ndíolaíochtaí iomchuí a íocadh leis an bhfostóir sa bhliain sin.
- (ii) Is i cibé foirm a sholáthróidh nó a cheadóidh na Coimisinéirí Ioncaim a bheidh an deimhniú a shonraítear i bhfomhír (i).
- (b) (i) Déanfaidh fostóir, i gcás fostaí lena ndéanfaidh sé nó sí íocaíocht díolaíochtaí iomchuí, deimhniú a thabhairt don fhostaí ar scor na tréimhe fostaíochta lena mbaineann an íocaíocht tobhaigh ioncaim i leith an fhostaí

agus taispeánfar sa deimhniú—

- (I) an tobhach ioncaim iomlán maidir leis an bhfostaí a dhligh an fostóir a chur ar aghaidh don bhliain mheasúnachta ina dtarlaíonn an scor anuas go dtí an dáta scoir agus an dáta scoir san áireamh,
  - (II) dáta tosaigh (más infheidhme) agus dáta scoir fhostaíocht na pearsan aonair laistigh den bhliain sin,
  - (III) an ráta tobhaigh ioncaim ab iníoctha i leith an fhostaí, agus
  - (IV) iomlán na ndíolaíochtaí iomchuí a íocadh leis an bhfostaí sa bhliain sin anuas go dtí an dáta scoir agus an dáta scoir san áireamh.
- (ii) Is i cibé foirm a sholáthróidh nó a cheadóidh na Coimisinéirí Ioncaim a bheidh an deimhniú a shonraítear i bhfomhír (i).

Taifeadchoimeád. 531E.—(1) Déanfaidh fostóir na sonraí seo a leanas a thaifeadadh i leith gach fostaí lena ndearnadh íocaíocht díolaíochtaí iomchuí i mbliain mheasúnachta—

- (a) méid gach íocaíochta díolaíochtaí iomchuí,
- (b) an méid tobhaigh ioncaim arna asbhaint as gach íocaíocht den sórt sin,
- (c) an méid iomlán tobhaigh ioncaim a dhlíonn an fostóir a chur ar aghaidh i leith gach íocaíochta den sórt sin, agus
- (d) dátaí tosaigh agus scoir fostaíochta na pearsan aonair laistigh den bhliain mheasúnachta, más infheidhme.

(2) Is i bhfoirm a cheadóidh na Coimisinéirí Ioncaim a bheidh na taifid a shonraítear i bhfo-alt (1) agus coimeádfaidh fostóirí iad ar feadh tréimhse nach lú ná 6

bliana tar éis dheireadh na bliana measúnachta lena mbaineann siad.

Cumhacht iniúchta.

531F.—Beidh feidhm ag forálacha alt 903 agus Rialachán 32 de Rialacháin ÍMAT, i ndáil le taifid a iniúchadh, fara aon mhodhnuithe is gá, maidir leis na sonraí arna dtaifeadadh de bhun alt 531E mar atá feidhm acu maidir leis na taifid a shonraítear sna forálacha sin.

Tobhach ioncaim a bheidh dlite i leith míonna cánach ioncaim agus i leith na bliana a mheas.

531G.—Beidh feidhm ag ailt 989, 990 agus 990A maidir le tobhach ioncaim mar atá feidhm acu maidir le cáin ioncaim.

Tobhach ioncaim ar ioncam iomchuí a mheasúnú, a bhailiú, a íoc agus a ghnóthú.

531H.—(1) Déanfar tobhach ioncaim is iníoctha in aghaidh bliana measúnachta i leith ioncaim iomchuí a mheasúnú, a mhuirearú agus a íoc ar gach slí ionann is dá mba mhéid cánach ioncaim é arna mheasúnú agus arna mhuirearú faoi na hAchtanna Cánach Ioncaim, ach sin gan féachaint d'alt 1017, agus féadfar é a shonrú mar aon suim amháin (dá ngairtear 'an tsuim chomhiomlánaithe' san alt seo) leis an méid cánach ioncaim a bheidh in aon ríomh nó measúnacht nó measúnachtaí i leith cánach ioncaim a dhéanfaidh an phearsa aonair ag a bhfuil an tobhach ioncaim iníoctha don bhliain mheasúnachta nó a dhéanfar air nó uirthi.

(2) Chun críocha fho-alt (1) féadfar an tobhach ioncaim a shonrú amhlaidh d'ainneoin nach bhfuil aon mhéid cánach ioncaim sa ríomh nó sa mheasúnacht nó sna measúnachtaí sin agus beidh feidhm ag na forálacha go léir de na hAchtanna Cánach Ioncaim, seachas aon fhorálacha den sórt sin a mhéid a bhaineann siad le haon liúntas, asbhaint nó faoiseamh a dheonú, ionann is dá mba shuim aonair chánach ioncaim an tsuim chomhiomlánaithe.

(3) I gcás go mbeidh tobhach ioncaim iníoctha don bhliain mheasúnachta 2009 i leith ioncaim iomchuí, beidh feidhm ag alt 958, agus beidh éifeacht leis, amhail is dá mba rud é go raibh tobhach ioncaim iníoctha don bhliain mheasúnachta 2008 de réir na Coda seo.

Lánúineacha pósta.

531I.—I gcás go ndearnadh rogha nó go meastar go ndearnadh rogha faoi alt 1018 agus go bhfuil éifeacht léi do bhliain mheasúnachta, déanfar tobhach ioncaim is iníoctha ag céile amháin a mhuirearú, a bhailiú agus a ghnóthú amhail is dá mba thobhach ioncaim é ab iníoctha ag an gcéile ab inmheasúnaithe faoi alt 1017.

Ráitis  
bhréagacha. 531J.—Maidir le forálacha alt 1056 i ndáil le tuairisceáin, dearbhuithe nó ráitis a dhéanamh, beidh feidhm acu, fara aon mhodhnuithe is gá, i ndáil le tobhach ioncaim.

Aisiocaíochtaí. 531K.—(1) In aon chás go ndéanfar gearríocaíocht nó ró-íocaíocht tobhaigh ioncaim leis an Ard-Bhailitheoir, déanfar an méid nár íocadh a íoc nó an méid a ró-íocadh a aisíoc, de réir mar a bheidh, leis an Ard-Bhailitheoir nó ag an Ard-Bhailitheoir, de réir mar is cuí.

(2) I gcás pearsan aonair lena mbaineann mír (a), (b) nó (c) d'alt 531B(2), déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim aon tobhach ioncaim arna asbhaint as a ioncam nó as a hioncam a aisíoc leis an bpearsa aonair ar éileamh bailí, arna dhéanamh ar cibé modh a bheidh ceadaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim, a fháil, agus measfar, chun críocha an aisíoca sin, gur cáin ioncaim an tobhach ioncaim.

(3) Más rud é, i ndeireadh bliana measúnachta, go ndéanfaidh daoine pósta arna measúnú i leith cánach don bhliain mheasúnachta faoi alt 1017, agus a mbeidh 65 bliana d'aois nó níos mó slánaithe ag duine amháin nó ag an mbeirt acu aon tráth i gcaitheamh na bliana measúnachta, a chruthú chun sástacht na gCoimisinéirí Ioncaim nach mó ná dhá oiread na teorann atá leagtha amach in alt 531B(2)(c) a n-ioncam comhiomlán ó gach bunadh, ansin aisíocfaidh na Coimisinéirí Ioncaim cibé tobhach ioncaim, más ann, a asbhaineadh as an ioncam sin i gcaitheamh na bliana measúnachta sin.

Srian ar  
asbhaint. 531L.—(1) Maidir le tobhach ioncaim arna íoc i leith bliana measúnachta, is tobhach é i dteannta aon dliteanais, agus ní laghdaítear leis aon dliteanas, a bheidh ag pearsa aonair i leith cánach ioncaim nó cánacha eile faoi na hAchtanna Cánach.

(2) Ní ceadmhach creidmheasanna cánach breise ná faoisimh bhreise atá ar fáil do pearsa aonair a fhritháireamh in aghaidh aon mhuirir i leith tobhaigh ioncaim atá dlite agus iníoctha do bhliain mheasúnachta.

Feidhm  
forálacha a  
bhaineann le  
cáin ioncaim. 531M.—(1) Beidh feidhm ag forálacha Chaibidil 1 de Chuid 40, i ndáil le hachomhairc, maidir le tobhach ioncaim mar atá feidhm acu maidir le cáin ioncaim.

(2) Beidh feidhm ag forálacha Chuid 47, i ndáil le pionóis, cionta, ús agus smachtbhannaí eile, maidir le tobhach ioncain mar atá feidhm acu maidir le cáin ioncain.

(3) Beidh feidhm ag alt 865 maidir le haon aisíoc tobhaigh ioncain mar atá feidhm aige maidir le cáin ioncain.

(4) Beidh feidhm ag alt 987, fara aon mhodhnuithe is gá, maidir le tobhach ioncain mar atá feidhm aige maidir le cáin ioncain.

Cúram agus bainistiú. 531N.—Is faoi chúram agus faoi bhainistiú na gCoimisinéirí Ioncain atá tobhach ioncain agus beidh feidhm ag Cuid 37 maidir le tobhach ioncain mar atá feidhm aige maidir le cáin ioncain.”,

(b) in alt 1002, sa mhíniú ar “na hAchtanna”, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (iii):

“(iii) Cuid 18A,”,

(c) in alt 1006, sa mhíniú ar “na hAchtanna”, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (a):

“(aa) Cuid 18A,”,

(d) in alt 1006A, sa mhíniú ar “na hAchtanna”, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (a):

“(aa) Cuid 18A,”,

(e) in alt 1078, sa mhíniú ar “na hAchtanna”, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (c):

“(ca) Cuid 18A,”,

agus

(f) in alt 1079, sa mhíniú ar “na hAchtanna”, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (c):

“(ca) Cuid 18A,”.

3.—(1) Leasaítear an Príomh-Acht—

Tobhach lotha i limistéir uirbeacha.

(a) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Chuid 18A (a chuirtear isteach le *halt 2*):

“CUID 18B

TOBHACH LOTHA I LIMISTÉIR UIRBEACHA

Léiriú (Cuid 18B).

531O.—Sa Chuid seo—  
ciallaíonn ‘carr’ aon fheithicil inneallghluaiste bhóthair atá deartha,

déanta nó oiriúnaithe chun an tiománaí nó an tiománaí agus duine amháin eile nó níos mó a iompar, seachas—

(a) gluaisrothar (de réir bhrí alt 121),

(b) feithicil oifigiúil,

(c) veain (de réir bhrí alt 121A) i gcás go gceanglaíonn an fostóir ar fostaí an veain a úsáid i gcomhlíonadh dhualgais a oifige nó a fostaíochta nó a hoifige nó a fostaíochta, nó

(d) feithicil, seachas veain, de chineál nach n-úsáidtear go coitianta mar fheithicil phríobháideach agus atá mí-oiriúnach lena húsáid amhlaidh;

ciallaíonn ‘cead lotha duine mhíchumasaithe’ cead arna dheonú de réir Airteagal 43 de na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Trácht agus Locadh) 1997 (I.R. Uimh. 182 de 1997);

ciallaíonn ‘díolaíochtaí’ díolaíochtaí lena mbaineann Caibidil 4 de Chuid 42;

tá le ‘fostaí’ an bhrí chéanna atá leis chun críocha Rialacháin ÍMAT;

tá le ‘fostóir’ an bhrí chéanna atá leis chun críocha Rialacháin ÍMAT;

forléireofar ‘teideal chun spás lotha a úsáid’ de réir alt 531Q;

tá le ‘údarás dóiteáin’ an bhrí chéanna atá leis chun críocha an Achta Seirbhísí Dóiteáin 1981;

ciallaíonn ‘saoire mháithreachais’ an tréimhse saoire dá dtagraítear in alt 8 (arna leasú le halt 2 den Acht um Chosaint Mháithreachais (Leasú) 2004 agus leis an Ordú fán Acht um Chosaint Mháithreachais 1994 (Tréimhsí Saoire a Fhadú) 2006) den Acht um Chosaint Mháithreachais 1994;

folaíonn ‘feithicil inneallghluaiste bhóthair’ feithicil a ghluaistear le córacha leictreacha nó le córacha idir leictreach agus mheicniúil;

ciallaíonn ‘Aire’ an tAire Airgeadais;

ciallaíonn ‘glandíolaíochtaí’ díolaíochtaí (lúide ranníocaí inlamhála (de réir bhrí Rialachán 41 de Rialacháin ÍMAT)) tar éis na nithe seo a leanas a asbhaint—

- (a) cáin ioncaim, de réir Rialacháin ÍMAT,
- (b) ranníoc, de réir na Rialachán Leasa Shóisialaigh (Ranníocaí Comhdhlúite agus Inárachaitheacht) 1996 (I.R. Uimh. 312 de 1996), is ranníoc de réir bhrí na rialachán sin,
- (c) ranníoc sláinte, de réir na Rialachán um Ranníocaí Sláinte 1979 (I.R. Uimh. 107 de 1979), agus
- (d) tobhach ioncaim, de réir Chuid 18A (a cuireadh isteach leis *an Acht Airgeadais (Uimh. 2) 2008*);

ciallaíonn ‘feithicil oifigiúil’ feithicil is leis an Stát nó le húdarás Stáit, nó a sholáthraíonn an Stát nó údarás Stáit, i gcás go gceanglaíonn an fostóir ar fhostaí de chuid an Stáit nó de chuid údaráis den sórt sin an fheithicil a úsáid i gcomhlíonadh dhualgais a oifige nó a fhostaíochta nó a hoifige nó a fostaíochta;

ciallaíonn ‘tobhach lotha’ an cháin, dá bhforáiltear in alt 53IT, ar theideal chun spás lotha a úsáid i limistéar uirbeach;

ciallaíonn ‘spás lotha’ aon limistéar nó aon chuid de limistéar ar a bhfuil, ag a bhfuil, nó ina bhfuil, feithicil inlotha, agus folaíonn sé aon chuid d’fhoirgneamh, de thógáil, nó de dhéanamhas (lena n-áirítear déanamhas sochorraithe);

ciallaíonn ‘Rialacháin ÍMAT’ na Rialacháin Cánach Ioncaim (Fostaíochtaí) (Comhdhlúite) 2001 (I.R. Uimh. 559 de 2001);

tá le ‘uimhir phearsanta seirbhíse poiblí’ an bhrí chéanna atá leis in alt 262 den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005;

ciallaíonn ‘fostaí de chuid na hearnála poiblí’ duine arb é an Stát a dhéanann, go díreach nó go neamhdhíreach, a chuid díolaíochtaí nó a cuid díolaíochtaí, a íoc, a mhaoiniú, nó a mhaoiniú go páirteach;

ciallaíonn ‘údarás áitiúil iomchuí’ comhairle cathrach (de réir bhrí alt 2 den Acht Rialtais Áitiúil 2001) Chorcaí, Bhaile Átha Cliath, na Gaillimhe, Luimnigh nó Phort Láirge;

ciallaíonn ‘údarás Stáit’ an Garda Síochána, Óglaigh na hÉireann, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (a mhéid a bhaineann sé

leis an tseirbhís otharchairr), na Coimisinéirí Ioncaim (a mhéid a bhaineann sé leis an tseirbhís Custam), údarás dóiteáin nó comhlacht eile den sórt sin a bheidh forordaithe le hordú ón Aire faoi alt 531P(1);

ciallaíonn ‘limistéar uirbeach’ limistéar nó limistéir a bheidh ainmnithe le hordú ón Aire faoi alt 531P(1);

ciallaíonn ‘bliain mheasúnachta’ bliain féilire.

Limistéir uirbeacha a mbaineann an tobhach lochta leo agus an tAire orduithe a dhéanamh.

531P.—(1) Féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle le haon Aire eile den Rialtas a mheasfaidh sé nó sí a bheith cúf sna himthosca, le hordú—

- (a) a shainiú gur limistéar uirbeach chun críocha na Coda seo limistéar nó limistéir atá laistigh de limistéar riaracháin (de réir bhrí alt 2 den Acht Rialtais Áitiúil 2001) údaráis áitiúil iomchuí,
- (b) a fhorordú gur údarás Stáit comhlacht chun críocha na Coda seo, agus
- (c) foráil a dhéanamh maidir leis an dáta óna mbeidh éifeacht leis an gCuid seo.

(2) Gach ordú a dhéanfaidh an tAire faoi fho-alt (1), leagfar é faoi bhráid Dháil Éireann a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus má dhéanann Dáil Éireann, laistigh den 21 lá a shúfídh Dáil Éireann tar éis an t-ordú a leagan faoina bráid, rún a rith ag neamhniú an ordaithe, beidh an t-ordú ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin ordú.

Teideal chun spás lochta a úsáid.

531Q.—(1) Measfar teideal chun spás lochta a úsáid chun críocha na Coda seo a bheith ag fostaí i gcás feidhm a bheith ag aon cheann amháin nó níos mó de na himthosca seo a leanas:

- (a) údarú de chineál suaitheantais, ceada, greamáin nó aon chineál eile údaraithe chun spás lochta a úsáid a bheith i seilbh an fhostaí nó an céanna a bheith eisithe dó nó di nó cead (lena n-áirítear cead ó bhéal) a bheith tugtha dó nó di ar shlí eile chun spás lochta a úsáid;



- (b) aon chineál nó modh rochtana ar spás lothcha a bheith i seilbh an fhostaí nó a bheith eisithe dó nó di;
  - (c) spás lothcha tiomnaithe a bheith leithroinnte ar an bhfostaí;
  - (d) spás lothcha a bheith leithroinnte ar an bhfostaí ar an mbonn gur spás i bpáirt é nó ar bhonn socraithe eile den tsamhail sin;
  - (e) spás lothcha a bheith ar fáil don fhostaí ar bhonn córais ar a dtugtar de ghnáth an bonn tús áite don té is túisce.
- (2) (a) Ní mheasfar teideal chun spás lothcha a úsáid chun críocha na Coda seo a bheith ag fostaí i gcás go dtiocfaidh spás a bheith á úsáid ag an bhfostaí d'údarú, de chead, nó de rochtain, a bheidh tugtha go hócáideach don fhostaí agus nach mó líon iomlán na laethanta—
- (i) a thagann faoi réir an údaráithe, an cheada nó na rochtana sin, agus
  - (ii) ar lena linn a dhéanann an fostaí an spás a úsáid go hiarbhír,
- ná 10 lá i mbliain mheasúnachta.
- (b) Chun críocha mhír (a)—
- (i) measfar gur údarú, cead nó rochtain atá tugtha ar feadh lae iomláin é nó í a bheith tugtha ar feadh cuid de lá, agus
  - (ii) measfar gur spás lothcha a úsáid ar feadh lae iomláin an spás a úsáid ar feadh cuid de lá.
- (3) Scoirfear d'fhostaí a mheas mar dhuine ag a bhfuil teideal chun spás lothcha a úsáid chun críocha na Coda seo más rud é—
- (a) (i) go séanann sé nó sí, i scríbhinn nó i bhformáid leictreonach, teideal chun spás lothcha a úsáid, dá dtagraítear i bhfo-alt (1), a bheith aige nó aici, nó

(ii) go dtiteann an teideal chun spás lothcha a úsáid i léig nó go dtarraingítear an teideal sin siar,

(b) más iomchuí, go ndéanann an fostaí an cineál údaraithe nó an cineál nó modh rochtana, atá ina sheilbh aige nó ina seilbh aici nó a eisíodh dó nó di, nó iad araon, a thabhairt ar ais don fhostóir, nó don duine a sholáthraíonn an spás lothcha, de réir mar is iomchuí, agus

(c) go scoireann an fostaí de spás lothcha arna sholáthar go díreach nó go neamhdhíreach ag a fhostóir nó a fhostóir a úsáid.

(4) Chun críocha fho-alt (1)(a), measfar cead chun spás lothcha a úsáid a bheith tugtha d'fhostaí i gcás ina ndéanann fostóir socrú nó comhaontú, leis an bhfostaí nó le haon duine eile, trína soláthraítear spás lothcha lena úsáid ag an bhfostaí.

Fostóir do sholáthar spáis lothcha.

531R.—Chun críocha na Coda seo, measfar spás lothcha a bheith arna sholáthar go díreach nó go neamhdhíreach ag fostóir lena úsáid ag fostaí más rud é—

(a) go soláthraíonn an fostóir an spás lothcha ar aon áitreabh, ag aon áitreabh nó in aon áitreabh atá ar úinéireacht nó ar áitiú ag an bhfostóir,

(b) go soláthraíonn duine atá bainteach (de réir bhrí alt 10) leis an bhfostóir an spás lothcha ar aon áitreabh, ag aon áitreabh nó in aon áitreabh atá ar úinéireacht nó ar áitiú ag an duine sin,

(c) go ndéanann an fostóir socrú nó comhaontú, le fostaí nó le haon duine eile, trína soláthraítear spás lothcha lena úsáid ag an bhfostaí sin nó ag aon fhostaí eile de chuid an fhostóra, nó

(d) i gcás fostaí de chuid na hearnála poiblí nach mbaineann mír (a), (b) nó (c) leis nó léi, go ndéanann fostóir an fostaí sin an duine a sholáthraíonn an spás lothcha don fhostaí sin a mhaoiniú nó a pháirtmhaoiniú go díreach nó go neamhdhíreach.

Díolúine do  
dhaoiné  
áirithe.

531S.—Ní bheidh feidhm ag an tobhach lochta dá bhforáiltear faoin gCuid seo—

- (a) maidir le fostaí is sealbhóir ar chead lochta bailí do dhuine míchumasaithe,
- (b) maidir le fostaí de chuid seirbhíse éigeandála Stáit nó sibhialta d'úsáid spáis lochta i gcás nach mbaineann úsáid an spáis sin ach amháin le freagairt, a éilíonn an fhostóir ar an bhfostaí, i leith éigeandála, nó
- (c) maidir le húsáid spáis lochta ó am go ham ag duine scortha más rud é go leanann iarfhostóir an duine sin nó, i gcás ina bhfuil feidhm ag alt 531R(d), go leanann an duine a sholáthair an spás lochta don duine scortha sular scoir sé nó sí, de spás lochta a chur ar fáil dó nó di.

Muirear i leith  
tobhaigh  
lochta.

531T.—Faoi réir alt 531S, más rud é—

- (a) go bhfuil teideal ag fostaí chun spás lochta a úsáid i limistéar uirbeach chun carr a locadh, agus
- (b) go soláthraíonn a fhostóir nó a fhostóir an spás sin go díreach nó go neamhdhíreach,

ansin déanfar cáin ar a dtabharfar 'tobhach lochta' a mhuirearú, a thobhach agus a íoc de réir na Coda seo i ndáil leis an teideal sin.

Ráta muirir i  
leith tobhaigh  
lochta.

531U.—(1) Faoi réir na bhforálacha ina dhiaidh seo den alt seo, is é méid an tobhaigh lochta i ndáil le gach fostaí—

- (a) €200 i ndáil le gach bliain mheasúnachta, nó
- (b) i ndáil leis an mbliain mheasúnachta ina dtagann an Chuid seo in éifeacht, €200 arna laghdú go dtí méid a mbeidh idir é agus €200 an chomhréir chéanna atá idir an tréimhse arb é atá inti an chuid den bhliain sin ina bhfuil éifeacht leis an gCuid seo agus an bhliain mheasúnachta iomlán.

(2) I gcás gur leithroinneadh spás lochta ar fhostaí ar bhonn roinnte, nó ar bhonn

socrú eile den tsamhail sin, lena n-áirítear an bonn tús áite don té is túisce dá dtagraítear in alt 531Q(1)(e), maidir le méid an tobhaigh loctha—

(a) i gcás gur lú an coibhneas atá idir fostaithe a chomhroinneann spás loctha agus spás ná a dó lena haon, is é an méid cuí dá dtagraítear i bhfo-alt (1) é, agus

(b) i gcás gurb é an coibhneas idir fostaithe a chomhroinneann spás loctha agus spás a dó lena haon nó níos mó, déanfar é a laghdú go dtí 50 faoin gcéad den mhéid cuí dá dtagraítear i bhfo-alt (1).

(3) Más rud é gurb éard atá sa ghnáthphatrún oibre a cheanglaítear ar fhostaí an fostaí gan a bheith ag obair ach amháin ar feadh cuid den tseachtain iomlán oibre nó den bhliain iomlán oibre, ansin laghdófar méid an tobhaigh loctha arna chinneadh de réir fho-alt (1) nó (2) go dtí méid a mbeidh idir é agus an méid arna chinneadh amhlaidh an chomhréir chéanna atá idir an chuid den tseachtain iomlán oibre nó den bhliain iomlán oibre a cheanglaítear ar an bhfostaí a oibriú agus an tseachtain iomlán oibre nó an bhliain iomlán oibre, ar an gcoinníoll nach mbeidh méid an tobhaigh níos lú ná 50 faoin gcéad den mhéid arna chinneadh de réir fho-alt (1) nó (2) de réir mar a bheidh.

(4) I gcás go mbeidh feidhm ar feadh cuid de bhliain mheasúnachta nó ar feadh cuid den tréimhse dá dtagraítear i bhfo-alt (1)(b) ag teideal fostaí chun spás loctha a úsáid, ansin laghdófar méid an tobhaigh loctha arna chinneadh de réir fho-alt (1), (2) nó (3), de réir mar a bheidh, go dtí méid a mbeidh an chomhréir chéanna idir é agus an méid arna chinneadh amhlaidh agus atá idir an chuid den bhliain nó den tréimhse a bhfuil an teideal sin ag an bhfostaí lena linn agus an tréimhse iomlán nó an bhliain iomlán.

(5) Tabharfar neamhaird chun críocha fho-alt (4) ar theideal fostaí chun spás loctha a úsáid ar feadh na tréimhse a mbeidh an fostaí ar shaoire mháithreachais lena linn agus ar feadh tréimhse 10 seachtaine díreach roimh an dáta a thosóidh an fostaí ar an tsaoire sin.

(6) I gcás gurb éard atá sa ghnáthphatrún oibre a cheanglaítear ar fhostaí tosú ar an obair nó scor den obair tar éis a 9 a chlog istoíche nó roimh a 7 a

chlog ar maidin, tabharfar neamhaird chun críocha fho-alt (4) ar an gcuid sin de bhliain mheasúnachta nó ar an gcuid sin den tréimhse dá dtagraítear i bhfo-alt (1)(b) ina bhfuil feidhm ag an bpatrún oibre sin.

An fostóir d'asbhaint tobhaigh.

531V.—(1) I gcás feidhm a bheith ag alt 531T, maidir le fostóir—

- (a) déanfaidh sé nó sí méid an tobhaigh lothha, arna chinneadh de réir alt 531U, a asbhaint as glandíolaíochtaí an fhostaí don tréimhse ar lena linn atá teideal aige nó aici chun spás lothha a úsáid agus déanfar an asbhaint sin ag tráth agus de réir minicíochta a fhreagraíonn d'íoc dhíolaíochtaí an fhostaí,
- (b) beidh sé nó sí cuntasach i méid an tobhaigh lothha is inasbhainte agus dlífidh sé nó sí an méid sin a íoc leis na Coimisinéirí Ioncaim ionann is dá mba mhéid cánach ioncaim é ab inasbhainte de réir Rialacháin ÍMAT, agus
- (c) déanfaidh sé nó sí iomlán mhéideanna uile an tobhaigh lothha a raibh an fostóir faoi dhliteanas a asbhaint ó fhostaithe a chur ar aghaidh chuig an Ard-Bhailitheoir agus déanfar an méid sin a chur ar aghaidh an tráth céanna agus ar an modh céanna a gceanglaítear ar an bhfostóir faoi Rialachán 28 nó, de réir mar a bheidh, faoi Rialachán 29 de Rialacháin ÍMAT, méideanna cánach a chur ar aghaidh a raibh an fostóir faoi dhliteanas iad a asbhaint as díolaíochtaí a íocadh le fhostaithe.

(2) I gcás ina ndéanfaidh fostóir méid tobhaigh lothha a asbhaint, de réir na Coda seo, as glandíolaíochtaí fostaí—

- (a) ceadóidh an fostaí an asbhaint sin ar iarmhar na nglandíolaíochtaí a fháil, agus
- (b) beidh an fostóir saortha agus urscaoilte i leith cibé méid arb ionannas dó an asbhaint, amhail is dá mba rud é gur íocadh an méid sin iarbhr.

Gan aon fhaoiseamh a bheith ar fáil i leith aon íocaíochta i ndáil le tobhach loctha.

531W.—D’ainneoin aon fhorála de na hAchtanna Cánach, ní dhéanfar aon suim—

(a) i gcás fostaí, a lamháil don fhostaí i ndáil le tobhach loctha is iníoctha faoin gCuid seo—

(i) mar asbhaint faoi alt 114, nó

(ii) mar chreidmheas in aghaidh aon dliteanais a éireoidh faoi na hAchtanna Cánach,

nó

(b) i gcás fostóra—

(i) a asbhaint le linn méid na mbrabús nó na ngnóchan is innhuirearaithe i leith cánach faoi Sceideal D a ríomh, nó

(ii) a áireamh le linn aon chaiteachais bhainistíochta a ríomh a bhféadfar asbhaint a éileamh ina leith faoi alt 83 nó 707,

i ndáil le haon mhéid a íocann an fostóir le fostaí mar chúiteamh as íocaíocht tobhaigh loctha faoin gCuid seo nó mar aisíoc ar an gcéanna.

Taifid agus rialacháin.

531X.—(1) Faoi réir fho-alt (2), i gcás go ndéanann fostóir spás loctha a sholáthar go díreach nó go neamhdhíreach i limistéar uirbeach lena mbaineann an Chuid seo le húsáid ag fostaí amháin nó níos mó chun carr a locadh, déanfaidh an fostóir i leith gach bliana measúnachta agus i leith na tréimhse dá dtagraítear in alt 531U(1)(b) taifead iomlán fírinneach a choimeád i mbuanfhoirm ar an méid seo a leanas:

(a) sonraí faoi na súimh ag a soláthraítear gach spás loctha den sórt sin,

(b) ainm agus uimhir phearsanta seirbhíse poiblí gach fostaí ag a bhfuil teideal chun spás loctha a úsáid,

(c) i gcás go mbeidh feidhm ag alt 531Q(3), ainm agus uimhir phearsanta seirbhíse poiblí gach fostaí a scoir de theideal a bheith aige nó aici chun spás loctha a úsáid agus an dáta ónar scoir an teideal,

(d) i gcás go mbeidh feidhm ag alt 531S(a), ainm agus uimhir phearsanta seirbhíse poiblí gach fostaí lena mbaineann an t-alt sin, agus

(e) cibé taifid eile a shonróidh na Coimisinéirí Ioncaim i rialacháin agus a theastóidh le réasún uathu chun críocha na Coda seo.

(2) I gcás go ndéanfaidh duine dá dtagraítear in alt 531R(d) spás lothcha a sholáthar i limistéar uirbeach lena mbaineann an Chuid seo le húsáid ag fostaí earnála poiblí amháin nó níos mó chun carr a locadh, déanfaidh an duine sin i leith gach bliana measúnachta agus i leith na tréimhse dá dtagraítear in alt 531U(1)(b)—

(a) taifead iomlán firinneach a choimeád i mbuanfhoirm ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i míreanna (a) go (e) d'fho-alt (1), agus

(b) (i) cibé sonraí is gá chun go gcomhlíonfaidh an fostóir ceanglais alt 531V(1) a tharchur tráth atá luath go leor chuig fostóir an fhostaí nó na bhfostaithe sin, agus

(ii) taifead de na sonraí a tarchuireadh amhlaidh.

(3) Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim rialacháin a dhéanamh chun an Chuid seo a riaradh agus a chur i ngníomh agus gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, féadfaidh foráil a bheith sna rialacháin sin i ndáil leis na taifid sin dá dtagraítear i bhfo-alt (1)(e) agus leis na nithe sin dá dtagraítear i bhfo-alt (2)(b).

(4) Chun críocha na Coda seo, measfar go bhfolaíonn an míniú ar 'taifid' in alt 903 na taifid dá dtagraítear i bhfo-alt (1) agus (2) agus beidh feidhm dá réir sin ag forálacha alt 903 maidir leis na taifid sin.

Íoc, bailiú agus gnóthú.

531Y.—(1) Déantar an tobhach lothcha dá bhforáiltear faoin gCuid seo a chur faoi chúram agus faoi bhainistiú na gCoimisinéirí Ioncaim agus beidh feidhm ag alt 849 amhail is dá n-áireofaí 'tobhach lothcha' sa mhíniú ar 'cáin' san alt sin.

(2) Beidh feidhm ag forálacha Chaibidil 4 de Chuid 42 agus ag Cuid 5 de Rialacháin ÍMAT, fara aon mhodhnuithe is gá, maidir leis an tobhach lothcha a íoc, a bhailiú agus a

ghnóthú mar atá feidhm acu maidir le cáin ioncaim a íoc, a bhailiú agus a ghnóthú de réir na Coda sin 42 agus na Rialachán sin agus gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo—

(a) tá feidhm ag an míniú ar ‘na rialacháin’ in alt 989 amhail is dá mbeadh ar áireamh ann tagairt d’fhorálacha na Coda seo, agus

(b) tá feidhm ag ailt 989, 990, 991 agus 991A amhail is dá mbeadh ar áireamh sna tagairtí faoi seach do cháin ioncaim nó do cháin sna hailt sin tagairt don tobhach lotha is infoctha faoin gCuid seo.

(3) I gcás fostóir do ghearríoc nó do ró-íoc an tobhaigh lotha leis an Ard-Bhailitheoir, déanfar an méid nár íocadh a íoc leis an Ard-Bhailitheoir nó déanfaidh an tArd-Bhailitheoir an méid a ró-íocadh a aisíoc, de réir mar a bheidh agus mar is cuí.

(4) I gcás fostóra lena mbaineann alt 531V(1), déanfaidh an fostóir na sonraí seo a leanas a áireamh ar an bhfoirm a cheanglaítear a chur chuig an Ard-Bhailitheoir faoi Rialachán 31 de Rialacháin ÍMAT:

(a) líon iomlán na bhfostaithe a raibh feidhm ag an tobhach lotha maidir leo sa bhliain mheasúnachta, agus

(b) an méid iomlán tobhaigh lotha a d’asbhain an fostóir d’fhostaithe sa bhliain mheasúnachta.

Pionóis.

531Z.—(1) I gcás ina mainneoidh fostóir—

(a) an tobhach lotha a asbhaint nó a chur ar aghaidh de réir alt 531V(1),

(b) taifid a choimeád de réir alt 531X(1), nó

(c) na sonraí dá dtagraítear i míreanna (a) agus (b) d’alt 531Y(4) a áireamh ar an bhfoirm a cheanglaítear a chur chuig an Ard-Bhailitheoir faoi Rialachán 31 de Rialacháin ÍMAT,

dlífear pionós €3,000 a chur ar an duine sin.



(2) I gcás ina mainneoidh duine lena mbaineann alt 531X(2)—

(a) taifid a choimeád de réir mhíreanna (a) agus (b)(ii) den alt sin, nó

(b) sonraí a chur ar fáil d'fhostóir de réir mhír (b)(i) den alt sin,

dlífear pionós €3,000 a chur ar an duine sin.

(3) Tá feidhm ag fo-ailt (3) agus (4) d'alt 987 maidir leis na pionóis dá bhforáiltear i bhfo-ailt (1) agus (2) den alt seo mar atá feidhm acu maidir leis na pionóis dá bhforáiltear in alt 987.”,

(b) in alt 1002, sa mhíniú ar “na hAchtanna”, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (vii):

“(viii) Cuid 18B,”,

(c) in alt 1006, sa mhíniú ar “na hAchtanna”, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (e):

(f) Cuid 18B,”,

(d) in alt 1006A, sa mhíniú ar “Achtanna”, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (h):

(i) Cuid 18B,”,

agus

(e) in alt 1078, sa mhíniú ar “na hAchtanna”, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (h):

“(i) Cuid 18B,”.

(2) Leasaítear an tAcht um Bhailiú Shealadach Cánach 1927 sa mhíniú ar “cáin” in alt 1 trí “agus tobhach lochta” a chur isteach i ndiaidh “dleachtanna stampa”.

### CAIBIDIL 3

#### *Cáin Ioncaim*

4.—Maidir leis an mbliain mheasúnachta 2009 agus blianta measúnachta dá héis, leasaítear alt 15 den Phríomh-Acht—

Leasú ar alt 15  
(ráta muirir) den  
Phríomh-Acht.

(a) trí “€27,400” a chur in ionad “€26,400” (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais 2008) i bhfo-alt (3), agus

(b) tríd an Tábla seo a leanas a chur in ionad an Tábla (arna chur isteach isteach amhlaidh) a ghabhann leis an alt sin:

## “TÁBLA

## CUID 1

An chuid den ioncam inchánach (1)	An ráta cánach (2)	Tuairisc an ráta (3)
An chéad €36,400	20 faoin gcéad	an ráta caighdeánach
An fuilleach	41 faoin gcéad	an t-ardráta

## CUID 2

An chuid den ioncam inchánach (1)	An ráta cánach (2)	Tuairisc an ráta (3)
An chéad €40,400	20 faoin gcéad	an ráta caighdeánach
An fuilleach	41 faoin gcéad	an t-ardráta

## CUID 3

An chuid den ioncam inchánach (1)	An ráta cánach (2)	Tuairisc an ráta (3)
An chéad €45,400	20 faoin gcéad	an ráta caighdeánach
An fuilleach	41 faoin gcéad	an t-ardráta

”.

Leasú ar alt 122  
(socruithe maidir le  
hiasacht tosaíochta)  
den Phríomh-Acht.

**5.**—Maidir leis an mbliain mheasúnachta 2009 agus blianta measúnachta dá héis, leasaítear alt 122 den Phríomh-Acht sa mhíniú ar “an ráta sonraithe” i bhfo-alt (1)(a)—

- (a) trí “5 faoin gcéad” a chur in ionad “5.5 faoin gcéad” (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais 2008) sa dá áit a bhfuil sé, agus
- (b) trí “12.5 faoin gcéad” a chur in ionad “13 faoin gcéad” (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais 2008).

Sochar  
comhchineáil:  
ríomhaireachtaí  
astaíochtbhunaithe.

**6.**—(1) Leasaítear alt 121 den Phríomh-Acht—

- (a) i bhfo-alt (1) sa mhíniú ar “míleáiste gnó do bhliain mheasúnachta” trí “an líon iomlán de shlánchiliméadair” a chur in ionad “an líon iomlán de shlánmhílte”,
- (b) i bhfo-alt (3)—
  - (i) trí mhír (c) a scriosadh don bhliain mheasúnachta 2009 agus do bhlianta dá héis,
  - (ii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (c):

“(d) Tá an fo-alt seo faoi réir fho-alt (4B) don bhliain mheasúnachta 2009 agus do bhlianta do héis.”,

(c) i bhfo-alt (4)—

(i) i mír (a) trí “24,000 ciliméadar” a chur in ionad “15,000 míle”,

(ii) i mír (c)(i)—

(I) trí “24,000” a chur in ionad “15,000” gach áit a bhfuil sé, agus

(II) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an Tábla a ghabhann leis an bhfo-alt sin—

“AN TÁBLA

An íostearainn míleáiste gnó	An uasteorainn míleáiste gnó	An céatadán den mhargadhluach bunaidh
(1)	(2)	(3)
ciliméadair	ciliméadair	faoin gcéad
24,000	32,000	24
32,000	40,000	18
40,000	48,000	12
48,000	—	6

”.

(iii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (c):

“(d) Tá an fo-alt seo faoi réir fho-alt (4B) don bhliain mheasúnachta 2009 agus do bhlianta dá héis.”,

(d) trí fho-alt (4A) a scríosadh don bhliain mheasúnachta 2009 agus blianta dá héis,

(e) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4A):

“(4B) (a) I gcás go soláthraítear carr nua den chéad uair don bhliain mheasúnachta 2009 nó d’aon bhliain dá héis, is í coibhéis airgid na tairbhe méid a chinnfear de réir na foirmle:

$$\text{Margadhluach bunaidh} \times A$$

i gcás—

gur céatadán é A, bunaithe ar earnálacha feithiclí agus ar mhíleáiste gnó, a chinnfear de réir cholún (3), (4) nó (5), de réir mar a bheidh, de Thábla A a ghabhann leis an bhfo-alt seo.

(b) I dTábla A a ghabhann leis an bhfo-alt seo, aon chéatadán a thaispeántar i gcolún (3), (4) nó (5), de réir mar a bheidh, is é an céatadán is infheidhme maidir le haon mhíleáiste gnó do bhliain mheasúnachta—

(i) is mó ná an íostearainn (más ann) a thaispeántar i gcolún (1), agus

(ii) nach mó ná an uasteorainn (más ann) a thaispeántar i gcolún (2),

os coinne lua an chéatadáin sin i gcolún (3), (4) nó (5), de réir mar a bheidh.

(c) Aon tagairt san alt seo d'fheithicil in aon cheann de na hEarnálacha feithicilí A go G mar atá leagtha amach sa chéad cholún de Thábla B a ghabhann leis an bhfo-alt seo, is tagairt í d'fheithicil a bhfuil a hastaíochtaí CO<sub>2</sub>, arna ndaingniú faoi threoir dheimhniú iomchuí cineálcheadaithe CE nó dheimhniú iomchuí comhréireachta CE, leagtha amach sa taifead comhréire sa dara colún de Thábla B a ghabhann leis an bhfo-alt seo.

TÁBLA A

An míleáiste gnó		Earnálacha Feithicilí	Earnálacha Feithicilí	Earnálacha Feithicilí
an íosteorainn	an uasteorainn	A, B agus C	D agus E	F agus G
(1)	(2)	(3)	(4)	(5)
ciliméadair	ciliméadair	faoin gcéad	faoin gcéad	faoin gcéad
—	24,000	30	35	40
24,000	32,000	24	28	32
32,000	40,000	18	21	24
40,000	48,000	12	14	16
48,000	—	6	7	8

TÁBLA B

Earnáil Feithicle	Astaíochtaí CO <sub>2</sub> (CO <sub>2</sub> g/km)
(1)	(2)
A	0g/km suas le 120g/km agus an méid sin san áireamh
B	Níos mó ná 120g/km suas le 140g/km agus an méid sin san áireamh
C	Níos mó ná 140g/km suas le 155g/km agus an méid sin san áireamh
D	Níos mó ná 155g/km suas le 170g/km agus an méid sin san áireamh
E	Níos mó ná 170g/km suas le 190g/km agus an méid sin san áireamh
F	Níos mó ná 190g/km suas le 225g/km agus an méid sin san áireamh
G	Níos mó ná 225g/km.

”,

(f) i bhfo-alt (5)—

(i) i bhfomhír (ii) trí “8,000 ciliméadar” a chur in ionad “5,000 míle”, agus

(ii) trí fhomhír (aa) a scriosadh don bhliain mheasúnachta 2009 agus do bhlianta dá héis,

agus

(g) i bhfo-alt (6)—

- (i) i mír (b) trí “trí 8,000 a bhaint as líon iomlán na gciliméadar a thaistil” a chur in ionad “trí 5,000 a bhaint as líon iomlán na mílte a thaistil”, agus
- (ii) trí mhír (bb) a scriosadh don bhliain mheasúnachta 2009 agus do bhlianta dá héis.

(2) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire Airgeadais le hordú nó le horduithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

7.—(1) Leasaítear Caibidil 3 de Chuid 5 den Phríomh-Acht—

Muirear sochair  
comhchineáil:  
faoiseamh i leith  
rothar.

(a) in alt 118 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (5F):

“(5G) (a) Faoi réir mhír (c) den fho-alt seo, ní bheidh feidhm ag fo-alt (1) maidir le caiteachas suas le €1,000 a thabhaigh an comhlacht corpraithe le linn rothar nó trealamh sábháilteachta rothair a sholáthar do stiúirthóir nó d’fhostaí, nó i dtaca leis an gcéanna, más rud é —

- (i) nach mbeidh an rothar agus an trealamh sábháilteachta rothar a sholáthrófar úsáidte ná réchaite,
- (ii) go n-úsáidfidh an stiúirthóir nó an fostaí an rothar nó an trealamh sábháilteachta rothair, nó an rothar agus an trealamh sábháilteachta rothair, de réir mar a bheidh, go formhór i gcomhair turas cáilitheach, agus
- (iii) go gcuirfear rothair nó trealamh sábháilteachta rothair, nó rothair agus trealamh sábháilteachta rothair, de réir mar a bheidh, ar fáil go ginearálta do stiúirthóirí agus d’fhostaithe an chomhlachta chorpraithe.

(b) San fho-alt seo—

ciallaíonn ‘rothar’ rothar cos;

foilaíonn ‘trealamh sábháilteachta rothair’—

- (i) cloigíní rothair agus bonnáin bholgáin,
- (ii) clogaid rothair atá de réir chaighdeán sábháilteachta táirge na hEorpa CEN/EN 1078,
- (iii) soilse rothair, lena n-áirítear pacáí dineamó,

(iv) frithchaiteoirí rothair agus éadach frithchaiteach; agus

(v) cibé trealamh sábháilteachta eile a cheadóidh na Coimisinéirí Ioncaim;

ciallaíonn ‘gnátháit oibre’ an áit ina gcomhlíonann an stiúrthóir nó an fostaí dualgais a oifige nó a hoifige nó a fhostaíochta nó a fostaíochta de ghnáth;

ciallaíonn ‘rothar cos’—

(i) dhárothach nó trírothach atá ceaptha nó oiriúnaithe lena ghluaiseacht le saothar coirp, agus le saothar coirp amháin, duine nó daoine atá ina shuí nó ina suí air, nó

(ii) rothar leictreach,

ach ní fholaíonn sé móipéid nó scútar;

ciallaíonn ‘rothar leictreach’ dhárothach nó trírothach ar a bhfuil mótar leictreach cúnta ina bhfuil 0.25 cileavata de chumhacht rátaithe leanúnach uasta, a laghdaítear a aschur de réir a chéile agus a scoirtear sa deireadh de réir mar a bhaineann an fheithicil 25 chiliméadar san uair de luas amach, nó roimhe sin má stadann an rothaí de na troitheáin a oibriú;”.

ciallaíonn ‘turas cáilitheach’, i ndáil le stiúrthóir nó fostaí, an turas iomlán nó cuid de—

(i) idir teach an stiúrthóra nó an fhostaí agus a ghnátháit nó a gnátháit oibre, nó

(ii) idir gnátháit oibre an stiúrthóra nó an fhostaí agus áit oibre eile, más rud é go mbíonn an stiúrthóir nó an fostaí ag taisteal i gcomhlíonadh dhualgais a oifige nó a hoifige nó a fhostaíochta nó a fostaíochta.

(c) Ní dhéanfar, de bhua an fho-ailt seo, faoiseamh a thabhairt do stiúrthóir nó d’fhostaí ó mhuirear cánach ioncaim faoi fho-alt (1) níos mó ná uair amháin in aon tréimhse 5 bliana measúnachta as a chéile, dar tosach an bhliain mheasúnachta is túisce ina gcuirfear rothar nó trealamh sábháilteachta rothair ar fáil don stiúrthóir nó don fhostaí lena mbaineann.”.

(b) in alt 118B—

(i) i bhfo-alt (1) sa mhíniú ar “comhaontú imghéillte tuarastail” trí “socrú imghéillte tuarastail” a chur in ionad “comhaontú imghéillte tuarastail”,

(ii) i bhfo-alt (2)—

(I) i mír (a)(i) trí “agus” a scriosadh agus i mír (a)(ii) trí “alt 510(4), agus” a chur in ionad “alt 510(4)”, agus

(II) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (a)(ii):

“(iii) rothar nó trealamh sábháilteachta rothair arna sholáthar do stiúrthóir nó d’fhostaí agus atá díolmhaithe ó mhuirear cánach de bhua alt 118(5G),”,

agus

(iii) i bhfo-alt (5) trí “socrú imghéillte tuarastail” a chur in ionad “comhaontú imghéillte tuarastail”.

(2) Tá feidhm ag an alt seo i leith caiteachais a thabhfófar an 1 Eanáir 2009 nó dá éis.

**8.**—Maidir leis an mbliain mheasúnachta 2009 agus le blianta measúnachta dá héis, leasaítear alt 469 den Phríomh-Acht—

Leasú ar alt 469 (faoiseamh i leith costais sláinte) den Phríomh-Acht.

(a) i bhfo-alt (1)—

(i) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach roimh an míniú ar “síceolaí oideachais”:

“ciallaíonn ‘céatadán cú’, i ndáil le bliain mheasúnachta, céatadán ar cóimhéid leis an ráta caighdeánach cánach don bhliain sin;”,

agus

(ii) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach roimh an míniú ar “teiripeoir urlabhra agus teanga”:

“ciallaíonn ‘méid sonraithe’, i ndáil le bliain mheasúnachta, an méid caiteachais a cháilfionn le haghaidh faoisimh cánach ioncaim de réir an ailt seo;”,

agus

(b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

“(2) Faoi réir an ailt seo, i gcás ina gcruthóidh pearsa aonair do bhliain mheasúnachta gur íoc sé nó sí sa bhliain mheasúnachta costais sláinte a tabhaíodh chun cúram sláinte a sholáthar, déanfar an cháin ioncaim a bheidh le muirearú ar an bpearsa aonair, seachas de réir alt 16(2) don bhliain mheasúnachta sin, a laghdú den mhéid is lú acu seo a leanas—

(a) an méid is comhionann leis an gcéatadán cúí den mhéid sonraithe, agus

(b) an méid a laghdaíonn an cháin ioncaim sin go neamhní,

ach, i gcás ina gcruthóidh pearsa aonair gur íoc sé nó sí costais sláinte a tabhaíodh chun cúram sláinte de chineál cothabhála nó cóireála a sholáthar i dteach banaltrais, beidh an phearsa aonair i dteideal, chun méid an ioncaim a mbeidh cáin ioncaim le muirearú air nó uirthi ina leith a fháil amach, go mbainfí as a ioncam nó as a hioncam iomlán an mhéid a chruthófar a íocadh amhlaidh.”.

Scéimeanna  
scaireanna  
d'fhostaithe: ceadú  
a tharraingt siar.

**9.—(1) Leasaítear an Príomh-Acht—**

(a) i mír 5(1) de Sceideal 11—

- (i) trí “nó” a scriosadh mar a bhfuil sé díreach roimh chlásal (*d*) agus trí “mír 4, nó” a chur in ionad “mír 4,” i gclásal (*d*), agus
- (ii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh chlásal (*d*):

“(e) i gcás go mainneoidh duine faisnéis a chur ar fáil is faisnéis a iarrfaidh na Coimisinéirí Ioncaim faoi alt 510(7) nó faisnéis a cheanglaítear a sheachadadh faoi alt 510(8),”

agus

(b) i mír 3(1) de Sceideal 12—

- (i) trí “nó” a scriosadh i gclásal (*a*) agus trí “nó” a chur isteach ag deireadh chlásal (*b*), agus
- (ii) tríd an gclásal seo a leanas a chur isteach i ndiaidh chlásal (*b*):

“(c) i gcás go mainneoidh duine faisnéis a chur ar fáil is faisnéis a iarrfaidh na Coimisinéirí Ioncaim faoi mhír 3(4) nó faisnéis a cheanglaítear a sheachadadh faoi mhír 3(5),”.

(2) Beidh feidhm ag *fo-alt (1)* amhail ar agus ó dháta rite an Achta seo.

Leasú ar alt 128  
(mar a dhéileálfar,  
ó thaobh cánach, le  
stiúrthóirí  
cuideachtaí agus  
fostaithe dá  
ndeonaítear cearta  
chun scaireanna nó  
sócmaidíní eile a  
fháil) den Phríomh-  
Acht.

**10.—(1) Leasaítear alt 128 den Phríomh Acht—**

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (6):

“(6) (*a*) Faoi réir fho-alt (7), beidh duine, i gcás cirt a dheonaítear mar gheall ar oifig nó fostaíocht an duine, inmhuirearaithe i leith cánach faoin alt seo i leith gnóchain arna réadú ag duine eile—

- (i) más don duine eile sin a deonaíodh an ceart,
- (ii) má fuair an duine eile an ceart ar shlí seachas trí shannadh nó faoi shannadh a rinneadh ar mhodh margáin ar neamhthuilleamaí,



- (iii) más daoine bainteacha an 2 dhuine tráth réadaithe an ghnóchain, nó
- (iv) má thairbhíonn an duine go díreach nó go neamhdhíreach as an duine eile d'fheidhmiú, do shannadh nó do scaoileadh an chirt;

ach i gcás faoi réim fhomhíreanna (ii), (iii), nó (iv), measfar an gnóchan a réadaíodh a bheith laghdaithe de mhéid aon ghnóchain a réadaigh sealbhóir roimhe sin ar an gceart a shannadh.

- (b) Chun críocha an fho-alt seo, folóidh gnóchan a réadaigh duine eile gnóchan a réadaíodh ar an duine d'fheidhmiú cirt ar i leith a oifige nó a hoifige nó a fhostaíochta nó a fostaíochta a deonaíodh an ceart, i gcás go bhfeidhmeoidh an duine sin an ceart mar ainmnitheach nó iontaobhaí ainmniúil an duine eile, nó ar shlí eile thar ceann an duine eile.”,

- (b) i bhfo-alt (7) trí “fhomhír (ii) nó (iii) d'fho-alt (6)(a)” a chur in ionad “fho-alt (6)(b)”, agus

- (c) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (8):

“(8) (a) I gcás go sanntar nó go scaoiltear ceart (dá ngairtear an ‘ceart bunaidh’ san fho-alt seo) agus gurb éard í an chomaoin don sannadh nó don scaoileadh, go hiomlán nó go páirteach, nó gur cuid di, ceart eile (dá ngairtear an ‘ceart nua’ san fho-alt seo) ní áireofar an ceart nua mar chomaoin don sannadh nó don scaoileadh; ach beidh feidhm ag an alt seo i ndáil leis an gceart nua mar atá feidhm aige i ndáil leis an gceart bunaidh agus ionann is dá mba nár áiríodh ar an gcomaoin i leith a fhála luach an chirt bunaidh ach gur áiríodh uirthi méid nó luach na comaoine a tugadh as an gceart bunaidh a dheonú sa mhéid nár fritháiríodh ina aghaidh sin aon chomaoin luachmhar don sannadh nó don scaoileadh seachas an chomaoin arb éard í an ceart nua.

- (b) Ní choisfidh oibriú mhír (a) muirear d'éirí faoin alt seo ar ghnóchan arna réadú tríd an gceart bunaidh a fheidhmiú.”.

(2) Beidh feidhm ag an alt seo amhail ar an agus ón 20 Samhain 2008.

**11.**—Leasaítear Sceideal 29 a ghabhann leis an bPríomh-Acht i gcolún 3—

- (a) tríd an méid seo a leanas a chur isteach roimh “alt 238(3)”:

“alt 128C(15)

alt 128D(8)

alt 128E(9)”,

Leasú ar Sceideal 29 (forálacha dá dtagraítear in ailt 1052, 1053 agus 1054) a ghabhann leis an bPríomh-Acht.

agus

(b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach roimh “alt 904”:

“alt 896A”.

Leasú ar Chaibidil 5  
(forálacha  
muirearacha  
ilghnéitheacha) de  
Chuid 5 den  
Phríomh-Acht.

**12.—(1)** Leasaítear Caibidil 5 de Chuid 5 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 128C:

“Mar a  
dhéileálfar, ó  
thaobh cánach,  
tá le ‘stiúrthóirí  
cuideachtaí  
agus le  
fostaíthe a  
fhaigheann  
scaireanna  
srianta.

128D.—(1) San alt seo—

tá le ‘stiúrthóir’ agus ‘fostaí’ na bríonna, faoi seach, a thugtar dóibh le halt 770(1);

ciallaíonn ‘fostóir’ an chuideachta ina sealbhaíonn an stiúrthóir nó an fostaí a oifig nó a hoifig nó a fhostaíocht nó a fostaíocht;

forléireofar ‘margadhluach’ de réir alt 548;

forléireofar ‘scaireanna srianta’ de réir fho-alt (3);

folaíonn ‘scaireanna’ stoc;

tá le ‘tréimhse shonraithe’ an bhrí chéanna atá leis i bhfo-alt (3)(a).

(2) Faoi réir fho-alt (7), beidh feidhm ag an alt seo i gcás—

- (a) go bhfaighidh stiúrthóir nó fostaí scaireanna (lena n-áirítear scaireanna a fhaightear ar fheidhmiú cirt lena mbaineann alt 128) i gcuideachta mar stiúrthóir nó fostaí de chuid na cuideachta sin nó de chuid cuideachta eile,
- (b) gur scaireanna sa chuideachta ina sealbhaíonn an stiúrthóir nó an fostaí a oifig nó a hoifig nó a fhostaíocht nó a fostaíocht nó i gcuideachta a bhfuil rialú (de réir bhrí alt 432) aici ar an gcuideachta sin, iad na scaireanna, agus
- (c) gur scaireanna srianta iad na scaireanna tráth na fála.

(3) Chun críocha an ailt seo, is scaireanna srianta scaireanna, más rud é—

- (a) go bhfuil conradh nó comhaontú i scríbhinn i bhfeidhm a bhfuil, faoina théarmaí, srian ar shaoirse an stiúrthóra nó an fostaí a shealbhaíonn na scaireanna na scaireanna a shannadh, a mhuirearú, a chur i ngeall mar urrús d’iasacht nó d’fhiach eile, a aistriú, nó a dhiúscairt ar shlí eile ar feadh tréimhse bliana ar a laghad (dá

ngairtear an ‘tréimhse shonraithe’ san alt seo),

- (b) go bhfuil an conradh nó an comhaontú i bhfeidhm chun críocha tráchtála *bona fide* agus nach cuid é de scéim ná de shocrú arb é an príomhchuspóir nó ceann de na príomhchuspóirí atá léi nó leis cáin a sheachaint,
- (c) nach féidir na scaireanna a shannadh, a mhuirearú, a chur i ngeall mar urrús d’iasacht nó d’fhiach eile, a aistriú ná a dhiúscairt ar shlí eile in aon imthosca le linn na tréimhse sonraithe, seachas—
  - (i) ar an stiúrthóir nó fostaí d’fháil bháis, nó
  - (ii) de dhroim an stiúrthóir nó an fostaí do chomhaontú—
    - (I) glacadh le tairiscint ar na scaireanna (dá ngairtear na ‘scaireanna bunaidh’ sa chlásal seo) dá mbeadh de thoradh ar an nglacadh nó ar an gcomhaontú go ndéanfaí sealbhán nua (de réir bhrí alt 584) a ionannú leis na scaireanna bunaidh chun críocha cánach gnóchan caipitiúil,
    - (II) le hidirbheart a dhéanann difear do na scaireanna nó do cibé cuid de na scaireanna is d’aicme áirithe, dá mba idirbheart é a dhéanfaí de bhun comhréitigh, socraithe nó scéime is infheidhme maidir le gnáth-scairchaipiteal uile na cuideachta atá i gceist nó, de réir mar a bheidh, maidir leis na scaireanna uile den aicme chéanna leis na scaireanna a fuair an stiúrthóir nó an fostaí, nó de bhun comhréitigh, socraithe nó scéime a dhéanann difear don chéanna, nó
    - (III) glacadh le tairiscint airgid, fara nó d’éagmais sócmhainní eile, ar na scaireanna más cuid í an tairiscint de thairiscint ghinearálta a dhéanfar do shealbhóirí ar scaireanna den aicme chéanna leis na scaireanna a fuair an stiúrthóir nó an fostaí nó ar

scaireanna sa chuideachta chéanna agus ar tairiscint í a dhéanfar sa chéad ásc ar choinníoll a fhágfaidh, má chomhlíontar é, go mbeidh rialú (de réir bhrí alt 432) ag an duine a dhéanfaidh an tairiscint ar an gcuideachta sin,

agus

- (d) le linn na tréimhse sonraithe, go bhfuil na scaireanna á sealbhú in iontaobhas arna bhunú ag an bhfostóir chun tairbhe d'fhostaithe agus do stiúrthóirí, nó á sealbhú faoi cibé socrúithe eile a cheadóidh na Coimisinéirí Ioncaim.

(4) I gcás feidhm a bheith ag an alt seo—

- (a) déanfar aon mhuirear i leith cánach ioncaim faoi Sceideal E (agus a ríomhtar de réir alt 112 nó 128, de réir mar a bheidh), nó faoi Sceideal D, ar na scaireanna a fháil, a laghdú de mhéid a chinnfear de réir na foirmle—

$$A \times \frac{B}{100}$$

más rud é—

gurb é A méid an mhuirir i leith cánach ioncaim faoi Sceideal E nó Sceideal D, de réir mar a bheidh, agus

gurb é B—

- (i) 10, i gcás gur bliain amháin an tréimhse shonraithe,
  - (ii) 20, i gcás gur dhá bhliain an tréimhse shonraithe,
  - (iii) 30, i gcás gur 3 bliana an tréimhse shonraithe,
  - (iv) 40, i gcás gur 4 bliana an tréimhse shonraithe,
  - (v) 50, i gcás gur 5 bliana an tréimhse shonraithe,
  - (vi) 60, i gcás an tréimhse shonraithe a bheith níos faide ná 5 bliana,
- (b) déanfar an muirear i leith cánach ioncaim dá dtagraítear i mír (a) a ríomh faoi threoir mhargadhluach na scaireanna dáta na fála ach gan aird a thabhairt ar an srian ar shaoirse an stiúrthóra nó an fhostaí a shealbhaíonn

na scaireanna na scaireanna a shannadh, a mhuirearú, a chur i ngeall mar urrús d'iasacht nó d'fhiach eile, a aistriú nó a dhiúscairt ar shlí eile.

(5) I gcás go ndéantar muirear i leith cánach ioncaim faoi Sceideal E nó Sceideal D, ar stiúrthóir nó fostaí d'fháil scaireanna, a laghdú de réir fho-alt (4), agus—

(a) go ndícheirtear nó go n-athraítear ina dhiaidh sin an srian ar shaoirse an stiúrthóra nó an fhostaí na scaireanna a fuair sé nó sí a shannadh, a mhuirearú, a chur i ngeall mar urrús d'iasacht nó d'fhiach eile, a aistriú nó a dhiúscairt ar shlí eile, nó

(b) go ndéantar na scaireanna a dhiúscairt in aon cheann de na himthosca a luaitear i bhfomhíreanna (i) agus (ii) d'fho-alt (3)(c) roimh dhul in éag don tréimhse shonraithe,

ansin, d'ainneoin aon teorann sna hAchtanna Cánach Ioncaim maidir leis an tréimhse ar laistigh di a fhéadfar measúnachtaí a dhéanamh, déanfar an muirear cánach ioncaim ar fháil na scaireanna a choigeartú chun an tréimhse iarbhír a chur i gcuntas ar lena linn a bhí srian ar shaoirse an stiúrthóra nó an fhostaí na scaireanna a shannadh, a mhuirearú, a aistriú nó a dhiúscairt ar shlí eile. Maidir leis an gcoigeartú ar dhliteanas i leith cánach is gá chun críocha na míre seo, déanfar é aon tráth, cibé acu trí mheasúnacht, measúnacht bhreise nó ar shlí eile.

(6) I gcás feidhm a bheith ag an alt seo agus go n-áireofar, chun críocha alt 552, muirear i leith cánach ioncaim ar stiúrthóir nó fostaí d'fháil scaireanna, a bheith mar chuid den chomaoín a thug an stiúrthóir nó an fostaí chun na scaireanna a fháil, ansin is é méid an mhuirir cánach ioncaim a bheidh le háireamh amhlaidh an méid arna laghdú de réir fho-alt (4), i dteannta aon mhéid breise arna mhuirearú de dhroim coigeartaithe a dhéanfar de réir fho-alt (5).

(7) Ní bheidh feidhm ag an alt seo maidir le scaireanna a fuair stiúrthóir nó fostaí faoi théarmaí scéime arna ceadú ag na Coimisinéirí Ioncaim faoi Sceideal 11, 12, 12A nó 12C.

(8) Más rud é, in aon bhliain—

(a) go ndámhann duine scaireanna srianta do stiúrthóir nó d'fhostaí, nó

(b) go dtarlaíonn ócáid a thagann faoi réim mhír (a) nó (b) d'fho-alt (5) i ndáil le scaireanna srianta a dámhadh,

ansin déanfaidh an duine sonraí na ndámhachtainí nó na hócáide, de réir mar a bheidh, a sheachadadh ar na Coimisinéirí Ioncaim an 31 Márta nó roimhe sa bhliain tar éis na bliana ina ndearnadh an dámhachtain nó inar tharla an ócáid, de réir mar a bheidh.

(9) Chun críocha fho-alt (8), measfar go ndámhann duine scaireanna srianta do stiúrthóir nó d'fhostaí i gcás go bhfaigheann an stiúrthóir nó an fostaí na scaireanna srianta ar fheidhmiú cirt lena mbaineann alt 128, agus gur dheonaigh an duine an ceart don stiúrthóir nó don fhostaí.

Mar a dhéileálfar, ó thaobh cánach, le stiúrthóirí cuideachtaí agus le fostaíthe a fhaigheann scaireanna infhorghéillte.

128E.—(1) San alt seo—

tá le 'stiúrthóir' agus 'fostaí' na mínithe, faoi seach, a thugtar dóibh le halt 770(1);

déanfar 'margadhluach' a fhorléiriú de réir alt 548;

déanfar 'scaireanna infhorghéillte' a fhorléiriú de réir fho-alt (3);

folaíonn 'scaireanna' stoc.

(2) Beidh feidhm ag an alt seo i gcás—

(a) go bhfaighidh stiúrthóir nó fostaí scaireanna (lena n-áirítear scaireanna arna bhfáil ar fheidhmiú cirt lena mbaineann alt 128) i gcuideachta mar stiúrthóir nó fostaí de chuid na cuideachta sin nó de chuid cuideachta eile, agus

(b) gur scaireanna infhorghéillte na scaireanna an tráth a fhaightear iad.

(3) Faoi réir fho-alt (4), chun críocha an ailt seo, is scaireanna infhorghéillte scaireanna más rud é—

(a) go bhfuil conradh nó comhaontú i scríbhinn i bhfeidhm—

(i) a bhforghéillfear na scaireanna faoina théarmaí má tharlaíonn nó mura dtarlaíonn imthosca áirithe,

(ii) a scoirfidh an stiúrthóir nó an fostaí faoina théarmaí d'aon leas tairbhiúil a bheith aige nó aici sna scaireanna de thoradh an fhorghéillte, agus

(iii) nach mbeidh, faoina théarmaí, an stiúrthóir nó an fostaí i dteideal comaoin in airgead nó i luach airgid i leith na scaireanna a fháil, go díreach ná go neamhdhíreach, ar iad a fhorghéilleadh, de bhreis ar an gcomaoin a thabharfaidh an

stiúrthóir nó fostaí chun na scaireanna a fháil,

agus,

- (b) go bhfuil an Conradh nó an Comhaontú i bhfeidhm chun críocha tráchtála *bona fide* agus nach cuid é de scéim ná de shocrú é arb é an príomhchuspóir nó ceann de na príomhchuspóirí atá léi nó leis cáin a sheachaint,

(4) Ní scaireanna infhorghéillte scaireanna de bhíthin amháin gur scaireanna neamhíoctha nó páirt-íoctha a fhéadfar a fhorghéilleadh mar gheall ar ghlaonna a bheith gan íoc na scaireanna.

(5) I gcás go mbeidh feidhm ag an alt seo, aon mhuirear cánach ioncaim faoi Sceideal E (agus arna ríomh de réir alt 112 nó 128, de réir mar a bheidh), nó faoi Sceideal D, ar na scaireanna a fháil, déanfar é a ríomh faoi threoir mhargadhluach na scaireanna ar dháta na fála ach gan féachaint d'fhoráil i gconradh nó i gcomhaontú dá dtagraítear i bhfo-alt (3) d'fhorghéilleadh na scaireanna.

(6) Más rud é, faoi théarmaí conartha nó comhaontaithe dá dtagraítear i bhfo-alt (3), go bhforghéilltear na scaireanna, ansin—

- (a) déileálfar leis an stiúrthóir nó leis an bhfostaí, chun críocha cánach ioncaim, don bhliain mheasúnachta ina bhfuarthas na scaireanna, amháil is dá mba rud é nach bhfuair sé nó sí na scaireanna, agus

- (b) déanfar an coigeartú sin trí aisíoc nó ar shlí eile de réir mar a éileoidh an cás, ar éileamh a fháil ón stiúrthóir nó ón bhfostaí, is éileamh a dhéanfar laistigh de 4 bliana ó dheireadh na bliana measúnachta ina bhforghéillfead na scaireanna.

(7) Beidh feidhm ag fo-alt (6) d'ainneoin aon teorann in alt 865(4) leis an am ar lena linn a cheanglaítear éileamh ar aisíoc cánach a dhéanamh. Ní choisceann alt 865(6) ar na Coimisinéirí Ioncaim méid cánach a aisíoc de dhroim aon choigeartaithe arna dhéanamh de réir fo-alt (6).

(8) D'ainneoin alt 546(2), i gcás go mbeidh feidhm le fo-alt (6) den alt seo, ní rachaidh méid cailteanais a fhabhróidh as forghéilleadh na scaireanna thar méid na comaoine a thabharfaidh an stiúrthóir nó an fostaí chun na scaireanna a fháil lúide aon mhéid a gheobhaidh an stiúrthóir nó an fostaí ar na scaireanna a fhorghéilleadh.

- (9) Más rud é, aon bhliain—

(a) go ndámhann duine scaireanna infhorghéillte do stiúrthóir nó d'fhostaí, nó

(b) go bhforghéilltear scaireanna a dámhadh do stiúrthóir nó d'fhostaí,

ansin déanfaidh an duine sonraí ar na dámhachtainí nó ar an bhforghéilleadh, de réir mar a bheidh, a sheachadadh ar na Coimisinéirí Ioncaim, ar nó roimh an 31 Márta sa bhliain i ndiaidh na bliana ina ndearnadh an dámhachtain nó inar forghéilleadh na scaireanna, de réir mar a bheidh.”.

(2) Tá feidhm ag an alt seo ar an agus ón 20 Samhain 2008 i leith scaireanna a fuarthas an dáta sin agus dá éis.

Cáin a aisíoc i gcás nach gcuirfear tuilleamh ar aghaidh.

**13.—(1)** Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 825A:

“825B.—(1) San alt seo—

ciallaíonn ‘cuideachta chomhlachaithe’, i ndáil le fostóir iomchuí, cuideachta arb í cuideachta chomhlachaithe an fhostóra sin í de réir bhrí alt 432 agus atá corpraithe nó a chónaíonn i dtír nó i ndlíne nach páirtí i gcomhaontú LEE í, ach a bhfuil socrúithe i bhfeidhm de thuras na huairé lena rialtas de bhua alt 826(1);

ciallaíonn ‘comhaontú LEE’ an Comhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch a síníodh in Oporto an 2 Bealtaine 1992, arna choigeartú leis an bPrótacal a síníodh sa Bhruiséil an 17 Márta 1993;

tá le ‘díolaíochtaí’ an bhrí chéanna atá leis i gCaibidil 4 de Chuid 42;

ciallaíonn ‘díolaíochtaí iomchuí’, i ndáil le bliain chánach, díolaíochtaí—

(a) a íocann fostóir iomchuí nó cuideachta chomhlachaithe de chuid an fhostóra iomchuí sin le fostaí iomchuí, agus

(b) atá laistigh de réim cánach faoi Sceideal E agus a bhfuil Caibidil 4 de Chuid 42 curtha chun feidhme maidir leo,

i leith na bliana cánach sin;

ciallaíonn ‘fostaí iomchuí’ pearsa aonair arb amhlaidh, i leith bliana cánach—

(a) go bhfuil cónaí air nó uirthi sa Stát chun críocha cánach, agus

(b) nach bhfuil sainchónaí air nó uirthi sa Stát, agus, sular tháinig sé nó sí chun bheith ina chónaí nó ina cónaí sa Stát chun críocha cánach—



- (i) go raibh sé nó sí ina chónaitheoir nó ina cónaitheoir, agus ina chónaí nó ina cónaí, i dtír nó i ndlínse nach páirtí i gComhaontú LEE ach a bhfuil socruithe i bhfeidhm de thuras na huairé lena rialtas de bhua alt 826(1);
- (ii) go raibh sé nó sí fostaithe sa tír sin nó sa dlínse sin ag an bhfostóir iomchuí céanna dá dtagraítear i bhfo-alt (2) nó ag cuideachta chomhlachaithe de chuid an fhostóra iomchuí sin, agus
- (iii) gur fheidhmigh sé nó sí an chuid ba mhó dá fhostaíocht nó dá fostaíocht sa tír sin nó sa dlínse sin;

ciallaíonn ‘fostóir iomchuí’ cuideachta atá corpraithe, agus a bhfuil cónaí uirthi, i dtír nó i ndlínse nach páirtí i gcomhaontú LEE ach a bhfuil socruithe i bhfeidhm de thuras na huairé lena rialtas de bhua alt 826(1);

ciallaíonn ‘oifigeach Ioncaim’ oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim;

ciallaíonn ‘bliain chánach’ bliain mheasúnachta.

(2) Más rud é, maidir le fostaí iomchuí—

- (a) go dtiocfaidh sé nó sí chun bheith ina chónaí nó ina cónaí sa Stát chun críocha cánach, agus
- (b) go gceanglóidh a fhostóir iomchuí nó a fostóir iomchuí air nó uirthi dualgais a fhostaíochta nó a fostaíochta a fheidhmiú sa Stát,
- (c) go bhfeidhmeoidh sé nó sí na dualgais sin sa Stát thar ceann an fhostóra iomchuí nó thar ceann cuideachta comhlachaithe de chuid an fhostóra iomchuí ar feadh tréimhse 3 bliana ar a laghad, agus
- (d) le linn na dualgais sin a fheidhmiú amhlaidh, go leanfaidh a fhostóir iomchuí nó a fostóir iomchuí nó cuideachta chomhlachaithe ag íoc díolaíochtaí iomchuí ón gcoigrích leis nó léi,

ansin tar éis deireadh aon bhliana cánach a n-íocfar díolaíochtaí iomchuí ina leith, féadfaidh an fostaí iomchuí iarratas a chur chuig na Coimisinéirí Ioncaim á iarraidh orthu an cháin atá dlite ar na díolaíochtaí iomchuí a ríomh i leith na bliana cánach ar mhéid iomlán an mhéid is mó acu seo a leanas—

- (i) na díolaíochtaí iomchuí arna dtuilleamh agus arna bhfáil sa Stát nó arna gcur ar aghaidh—
  - (I) go díreach nó go neamhdhíreach,
  - (II) trí aon mhaoin a allmhairíodh,
  - (III) trí aon airgead nó aon luach a fuarthas ar creidmheas nó ar cuntas,

chun an Stáit sa bhliain chánach sin, agus

- (ii) méid is comhionann le €100,000 móide 50 faoin gcéad de na díolaíochtaí iomchuí de bhreis ar €100,000,

agus déanfar aon cháin a bhainfear as na díolaíochtaí iomchuí de bhreis ar an gcáin a bheidh dlite arna ríomh amhlaidh a aisíoc ar scór éilimh ón bhfostaí iomchuí.

(3) Beidh feidhm ag alt 72, fara aon mhodhnuithe is gá, maidir leis an alt seo.

(4) Chun críocha an ailt seo, i gcás go ndéanfar asbhaintí faoi Chaibidil 4 de Chuid 42 as díolaíochtaí iomchuí, measfar gur méid de na díolaíochtaí iomchuí a fuarthas sa Stát nó a cuireadh ar aghaidh chuig an Stát i leith na bliana measúnachta lena mbainfidh na hasbhaintí sin iad na hasbhaintí sin.

(5) (a) Má chuirtear díolaíochtaí iomchuí ar aghaidh chuig an Stát i mbliain chánach tar éis na bliana cánach inar tuilleadh iad, agus má tá aon cháin a baineadh i dtosach as na díolaíochtaí sin aisíoctha leis an bpearsa aonair faoi fho-alt (2), dlífidh an phearsa aonair cáin ioncaim a íoc ar na díolaíochtaí sin ón dáta a asbhaineadh an cháin i dtosach.

(b) I gcás go mbeidh feidhm ag mír (a), beidh feidhm ag alt 924(2)(b) i gcás measúnachtaí nó céadmheasúnachtaí breise i leith na ndíolaíochtaí dá dtagraítear i mír (a) faoi réir tagairt do dheireadh na bliana cánach ina bhfuarthas na díolaíochtaí a chur in ionad na tagartha do dheireadh na bliana cánach inar cuireadh na díolaíochtaí ar aghaidh.

(6) Más rud é, maidir le fostaí iomchuí—

(a) go bhfuil éileamh ar aisíoc cánach faoi fho-alt (2) déanta aige nó aici, agus

(b) go mainníonn sé nó sí an teorainn 3 bliana atá i bhfo-alt (2)(c) a chomhlíonadh,

ansin, déanfaidh an fostaí sin, cibé acu a iarrfaidh oifigeach Ioncaim air nó uirthi déanamh amhlaidh nó nach n-iarrfaidh agus laistigh de 2 mhí ón mainneachtain sin, an cháin a aisíocadh faoi fho-alt (2) a aisíoc leis na Coimisinéirí Ioncaim.

(7) Más rud é nach bhfuil oifigeach Ioncaim sásta leis an bhfaisnéis a thug fostaí iomchuí atá ag déanamh éilimh faoi fho-alt (2), féadfaidh an t-oifigeach an t-éileamh a dhiúltú.”.

(2) Beidh feidhm ag an alt seo maidir leis an mbliain mheasúnachta 2009 agus blianta dá héis.

Faoiseamh i leith úis a íocadh ar iasachtaí tí áirithe.

**14.**—Maidir leis an mbliain mheasúnachta 2009 agus blianta measúnachta dá héis, leasaítear alt 244 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (2), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) San fho-alt seo ciallaíonn ‘cátadán cuí’, i ndáil le bliain mheasúnachta—

- (i) i gcás ina gcinnfear ús infhaoisimh faoi threoir mhír (i) nó (ii) den mhíniú ar ‘ús infhaoisimh’, 15 faoin gcéad don bhliain sin,
  - (ii) i gcás ina gcinnfear ús infhaoisimh faoi threoir mhír (iii) nó (iv) den mhíniú ar ‘ús infhaoisimh’:
    - (I) 25 faoin gcéad don chéad bhliain mheasúnachta agus don dara bliain mheasúnachta dá bhfuil teideal chun faoisimh ann faoin alt seo,
    - (II) 22.5 faoin gcéad don tríú, don cheathrú agus don chúigiú bliain mheasúnachta dá bhfuil teideal chun faoisimh ann faoin alt seo, agus
    - (III) céatadán is ionann agus an ráta caighdeánach cánach don séú agus don seachtú bliain mheasúnachta dá bhfuil teideal chun faoisimh ann faoin alt seo.”
- (b) i bhfo-alt (1)(c) agus (3)(a) trí “faoi threoir mhír” a chur in ionad “faoi threoir fhomhír” gach áit a bhfuil sé.

**15.**—Leasaítear alt 819 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4):

Leasú ar alt 819 (cónaí) den Phríomh-Acht.

“(4) Chun críocha an ailt seo—

- (a) maidir leis an mbliain mheasúnachta 2008 agus blianta measúnachta roimpi, measfar pearsa aonair a bheith i láthair sa Stát ar feadh lae más rud é go bhfuil an phearsa aonair i láthair sa Stát i ndeireadh an lae, agus
- (b) maidir leis an mbliain mheasúnachta 2009 agus blianta measúnachta dá héis, measfar pearsa aonair a bheith i láthair sa Stát ar feadh lae más rud é go bhfuil an phearsa aonair i láthair sa Stát tráth ar bith i gcaitheamh an lae sin.”

**16.**—(1) Leasaítear Cuid 30 den Phríomh-Acht—

Sochair scoir.

- (a) in alt 787O(1) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “B” san fhoirmle i mír (b) den mhíniú ar “tairseach ciste phearsanta” agus “tairseach ciste chaighdeánach”:

“gurb é B—

- (i) an fachtóir coigeartaithe i leith tuillimh a fhéadfaidh an tAire Airgeadais a ainmniú i scríbhinn i mí na Nollag sa bhliain mheasúnachta roimh an mbliain iomchuí, is fachtóir a bhfoilseofar nóta ina thaobh a luaithe is indéanta san *Iris Oifigiúil*, nó

- (ii) mura mbeidh aon fhachtóir coigeartaithe i leith tuillimh ainmnithe ag an Aire Airgeadais, 1;”,

agus

(b) in alt 790A—

- (i) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

“(2) Do bhliain mheasúnachta (dá ngairtear ‘an bhliain iomchuí’ san fho-alt seo) tar éis na bliana measúnachta 2006 is é a bheidh sa teorainn tuillimh méid is comhionann leis an méid a chinnfear de réir na foirmle—

$$A \times B$$

i gcás—

gurb é A an teorainn tuillimh don bhliain mheasúnachta díreach roimh an mbliain iomchuí, agus

gurb é B—

- (i) an fachtóir coigeartaithe i leith tuillimh a fhéadfaidh an tAire Airgeadais a ainmniú i scríbhinn i mí na Nollag sa bhliain mheasúnachta roimh an mbliain iomchuí, is fachtóir a bhfoilseofar nóta ina thaobh a luaithe is indéanta san *Iris Oifigiúil*, nó
- (ii) mura mbeidh aon fhachtóir coigeartaithe i leith tuillimh ainmnithe ag an Aire Airgeadais, 1.”,

agus

- (ii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(3) D’ainneoin fho-alt (2), is é €150,000 an teorainn tuillimh don bhliain mheasúnachta 2009 chun críocha fho-alt (1).”.

- (2) (a) Faoi réir *mhíreanna* (b) agus (c), tá éifeacht le *fo-alt* (1) amhail ar an agus ón 1 Eanáir 2009.
- (b) Meastar go raibh éifeacht le *mír* (a) *d’fho-alt* (1) amhail ar an agus ón 7 Nollaig 2005.
- (c) Meastar go raibh éifeacht le *mír* (b)(i) *d’fho-alt* (1) amhail ar an agus ón 1 Eanáir 2006.

## CAIBIDIL 4

*Cáin Ioncaim, Cáin Chorporáide agus Cáin Ghnóchan Caipitiúil*

- 17.**—Leasaítear alt 659 den Phríomh-Acht i bhfo-alt (1)(c) trí “1 Eanáir 2011” a chur in ionad “1 Eanáir 2009”. Leasú ar alt 659 (feirmeoireacht: liúntais le haghaidh caiteachais chaipitiúil ar fhoirgníú foirgneamh feirme, etc. chun truailliú a rialú) den Phríomh-Acht.
- 18.**—(1) Leasaítear Caibidil 2 de Chuid 23 den Phríomh-Acht— Leasú ar Chaibidil 2 (feirmeoireacht: faoiseamh i leith méadú ar luachanna stoic) de Chuid 23 den Phríomh-Acht.
- (a) in alt 666(4) trí “31 Nollaig 2010” a chur in ionad “31 Nollaig 2008” i mír (a) agus “an bhliain 2010” a chur in ionad “an bhliain 2008” i mír (b), agus
- (b) in alt 667B(5)(b) trí “31 Nollaig 2010” a chur in ionad “31 Nollaig 2008”.
- (2) Tiocfaidh *fo-alt (I)* i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire Airgeadais le hordú nó le horduithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.
- 19.**—Leasaítear alt 279 den Phríomh-Acht, maidir le díol an leasa iomchuí i bhfoirgneamh nó i ndéanmhas ar díol é a tharlaíonn an 14 Deireadh Fómhair 2008 nó dá éis— Leasú ar alt 279 (foirgnimh nó déanmhais áirithe a cheannach) den Phríomh-Acht.
- (a) i bhfo-alt (2) trí “de thréimhse 2 bhliain” a chur in ionad “de thréimhse bliana” agus “den thréimhse 2 bhliain” a chur in ionad “den thréimhse bliana”, agus
- (b) i bhfo-alt (3) trí “de thréimhse 2 bhliain” a chur in ionad “de thréimhse bliana” agus “den thréimhse 2 bhliain” a chur in ionad “den thréimhse bliana”.
- 20.**—(1) Leasaítear alt 26(1) den Acht Airgeadais 2008— Liúntais chaipitiúla le haghaidh aonad cáilitheach sainchúraim mhaolaithigh.
- (a) i mír (a)(iii) (lena gcuirtear fo-alt (2BA) isteach in alt 268 den Phríomh-Acht) trí “8 leaba” a chur in ionad “20 leaba” san fho-alt (2BA) sin, agus
- (b) i mír (a)(iv) (lena leasaítear alt 268(9) den Phríomh-Acht) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad chlásal (II):
- “(II) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (i):
- ‘(j) faoi threoir mhír (m), maidir le caiteachas caipitiúil arna thabhtú dáta rite an Achta Airgeadais 2008 nó dá éis.’”.
- (2) Meastar na leasuithe (a dhéantar le *fo-alt (I)*) ar alt 268 den Phríomh-Acht a bheith déanta le héifeacht ó dháta rite an Achta Airgeadais 2008 agus tiocfaidh siad i ngníomh de réir alt 26(2) den Acht Airgeadais 2008.

Scéim chun aistriú agus athshuíomh saoráidí tionscail áirithe a éascú.

**21.—(1)** Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Chuid 11C (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais 2008):

“CUID 11D

CÁIN IONCAIM AGUS CÁIN CHORPARÁIDE: FAOISIMH I LEITH SAORÁIDÍ TIONSCAIL ÁIRITHE A AISTRÍÚ AGUS A ATHSHUÍOMH

Léiriú (Cuid 11D).

380Q.—(1) Sa Chuid seo—

tá le ‘substaintí chontúirteach’ an bhrí a shanntar dó le halt 3 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí ina bhFuil Substaintí Contúirteacha i gCeist) 2000 (I.R. Uimh. 476 de 2000);

ciallaíonn ‘caiteachas luachmhéadaithe’, i ndáil le talamh bunaíochta, méid aon chaiteachais chaipitiúil a tabhaíodh go hiomlán agus go heisiatach ar an talamh chun luach na talún a mhéadú, is caiteachas a bhí le brath ar staid nó ar nádúr na talún tráth na diúscartha ach ní fholáíonn sé caiteachas a bhféadfar faoiseamh a éileamh ina leith faoin gCuid seo;

ciallaíonn ‘bunaíocht’, i ndáil le duine a sheolann trádáil iomchuí, an limistéar iomlán atá faoi rialú an duine sin agus a bhfuil substaintí contúirteacha ann i suiteáil amháin nó níos mó, lena n-áirítear bonneagar nó gníomhaíochtaí atá comhchoiteann nó comhghaolmhar;

ciallaíonn ‘talamh bunaíochta’, i ndáil le trádáil iomchuí, limistéar talún na bunaíochta ar aonad dá chuid an tseansuiteáil;

ciallaíonn ‘údarás áitiúil’—

(a) i gcás cathrach, an chomhairle cathrach, agus

(b) i gcás contae, an chomhairle contae,

is comhairle cathrach nó comhairle contae, de réir mar a bheidh, chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil 2001;

ciallaíonn ‘suiteáil’ aonad laistigh de bhunaíocht ina ndéantar substaintí contúirteacha a tháirgeadh, a úsáid, a láimhsiú nó a stóráil agus foláíonn sé—

(a) trealamh, déanmhais, píobobair, innealra agus uirlisí,

(b) duganna agus céanna díluchtaithe a fhreastalaíonn ar an tsuiteáil, agus

(c) lamairní, stórais nó déanmhais dá samhail, cibé acu atá siad ar snámh nó nach bhfuil,

is gá chun an tsuiteáil a oibriú;

folaíonn “talamh” aon leas i dtalamh agus folaíonn tagairtí do thalamh bunaíochta tagairtí d’aon leas sa talamh sin;

ciallaíonn ‘margadhluach’ i ndáil leis an talamh bunaíochta iomlán nó cuid de, an praghas a bhféadfaí le réasún a bheith ag súil a fháil ar an talamh iomlán sin nó ar an chuid sin de a dhíol ar an margadh oscailte dá ndéanfaí an tseansuiteáil a aistriú;

ciallaíonn ‘suiteáil nua’ suiteáil a chuirtear in ionad seansuiteála;

ciallaíonn ‘seansuiteáil’ suiteáil atá suite i limistéar dugthailte uirbeach agus a ndéanfaidh oibritheoir, trí chomhaontú leis an údarás áitiúil iomchuí, í a athshuíomh chun athnuachan an limistéir sin a éascú;

ciallaíonn ‘oibritheoir’ aon duine a oibríonn bunaíocht nó suiteáil i gcúrsa trádála;

ciallaíonn ‘caiteachas athshuímh’ caiteachais iomchuí arna dtabhú ag duine a sheolann trádáil iomchuí i mbunaíocht atá suite i limistéar dugthailte uirbeach le linn an trádáil sin a athshuíomh go dtí bunaíocht i suíomh nua;

ciallaíonn ‘caiteachais iomchuí’ caiteachas caipitiúil, arna thabhú i dtaca le seansuiteáil a aistriú agus suiteáil ionaid a chur ar bun lena n-áirítear an costas a bhaineann le cibé talamh a fháil is gá chun an tsuiteáil nua a oibriú ach ní fholaíonn sé caiteachas a bhaineann leis na nithe seo a leanas—

- (a) aon fhoirgneamh nó déanmhas ar an talamh sin seachas foirgneamh nó déanmhas a leagtar i gcúrsa an tsuiteáil ionaid a chur ar bun,
- (b) foirgniú aon fhoirgnimh nó déanmhais, nó
- (c) innealra nó gléasra;

ciallaíonn ‘trádáil iomchuí’ trádáil arb éard í bunaíocht nó suiteáil a oibriú;

ciallaíonn ‘limistéar dugthailte uirbeach’ limistéar dugthailte is ábhar do phlean limistéir áitiúil arna ghlacadh ag an údarás áitiúil iomchuí faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000 go 2006 nó do scéim pleanála arna ceadú ag an Aire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil faoi alt 25 den Acht um Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath 1997 agus a chuimsíonn limistéar arna ainmniú ag an Aire sin, le ceadú an Aire Airgeadais, mar limistéar atá le hathnuachan

chun na geríoch a leagtar amach sa phlean limistéir áitiúil nó sa scéim pleanála.

(2) Ní bheidh feidhm ag an gCuid seo maidir le haon chaiteachas arna thabhtú an 1 Eanáir 2014 nó dá éis.

Liúntas  
athshuímh.

380R.—(1) Aon duine a sheolann trádáil iomchuí agus a thabhóidh caiteachas athshuímh i ndáil leis an trádáil sin, féadfaidh sé nó sí liúntas (dá ngairtear ‘liúntas athshuímh’ san alt seo) a éileamh faoin alt seo i leith an chaiteachais sin.

(2) Is le linn an trádáil a chur faoi cháin a thabharfar liúntas athshuímh do dhuine a sheolann trádáil iomchuí.

(3) I gcás go bhfuil nó go raibh talamh bunaíochta ar úinéireacht ag duine a sheolann trádáil iomchuí agus nach mbeidh iomlán na talún sin díúscartha ag deireadh na tréimhse inmhuirearaithe, ansin beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas:

(a) ní fhéadfar aon mhéid a thabhófar sa tréimhse inmhuirearaithe i leith an chostais a bhaineann le talamh a fháil a áireamh mar chaiteachais iomchuí mura rud é, maidir le comhiomlán an chaiteachais a thabhófar sa tréimhse inmhuirearaithe sin agus i dtréimhsí inmhuirearaithe roimhe sin i leith talamh a fháil is gá chun an tsuiteáil nua a oibriú, gur mó é ná margadhluach na talún bunaíochta ar an dáta a tabhaíodh na caiteachais iomchuí den chéad uair, agus

(b) don chéad tréimhse inmhuirearaithe inar mó comhiomlán an chaiteachais a thabhófar le linn talamh a fháil is gá chun an tsuiteáil nua a oibriú ná an margadhluach a luaitear i mír (a), is í an bhreis an méid a bheidh le háireamh.

(4) I gcás go raibh talamh bunaíochta ar úinéireacht ag duine a sheolann trádáil iomchuí i ndáil leis an trádáil sin agus go mbeidh sé nó sí i dteideal liúntais athshuímh in aghaidh tréimhse inmhuirearaithe, arb í an chéad tréimhse inmhuirearaithe í, a ndéanfar iomlán na talún sin a dhiúscairt ag deireadh na tréimhse sin nó roimhe, nó ar tréimhse inmhuirearaithe dá éis sin í, ansin beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas:

(a) ní fhéadfar aon chaiteachas a thabhófar sa tréimhse inmhuirearaithe i leith an chostais a bhaineann le talamh a fháil a áireamh mar chaiteachais iomchuí mura rud é, maidir le comhiomlán an chaiteachais a thabhófar sa tréimhse inmhuirearaithe sin agus i dtréimhsí



inmhuirearaithe roimhe sin i leith talamh a fháil is gá chun an tsuiteáil nua a oibriú, gur mó é ná an chomaoin iomlán a bheidh faighte ar an talamh bunaíochta a dhiúscairt arna laghdú d'aon chaiteachais luachmhéadaithe i ndáil leis an talamh bunaíochta sin a thabhóidh an duine sin aon tráth tar éis na seansuiteálacha go léir a aistriú ón talamh sin, agus

- (b) ní mó méid an chaiteachais a áireofar i gcaiteachas iomchuí i leith costais fála na talún ná an bhreis sin.

(5) D'ainneoin alt 380Q(2), más rud é, i dtréimhse inmhuirearaithe, go ndéanfaidh duine a sheolann trádáil iomchuí a mbeidh liúntas athshuímh deonaithe ina leith faoi fho-alt (2) do thréimhsí inmhuirearaithe roimhe sin, an talamh bunaíochta go léir nó cuid de a dhiúscairt i ndáil leis an trádáil sin agus go mbeidh, dá dhroim sin, an talamh bunaíochta go léir i ndáil leis an trádáil sin arna dhiúscairt ag deireadh na tréimhse sin, ansin beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas:

- (a) más rud é, maidir le comhiomlán na comaoine go léir a bheidh faighte ar dhiúscairtí na talún bunaíochta go léir arna laghdú d'aon chaiteachas luachmhéadaithe i ndáil leis an talamh bunaíochta sin arna thabhtú ag an duine sin aon tráth tar éis na seansuiteálacha go léir a aistriú ón talamh sin—

(i) gur lú é ná an margadhluach a luaitear i bhfo-alt (3)(a), ansin tabharfar liúntas athshuímh faoi fho-alt (2) i leith na difríochta, mar aon le liúntas athshuímh (más ann) a d'fhéadfadh a bheith dlite i leith caiteachais arna thabhtú sa tréimhse inmhuirearaithe,

(ii) gur mó é ná an margadhluach a luaitear i bhfo-alt (3)(a), ansin déileálfar leis an difríocht, faoi réir mhír (b), mar fháltas trádála de chuid na trádála sin,

agus

- (b) ní mó an méid a ndéileálfar leis mar fháltas trádála de chuid na trádála faoi mhír (a)(ii) ná comhiomlán na liúntas athshuímh i leith talún bunaíochta a lamháladh i dtréimhsí inmhuirearaithe roimhe sin.

(6) I gcás nach ndéanfaidh duine a sheolann trádáil iomchuí an talamh bunaíochta go léir a dhiúscairt i ndáil leis an trádáil iomchuí laistigh de

thréimhse 2 bhliain dar tosach an dáta a scoirfidh an duine sin den tseansuiteáil a úsáid chun críocha trádála iomchuí, ansin measfar an talamh bunaíochta a bheith diúscartha ag an duine i ndáil leis an trádáil sin ar an lá deiridh den thréimhse inmhuirearaithe a chríochnaíonn an thréimhse sin ar chomaoin is comhionann le comhiomlán na comaoine go léir (más ann) a bheidh faighte i leith codanna de thalamh bunaíochta a bheidh diúscartha agus margadhluach na talún sin go léir nó an chuid de a bheidh ar úinéireacht ag an duine ar an dáta sin arna laghdú d'aon chaiteachas luachmhéadaithe i ndáil leis an talamh bunaíochta sin arna thabhtú ag an duine sin aon tráth tar éis na seansuiteálacha go léir a aistriú ón talamh sin.

(7) I gcás go leithreasófar talamh mar stoc trádála, beidh feidhm ag alt 596(1) chun críocha an ailt seo mar atá feidhm aige chun críocha na nAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil.

(8) I gcás go scoirfear den trádáil iomchuí sula ndiúscrófar an talamh bunaíochta go léir i ndáil leis an trádáil sin, ansin measfar, chun críocha an ailt seo, go ndearnadh an talamh a bheidh fágtha a dhiúscairt ar dháta scoir na trádála ar a mhargadhluach an dáta sin.

(9) I gcás go bhfuil an talamh bunaíochta go léir nó cuid di ar úinéireacht ag duine (dá ngairtear an 'duine céadluaite' san fho-alt seo) atá bainteach leis an duine atá ag éileamh faoisimh faoin gCuid seo, ansin measfar an talamh bunaíochta sin go léir nó an chuid sin di, de réir mar a bheidh, chun críocha na Coda seo a bheith ar úinéireacht ag an duine atá ag éileamh faoisimh agus beidh feidhm ag an gCuid seo amhail is dá mba ghníomhartha ag an duine atá ag éileamh faoisimh é gach gníomh ag an duine céadluaite i ndáil leis an talamh bunaíochta go léir nó leis an gcuid sin di.

Liúntas breise  
i leith  
caiteachais  
athshuímh.

380S.—(1) I gcás ina ndéanfaidh duine a sheolann trádáil iomchuí caiteachas athshuímh a thabhtú a bhfuil feidhm ag alt 380R i ndáil leis, déanfar, i dteannta aon liúntais athshuímh a thabhtarfar i leith an chaiteachais sin, le linn an trádáil a chur faoi cháin don thréimhse inmhuirearaithe dá dtabhtarfar an liúntas athshuímh sin, liúntas breise athshuímh (ar a dtabhtarfar 'liúntas breise athshuímh') is comhionann le 50 faoin gcéad den chaiteachas a thabhairt don duine agus beidh feidhm ag alt 380R(2) maidir leis an liúntas breise athshuímh sin amhail is dá mba liúntas faoin bhfo-alt sin é.

(2) Más rud é, i dtréimhse inmhuirearaithe, go ndéileálfar le méid mar fháltas trádála de chuid trádála faoi alt 380R(5)(b), déileálfar freisin le méid breise is comhionann le 50 faoin gcéad den mhéid sin mar fháltas trádála de chuid na trádála sin don thréimhse inmhuirearaithe sin.

Liúntas i leith  
innealra nó  
gléasra.

380T.—(1) Más rud é, maidir le haon tréimhse inmhuirearaithe, go mbeidh ar áireamh i gcaiteachas arna thabhtú ag duine ar shuiteáil nua caiteachas (dá ngairtear ‘caiteachas cáilitheach’ san alt seo) ar sholáthar innealra nua nó gléasra nua (seachas feithiclí atá oiriúnach chun daoine nó earraí a iompar ar bhóithre nó chun feithiclí eile a tharraingt ar bhóithre) a sholáthrófar lena úsáid sa trádáil iomchuí, ansin beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas:

- (a) féadfaidh an duine sin a éileamh go mbeidh an liúntas caithimh agus cuimilte a bheidh le tabhairt faoi alt 284 don duine i leith an chaiteachais le cinneadh amhail is dá mba thagairt do 100 faoin gcéad an tagairt do 12.5 faoin gcéad in alt 284(2)(ad), agus
- (b) tabharfar liúntas is comhionann le 50 faoin gcéad den chaiteachas cáilitheach i ndáil leis an ngléasra nó leis an innealra sin don duine i leith na tréimhse inmhuirearaithe a bhaineann leis an gcaiteachas agus tabharfar an liúntas sin le linn an trádáil iomchuí a chur faoi cháin.

(2) D’fhonn méid aon liúntais a bheidh le tabhairt d’aon duine faoi alt 284 i leith caiteachais arna thabhtú le linn tréimhse inmhuirearaithe ar aon innealra nó gléasra cáilitheach a fháil amach, ní chuirfear liúntas faoi fho-alt (1)(b) i leith an chaiteachais sin i gcuntas, agus in alt 284(4) déanfar ‘na liúntais mar gheall air sin’ agus ‘méid comhiomlán na liúntais’ a fhorléiriú mar thagairtí nach bhfolaíonn tagairtí d’aon liúntas a thabharfar faoi fho-alt (1)(b) don duine arb é nó í a sheolann an trádáil iomchuí.

Liúntais i leith  
foirgneamh  
áirithe.

380U.—I gcás ina dtabhóidh duine a sheolann trádáil iomchuí caiteachas (dá ngairtear ‘caiteachas cáilitheach’ san alt seo) ar shuiteáil nua a bhfuil ar áireamh ann caiteachas caipitiúil ar fhoirgníú foirgnimh nó déanmhais nua a bheidh ina fhoirgneamh nó ina dhéanmhas tionscail a bheidh le háitiú chun críocha na trádála sin, ansin beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas:

- (a) beidh feidhm ag alt 271 amhail is—
  - (i) dá ndéanfaí an míniú ar ‘gníomhaireacht forbartha tionscail’ a scriosadh i bhfo-alt (1) den alt sin,
  - (ii) dá ndéanfaí ‘lena mbaineann fo-alt (3)’ a scriosadh i bhfo-alt (2)(a)(i) den alt sin,
  - (iii) dá ndéanfaí fo-alt (3) den alt sin a scriosadh,

- (iv) dá ndéanfaí an fo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4) den alt sin:

‘(4) Is é a bheidh i liúntas foirgníochta tionscail méid is comhionann le 100 faoin gcéad den chaiteachas caipitiúil a luaitear i bhfo-alt (2).’

agus

- (v) dá ndéanfaí ‘lena mbaineann fo-alt (3)(c)’ a scriosadh i bhfo-alt (5) den alt sin,

agus

- (b) tabharfar liúntas is comhionann le 50 faoin gcéad den chaiteachas cáilitheach i ndáil leis an bhfoirgneamh nó leis an déanmhas sin don duine sin i leith na tréimhse inmhuirearaithe lena mbaineann an caiteachas agus tabharfar an liúntas sin le linn an trádáil iomchuí a chur faoi cháin.

Feabhsú. 380V.—(1) Is suiteáil fheabhsaithe suiteáil nua i gcás go bhfuil acmhainn níos mó aici nó go bhfuil éifeachtúlacht nó táirgiúlacht arna feabhsú thar ghnáth-nuachóiriú nó ghnáth-uasghrádú aici thar mar atá ag an tseansuiteáil ar cuireadh ina hionad í.

(2) I gcás go bhfuil ar áireamh i gcaiteachas arna thabhtú ar shuiteáil fheabhsaithe a sholáthar caiteachas ar innealra nua nó gléasra nua nó ar fhoirgníú foirgnimh nó déanmhais nua a bheidh ina fhoirgneamh nó ina dhéanmhas tionscail a bheidh le háitiú chun críocha na trádála sin, ansin is é méid an chaiteachais sin a cháileoidh le haghaidh faoisimh faoi alt 380T(1)(b) nó 380U(1)(b) an caiteachais ar an innealra nua nó ar an ngléasra nua nó ar fhoirgníú foirgnimh nó déanmhais nua, de réir mar a bheidh, arna laghdú de mhéid in ionannas d’fheabhsú agus is é an méid caiteachais in ionannas d’fheabhsú cibé cion den chaiteachas i ndáil leis an innealra nua nó leis an ngléasra nua nó i ndáil le foirgníú foirgnimh nó déanmhais nua, de réir mar a bheidh, a dhealraíonn don chigire (nó ar achomharc, na Coimisinéirí Achomhairc) a bheith cóir agus réasúnach mar chion arb ionannas dó costais a bhaineann le hacmhainn mhéadaithe nó le héifeachtúlacht nó táirgiúlacht fheabhsaithe a sholáthar.

Forálacha  
forlíontacha.

380W.—(1) I gcás ina mbeidh liúntas faoi alt 380T(1)(b) nó 380U(1)(b) tugtha d’aon duine i leith caiteachais arna thabhtú ar innealra nua nó gléasra nua a sholáthar nó ar fhoirgneamh nó déanmhas a fhoirgníú agus ina ndíolann an duine sin an t-innealra nó an gléasra nó an foirgneamh

nó an déanmhas gan an duine sin d'úsáid an innealra nó an ghléasra nó an fhoirgnimh nó an déanmhais chun críocha trádála iomchuí nó roimh dheireadh na tréimhse 2 bhliain ón lá a tosaíodh ar an innealra nó an gléasra, nó de réir mar a bheidh, an foirgneamh nó an déanmhas a úsáid amhlaidh, ansin déanfar an liúntas faoi na hailt sin a tharraingt siar agus déanfar na measúnachtaí breise sin go léir, agus na coigeartuithe sin go léir ar mheasúnachtaí, is gá chun an liúntas a tharraingt siar nó de dhroim an liúntas a tharraingt siar.

(2) Chun críocha na Coda seo, ní fholáíonn caiteachas caipitiúil aon chaiteachas a lamháiltear a asbhaint le linn brabúis nó gnóchain ó thrádáil a sheolann an duine a thabhaíonn an caiteachas a ríomh chun críocha cánach.

(3) I gcás ina dtugtar faoiseamh le haon fhoráil den Chuid seo i ndáil le caiteachas athshuímh, ansin ní thabharfar faoiseamh i leith an chaiteachais sin faoi aon fhoráil eile de na hAchtanna Cánacha.

(4) Beidh feidhm ag Caibidil 4 de Chuid 9 amhail is dá mbeadh an Chuid seo ar áireamh sa Chuid sin.

380X.—D'ainneoin aon fhorála eile den Chuid seo ní thabharfar aon liúntais faoi ailt 380R, 380S, 380T agus 380U i ndáil le caiteachas—

Srianta ar fhaoiseamh — gan feidhm a bheith ag faoiseamh i gcásanna áirithe.

(a) i gcás aon chuid den chaiteachas sin a bheith íoctha nó le híoc go díreach nó go neamhdhíreach, trí chúnamh deontais nó trí aon chúnamh eile a dheonóidh an Stát, aon bhord arna bhunú le reacht, aon údarás poiblí nó áitiúil nó aon ghníomhaireacht eile de chuid an Stáit, nó a dheonófar tríd an gcéanna,

(b) mura gcomhlíonann na liúntais ionchasacha i ndáil leis an gcaiteachas sin—

(i) ceanglais na dTreoirínte ar Chúnamh Náisiúnta Réigiúnach don tréimhse 2007-2013 arna n-ullmhú ag Coimisiún na gComhphobal Eorpach agus arna n-eisiúint an 4 Márta 2006<sup>1</sup>,

(ii) an Léarscáil Chúnamh Náisiúnta Réigiúnaigh d'Éirinn don tréimhse 1 Eanáir 2007 go 31 Nollaig 2013 a cheadaigh Coimisiún na gComhphobal Eorpach an 24 Deireadh Fómhair 2006<sup>2</sup>, agus

<sup>1</sup>IO Uimh. C54 an 4 Márta 2006, lch. 13.

<sup>2</sup>IO Uimh. C292 an 1 Nollaig 2006, lch. 11.

(iii) ceanglais na dTreoirínte ón gComhphobal maidir le Cúnamh Stáit le haghaidh Caomhnú Comhshaoil arna n-ullmhú ag Coimisiún na gComhphobal Eorpach agus arna n-eisiúint an 1 Aibreán 2008<sup>1</sup>,

(c) i gcás an duine atá i dteideal na liúntas i ndáil leis an gcaiteachas sin a bheith faoi réir ordú gnóthaithe neamhíoctha tar éis cinnidh roimhe sin ó Choimisiún na gComhphobal Eorpach á dhearbhu go raibh cúnamh i bhfabhar an duine sin neamhdhleathach agus ar neamhréir leis an gcómhargadh,

nó

(d) i gcás inar duine atá i gcrúachas faoi na Treoirínte ón gComhphobal maidir le Cúnamh Stáit chun Gnólachtaí atá i gCrúachas a Tharrtháil agus a Athstruchtú<sup>2</sup> an duine atá i dteideal na liúntas.”.

(2) Tiofadh *fo-alt (1)* i ngníomh ar an Aire Airgeadais do dhéanamh ordú á rá sin.

Leasú ar alt 268 (an bhrí atá le “foirgneamh nó déanamh tionscail”) den Phríomh-Acht.

**22.**—Leasaítear alt 268 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt 12(c) trí “, nó maidir le cuid díobh,” a chur isteach i ndiaidh “maidir leis na liúntais chaipitiúla ionchasacha a bheidh i gceist”, agus

(b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (12):

“(12A) (a) I gcás ina dtabharfaidh an tÚdarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta deimhniú i scríbhinn don duine a thabhaigh an caiteachas caipitiúil ar fhoirgníú nó athfheistiú an fhoirgnimh nó an déanmhais ina luafar go bhfuarthas an ceadú dá dtagraítear i bhfo-alt (12)(c), déileálfar, chun críocha na Coda seo, leis an bhfoirgneamh nó leis an déanamh mar fhoirgneamh nó mar dhéanamh tionscail ón dáta a úsáideadh den chéad uair é chun críocha thrádáil na hóstóireachta, agus déanfar cáin a urscaoileadh nó a aisíoc dá réir sin le linn éifeacht a thabhairt do na liúntais a bheidh le tabhairt faoin gCuid seo.

(b) I gcás ina mbeidh Coimisiún na gComhphobal Eorpach tar éis méid a cheadú—

(i) is ísle ná an méid caiteachais chaipitiúil a tabhaíodh iarbhír ar fhoirgníú nó athfheistiú an fhoirgnimh nó an

<sup>1</sup>IO Uimh. C 82 an 1 Aibreán 2008, lch. 1.

<sup>2</sup>IO Uimh. C288 an 9 Deireadh Fómhair 1999, lch. 2, agus IO Uimh. C244 an 1 Deireadh Fómhair 2004, lch. 2.

déanmhais, ansin, chun críocha na Coda seo, cuirfear an méid sin is ísle in ionad an mhéid a tabhaíodh iarbhrí, nó

- (ii) is ísle ná méid an ghlanphraghais a íocadh de réir bhrí alt 279, beidh feidhm ag an alt sin amhail is dá mba thagairt don mhéid is ísle arna cheadú amhlaidh í an tagairt don ghlanphraghas a íocadh i bhfo-alt (2)(b).”.

**23.**—(1) Leasaítear alt 81 den Phríomh-Acht i bhfo-alt (2) trí “cánach gnóchan caipitiúil a sheachaint;” a chur in ionad “cánach gnóchan caipitiúil a sheachaint.” i mír (n), agus tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (n):

Leasú ar alt 81 (riail ghinearálta maidir le hasbhaintí) den Phríomh-Acht.

“(o) aon suim arna híoc nó is iníoctha faoi aon chomhaontú nó aon chomhthuiscint trína gcuirfear oibleagáid ar dhuine íocaíocht a dhéanamh le duine bainteach a bhfuil cónaí air nó uirthi in aon chríoch lasmuigh den Stát i leith coigeartaithe arna dhéanamh nó a bheidh le déanamh, ar bhrabúis an duine bhaintigh a bhféadfar faoiseamh a thabhairt maidir leo faoi théarmaí socraithe arna dhéanamh de bhua fho-alt (1) nó (1B) d’alt 826, nó i leith coigeartaithe dá shamhail arna dhéanamh ar bhrabúis duine bhaintigh a bhfuil cónaí air nó uirthi in aon chríoch eile.”.

(2) (a) Beidh feidhm ag *fo-alt (1)* i leith aon suime arna híoc nó is iníoctha—

(i) le linn tréimhse cuntasáochta dar críoch an 20 Samhain 2008, nó dá éis, nó

(ii) i mbonntréimhse do bhliain mheasúnachta i gcás ina gcríochnóidh an bhonntréimhse sin an 20 Samhain 2008 nó dá éis.

(b) Chun críocha an fho-ailt seo ciallaíonn “bonntréimhse” an tréimhse ar ar a brabúis nó a gnóchain a bheidh cáin ioncain don bhliain mheasúnachta le ríomh go críochnaitheach faoi na hAchtanna Cánach Ioncain.

**24.**—(1) Leasaítear alt 81B den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (1) tríd an méid seo a leanas a chur isteach roimh an míniú ar “Rialacháin Atharachais”:

“ciallaíonn ‘fiontair árachais creidmheasa’ fiontair a áirítear in aicme 14 de Roinn A den Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCéad Treoir ón gComhairle 73/239/CEE an 24 Iúil 1973<sup>1</sup>;

ciallaíonn ‘Príomh-Rialacháin’ Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Árachas Neamh-Shaoil) 1976 (I.R. Uimh. 115 de 1976) arna leasú ó am go ham;”;

(b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

Leasú ar alt 81B (cúlchistí comhionannaithe le haghaidh gnó árachais agus atharachais creidmheasa de chuid cuideachtaí) den Phríomh-Acht.

<sup>1</sup>IO Uimh. L228, 16 Lúnasa 1973, lch. 3.

“(1A) Baineann an t-alt seo leis na nithe seo a leanas—

(a) cuideachta árachais arbh é a gnó, nó cuid dá gnó, aon tráth gnó ar ceanglaíodh uirthi cúlchiste comhionannaithe a bhunú agus a chothabháil ina leith de bhua Rialachán 24 de na Rialacháin Athárachais, nó

(b) cuideachta árachais atá ag frithghealladh fiontar árachais creidmheasa agus ar a gceanglaítear le hAirteagal 14(8) de na Príomh-Rialacháin cúlchiste comhionannaithe a bhunú.”

(c) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

“(2) Faoi réir na bhforálacha seo a leanas den alt seo, cuirfear i gcuntas go hiomlán gach méid de réir na rialacha i bhfo-alt (3) le linn aon ríomh a dhéanamh, chun críocha Chás I de Sceideal D, ar na brabúis nó na cailteanais d’aon tréimhse chuntasafóchta de chuid cuideachta árachais lena mbaineann an t-alt seo.”

(d) i bhfo-alt (3)(c) trí “nó leis na Príomh-Rialacháin” a chur isteach i ndiaidh “leis na Rialacháin Athárachais”,

(e) i bhfo-alt (4)—

(i) trí “nó Airteagal 14(8) de na Príomh-Rialacháin” a chur isteach i ndiaidh “Rialachán 24 de na Rialacháin Athárachais”, agus

(ii) i mír (b) trí “nó na bPríomh-Rialachán” a chur isteach i ndiaidh “na Rialachán Athárachais”,

(f) i bhfo-alt (5) trí “nó na bPríomh-Rialachán” a chur isteach i ndiaidh “na Rialachán Athárachais”, sa dá áit ina bhfuil sé, agus

(g) i bhfo-alt (7) trí “nó na bPríomh-Rialachán” a chur isteach i ndiaidh “na Rialachán Athárachais”.

(2) Meastar éifeacht a bheith leis an alt seo amhail ar an agus ón 15 Iúil 2006.

Leasú ar alt 198 (ní inmhuirearaithe ús áirithe) den Phríomh-Acht.

**25.—(1)** Leasaítear alt 198 den Phríomh-Acht i bhfo-alt (1)(c)—

(a) i bhfomhír (iii) trí “, íocaíocht úis lena mbaineann alt 246A” a chur isteach i ndiaidh “lena mbaineann alt 64(2)” agus trí “agus” a scriosadh san áit dheireanach a bhfuil sé,

(b) i bhfo-alt (iv) trí “sócmhainní na cuideachta cáilithí, agus” a chur in ionad “sócmhainní na cuideachta cáilithí.”, agus

(c) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (iv):

“(v) ní bheidh duine inmhuirearaithe i leith cánach i leith lascaíní a éiríonn ar urrúis arna n-eisiúint ag duine iomchuí (de réir bhrí alt 246) i ngnáthchúrsa trádála nó gnó a sheolann an duine sin más rud é nach



cónaitheoir sa Stát an duine céadluaite agus go measfar gur cónaitheoir i gcríoch iomchuí chun críocha an fho-alt seo é nó í.”.

(2) Tá feidhm ag an alt seo maidir le hús a íocfar nó lascaíní a éireoidh an 1 Eanáir 2009 nó dá éis.

**26.—(1) Leasaítear an Príomh-Acht—**

Leasú ar Chuid 8 (íocaíochtaí bliantúla, muirir agus ús) den Phríomh-Acht.

(a) in alt 256(1) sa mhíniú ar “cáin chuí”—

(i) i mír (a) trí “23 faoin gcéad” a chur in ionad “20 faoin gcéad”,

(ii) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

“(b) faoi réir mhír (c), i gcás úis arna íoc i leith aon taise iomchuí eile, de réir ráta a chinnfear de réir na foirmle—

(S + 3) faoin gcéad

i gcás gurb é S an ráta caighdeánach faoin gcéad (de réir bhrí alt 4(1)) atá i bhfeidhm tráth na híocaíochta, agus”,

agus

(iii) i mír (c), trí “(S + 6) faoin gcéad” a chur in ionad “(S + 3) faoin gcéad”,

(b) in alt 261(c)(i) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad chlásal (II):

“(II) i gcás ina mbeidh ar áireamh in ioncam inchánach an duine sin ús iomchuí a thagann faoi réim mhír (b) den mhíniú ar ‘cáin chuí’ in alt 256(1) den Phríomh-Acht, beidh an chuid d’ioncam inchánach, is comhionann leis an ús iomchuí sin, inmhuirearaithe i leith cánach de réir an ráta ar dá réir a asbhaineadh cáin as an ús iomchuí sin.”.

(c) in alt 261B tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

“(2) D’ainneoin alt 15, i gcás ina mbeidh ús sonraithe ar áireamh in ioncam inchánach an duine sin, beidh an chuid d’ioncam inchánach, is comhionann leis an ús sonraithe sin, inmhuirearaithe i leith cánach de réir an ráta ar dá réir a d’asbhainfí cáin as an ús sin, murach go ndearnadh dearbhú faoi fho-alt (1A) nó (1B) d’alt 256.”.

(d) in alt 267B—

(i) i bhfo-alt (2)(b) trí “23 faoin gcéad” a chur in ionad “20 faoin gcéad”, agus

(ii) i bhfo-alt (3)(b) trí “23 faoin gcéad” a chur in ionad “20 faoin gcéad”,

agus

(e) in alt 267M, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a) d’fho-alt (2):

“(a) D’ainneoin alt 15 agus faoi réir mhír (b), i gcás ina mbeidh ús sonraithe ar áireamh in ioncam inchánach an duine sin, beidh an chuid d’ioncam inchánach, is comhionann leis an ús sonraithe sin, inmhuirearaithe i leith cánach de réir an ráta a shonraítear i mír (b) den mhíniú ar ‘cáin chuí’ i bhfo-alt 256(1).”

(2) (a) Tá feidhm ag *míreanna* (a) agus (d) d’fho-alt (1) maidir le haon íocaíocht nó aon chreidiúnú úis iomchuí (de réir bhrí Chaibidil 4 de Chuid 8 den Phríomh-Acht) a dhéanfar an 1 Eanáir 2009 nó dá éis.

(b) Tá feidhm ag *míreanna* (b), (c) agus (e) d’fho-alt (1) don bhliain mheasúnachta 2009 agus do bhlianta measúnachta dá éis.

Polasaithe árachais saoil agus cistí infheistíochta.

**27.—(1) Leasaítear an Príomh-Acht—**

(a) in alt 730F(1)—

(i) i mír (a) trí “(S + 6) faoin gcéad” a chur in ionad “(S + 3) faoin gcéad”, agus

(ii) i mír (b) trí “(S + 26) faoin gcéad” a chur in ionad “(S + 23) faoin gcéad”,

(b) i gCaibidil 6 de Chuid 26—

(i) in alt 730J(a)—

(I) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad chlásal (I) d’fhomhír (i):

“(I) i gcás inar íocaíocht iomchuí an íocaíocht, de réir an ráta a chinnfear de réir na foirmle—

(S + 3) faoin gcéad

i gcás gurb é S an ráta caighdeánach faoin gcéad don bhliain mheasúnachta ina ndéantar an íocaíocht, agus”,

(II) i bhfomhír (i)(II)(A) trí “(S + 26) faoin gcéad” a chur in ionad “(S + 23) faoin gcéad”,

(III) i bhfomhír (i)(II)(B) trí “(S + 6) faoin gcéad” a chur in ionad “(S + 3) faoin gcéad”, agus

(IV) i bhfomhír (ii)(I) trí “(H + 23) faoin gcéad” a chur in ionad “(H + 20) faoin gcéad”,

agus

(ii) in alt 730K(1)—

(I) i mír (a) trí “(S + 26) faoin gcéad” a chur in ionad “(S + 23) faoin gcéad”, agus

(II) i mír (b) trí “(S + 6) faoin gcéad” a chur in ionad “(S + 3) faoin gcéad”,

(c) i gCaibidil 1A de Chuid 27—

(i) san fhoirmle in alt 739D(5A) trí “(S + 6)” a chur in ionad “(S + 3)”,

(ii) in alt 739E—

(I) i bhfo-alt (1)—

(A) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) faoi réir mhír (ba), i gcás ina bhfaightear méid an ghnóchain trí bhíthin alt 739D(2)(a), de réir ráta arna chinneadh de réir na foirmle—

(S + 3) faoin gcéad

i gcás gurb é S an ráta caighdeánach faoin gcéad don bhliain mheasúnachta ina n-éiríonn an gnóchan,”

(B) i mír (b) trí “(S + 6) faoin gcéad” a chur in ionad “(S + 3) faoin gcéad,” agus

(C) i mír (ba) trí “(S + 26) faoin gcéad” a chur in ionad “(S + 23) faoin gcéad,”

agus

(II) i bhfo-alt (1A) sa mhíniú ar “an chéad cháin” trí “de réir alt 739F nó, de réir mar a bheidh, de réir fho-alt (2A)(b)(iii) agus alt 739G(2A)” a chur in ionad “de réir alt 739F”,

agus

(iii) in alt 739G(2)(c) trí “de réir an ráta a chinnfear de réir alt 739E(1)(a),” a chur in ionad “de réir an ráta chaighdeánaigh,”

agus

(d) i gCaibidil 4 de Chuid 27—

(i) in alt 747D—

(I) i mír (a)(i)(I)—

(A) trí “(S + 26) faoin gcéad” a chur in ionad “(S + 23) faoin gcéad,” i bhfochlásal (A), agus

(B) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhochlásal (B):

“(B) in aon chás eile, de réir an ráta a chinnfear de réir na foirme—

(S + 3) faoin gcéad

i gcás gurb é S an ráta caighdeánach faoin gcéad don bhliain mheasúnachta ina ndéantar an íocaíocht iomchuí,”

(II) i mír (a)(i)(II)(A) trí “(S + 26) faoin gcéad” a chur in ionad “(S + 23) faoin gcéad,”

(III) i mír (a)(i)(II)(B) trí “(S + 6) faoin gcéad” a chur in ionad “(S + 3) faoin gcéad,” agus

(IV) i mír (a)(ii)(I) trí “(H+23) faoin gcéad” a chur in ionad “(H + 20) faoin gcéad,”

agus

(ii) in alt 747E(1)—

(I) i mír (b)(i) trí “(S + 26) faoin gcéad” a chur in ionad “(S + 23) faoin gcéad,” agus

(II) i mír (b)(ii) trí “(S + 6) faoin gcéad” a chur in ionad “(S + 3) faoin gcéad.”

(2) (a) Tá feidhm ag mír (a) *d’fho-alt (1)*, agus éifeacht léi, maidir le teagmhas inmhuirearaithe do tharlú i ndáil le polasaí saoil (de réir bhrí Chaibidil 5 de Chuid 26) an 1 Eanáir 2009 nó dá éis.

(b) Tá feidhm ag mír (b)(i) *d’fho-alt (1)*, agus éifeacht léi, maidir le haon duine d’fháil íocaíochta i leith polasaí saoil coigríche (de réir bhrí Chaibidil 6 de Chuid 26) an 1 Eanáir 2009 nó dá éis.

(c) Tá feidhm ag mír (b)(ii) *d’fho-alt (1)*, agus éifeacht léi, maidir le polasaí saoil coigríche (de réir bhrí Chaibidil 6 de Chuid 26) a dhiúscairt go hiomlán nó go páirteach an 1 Eanáir 2009 nó dá éis.

(d) Tá feidhm ag mír (c) *d’fho-alt (1)*, agus éifeacht léi, maidir le teagmhas inmhuirearaithe do tharlú i ndáil le gnóthas infheistíochta (de réir bhrí alt 739B(1)) an 1 Eanáir 2009 nó dá éis.

(e) Tá feidhm ag mír (d)(i) *d’fho-alt (1)*, agus éifeacht léi, maidir le haon duine d’fháil íocaíochta i leith leasa ábhartha i gciste eischósta (de réir bhrí Chaibidil 4 de Chuid 27) an 1 Eanáir 2009 nó dá éis.

(f) Tá feidhm ag mír (d)(ii) *d’fho-alt (1)*, agus éifeacht léi, maidir le duine do dhiúscairt leasa ábhartha i gciste eischósta (de réir bhrí Chaibidil 4 de Chuid 27) go hiomlán nó go páirteach an 1 Eanáir 2009 nó dá éis.

**28.**—(1) Leasaítear an Príomh-Acht in alt 481—

Leasú ar alt 481 (faoiseamh i leith infheistíochta i scannáin) den Phríomh-Acht.

- (a) i bhfo-alt (1), sa mhíniú ar “asbhaint iomchuí”, trí “100 faoin gcéad” a chur in ionad “80 faoin gcéad”, agus
- (b) i bhfo-alt (7) trí “€50,000” a chur in ionad “€31,750”.

(2) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire Airgeadais le hordú nó le horduithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

**29.**—(1) Leasaítear alt 503 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

Leasú ar alt 503 (éilimh) den Phríomh-Acht.

“(1) Déanfar éileamh ar fhaoiseamh i leith scaireanna cáilithe arna n-eisiúint ag cuideachta in aon bhliain mheasúnachta—

(a) tráth nach luaithé—

- (i) i gcás infheistíochta iomchuí, ná an dáta a thosóidh an chuideachta ar na hoibríochtaí trádála iomchuí a sheoladh, agus
- (ii) in aon chás eile, ná deireadh na tréimhse 4 mhí a luaitear in alt 489(7)(a)(i)(II),

agus

(b) tráth nach déanaí—

- (i) ná 2 bhliain tar éis dheireadh na bliana measúnachta sin nó, má bhí deireadh leis an tréimhse 4 mhí sin a luaitear in alt 489(7)(a)(i)(II) tar éis dheireadh na bliana sin, 2 bhliain tar éis dheireadh na tréimhse 4 mhí sin, cibé acu is déanaí a tharlóidh, nó
- (ii) ná 3 mhí tar éis an dáta a thabharfar an ráiteas dá dtagraítear i bhfo-alt (3), i gcás ina dtabharfar an ráiteas sin laistigh de na 3 mhí roimh dheireadh na tréimhse ama a shonraítear i bhfomhír (i).”.

(2) Beidh feidhm ag *fo-alt (1)* agus éifeacht leis amhail ar an agus ón 1 Eanáir 2009.

**30.**—(1) Leasaítear alt 768 den Phríomh-Acht—

Leasú ar alt 768 (liúntas le haghaidh fios feasa) den Phríomh-Acht.

(a) tríd an méid seo a leanas a chur isteach in ionad fho-alt (3):

“(3) (a) I gcás go bhfaighidh duine trádáil nó cuid de thrádáil agus, i dteannta na trádála nó na coda den trádáil, fios feasa a úsáidtear sa trádáil nó i gcuid den trádáil, ansin ní lamhálfar aon mhéid a asbhaint faoin alt seo i leith caiteachais a tabhaíodh chun an fios feasa a fháil.

(b) Faoi réir mhír (c), i gcás—

- (i) go bhfaighidh duine trádáil nó cuid de thrádáil, agus
- (ii) go bhfaighidh duine a mbeidh baint aige nó aici (de réir bhrí alt 10) leis an duine fios feasa a úsáidtear sa trádáil nó sa chuid den trádáil,

ansin—

- (I) lamhálfar méid an chaiteachais a thabófar ar an bhfios feasa ag an duine dá dtagraítear i bhfómhír (ii) mar asbhaint in aghaidh bhrabúis na trádála, arna seoladh ag an duine sin, ina n-úsáidtear an fios feasa (dá ngairtear ‘trádáil iomchuí’ san fho-alt seo) ach ní in aghaidh aon ioncaim ná brabús eile, cibé cineál iad,
  - (II) ní dhéanfar aon mhéid d’aon ríchíos ná d’aon suim eile arna híoc ag an duine dá dtagraítear i bhfómhír (i), nó ag aon duine a mbeidh baint aige nó aici (de réir bhrí alt 10) leis an duine sin, as an bhfios feasa a gheobhaidh an duine dá dtagraítear i bhfómhír (ii) a lamháil mar asbhaint le linn brabúis, cibé cineál iad, an duine a dhéanfaidh íocaíocht den sórt sin a ríomh, ná ní dhéanfar é a áireamh mar mhuirear ar ioncam an duine sin, agus
  - (III) ní cheadófar aon mhéid a asbhaint faoin alt seo i gcás, aon tráth, go ndéanfar an trádáil nó cuid den trádáil dá dtagraítear i bhfómhír (i) a aistriú chuig an duine dá dtagraítear i bhfómhír (ii).
- (c) Más rud é maidir le haon tréimhse inmhuirearaithe de chuid duine a sheolann trádáil iomchuí, gur mó an méid ar mó asbhaint a bheidh ar fáil lena déanamh faoi mhír (b)(I) ná brabúis na trádála iomchuí mura mbeadh an asbhaint sin, déanfar an bhreis a thabhairt ar aghaidh agus déileálfar léi mar mhéid is inasbhainte faoi mhír (b)(I) do thréimhsí inmhuirearaithe díreach ina dhiaidh sin agus (fad a bheidh an duine ag seoladh na trádála sin) áireofar an tráth sin na brabúis ón trádáil in aon tréimhse inmhuirearaithe ina dhiaidh sin mar bhrabúis ar lú iad de mhéid na breise, nó de cibé cion den bhreis sin nach féidir faoiseamh a thabhairt ina leith in aghaidh bhrabúis na trádála de chuid tréimhse inmhuirearaithe níos luaithe.”,

agus

- (b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (5):

“(6) I gcás gur éilíodh aon fhaoiseamh faoin alt seo agus go bhfaighfear amach ina dhiaidh sin nach raibh sé dlite, tarraingeofar siar an faoiseamh sin trí mheasúnacht i leith cánach a dhéanamh, faoi Chás IV de Sceideal D, don tréimhse inmhuirearaithe nó do na tréimhsí inmhuirearaithe inar éilíodh an faoiseamh, agus, d’ainneoin aon ní sna hAchtanna Cánach, féadfar measúnacht den sórt sin a dhéanamh tráth ar bith.”.

(2) Tá feidhm ag an alt seo maidir le haon tréimhse inmhuirearaithe (de réir bhrí alt 321(2) den Phríomh-Acht) dar chríoch 31 Nollaig 2008 nó dá éis.

## CAIBIDIL 5

### *Cáin Chorparáide*

**31.**—(1) Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 486B:

Faoiseamh ó cháin do chuideachtaí nua-thionscanta áirithe.

“486C.—(1) (a) San alt seo—

ciallaíonn ‘Comhaontú LEE’ Comhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch a síníodh in Oporto an 2 Bealtaine 1992, arna choigeartú leis an bPrótacal a síníodh sa Bhruiséil an 17 Márta 1993;

ciallaíonn ‘Stát de chuid LEE’ Stát, seachas an Stát, is páirtí conarthach i gComhaontú LEE;

tá le ‘trádáil eiscthe’ an bhrí chéanna atá leis in alt 21A;

ciallaíonn ‘glanghnóchain inmhuirearaithe’ gnóchain inmhuirearaithe lúide cailteanais inlamhála;

ciallaíonn ‘cuideachta nua’ cuideachta a corpraíodh nó a chorprófar sa Stát nó i Stát de chuid LEE seachas an Stát an 14 Deireadh Fómhair 2008 nó dá éis;

ciallaíonn ‘sócmhainní cáilitheacha’, i ndáil le trádáil cháilitheach, sócmhainní iomchuí de chuid na trádála cáilithí a dhiúscaítear sa tréimhse iomchuí i ndáil leis an trádáil sin;

tá le ‘trádáil cháilitheach’ an bhrí a shanntar dó i bhfo-alt (2);

ciallaíonn ‘sócmhainn iomchuí’, i ndáil le trádáil cháilitheach, sócmhainn (lena n-áirítear cáilmheas ach gan scaireanna ná urrúis ná sócmhainní eile a theachtar mar infheistíochtaí a áireamh) is sócmhainn, nó is leas i sócmhainn, a úsáidtear chun críocha na trádála sin seachas sócmhainn nár ghnóchan inmhuirearaithe aon ghnóchan a d’fhabhraigh ar an tsócmhainn a dhiúscairt nó sócmhainn a ndéantar an chomaoin chun í a fháil a chinneadh le halt 617 nó alt 631;

ciallaíonn ‘cáin chorparáide iomchuí’, i ndáil le tréimhse chuntasaíochta, an cháin chorparáide ab inmhuirearaithe don tréimhse chuntasaíochta, ar leith

ón alt seo, ó ailt 239, 241, 440, 441, 644B agus 827 agus mír 18 de Sceideal 32, gan iad seo a áireamh—

- (i) an cháin chorparáide is inmhuirearaithe ar bhrabúis na cuideachta is inchurtha síos do ghnóchain inmhuirearaithe don tréimhse sin, agus
- (ii) an cháin chorparáide is inmhuirearaithe ar an gcuid de bhrabúis na cuideachta ar a muirearaítear cáin de réir an ráta a shonraítear in alt 21A;

ciallaíonn ‘tréimhse iomchuí’ i ndáil le trádáil cháilitheach, an tréimhse dar tosach an lá a thosóidh an chuideachta ar an trádáil cháilitheach a sheoladh agus dar críoch 3 bliana tar éis an dáta sin;

ciallaíonn ‘an cháin chorparáide iomlán’, i ndáil le tréimhse chuntasaíochta, an cháin chorparáide ab inmhuirearaithe don tréimhse chuntasaíochta, ar leith ón alt seo, ailt 239 agus 241;

ciallaíonn ‘trádáil’ trádáil a muirearaítear cáin ar na brabúis nó na gnóchain uaithi faoi Chás I de Sceideal D.

- (b) Chun críocha an ailt seo, glactar gur brabúis cuideachta is inchurtha síos do ghnóchain inmhuirearaithe do thréimhse chuntasaíochta, méid a brabús don tréimhse sin ar a mbeidh cáin chorparáide le hóc faoi dheoidh, ar leith ón gcuid de na brabúis is inchurtha síos d’ioncam. Measfar gurb é atá sa chuid sin an méid a thugtar faoi réim bhrabúis na cuideachta don tréimhse sin chun críocha cánach corparáide i leith ioncaim tar éis aon asbhaint le haghaidh muirear ar ioncam, caiteachais bhainistithe nó méideanna eile is féidir a asbhaint as brabúis de bhreis agus tuairisc amháin nó is féidir a fhritháireamh in aghaidh na mbrabús sin nó ar féidir déileáil leo mar mhéideanna a laghdaíonn na brabúis sin.

- (2) (a) San alt seo, ciallaíonn ‘trádáil cháilitheach’ trádáil a bhunóidh agus a thosóidh cuideachta nua sa bhliain 2009 seachas trádáil—

- (i) a bhí á seoladh roimhe sin ag duine eile agus ar tháinig an chuideachta i gcomharbas uirthi,
- (ii) a raibh a gníomhaíochtaí á seoladh roimhe sin mar chuid de thrádáil nó de ghairm duine eile,
- (iii) is trádáil eiscthe, nó
- (iv) a mbeadh de thoradh ar a gníomhaíochtaí, dá ndéanfadh dlúthchuideachta gan aon bhunadh ioncaim eile iad a sheoladh, gur chuideachta sheirbhíse an chuideachta sin chun críocha alt 441.

- (b) I gcás trádáil arb é atá inti oibríochtaí eiscthe go páirteach agus oibríochtaí nó gníomhaíochtaí eile go



páirteach, ansin beidh feidhm ag alt 21A(2) chun críocha an ailt seo mar atá feidhm aige chun críocha alt 21A.

(3) I gcás ina seolfaidh cuideachta trádáil cháilitheach i dtréimhse chuntasaíochta a mbeidh cuid di laistigh den tréimhse iomchuí i ndáil leis an trádáil cháilitheach sin, ansin is é an t-ioncam ón trádáil cháilitheach don tréimhse chuntasaíochta sin, chun críocha an ailt seo, méid ioncaim na trádála cáilithí don chuid sin den tréimhse chuntasaíochta agus déanfar méid ioncaim na trádála cáilithí don chuid sin a chinneadh amhail is dá mba thréimhse chuntasaíochta ar leithligh an chuid sin.

(4) (a) I gcás ina mbeidh tréimhse chuntasaíochta de chuid cuideachta go hiomlán nó go páirteach laistigh de thréimhse iomchuí i ndáil le trádáil cháilitheach agus nach mó an cháin chorparáide iomlán is iníoctha ag an gcuideachta don tréimhse chuntasaíochta sin ná an t-uasmhéid iomchuí íochtarach, ansin—

(i) déanfar cáin chorparáide is iníoctha ag an gcuideachta don tréimhse chuntasaíochta sin, a mhéid is inchurtha í i leith ioncam ón trádáil cháilitheach don tréimhse chuntasaíochta sin, agus

(ii) cáin chorparáide is iníoctha ag an gcuideachta a mhéid is inchurtha í i leith gnóchan inmhuirearaithe ar dhiúscairt sócmhainní cáilitheacha i ndáil leis an trádáil,

a laghdú go nialas.

(b) I gcás ina mbeidh tréimhse chuntasaíochta de chuid cuideachta go hiomlán nó go páirteach laistigh de thréimhse iomchuí i ndáil le trádáil cháilitheach agus gur mó an cháin chorparáide iomlán is iníoctha ag an gcuideachta don tréimhse chuntasaíochta sin ná an t-uasmhéid iomchuí íochtarach ach nach mó í ná an t-uasmhéid iomchuí uachtarach, ansin déanfar comhiomlán na cánach corparáide is iníoctha ag an gcuideachta don tréimhse chuntasaíochta sin a mhéid is inchurtha í i leith ioncaim ón trádáil cháilitheach don tréimhse chuntasaíochta sin agus na cánach corparáide is iníoctha ag an gcuideachta don tréimhse chuntasaíochta sin a mhéid is inchurtha í i leith gnóchan inmhuirearaithe ar dhiúscairt sócmhainní cáilitheacha i ndáil leis an trádáil, a laghdú go dtí méid a chinnfear de réir na foirmle seo a leanas:

$$3 \times (T - M) \times \frac{A + B}{T}$$

i gcás—

gurb é T an cháin chorparáide iomlán is iníoctha ag an gcuideachta don tréimhse chuntasaíochta sin,

gurb é M an t-uasmhéid iomchuí íochtarach,

gurb é A an cháin chorparáide is iníoctha ag an gcuideachta don tréimhse chuntasaíochta a

mhéid is inchurtha i leith ioncainm ón trádáil cháilitheach don tréimhse chuntasaíochta sin, agus

gurb é B an cháin chorparáide is iníochta ag an gcuideachta don tréimhse chuntasaíochta sin a mhéid is inchurtha i leith gnóchan inmhuirearaithe ar shócmhainní cáilitheacha de chuid na trádála cáilithí a dhiúscairt.

(c) Chun críocha an fho-ailt seo, is é a bheidh sa cháin chorparáide is inchurtha i leith ioncainm ó thrádáil cháilitheach i dtréimhse chuntasaíochta an méid a mbeidh idir é agus an cháin chorparáide iomchuí an chomhréir chéanna atá idir an t-ioncam ón trádáil cháilitheach agus an t-ioncam iomlán a thugtar faoi réim cánach corparáide don tréimhse chuntasaíochta sin.

(d) Chun críocha an fho-ailt seo, is é a bheidh sa cháin chorparáide is inchurtha i leith gnóchan inmhuirearaithe ar shócmhainní cáilitheacha a dhiúscairt an méid a mbeidh idir é agus an cháin chorparáide is iníochta ar na brabúis de chuid na cuideachta is inchurtha i leith na ngnóchan inmhuirearaithe don tréimhse chuntasaíochta an chomhréir chéanna atá idir na glanghnóchain inmhuirearaithe ar shócmhainní cáilitheacha a dhiúscaítear sa tréimhse chuntasaíochta agus glanghnóchain inmhuirearaithe ar na sócmhainní inmhuirearaithe go léir a dhiúscaítear sa tréimhse chuntasaíochta.

(5) Faoi réir fho-alt (6), €40,000 agus €60,000 faoi seach a bheidh san uasmhéid iomchuí íochtarach agus san uasmhéid iomchuí uachtarach a luaitear i bhfo-alt (4).

(6) Maidir le tréimhse chuntasaíochta is giorra ná 12 mhí, déanfar na huasmhéideanna iomchuí, arna gcinneadh de réir fho-alt (5), a laghdú go comhréireach.

(7) Ní mó ná €100,000 comhiomlán na laghduithe go léir ar cháin chorparáide a mbeidh teideal ag cuideachta chucu faoi fho-alt (4) i leith trádála cáilithí, arb éard iad a gníomhaíochtaí, go hiomlán nó go formhór, daoine nó earraí a iompar ar bhóithre nó feithiclí eile a tharraingt ar bhóithre.

(8) (a) Más rud é, ar dhuine do scor de bheith ag seoladh trádála nó cuid di, go dtosóidh cuideachta (dá ngairtear an ‘comharba’ san fho-alt seo)—

(i) ar ghníomhaíochtaí na trádála a sheoladh mar chuid dá trádáil, nó

(ii) ar ghníomhaíochtaí na coda sin a sheoladh mar chuid dá trádáil,

ansin déileálfar, chun críocha an ailt seo, leis an gcuid sin den trádáil a bheidh á seoladh ag an gcomharba mar thrádáil leithleach.

(b) I gcás inar gá, faoi mhír (a), déileáil le haon ghníomhaíochtaí de chuid trádála cuideachta mar

thrádáil leithleach, ansin déanfar aon chionroinnt is gá ar fháltais nó ar chaiteachais.

(9) D’ainneoin alt 4(4)(b), is é ioncam cuideachta, dá dtagraítear san abairt ‘ioncam iomlán a thugtar faoi réim cánach corparáide’, don tréimhse chuntasaíochta chun críocha fho-alt (2), an tsuim a chinnfear le halt 4(4)(b) don tréimhse sin arna laghdú de mhéid is comhionann leis an oiread sin de bhrabúis na cuideachta don tréimhse chuntasaíochta a mhuirearaítear i leith cánach de réir alt 21A.

(10) Más rud é go n-aistreoidh cuideachta cuid de thrádáil cháilitheach chuig duine bainteach i dtréimhse chuntasaíochta, ansin ní bheidh an chuideachta i dteideal faoisimh faoin alt seo i leith na trádála sin don tréimhse chuntasaíochta sin nó d’aon tréimhse chuntasaíochta dá éis.

(11) I gcás ina mbeidh cuideachta i dteideal faoisimh faoin alt seo i leith aon tréimhse cuntasafóchta, ansin sonróidh sí méid an fhaoisimh a bheidh dlíte sa tuairisceán uaithi a cheanglaítear faoi alt 951 don tréimhse chuntasaíochta sin.”.

(2) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh cibé lá a cheapfaidh an tAire Airgeadais le hordú.

**32.—(1) Leasaítear alt 448 den Phríomh-Acht—**

Leasú ar alt 448  
(faoiseamh ó cháin  
chorparáide) den  
Phríomh-Acht.

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (b) d’fho-alt (3):

“(b) ansin, iad seo a leanas a asbhaint as an tsuim iomchuí—

- (i) méid aon mhuirear ar ioncam a íocadh chun earraí a dhíol sa tréimhse chuntasaíochta iomchuí,
- (ii) méid aon chaillteanais ó earraí a dhíol a bheidh tabhaithe ag an gcuideachta sa tréimhse chuntasaíochta iomchuí, agus
- (iii) méid aon bharrachais muirear ar ioncam a íocadh chun earraí a dhíol nó méid aon chaillteanais ó earraí a dhíol, a bheidh tabhaithe ag cuideachta ghéillteach agus a lamhálfar faoi alt 420A,

a lamháiltar in aghaidh ioncam na trádála sa tréimhse chuntasaíochta iomchuí.”,

agus

(b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a) d’fho-alt (5B) (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais 2008):

“(a) d’aon mhéideanna—

- (i) i leith aon mhuirear ar ioncam a íocadh chun earraí a dhíol sa tréimhse chuntasaíochta iomchuí,

- (ii) i leith aon chailteanas ó earraí a dhíol a bheidh tabhaithe ag an gcuideachta sa tréimhse chuntasaíochta iomchuí, agus
- (iii) i leith aon bharrachais muirear ar ioncam a íocadh chun earraí a dhíol nó méid aon chailteanais ó earraí a dhíol, a bheidh tabhaithe ag cuideachta ghéillteach agus a lamhálfar faoi alt 420A,

a lamháiltar in aghaidh ioncam na trádála sa tréimhse chuntasaíochta iomchuí, agus”.

(2) Beidh éifeacht leis an alt seo maidir le tréimhsí cuntasaíochta dar críoch an 20 Samhain 2008 nó dá éis.

Críoch iomchuí.

**33.**—Leasaítear an Príomh-Acht—

(a) sa mhíniú ar “críoch iomchuí” in alt 21B(1)(a)—

- (i) i bhfomhír (i) trí “nó” a scriosadh agus i bhfomhír (ii) trí “déanta lena rialtas, nó” a chur in ionad “déanta lena rialtas;”, agus
- (ii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (ii):

“(iii) mura críoch dá dtagraítear i bhfomhír (i) nó (ii) í, críoch a bhfuil socrúithe déanta lena rialtas ar socrúithe iad a mbeidh, ar na nósanna imeachta atá leagtha amach in alt 826(1) a chríochnú, feidhm dlí acu;”,

(b) sa mhíniú ar “críoch iomchuí” in alt 153(1)—

- (i) i mír (a) trí “nó” a scriosadh agus i bhfomhír (b) trí “déanta lena rialtas, nó” a chur in ionad “déanta lena rialtas;”, agus
- (ii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (b):

“(c) mura críoch dá dtagraítear i mír (a) nó (b) í, críoch a bhfuil socrúithe déanta lena rialtas ar socrúithe iad a mbeidh, ar na nósanna imeachta atá leagtha amach in alt 826(1) a chríochnú, feidhm dlí acu;”,

(c) sa mhíniú ar “críoch iomchuí” in alt 172A(1)(a)—

- (i) i bhfomhír (i) trí “nó” a scriosadh agus i mír (ii) trí “déanta lena rialtas, nó” a chur in ionad “déanta lena rialtas;”, agus
- (ii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (ii):

“(iii) mura críoch dá dtagraítear i bhfomhír (i) nó (ii) í, críoch a bhfuil socrúithe déanta lena rialtas ar socrúithe iad a mbeidh, ar na nósanna imeachta atá

leagtha amach in alt 826(1) a chríochnú, feidhm dlí acu;”,

(d) sa mhíniú ar “críoch iomchuí” in alt 198(1)(a)—

(i) i bhfomhír (i) trí “nó” a scriosadh agus i bhfomhír (ii) trí “déanta lena rialtas, nó” a chur in ionad “déanta lena rialtas;”, agus

(ii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (ii):

“(iii) mura críoch dá dtagraítear i bhfomhír (i) nó (ii) í, críoch a bhfuil socruithe déanta lena rialtas ar socruithe iad a mbeidh, ar na nósanna imeachta atá leagtha amach in alt 826(1) a chríochnú, feidhm dlí acu;”,

(e) sa mhíniú ar “críoch iomchuí” in alt 246(1)—

(i) i mír (a) trí “nó” a scriosadh agus i mír (b) trí “déanta lena rialtas, nó” a chur in ionad “déanta lena rialtas;”, agus

(ii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (b):

“(c) mura críoch dá dtagraítear i mír (a) nó (b) í, críoch a bhfuil socruithe déanta lena rialtas ar socruithe iad a mbeidh, ar na nósanna imeachta atá leagtha amach in alt 826(1) a chríochnú, feidhm dlí acu;”,

(f) in alt 452—

(i) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i bhfo-alt (1)(a) i ndiaidh “alt 826(1)” sa mhíniú ar “socruithe”:

“nó socruithe atá déanta le rialtas críche, ar socruithe iad a mbeidh, ar na nósanna imeachta atá leagtha amach in alt 826(1) a chríochnú, feidhm dlí acu”,

agus

(ii) trí “agus go mbeidh éifeacht leo de réir fhorálacha na socruithe sin” a chur isteach i bhfo-alt (1)(b)(i) i ndiaidh “an chríoch iomchuí”,

(g) sa mhíniú ar “críoch iomchuí” in alt 626B(1)(a)—

(i) i bhfomhír (i) trí “nó” a scriosadh agus i bhfomhír (ii) trí “déanta lena rialtas, nó” a chur isteach in ionad “déanta lena rialtas;”, agus

(ii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (ii):

“(iii) mura críoch dá dtagraítear i bhfomhír (i) nó (ii) í, críoch a bhfuil socruithe déanta lena rialtas ar socruithe iad a

mbeidh, ar na nósanna imeachta atá leagtha amach in alt 826(1) a chríochnú, feidhm dlí acu;”,

agus

(h) i mír 9F de Sceideal 24 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh chlásal (b) d’fhomhír (1):

“(c) (i) Sa chlásal seo ciallaíonn ‘socruithe’ socruithe a bheidh déanta le rialtas críche, is socruithe a mbeidh, ar na nósanna imeachta atá leagtha amach in alt 826(1) a chríochnú, feidhm dlí acu.

(ii) Maidir le críoch nach bhfuil faoi réim fhomhír (1)(b)(i)(II) ar shlí eile, déileálfar léi amhlaidh chun críocha na míre seo más críoch í a mbeidh socruithe déanta lena rialtas.”.

Leasú ar alt 766 (creidmheas cánach le haghaidh caiteachais ar thaighde agus forbairt) den Phríomh-Acht.

**34.—(1) Leasaítear an Príomh-Acht in alt 766—**

(a) i bhfo-alt (1)(a) tríd an méid seo leanas a chur in ionad an mhíneithe ar “méid tairsí”:

“ciallaíonn ‘méid tairsí’, i ndáil le tréimhse iomchuí de chuid grúpa cuideachtaí, comhiomlán na méideanna caiteachais ar thaighde agus forbairt arna thabhtú sa tréimhse bliana dar críoch dáta sa bhliain 2003, a fhreagraíonn don dáta a éagann an tréimhse iomchuí ag na cuideachtaí go léir is comhaltaí den ghrúpa sa tréimhse thairsí, i ndáil leis an tréimhse iomchuí lena mbaineann: ach ní dhéanfar caiteachas arna thabhtú ag cuideachta is comhalta den ghrúpa do chuid den tréimhse thairsí a áireamh sa mhéid tairsí ach amháin má thabhtaítear an caiteachas tráth is comhalta den ghrúpa í an chuideachta;”,

(b) i bhfo-alt (2) trí “25 faoin gcéad” a chur in ionad “20 faoin gcéad”,

(c) i bhfo-alt (4) trí “Más rud é” a scriosadh agus “Faoi réir fho-ailt (4A) agus (4B), más rud é” a chur ina ionad,

(d) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

“(4A) (a) Más rud é, maidir le haon tréimhse chuntasaíochta de chuid cuideachta, gur mó an méid dá bhfuil an chuideachta i dteideal cáin chorparáide na tréimhse cuntasaíochta a laghdú ná cáin chorparáide na cuideachta i leith na tréimhse cuntasaíochta, féadfaidh an chuideachta a éileamh go ndéanfar cáin chorparáide na tréimhse cuntasaíochta roimpi sin dar críoch tráth laistigh den tréimhse ama a shonraítear i mír (b) a laghdú de mhéid an bharrachais.

- (b) Is é a bheidh sa tréimhse ama dá dtagraítear i mír (a) an tréimhse ama díreach roimh an tréimhse chuntasaíochta a chéadluaitear sa mhír sin agus atá ar comhfhad leis an tréimhse chuntasaíochta sin, ach maidir le méid an laghdaithe a fhéadfar a dhéanamh faoi mhír (a) ar an gcáin chorparáide de chuid tréimhse chuntasaíochta ar roimh an tréimhse ama sin di go páirteach ní rachaidh sé thar an gcáin chorparáide is inchurtha i leith an chuid de na brabúis sin atá i gcomhréir leis an gcuid den tréimhse atá laistigh den tréimhse ama sin.
- (4B) (a) I gcás go mbeidh éileamh déanta faoi fho-alt (4A)(a), agus gur mó méid an bharrachais dá dtagraítear i bhfo-alt (4A)(a) ná an cháin chorparáide de chuid na dtréimhsí cuntasaíochta roimhe sin a chríochnaigh laistigh den tréimhse ama a shonraítear i bhfo-alt (4A)(b) nó i gcás nach n-eascróidh aon cháin chorparáide do na tréimhsí cuntasaíochta sin roimhe sin, féadfaidh an chuideachta a éileamh go n-íocfaidh na Coimisinéirí Ioncaim aon bharrachais a bheidh fágtha leis an gcuideachta.
- (b) Faoi réir alt 766B, déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim, ar éileamh a fháil, aon bharrachais a bheidh fágtha a íoc leis an gcuideachta, i 3 thráthchuid—
- (i) íocfaidh na Coimisinéirí Ioncaim an chéad tráthchuid tráth nach luaithe ná an dáta dá bhforáiltear i mír (b) den mhíniú ar ‘dáta tuairisceáin sonraithe don tréimhse inmhuirearaithe’ mar a mhínítear in alt 950(1), don tréimhse chuntasaíochta inar tabhaíodh an caiteachas ar thaighde agus forbairt agus beidh sé ar cóimhéid le 33 faoin gcéad den bharrachas a bheidh fágtha,
- (ii) maidir leis an dara tráthchuid—
- (I) déileálfar ar dtús leis an mbarrachas a bheidh fágtha, arna laghdú den chéad tráthchuid faoi fhomhír (i) mar mhéid dá laghdaítear, de réir fho-alt (4), an cháin chorparáide de chuid na tréimhse cuntasaíochta díreach tar éis na tréimhse cuntasaíochta inar tabhaíodh an caiteachas is cúis leis an éileamh faoin bhfo-alt seo, agus
- (II) déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim an dara tráthchuid a íoc tráth nach luaithe ná 12 mhí díreach tar éis an dáta dá dtagraítear i bhfomhír (i) agus beidh sé ar cóimhéid le 50 faoin gcéad den mhéid dá laghdófar an barrachas a bheidh fágtha de chomhiomlán na chéad tráthchoda faoi fhomhír (i) agus an méid a ndéileáiltear leis mar

mhéid a laghdaíonn an cháin chorparáide de chuid tréimhse cuntasaíochta faoi chlásal (I),

agus

(iii) maidir leis an tráthchuid dheireanach—

(I) déileálfar ar dtús leis an mbarrachas a bheidh fágtha, arna laghdú den chéad tráthchuid agus den dara tráthchuid agus den mhéid a ndéileáiltear leis mar mhéid a laghdaíonn an cháin chorparáide de chuid tréimhse cuntasaíochta faoi chlásal (I) d'fhomhír (ii), mar mhéid dá laghdófar an cháin chorparáide de chuid na tréimhse cuntasaíochta díreach tar éis na tréimhse cuntasaíochta dá dtagraítear i gclásal (I) d'fhomhír (ii) de réir fho-alt (4), agus

(II) déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim an tráthchuid dheireanach a íoc tráth nach luaithe ná 24 mhí díreach tar éis an dáta dá dtagraítear i bhfomhír (i) agus beidh sé ar cóimhéid leis an méid dá laghdófar an barrachas a bheidh fágtha leis an gcéad tráthchuid agus leis an dara tráthchuid agus d'iomlán na méideanna dá laghdófar an cháin ioncaim de chuid tréimhse cuntasaíochta faoi chlásal (I) d'fhomhír (ii) agus faoi chlásal (I) den fhomhír seo.”

(e) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (5):

“(5) Déanfar aon éileamh faoin alt seo laistigh de 12 mhí ó dheireadh na tréimhse cuntasaíochta ina dtabhófar an caiteachas ar thaighde agus forbairt is cúis leis an éileamh.”

agus

(f) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (7):

“(7A) Ní ioncam de chuid na cuideachta nó de chuid cuideachta eile chun aon chríche cánach aon mhéid is iníoctha de bhua fho-alt (4B).

(7B) Aon mhéid is iníoctha ag na Coimisinéirí Ioncaim leis an gcuideachta nó le cuideachta eile de bhua fho-alt (4B), measfar gur ró-íocaíocht cánach corparáide é chun críocha alt 1006A(2), agus chun na gcríoch sin amháin.”

(2) (a) Tá feidhm ag *mír (e) d'fho-alt (1)* maidir le héilimh faoi alt 766 den Phríomh-Acht a dhéanfar an 1 Eanáir 2009 nó dá éis.



- (b) Ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt go sainráite, tá feidhm ag an alt seo maidir le caiteachas arna thabhtú i dtréimhsí cuntasafochta dar tosach an 1 Eanáir 2009 nó dá éis.

35.—(1) Leasaítear an Príomh-Acht in alt 766A—

(a) i bhfo-alt (1)(a)—

- (i) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach roimh an míniú ar “athfheistiú”:

“ciallaíonn ‘foirgneamh cáilitheach’ foirgneamh nó déanmhas atá le húsáid chun go seolfaidh an chuideachta gníomhaíochtaí taighde agus forbartha i mBallstát iomchuí más rud é, don tréimhse iomchuí shonraithe i ndáil leis an bhfoirgneamh nó an déanmhas sin, nach lú ná 35 faoin gcéad an cion d’úsáid an fhoirgnimh nó an déanmhais is inchurtha i leith na ngníomhaíochtaí taighde agus forbartha a sheolann an chuideachta arna ríomh de réir fho-alt (6);”,

- (ii) sa mhíniú ar “caiteachas iomchuí” trí “ar fhoirgneamh cáilitheach a fhoirgníú” a chur in ionad “ar fhoirgneamh nó ar dhéanmhas a fhoirgníú a bheidh le húsáid go hiomlán agus go heisiach chun gníomhaíochtaí taighde agus forbartha a sheoladh ag an gcuideachta i mBallstát iomchuí”, agus

- (iii) trí na mínithe seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar “caiteachas iomchuí”:

“ciallaíonn ‘caiteachas iomchuí sonraithe’ an chomhréir chéanna caiteachais iomchuí atá idir na gníomhaíochtaí taighde agus forbartha a sheolann an chuideachta san fhoirgneamh cáilitheach don tréimhse iomchuí shonraithe agus iomlán na ngníomhaíochtaí go léir a sheolann an chuideachta san fhoirgneamh sin don tréimhse sin;

ciallaíonn ‘tréimhse iomchuí shonraithe’—

- (i) i gcás foirgneamh cáilitheach a fhoirgníú, an tréimhse 4 bliana, dar tosach an dáta a thosaítear ar an bhfoirgneamh nó an déanmhas a úsáid den chéad uair chun críocha trádála,
- (ii) i gcás foirgneamh cáilitheach a athfheistiú, an tréimhse 4 bliana, dar tosach an dáta a chríochnaítear an t-athfheistiú nó cibé tréimhse 4 bliana is luaithe ná sin a roghnóidh an chuideachta dar tosach tráth nach luaithe ná an dáta a thosaítear ar an athfheistiú;”,

Leasú ar alt 766A (creidmheas cánach ar chaiteachas ar fhoirgnimh nó ar dhéanmhais a úsáidtear le haghaidh taighde agus forbartha) den Phríomh-Acht.

(b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

“(2) I gcás ina dtabhóidh cuideachta cháilithe, i dtréimhse chuntasaíochta, caiteachas iomchuí, déanfar cáin chorparáide na cuideachta don tréimhse chuntasaíochta sin a laghdú de mhéid is comhionann le 25 faoin gcéad den chaiteachas iomchuí sonraithe.”,

(c) tríd an méid seo a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) Más rud é—

(a) go dtabhóidh cuideachta caiteachas iomchuí ar fhoirgneamh nó ar dhéanamhas i dtréimhse chuntasaíochta,

(b) go laghdófar cáin chorparáide na cuideachta nó cuideachta eile i ndáil leis an gcaiteachas sin faoi fho-alt (2) nó (4A), nó go ndearna na Coimisinéirí Ioncaim íocaíocht leis an gcuideachta nó le cuideachta eile de bhua fho-alt (4B), agus

(c) aon tráth sa tréimhse 10 mbliana dar tosach tús na tréimhse cuntasaíochta sin go ndíolfar an foirgneamh nó an déanamhas nó go scoirfidh an chuideachta de bheith á úsáid chun críche gníomhaíochtaí taighde agus forbartha nó chun críche na trádála céanna a sheol an chuideachta ag tús na tréimhse iomchuí sonraithe ar i dtaca léi a seoladh na gníomhaíochtaí taighde agus forbartha,

ansin maidir leis an gcuideachta—

(i) ní bheidh sí, agus i ndáil leis an gcaiteachas sin, ní bheidh cuideachta eile, i dteideal cáin chorparáide a laghdú faoi fho-alt (2) d’aon tréimhse chuntasaíochta dar críoch tráth i ndiaidh na tréimhse ama a shonraítear i mír (c), agus

(ii) muirearófar cáin uirthi faoi Chás IV de Sceideal D don tréimhse chuntasaíochta ina ndéanfar an foirgneamh nó an déanamhas a dhíol nó ina scoirfear de bheith á úsáid chun críche gníomhaíochtaí taighde agus forbartha nó chun críche na trádála, maidir le méid is comhionann le 4 oiread an mhéid chomhiomláin ar dá réir a dhéantar an cháin chorparáide is iníochta a laghdú faoi fho-alt (2), (4) agus (4A), agus a dhéantar íocaíochtaí faoi fho-alt (4B), i leith na cuideachta nó, i ndáil leis an gcaiteachas sin, i leith cuideachta eile.”,

(d) i bhfo-alt (4)(a) trí “agus fho-alt (4A) agus (4B),” a chur isteach i ndiaidh “(c)”,

(e) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

“(4A) (a) Más rud é, maidir le haon tréimhse chuntasaíochta de chuid cuideachta, gur mó ná

cáin chorparáide na cuideachta don tréimhse chuntasaíochta an méid dá bhfuil teideal ag an gcuideachta cáin chorparáide na tréimhse cuntasaíochta a laghdú, féadfaidh an chuideachta a éileamh go ndéanfar cáin chorparáide na dtréimhsí cuntasaíochta roimhe sin dar críoch tráth laistigh den tréimhse ama a shonraítear i mír (b) a laghdú de mhéid na breise.

- (b) Is tréimhse ama díreach roimh an gcéad tréimhse chuntasaíochta a luaitear i mír (a) an tréimhse ama dá dtagraítear sa mhír sin ar tréimhse ama í atá ar comhfhad leis an tréimhse chuntasaíochta sin, ach ní mó méid an laghdaithe a fhéadfar a dhéanamh faoin mír sin ar cháin chorparáide tréimhse cuntasaíochta ar roimh an tréimhse ama sin cuid di ná an cháin chorparáide is inchurtha i leith na coda de na brabúis sin atá ar comhréir leis an gcuid den tréimhse atá laistigh den tréimhse ama sin.
- (4B) (a) I gcás ina mbeidh éileamh faoi fho-alt (4A)(a) déanta, agus inar mó méid na breise dá dtagraítear i bhfo-alt (4A)(a) ná cáin chorparáide na dtréimhsí cuntasaíochta roimhe sin dar críoch tráth laistigh den tréimhse ama a shonraítear i bhfo-alt (4A)(b) nó i gcás nach n-éiríonn aon cháin chorparáide do na tréimhsí cuntasaíochta sin roimhe sin, féadfaidh an chuideachta a éileamh go n-íocfaidh na Coimisinéirí Ioncaim aon bhreis a bheidh fágtha leis an gcuideachta.
- (b) Faoi réir alt 766B, ar éileamh a fháil, íocfaidh na Coimisinéirí Ioncaim aon bhreis leis an gcuideachta ina 3 thráthchuid—
- (i) íocfaidh na Coimisinéirí Ioncaim an chéad tráthchuid tráth nach luaithe ná an dáta dá bhforáiltear i mír (b) den mhíniú ar ‘dáta tuairisceáin sonrath don tréimhse inmhuirearaithe’ mar a mhínítear in alt 950(1), don tréimhse chuntasaíochta inar tabhaíodh an caiteachas ar thaighde agus ar fhorbairt agus beidh sí ar cóimhéid le 33 faoin gcéad den bhreis a bheidh fágtha,
- (ii) i leith an dara tráthchuid—
- (I) déileálfar ar dtús leis an mbreis a bheidh fágtha, arna laghdú den chéad tráthchuid faoi fhomhír (i), mar mhéid dá ndéantar cáin chorparáide na chéad tréimhse cuntasaíochta eile tar éis na tréimhse cuntasaíochta inar tabhaíodh an caiteachas is bun leis an éileamh faoin bhfo-alt seo a laghdú de réir fho-alt (4), agus
- (II) íocfaidh na Coimisinéirí Ioncaim an dara tráthchuid tráth nach luaithe ná 12 mhí díreach tar éis an dáta dá

dtagraítear i bhfomhír (i) agus beidh sí ar cóimhéid le 50 faoin gcéad den mhéid a ndéanfar an bhreis a bheidh fágtha a laghdú de chomhiomlán na chéad tráthchoda faoi fhomhír (i) agus an mhéid a ndéileáiltear leis mar mhéid lena laghdaítear cáin chorparáide tréimhse cuntasafóchta faoi chlásal (I),

agus

(iii) i leith na tráthchoda deireanaí—

(I) déileálfar ar dtús leis an mbreis a bheidh fágtha, arna laghdú den chéad tráthchuid agus den dara tráthchuid agus den mhéid a ndéileáiltear leis mar mhéid lena laghdaítear cáin chorparáide tréimhse cuntasafóchta faoi chlásal (I) d'fhomhír (ii), mar mhéid dá ndéantar cáin chorparáide na chéad tréimhse cuntasafóchta eile tar éis na tréimhse cuntasafóchta dá dtagraítear i gclásal (I) d'fhomhír (ii) a laghdú de réir fho-alt (4), agus

(II) íocfaidh na Coimisinéirí Ioncaim an tráthchuid dheireanach tráth nach luaithe ná 24 mhí díreach tar éis an dáta dá dtagraítear i bhfomhír (i) agus beidh sí ar cóimhéid leis an méid dá ndéantar an bhreis a bheidh fágtha a laghdú den chéad tráthchuid agus den dara tráthchuid agus d'iomlán na méideanna dá laghdaítear cáin chorparáide tréimhse cuntasafóchta faoi chlásal (I) d'fhomhír (ii) agus faoi chlásal (I) den fhomhír seo.”,

(f) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (5):

“(5) Déanfar aon éileamh faoin alt seo laistigh de 12 mhí ó dheireadh na tréimhse cuntasafóchta ina dtabhaítear an caiteachas iomchuí is cúis leis an éileamh.”,

agus

(g) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (5):

“(6) (a) I gcás go dtabhóidh cuideachta caiteachas ar fhoirgneamh nó ar dhéanamhas agus nach n-úsáidfídh an chuideachta an foirgneamh nó an déanamhas go hiomlán agus go heisiatach chun críocha taighde agus forbartha, is é a bheidh sa chion d'úsáid an fhoirgnimh nó de mhéid an chaiteachais is inchurtha i leith taighde agus forbartha cibé cion d'úsáid an fhoirgnimh nó den chaiteachas is dóigh leis an gcigire (nó ar achomharc na Coimisinéirí Achomhairc) a bheith cóir agus réasúnach.

(b) Más rud é, aon tráth, go scoirfidh aon chionroinnt dá dtagraítear i mír (a), nó cionroinnt bhreise a dhéanfar faoin mír seo, de bheith cóir agus réasúnach, ansin—

(i) déanfar cibé cionroinnt bhreise an tráth sin is dóigh leis an gcigire (nó ar achomharc na Coimisinéirí Achomhairc) a bheith cóir agus réasúnach,

(ii) glacfaidh aon chionroinnt bhreise den sórt sin ionad aon chionranna is luaithe ná sin, agus

(iii) déanfar cibé coigeartuithe, measúnachtaí nó aisíocaíochtaí cánach is gá chun éifeacht a thabhairt d'aon chionroinnt faoin bhfo-alt seo.

(7) Ní ioncam de chuid na cuideachta nó de chuid cuideachta eile chun aon chríche cánach aon mhéid is iníoctha de bhua fho-alt (4B).

(8) Maidir le haon mhéid is iníoctha ag na Coimisinéirí Ioncaim leis an gcuideachta nó le cuideachta eile de bhua fho-alt (4B), measfar gur ró-íocaíocht cánach corparáide é, chun críocha alt 1006A(2) agus chun na gcríoch sin amháin.”.

(2) (a) Tá feidhm ag mír (f) d'fho-alt (1) maidir le héilimh faoi alt 766A den Phríomh-Acht a dhéanfar an 1 Eanáir 2009 nó dá éis.

(b) Ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt go sainráite, tagann an t-alt seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire Airgeadais le hordú nó le horduithe, agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

**36.**—Leasaítear an Príomh-Acht i gCuid 29 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 766A:

Teorainn le creidmheasanna cánach atá le híoc faoi alt 766 nó 766A den Phríomh-Acht.

“Teorainn le creidmheasanna cánach atá le híoc faoi alt 766 nó 766A. 766B.—(1) San alt seo ciallaíonn ‘dliteanais phárolla’—

(a) an méid cánach ioncaim a cheanglaítear ar an gcuideachta, le Caibidil 4 de Chuid 42 nó fúithi, a chur ar aghaidh chuig an Ard-Bhailitheoir don tréimhse sin i leith díolaíochtaí, mar a mhínítear in alt 983, a íoctar le gach fostaí agus stiúrthóir, nó ar cuntas gach fostaí agus stiúrthóra,

(b) an méid Ranníocaí Árachais Shóisialaigh Pá-Choibhneasa i leith tuillimh ináirithe agus díolaíochtaí ináirithe na stiúrthóirí agus na bhfostaithe go léir a cheanglaítear ar an gcuideachta a chur ar aghaidh chuig an Ard-Bhailitheoir don tréimhse sin

leis na hAchtanna Leasa Shóisialaigh  
nó fúthu, agus

- (c) aon tobhaigh eile a cheanglaítear ar an  
gcuideachta a chur ar aghaidh chuig an  
Ard-Bhailitheoir, don tréimhse sin, i  
leith stiúrthóirí agus fostaithe.

(2) Chun críche fho-alt (1), folaíonn Árachas  
Sóisialach Pá-Choibhneasa Ranníocaí Árachais  
Shóisialaigh Pá-Choibhneasa is iníoctha faoi na  
hAchtanna Leasa Shóisialaigh, Ranníocaí Sláinte  
is iníoctha faoin Acht um Ranníocaí Sláinte 1979,  
agus tobhaigh is iníoctha faoin Acht um Chiste  
Náisiúnta Oiliúna 2000.

(3) Más rud é, i leith caiteachais i dtréimhse  
chuntasaíochta, go ndéanfaidh cuideachta éileamh  
faoi alt 766(4B) nó 766A(4B), ansin ní mó an méid  
comhiomlán is iníoctha ag na Coimisinéirí Ioncaim  
leis an gcuideachta sin faoi na hailt sin ná an méid  
is mó díobh seo a leanas—

- (a) comhiomlán na cánach corparáide a  
d’íoc an chuideachta i leith tréimhsí  
cuntasaíochta dar críoch tráth sna 10  
mbliana díreach roimh an tréimhse  
ama a shonraítear i bhfo-alt (4A)(b)  
d’alt 766, i ndáil leis an tréimhse  
chuntasaíochta inar tabhaíodh an  
caiteachas, arna laghdú d’aon  
mhéideanna is iníoctha leis an  
gcuideachta i leith éileamh arna  
ndéanamh faoi alt 766(4B) nó  
766A(4B), de réir mar a bheidh, i leith  
caiteachais i dtréimhse chuntasaíochta  
roimhe sin, nó

- (b) comhiomlán na méideanna is iníoctha  
ag an gcuideachta i leith dliteanas  
párolla don tréimhse chuntasaíochta  
inár tabhaíodh an caiteachas.”.

Liúntais caithimh  
agus cuimilte a  
luathú le haghaidh  
trealaimh áirithe atá  
éifeachtach ó  
thaobh fuinnimh de.

**37.—(1) Leasaítear an Príomh-Acht—**

- (a) in alt 285A tríd an méid seo a leanas a chur isteach i  
ndiaidh fho-alt (8):

“(8A) (a) D’ainneoin Chuid 11C, i gcás go ndéanfar  
liúntas a mhéadú faoin alt seo i leith  
caiteachais a tabhaíodh i dtréimhse  
inmhuirearaithe ar aon fheithicil (is feithicil  
lena mbaianeann fo-alt (1) d’alt 380K) a  
sholáthar i ndáil leis an aicme teicneolaíochta  
a thuairiscítear i gcolún (1) den Tábla mar  
‘Feithicilí Leictreacha agus Feithicilí Breosla  
Mhalartaigh’, ansin beidh feidhm ag fo-alt (2)  
amhail is dá mba thagairt don cheann is lú de  
chostas iarbhír na feithicle nó an méid  
sonraithe dá dtagraítear in alt 380K(4) an  
tagairt i mír (ad) d’alt 284(2) don chostas  
iarbhír.

- (b) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (2) i gcás go ndéanfar liúntas i leith caiteachais a tabhaíodh ar fheithicil a sholáthar dá dtagraítear i mír (a) a thabhairt faoi alt 284(2) arna chur chun feidhme le halt 380L.”,
- (b) in alt 380K(1) trí “, ach ní bheidh feidhm ag an gCuid seo i gcás go méadaítear an liúntas i leith feithicle faoi alt 285A” a chur isteach i ndiaidh “lena húsáid amhlaidh”, agus
- (c) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad Sceideal 4A (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais 2008):

## “SCEIDEAL 4A

## AN TÁBLA

(An Aicme Teicneolaíochta)	(Tuairisc)	(An Méid Iosta)
(1)	(2)	(3)
Mótair agus Tiomántáin	<p><i>Mótar:</i> Mótar aisioncrónach leictreach ag a bhfuil rátáil cumhachta 1.1kW nó níos mó, cibé acu is mótar leithleach é nó is mar chuid de threalamh eile é, agus a thagann le caighdeán sonraithe éifeachtúlachta.</p> <p><i>Tiomántán luais inathraithe:</i> Tiomántán atá deartha go sonrach chun mótar ionductaithe SA a thiomáint ar mhodh ar a rothlaítear crann tiomána an mhótair ar luas inathraithe faoi réir comhartha sheachtraigh.</p>	€1,000
Soilsíú	Aonaid soilsithe, lena gcuimsítear feisteáin, lampaí agus gléas rialaithe gaolmhar, agus a fhreagraíonn do chritéir éifeachtúlachta shonraithe, nó córais le haghaidh soilsíú a rialú arna ndearadh chun éifeachtúlacht aonad soilsithe a fheabhsú. Áirítear braiteoirí áitíochta agus comharthaí ardéifeachtúlachta.	€3,000
Córais Bhainistíochta Fuinnimh Foirgnimh	Córais ríomhaire-bhunaithe, arna ndearadh go príomha chun faireachán a dhéanamh ar úsáid fuinnimh foirgnimh agus chun í a rialú arb é a gcuispóir éifeachtúlacht fuinnimh a bharrfheabhsú agus teacht le caighdeán shonraithe éifeachtúlachta.	€5,000
Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)	<i>Crua-Earraí TFC Fiontraíochta Ardéifeachtúlachta:</i> Crua-earraí bonneagair TFC le haghaidh feidhmiúchán gnó (ar nós freastalaithe) arna ndearadh go sonrach chun leibhéal an-ard éifeachtúlachta fuinnimh a bhaint amach agus chun teacht le critéir shonraithe éifeachtúlachta.	€1,000

(An Aicme Teicneolaíochta) (1)	(Tuairisc) (2)	(An Méid Íosta) (3)
	<p><i>Fuarú TFC atá Coigilteach ar Fhuinneamh:</i> Trealamh arna dhearadh chun fuarú oibríochta éifeachtúlachta an-ard a bhaint amach a bheidh ag teacht le critéir shonraithe éifeachtúlachta.</p> <p><i>Bainistiú Ardchéime Leictreach TFC:</i> Córais chun lascadh cumhachta a rialú arb é a gcuspóir an éifeachtúlacht fuinnimh is fearr a bhaint amach, agus chun teacht le critéir shonraithe éifeachtúlachta.</p>	
Soláthar Teasa agus Leictreachais	<p><i>Giniúint Ardchéime Teasa agus Leictreachais:</i> Trealamh chun teas nó leictreachas nó iad araon a ghiniúint, agus an sruth fuinnimh a thig as beartaithe go príomha lena úsáid ar an láthair agus a thagann le critéir shonraithe éifeachtúlachta.</p> <p><i>Córais Rialaithe Choigilte Fuinnimh:</i> Córais atá deartha go sonrach chun éifeachtúlacht fuinnimh trealaimh éifeachtúil ginte teasa nó leictreachais láithrigh nó nua nó an dá chineál agus a thagann le critéir shonraithe éifeachtúlachta, a uasmhéadú.</p>	€1,000
Córais Rialaithe Próisis agus Teasa, Aerála agus Aeroiriúnaithe	<p><i>Caomhnú agus Gnóthú Éifeachtúil Teasa:</i> Trealamh nó córais nó trealamh agus córais atá deartha go speisialta chun aon fhuinneamh teasa agus fuaraithe a ghintear a rialú, a chaomhnú nó a ghnóthú agus a thagann le critéir shonraithe éifeachtúlachta.</p> <p><i>Trealamh Ardchéime Láimhseála Leachta agus Gáis:</i> Trealamh chun leacht nó gás nó iad araon a aistriú ar an láthair ar mhodh atá tíosach ar fhuinneamh agus a thagann le critéir shonraithe éifeachtúlachta. Áirítear caidéal feananna, agus séidirí éifeachtúlachta an-ard, agus trealamh eile chun leacht/gás a láimhseáil.</p>	€1,000
Feithiclí Leictreacha agus Feithiclí Breosla Malartach	<p><i>Feithiclí Leictreacha agus Trealamh Luchtaithe a Ghabhann Leo:</i> Feithiclí leictreacha agus páirtleictreach ag a bhfuil mótar de mhéid &gt; 1kW, agus trealamh luchtaithe riachtanach iomchuí, a thagann le critéir shonraithe éifeachtúlachta.</p> <p><i>Tiontuíthe Feithiclí Breosla Mhalartaigh:</i> Trealamh chun feithiclí tráchtála díosail</p>	€1,000



(An Aicme Teicneolaíochta)	(Tuairisc)	(An Méid Íosta)
(1)	(2)	(3)
	láithreacha a thiontú ina bhfeithiclí bithbhreosla 100%, a thagann le critéir shonraithe éifeachtúlachta.	

”.

(2) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire Airgeadais le hordú nó le horduithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

**38.—(1) Leasaítear alt 958 den Phríomh-Acht—**

Réamhcháin.

(a) i bhfo-alt (1)—

(i) i mír (a)—

(I) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach i ndiaidh “cáin chorparáide chomhréire don tréimhse inmhuirearaithe roimhe sin”:

“ciallaíonn ‘cáin ioncaim chomhréire don tréimhse inmhuirearaithe roimhe sin’, i ndáil le tréimhse inmhuirearaithe ar tréimhse chuntasaíochta de chuid cuideachta í, méid a chinnfear de réir na foirmle—

$$I \times \frac{C}{P}$$

i gcás—

gurb é I an cháin ioncaim is iníochta faoi alt 239 nó 241 ag an duine inmhuirearaithe don tréimhse inmhuirearaithe roimhe sin,

gurb é C an líon laethanta sa tréimhse inmhuirearaithe, agus

gurb é P an líon laethanta sa tréimhse inmhuirearaithe roimhe sin;”,

(II) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhíniú ar “cáin is iníochta don tréimhse thosaigh”:

“ciallaíonn ‘cáin is iníochta don tréimhse thosaigh’, i ndáil le tréimhse inmhuirearaithe—

(I) is bliain mheasúnachta le haghaidh cánach gnóchan caipitiúil (arb iad na blianta measúnachta 2003 go 2008 go huile iad), an cháin ab iníochta ag an duine inmhuirearaithe dá gcríochnódh an bhliain

mheasúnachta an 30 Meán Fómhair sa bhliain sin seachas an 31 Nollaig sa bhliain sin, nó

- (II) is bliain mheasúnachta le haghaidh cánach gnóchan caipitiúil (arb í an bhliain mheasúnachta 2009 nó aon bhliain mheasúnachta dá éis í), an cháin ab iníoctha ag an duine inmhuirearaithe dá gcríochnódh an bhliain mheasúnachta an 30 Samhain sa bhliain sin seachas an 31 Nollaig sa bhliain sin;”,

agus

- (III) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach i ndiaidh “an tréimhse inmhuirearaithe roimh an tréimhse inmhuirearaithe roimhe sin”:

“forléireofar ‘tréimhse chuntasaíochta iomchuí’ de réir mhír (c);”, agus

- (ii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (b):

“(c) (i) Faoi réir fhomhír (ii), ciallóidh tréimhse chuntasaíochta iomchuí tréimhse chuntasaíochta de chuid cuideachta, seachas mionchuideachta, dar tosach an 14 Deireadh Fómhair 2008 nó dá éis.

- (ii) Ní tréimhse chuntasaíochta iomchuí tréimhse chuntasaíochta más rud é, murach an fhomhír seo, go mbeadh an tráthchuid deiridh réamhchánach, mar gheall ar na dátaí a thosaíonn agus a chríochnaíonn an tréimhse chuntasaíochta, dlite agus iníoctha de réir fho-alt (2BA)(c) ar an dáta nó roimh an dáta a mbeadh an chéad tráthchuid dlite agus iníoctha de réir fho-alt (2BA)(b).”,

(b) i bhfo-alt (2B)—

- (i) i mír (a), trí “Faoi réir fho-alt (2BA), beidh réamhcháin” a chur in ionad “Beidh réamhcháin”, agus

- (ii) i mír (c), trí “fo-ailt (4C) agus (4CA)” a chur in ionad “fo-ailt (4C) agus (4E)”,

(c) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2B):

“(2BA) (a) Aon réamhcháin is cuí do thréimhse inmhuirearaithe is tréimhse chuntasaíochta iomchuí, beidh sí dlite agus iníoctha ina 2 tráthchuid.

(b) Beidh an chéad cheann den 2 thráthchuid dá dtagraítear i mír (a) (dá ngairtear an ‘tráthchuid tosaigh’ san alt seo) dlite agus iníoctha laistigh de thréimhse 6 mhí ó thús na tréimhse cuntasafóichta, ach in aon chás beidh an tráthchuid tosaigh dlite agus iníoctha tráth nach déanaí ná an 21ú lá den mhí ina dtiocfaidh deireadh leis an tréimhse 6 mhí sin.

(c) Beidh an dara ceann den 2 thráthchuid dá dtagraítear i mír (a) (dá ngairtear an ‘tráthchuid deiridh’ san alt seo) dlite agus iníoctha tráth nach déanaí ná an lá a bheidh 31 lá roimh an lá a chríochnaíonn an tréimhse chuntasaíochta, ach i gcás ina mbeidh an lá sin níos déanaí ná an 21ú lá den mhí ina dtarlaíonn an lá céadluaite, beidh an tráthchuid deiridh dlite agus iníoctha tráth nach déanaí ná an 21ú lá den mhí sin.”

(d) i bhfo-alt (2C)—

(i) i mír (b), trí “Faoi réir mhír (c), déanfar tagairtí” a chur in ionad “Déanfar tagairtí”, agus

(ii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (b):

“(c) Déanfar tagairtí sa Chuid seo don dáta dlite maidir leis an tráthchuid tosaigh, nó an tráthchuid deiridh, réamhchánach a íoc, sa chás go mbeidh an cháin sin dlite in aghaidh tréimhse inmhuirearaithe is tréimhse chuntasaíochta iomchuí, a fhorléiriú de réir fho-alt (2BA).”

(e) i bhfo-alt (3)(a)—

(i) trí “Faoi réir fho-ailt (3A), (4), (4B), (4C), (4CA), (4D), (4E), (4F) agus (4G)” a chur in ionad “Faoi réir fho-ailt (3A), (4), (4B), (4C), (4D) agus (4E)”, agus

(ii) i bhfomhír (v) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad chlásal (I):

“(I) maidir le cáin is iníoctha don tréimhse tosaigh—

(A) i gcás inar sna blianta measúnachta 2003 go 2008 go huile don tréimhse tosaigh, an 31 Deireadh Fómhair sa bhliain mheasúnachta, nó roimhe, agus

(B) i gcás inar sa bhliain mheasúnachta 2009 nó in aon bhliain mheasúnachta dá éis don tréimhse tosaigh, an 15 Nollaig sa bhliain

mheasúnachta sin, nó  
roimhe, agus”,

(f) i bhfo-alt (4C)—

(i) trí “Faoi réir fho-ailt (2B)(c), (4CA), (4E), (4F), (4G) agus (11)” a chur in ionad “Faoi réir fho-ailt (2B)(c), (4E) agus (11)”, agus

(ii) i mír (b)(i), tríd an méid seo a leanas a chur ionad chlásal (II):

“(II) comhshuim na cánach corparáide comhréire don tréimhse inmhuirearaithe roimhe sin agus na cánach ioncain comhréire don tréimhse inmhuirearaithe roimhe sin,”

(g) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4C):

“(4CA) (a) Faoi réir fho-ailt (2B)(c), (4E), (4F), (4G) agus (11), más rud é go mbeadh cáin is iníoctha ag duine inmhuirearaithe do thréimhse inmhuirearaithe is tréimhse chuntasáíochta iomchuí dlite agus iníoctha de réir fho-alt (3) murach an fo-alt seo, agus—

(i) gur mhainnigh an duine inmhuirearaithe an tráthchuid tosaigh nó an tráthchuid deiridh réamhchánach don tréimhse inmhuirearaithe a íoc,

(ii) gur lú an tráthchuid tosaigh réamhchánach arna híoc ag an duine inmhuirearaithe don tréimhse inmhuirearaithe ná na méideanna seo a leanas, nó gur lú í ná an méid is lú acu—

(I) 45 faoin gcéad den cháin is iníoctha ag an duine inmhuirearaithe don tréimhse inmhuirearaithe, nó

(II) 50 faoin gcéad de chomhshuim na cánach corparáide comhréire don tréimhse inmhuirearaithe roimhe sin agus na cánach ioncain comhréire don tréimhse inmhuirearaithe roimhe sin,

(iii) i gcás inar thosaigh an tréimhse inmhuirearaithe ar an gcuideachta do theacht laistigh de réim cánach corparáide, gur lú an tráthchuid tosaigh réamhchánach arna híoc ag an duine inmhuirearaithe don tréimhse inmhuirearaithe ná 45 faoin gcéad den cháin is iníoctha ag an duine inmhuirearaithe don tréimhse inmhuirearaithe,

- (iv) gur lú comhiomlán na tráthchoda tosaigh agus na tráthchoda deiridh réamhchánach arna íoc ag an duine inmhuirearaithe don tréimhse inmhuirearaithe ná 90 faoin gcéad den cháin is iníoctha ag an duine inmhuirearaithe don tréimhse inmhuirearaithe, nó
- (v) nár íocadh an tráthchuid tosaigh nó an tráthchuid deiridh réamhchánach ab iníoctha ag an duine inmhuirearaithe don tréimhse inmhuirearaithe faoin dáta ar a raibh sí dlite agus iníoctha,

ansin measfar go raibh an cháin ab iníoctha ag an duine inmhuirearaithe don tréimhse inmhuirearaithe dlite agus iníoctha de réir mhír (b).

- (b) (i) Beidh cáin atá dlite agus iníoctha de réir na míre seo ag duine inmhuirearaithe do thréimhse inmhuirearaithe is tréimhse chuntasaíochta iomchuí dlite agus iníoctha ina 2 tráthchuid.
  - (ii) Beidh an chéad tráthchuid den 2 thráthchuid dá dtagraítear i bhfomhír (i) (dá ngairtear an ‘tráthchuid iomchuí tosaigh’ sa mhír seo agus i míreanna (c) agus (d)) dlite agus iníoctha tráth nach déanaí ná an lá a bheidh an tráthchuid tosaigh réamhchánach dlite agus iníoctha de réir fho-alt (2BA).
  - (iii) Beidh an dara tráthchuid den 2 thráthchuid dá dtagraítear i bhfomhír (i) (dá ngairtear an ‘tráthchuid iomchuí deiridh’ sa mhír seo agus i míreanna (c) agus (d)) dlite agus iníoctha tráth nach déanaí ná an lá a bheidh an tráthchuid deiridh réamhchánach dlite agus iníoctha de réir fho-alt (2BA).
- (c) Is é méid na tráthchoda iomchuí tosaigh 45 faoin gcéad den cháin is iníoctha ag an duine inmhuirearaithe don tréimhse inmhuirearaithe.
  - (d) Is é méid na tráthchoda iomchuí deiridh méid is comhionann le breis na cánach is iníoctha ag an duine inmhuirearaithe don tréimhse inmhuirearaithe ar mhéid na tráthchoda iomchuí tosaigh.”,

(h) i bhfo-alt (4E), trí “Faoi réir fho-ailt (4F) agus (4G), más rud é” a chur in ionad “Más rud é”,

(i) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4E):

“(4F) Más rud é, maidir le tréimhse inmhuirearaithe is tréimhse chuntasaíochta iomchuí—

- (a) gur lú an tráthchuid tosaigh réamhchánach is iníoctha ag an duine inmhuirearaithe don tréimhse inmhuirearaithe de réir fho-alt (2BA) ná 45 faoin gcéad den cháin is iníoctha ag an duine inmhuirearaithe don tréimhse inmhuirearaithe,
- (b) nach lú an tráthchuid tosaigh réamhchánach arna híoc amhlaidh ag an duine inmhuirearaithe don tréimhse inmhuirearaithe ná 45 faoin gcéad den mhéid ab iníoctha ag an duine inmhuirearaithe don tréimhse inmhuirearaithe mura mbeadh aon mhéid ar áireamh ar bhrabúis an duine inmhuirearaithe don tréimhse inmhuirearaithe—
- (i) i leith gnóchan inmhuirearaithe ar an duine do dhiúscairt sócmhainní sa chuid den tréimhse inmhuirearaithe atá tar éis an dáta faoina bhfuil an tráthchuid tosaigh réamhchánach don tréimhse inmhuirearaithe iníoctha de réir fho-alt (2BA), nó
- (ii) i gcás cuideachta iomchuí, i leith brabús nó gnóchan nó cailteanas a fhabhraíonn, agus nach réadaítear, sa tréimhse inmhuirearaithe ar shócmhainní airgeadais nó ar dhliteanais airgeadais is inchurtha i leith athruithe ar luach na sócmhainní sin nó na ndliteanas sin sa chuid den tréimhse inmhuirearaithe atá tar éis dheireadh na míosa díreach roimh an mí ina bhfuil an tráthchuid tosaigh réamhchánach don tréimhse inmhuirearaithe iníoctha de réir fho-alt (2BA),

agus

- (c) nach lú comhiomlán na tráthchoda tosaigh agus na tráthchoda deiridh réamhchánach arna n-íoc ag an duine inmhuirearaithe don tréimhse inmhuirearaithe de réir fho-alt (2BA) ná 90 faoin gcéad den mhéid sin cánach ab iníoctha ag an duine inmhuirearaithe don tréimhse inmhuirearaithe dá ríomhfaí de réir fho-alt (4G)(b) é,

ansin déileálfar, chun críocha fho-alt (4CA), leis an tráthchuid tosaigh réamhchánach arna híoc ag an duine inmhuirearaithe don tréimhse inmhuirearaithe mar thráthchuid a íocadh faoin dáta ar a bhfuil sí dlite agus iníoctha.

(4G) Más rud é, maidir le tréimhse inmhuirearaithe is tréimhse chuntasaíochta iomchuí—

- (a) gur lú comhiomlán na tráthchoda tosaigh agus na tráthchoda deiridh réamhchánach arna n-íoc ag an duine inmhuirearaithe don tréimhse inmhuirearaithe de réir fho-alt (2BA) ná 90

faoin gcéad den cháin is iníoctha ag an duine inmhuirearaithe don tréimhse inmhuirearaithe,

(b) nach lú comhiomlán na tráthchoda tosaigh agus na tráthchoda deiridh réamhchánach arna n-íoc ag an duine inmhuirearaithe amhlaidh don tréimhse inmhuirearaithe ná 90 faoin gcéad den mhéid a bheadh iníoctha ag an duine inmhuirearaithe don tréimhse inmhuirearaithe mura mbeadh méid ar bith ar áireamh i mbrabúis an duine inmhuirearaithe don tréimhse inmhuirearaithe—

(i) i leith gnóchan inmhuirearaithe ar an duine do dhiúscairt sócmhainní sa chuid den tréimhse inmhuirearaithe atá tar éis an dáta faoina mbeidh, nó

(ii) i gcás cuideachta iomchuí, i leith brabús nó gnóchan nó caillteanas a fhabhraíonn, agus nach bhfuil réadaithe, sa tréimhse inmhuirearaithe ar shócmhainní airgeadais nó ar dhliteanais airgeadais is inchurtha i leith athruithe ar luach na sócmhainní nó na ndlíteanas sin sa chuid den tréimhse inmhuirearaithe atá tar éis dheireadh na míosa díreach roimh an mí ina mbeidh,

an tráthchuid deiridh réamhchánach don tréimhse inmhuirearaithe iníoctha de réir fho-alt (2BA), agus

(c) go ndéanfaidh an duine inmhuirearaithe íocaíocht bhreise réamhchánach don tréimhse inmhuirearaithe laistigh de mhí tar éis dheireadh na tréimhse inmhuirearaithe agus nach lú comhiomlán na híocaíochta sin agus na tráthchoda tosaigh agus na tráthchoda deiridh réamhchánach a d'íoc an duine inmhuirearaithe don tréimhse inmhuirearaithe de réir fho-alt (2BA) ná 90 faoin gcéad den cháin is iníoctha ag an duine inmhuirearaithe don tréimhse inmhuirearaithe,

ansin measfar an tráthchuid deiridh réamhchánach a d'íoc an duine inmhuirearaithe don tréimhse inmhuirearaithe, chun críocha fho-alt (4CA), a bheith íoctha faoin dáta ar a mbeidh sí dlíte agus iníoctha.”,

agus

(j) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (11):

“(11) (a) San fho-alt seo—

ciallaíonn ‘iarmhéid tosaigh’ an méid arb ionannas dó an fhoirmle—

A — B

i gcás—

gurb é A méid na tráthchoda tosaigh réamhchánach a d'íoc an chuideachta ghéillte don tréimhse iomchuí de réir fho-alt (2BA), agus

gurb é B—

(i) i gcás gur thosaigh an tréimhse iomchuí an tráth a tháinig an chuideachta ghéillte laistigh de réim cánach corparáide—

(I) 45 faoin gcéad den cháin is iníoctha ag an gcuideachta ghéillte don tréimhse iomchuí, nó

(II) i gcás go bhfuil feidhm ag fo-alt (2B)(c) i ndáil leis an tréimhse sin, méid nialais,

nó,

(ii) in aon chás eile, an méid is lú acu seo a leanas—

(I) 45 faoin gcéad den cháin is iníoctha ag an gcuideachta ghéillte don tréimhse iomchuí, nó

(II) 50 faoin gcéad de chomhshuim na cánach corparáide comhréire don tréimhse inmhuirearaithe roimhe sin agus na cánach ioncaim comhréire don tréimhse inmhuirearaithe roimhe sin, is iníoctha ag an gcuideachta ghéillte;

ciallaíonn ‘iarmhéid deiridh’ an méid arb ionannas dó an fhoirmle—

C — D

i gcás—

gurb é C an méid réamhchánach a d'íoc an chuideachta ghéillte don tréimhse iomchuí de réir fho-alt (2B) nó fho-alt (2BA), de réir mar a bheidh, agus

gurb é D 90 faoin gcéad den cháin is iníoctha ag an gcuideachta ghéillte don tréimhse iomchuí, nó, i gcás ina bhfuil feidhm ag fo-alt (2B)(c) i ndáil leis an tréimhse sin, méid nialais;

ciallaíonn ‘iarmhéid tosaigh iomchuí’ an chuid sin d'iarmhéid tosaigh a shonrófar i bhfógra a thabharfar de réir mhír (c);

ciallaíonn ‘iarmhéid deiridh iomchuí’ an chuid sin d'iarmhéid deiridh a shonrófar i bhfógra a thabharfar de réir mhír (c).

(b) Tá feidhm ag an bhfo-alt seo más rud é—



- (i) go n-íocfaidh duine inmhuirearaithe is cuideachta (dá ngairtear ‘an chuideachta ghéillte’ san fho-alt seo) atá ina chomhalta de ghrúpa—
  - (I) tráthchuid tosaigh réamhchánach do thréimhse inmhuirearaithe (dá ngairtear an ‘tréimhse iomchuí’ san fho-alt seo) de réir fho-alt (2BA), ar méid é atá níos mó ná na méideanna seo a leanas, nó níos mó ná an méid is lú acu—
    - (A) 45 faoin gcéad den cháin is iníoctha ag an gcuideachta ghéillte don tréimhse iomchuí, nó
    - (B) 50 faoin gcéad de chomhshuim na cánach corparáide comhréire don tréimhse inmhuirearaithe roimhe sin agus na cánach ioncaim comhréire don tréimhse inmhuirearaithe roimhe sin, is iníoctha ag an gcuideachta ghéillte,
  - (II) tráthchuid tosaigh réamhchánach do thréimhse iomchuí a thosaigh an tráth a tháinig an chuideachta ghéillte laistigh de réim cánach corparáide, ar méid é is mó ná 45 faoin gcéad den cháin is iníoctha ag an gcuideachta sin don tréimhse iomchuí,
  - (III) méid réamhchánach do thréimhse iomchuí de réir fho-alt (2B) nó fho-alt (2BA), de réir mar a bheidh, ar méid é is mó ná 90 faoin gcéad den cháin is iníoctha ag an gcuideachta ghéillte don tréimhse iomchuí, nó
  - (IV) aon mhéid réamhchánach do thréimhse iomchuí a bhfuil feidhm ag fo-alt (2B)(c) maidir léi,
- (ii) go n-íocfaidh duine inmhuirearaithe eile is cuideachta (dá ngairtear ‘an chuideachta éilimh’ san fho-alt seo) atá ina comhalta den ghrúpa—
  - (I) tráthchuid tosaigh réamhchánach do thréimhse inmhuirearaithe de réir fho-alt (2BA), ar méid é is lú ná na méideanna seo a leanas, nó is lú ná an méid is lú acu—
    - (A) 45 faoin gcéad den cháin is iníoctha ag an gcuideachta éilimh don tréimhse inmhuirearaithe, nó
    - (B) 50 faoin gcéad de chomhshuim na cánach corparáide comhréire don

tréimhse inmhuirearaithe roimhe sin agus na cánach ioncaim comhréire don tréimhse inmhuirearaithe roimhe sin, is iníoctha ag an gcuideachta éilimh,

(II) tráthchuid tosaigh réamhchánach do thréimhse inmhuirearaithe a thosaigh an tráth a tháinig an chuideachta éilimh laistigh de réim cánach corparáide, ar méid é is lú ná 45 faoin gcéad den cháin is iníoctha ag an gcuideachta sin don tréimhse iomchuí, nó

(III) méid réamhchánach do thréimhse inmhuirearaithe de réir fho-alt (2BA), ar méid é is lú ná 90 faoin gcéad den cháin is iníoctha ag an gcuideachta éilimh don tréimhse inmhuirearaithe,

(iii) go bhfuil an tréimhse inmhuirearaithe i bhfomhír (ii) comhthráthach leis an tréimhse iomchuí, agus

(iv) nach mionchuideachta an chuideachta éilimh i ndáil leis an tréimhse iomchuí.

(c) I gcás ina bhfuil feidhm ag an bhfo-alt seo féadfaidh an 2 chuideachta, aon tráth ar an dáta tuairisceáin sonraithe do thréimhse inmhuirearaithe na cuideachta géillte nó roimhe, fógra a thabhairt i gcomhpháirt don Ard-Bhailitheoir, i cibé foirm a éileoidh na Coimisinéirí Ioncaim, á rá—

(i) go bhfuil éifeacht le bheith le mír (d)(i) i ndáil leis an iarmhéid tosaigh iomchuí, nó,

(ii) go bhfuil éifeacht le bheith le mír (d)(ii) i ndáil leis an iarmhéid deiridh iomchuí,

arna shonrú san fhógra.

(d) (i) I gcás ina bhfuil éifeacht leis an mír seo i ndáil le haon iarmhéid tosaigh iomchuí—

(I) measfar, chun críocha fho-alt (4CA)(a)(ii), méid breise réamhchánach atá comhionann leis an iarmhéid tosaigh iomchuí a bheith íoctha ag an gcuideachta éilimh ar an dáta a dhlítear tráthchuid tosaigh réamhchánach na cuideachta sin a íoc don tréimhse iomchuí más rud é go ndéantar 100 faoin gcéad den cháin is iníoctha ag an gcuideachta éilimh don tréimhse iomchuí, gan aird a thabhairt ar an gclásal seo, a íoc ar an dáta tuairisceáin sonraithe don tréimhse iomchuí nó roimhe, agus

- (II) déileálfar leis an gcuideachta ghéillte, chun críocha an fho-ailt seo, mar chuideachta a ghéill an t-iarmhéid tosaigh iomchuí don chuideachta éilimh agus ní bheidh an t-iarmhéid tosaigh iomchuí sin ar fáil lena úsáid ag aon chuideachta eile faoin bhfo-alt seo.
- (ii) I gcás ina bhfuil éifeacht leis an mír seo i ndáil le haon iarmhéid deiridh iomchuí—
  - (I) measfar, chun críocha fho-alt (4CA)(a)(iv), méid breise réamhchánach atá comhionann leis an iarmhéid deiridh iomchuí a bheith íoctha ag an gcuideachta éilimh ar an dáta a ndlitear tráthchuid deiridh réamhchánach na cuideachta sin a íoc don tréimhse iomchuí más rud é go ndéantar 100 faoin gcéad den cháin is iníoctha ag an gcuideachta éilimh don tréimhse iomchuí, gan aird a thabhairt ar an gclásal seo, a íoc ar an dáta tuairisceáin sonraithe don tréimhse iomchuí nó roimhe, agus
  - (II) déileálfar leis an gcuideachta ghéillte chun críocha an fho-ailt seo mar chuideachta a ghéill an t-iarmhéid deiridh iomchuí don chuideachta éilimh agus ní bheidh an t-iarmhéid deiridh iomchuí sin ar fáil lena úsáid ag aon chuideachta eile faoin bhfo-alt seo.
- (e) Maidir le híocaíocht i leith iarmhéid tosaigh iomchuí nó i leith iarmhéid deiridh iomchuí—
  - (i) ní chuirfear i gcuntas í le linn brabúis nó caillteanais de chuid ceachtar cuideachta a ríomh chun críocha cánach corparáide, agus
  - (ii) ní mheasfar gur dáileadh nó muirear ar ioncam í chun aon cheann de chríocha na nAchtanna Cánach Corparáide, agus, sa mhír seo, ciallaíonn ‘íocaíocht i leith iarmhéid tosaigh iomchuí nó i leith iarmhéid deiridh iomchuí’ íocaíocht arna déanamh ag an gcuideachta éilimh leis an gcuideachta ghéillte de bhun comhaontú eatarthu maidir le méid arna ghéilleadh de réir an fho-ailt seo, ar íocaíocht í nach mó ná an méid sin.
- (f) (i) Ní dhéanfaidh an fo-alt seo difear do dhliteanas aon chuideachta lena mbaineann an fo-alt i leith cáin chorparáide a íoc.
- (ii) I gcás ina bhfuil feidhm ag an bhfo-alt seo, déanfar an méid ar ina leith atá dliteanas

ar an gcuideachta éilimh, murach an fo-alt seo, ús a íoc de réir alt 1080 a laghdú—

(I) d'aon iarmhéid tosaigh iomchuí a mheasfar a bheith íoctha ag an gcuideachta sin de réir mhír (d)(i)(I), nó

(II) d'aon iarmhéid deiridh iomchuí a mheasfar a bheith íoctha ag an gcuideachta sin de réir mhír (d)(ii)(I).

(g) Chun críocha an fho-ailt seo, is comhaltaí den ghrúpa céanna 2 chuideachta más rud é, agus más rud é amháin, gur chomhaltaí den sórt sin iad chun críocha alt 411.”.

(2) (a) Tá éifeacht le *fo-alt (I)*, ar leith ó *mhíreanna (a)(i)(II)* agus *(e)(ii)*, do thréimhsí cuntasaíochta dar tosach an 14 Deireadh Fómhair 2008 nó dá éis.

(b) Tá feidhm ag *míreanna (a)(i)(II)* agus *(e)(ii) d'fho-alt (I)* maidir le diúscairtí a dhéanfar sa bhliain mheasúnachta 2009 agus i mblianta measúnachta dá éis.

Leasú ar alt 239 (cáin ioncaim ar íocaíochtaí ag cuideachtaí cónaitheacha) den Phríomh-Acht.

**39.**—(1) Leasaítear alt 239 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (4) trí “, ach in aon chás tráth nach déanaí ná an 21ú lá den mhí ina gcríochnaíonn an tréimhse 9 mí sin” a chur isteach i ndiaidh “ó dheireadh na tréimhse sin”, agus

(b) i bhfo-alt (5) trí “cáin chorparáide” a chur in ionad “réamhcháin” agus trí “de réir alt 958 agus” a chur isteach i ndiaidh “iníoctha ag an gcuideachta”.

(2) Tá éifeacht leis an alt seo do thréimhsí cuntasaíochta dar tosach an 14 Deireadh Fómhair 2008 nó dá éis.

Leasú ar Sceideal 4 (comhlachtaí stát-tionscanta neamhthráchtála sonraithe a dhíolmhú ó fhorálacha áirithe cánach) a ghabhann leis an bPríomh-Acht.

**40.**—(1) Leasaítear Sceideal 4 a ghabhann leis an bPríomh-Acht—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 53:

“53A. Institiúid Sláinte Poiblí na hÉireann Teoranta.”,

agus

(b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 84:

“84A. An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha.”,

(2) (a) Measfar gur tháinig *fo-alt (I)(a)* i bhfeidhm agus go raibh éifeacht leis ar an agus ón 1 Deireadh Fómhair 2002.

(b) Measfar gur tháinig *fo-alt (I)(b)* i bhfeidhm agus go raibh éifeacht leis ar an agus ón 1 Meán Fómhair 2004.

CAIBIDIL 6

*Cáin Ghnóchan Caipitiúil*

**41.**—Leasaítear leis seo an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 541B:

Mar a dhéileálfar ó thaobh cánach le bainisteoirí ciste fiontair áirithe.

“541C.—(1) San alt seo—

ciallaíonn ‘ús iompartha’, i ndáil le hinfheistíocht iomchuí, an scair de na brabúis (i gcás gur comhaontaíodh an cóimheas scaireanna i dtosach na hinfheistíochta iomchuí) dá dtagraítear i mír (b) den mhíniú ar ‘brabúis iomlána ó infheistíocht’ a fhaigheann cuideachta nó comhpháirtíocht i leith bhainistiú na hinfheistíochta iomchuí;

ciallaíonn ‘ús iompartha lena mbaineann an t-alt seo’, i ndáil le hinfheistíocht iomchuí, méid úis iompartha nach mó ná 20 faoin gcéad de na brabúis iomlána ón infheistíocht iomchuí;

ciallaíonn ‘gníomhaíochtaí nuálaíochta’ próisis nua teicneolaíochta, teileachumarsáide, eolaíochta nó ghnó a fhorbairt;

ciallaíonn ‘infheisteoir’, i ndáil le hinfheistíocht iomchuí, duine seachas duine atá i dteideal úis iompartha nó duine atá bainteach leis an duine sin;

ciallaíonn ‘infheistíocht iomchuí’ infheistíocht, a leanann de bheith i bhfeidhm ar feadh 6 bliana ar a laghad, i scaireanna neamhluaithe nó in urrúis de chuid cuideachta trádála príobháidí agus, maidir leis an gcuideachta sin—

- (a) go bhfuil gnó a bunaíodh agus a tosaíodh an 1 Eanáir 2009 nó dá éis sin á sheoladh aici, seachas gnó—
  - (i) a bhí á sheoladh roimhe sin ag duine eile agus a bhfuil an chuideachta tagtha i gcomharbas air,
  - (ii) a raibh a ghníomhaíochtaí á seoladh roimhe sin mar chuid de ghnó duine eile, nó
  - (iii) is trádáil eiscthe de réir bhrí alt 21A,
- agus
- (b) go bhfuil gnó is gníomhaíochtaí taighde, forbartha nó nuálaíochta á sheoladh aici;

tá le ‘gníomhaíochtaí taighde agus forbartha’ an bhrí chéanna atá leis in alt 766(1);

ciallaíonn ‘brabúis iomlána ó infheistíocht’, i ndáil le hionstraim iomchuí, suimiú—

- (a) na mbrabús is inchurtha síos d’infheisteoirí san infheistíocht iomchuí faoi threoir ráta tosaigh chomhaontaithe toraidh, agus
- (b) iarmhéid bhrabúis na hinfheistíochta iomchuí de bhreis orthu sin a ríomhtar faoi threoir an ráta tosaigh chomhaontaithe toraidh.

- (2) (a) D'ainneoin aon fhorála eile de na hAchtanna Cánach nó de na hAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, measfar, maidir le hús iompartha lena mbaineann an t-alt seo agus a fhaigheann comhpháirtíocht, gur méid gnóchan inmhuirearaithe lena mbaineann alt 28(1) é.
- (b) D'ainneoin aon fhorála eile de na hAchtanna Cánach nó de na hAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, measfar, maidir le hús iompartha lena mbaineann an t-alt seo agus a fhaigheann cuideachta, gur méid gnóchan inmhuirearaithe lena mbaineann alt 28(1) é.
- (3) (a) D'ainneoin aon fhorála eile de na hAchtanna Cánach nó de na hAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, is é an ráta cánach gnóchan caipitiúil i leith gnóchan inmhuirearaithe lena mbaineann fo-alt (2)(a) 15 faoin gcéad.
- (b) D'ainneoin aon fhorála eile de na hAchtanna Cánach nó de na hAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, is é an ráta cánach corparáide i leith gnóchan inmhuirearaithe lena mbaineann fo-alt (2)(b) 12.5 faoin gcéad.”.

Leasú ar alt 29  
(daoine is  
inmhuirearaithe)  
den Phríomh-Acht.

**42.**—(1) Leasaítear alt 29 den Phríomh-Acht i bhfo-alt (4) trí “agus den Ríocht Aontaithe” a scriosadh sa dá áit ina bhfuil sé.

(2) Tá feidhm ag an alt seo maidir le diúscairtí arna ndéanamh an 20 Samhain 2008 nó dá éis.

Leasú ar alt 549  
(idirbhearta idir  
daoine bainteacha)  
den Phríomh-Acht.

**43.**—(1) Leasaítear alt 549 den Phríomh-Acht—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (6):

“(6) I gcás ina mbeidh an tsócmhainn a luaitear i bhfo-alt (1) faoi réir aon chirt nó sriain is infhorfheidhmithe ag an duine a bheidh ag déanamh na diúscairta nó ag duine a bheidh bainteach leis an duine sin, ansin, is é a bheidh sa mhargadhluach sin, i gcás go mbeidh méid na comaoine i leith na fála, á mheas de réir fho-alt (2), comhionann le margadhluach na sócmhainne, an margadhluach a bheadh uirthi mura mbeadh sí faoi réir an chirt nó an tsriain, arna laghdú—

(a) den mhéid is lú acu seo a leanas—

(i) margadhluach an chirt nó an tsriain, agus

(ii) an méid a chuirfeadh a mhúchadh le luach na sócmhainne dá húinéir, nó

(b) de mhargadhluach an chirt nó an tsriain, i gcás gur comhionann an margadhluach dá dtagraítear i mír (a)(i) agus an méid dá dtagraítear i mír (a)(ii).”,

agus

(b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (7):

“(7A) (a) Beidh feidhm ag an bhfo-alt seo i gcás ina mbeidh an tsócmhainn a luaitear i bhfo-alt (1) faoi réir aon chirt nó sriain is infhorfheidhmithe ag an duine a bheidh ag déanamh na diúscartha nó ag an duine a bheidh bainteach leis an duine sin, agus ina mbeidh margadhluach na sócmhainne ar dháta a fála (gan féachaint d’aon cheart nó srian) níos mó ná an chomaoin, in airgead nó i luach airgid, a tugadh mar íocaíocht i leith na sócmhainne sin.

(b) Más rud é, ar an duine a fuair sócmhainn lena mbaineann mír (a) an tsócmhainn sin a dhiúscairt dá éis sin, go mbeidh d’éifeacht le fo-alt (7) (gan an fo-alt seo a chur i gcountas)—

(i) cailteanas a mhéadú, nó

(ii) cailteanas a chur in ionad gnóchain,

ansin, ní bheidh feidhm ag an bhfo-alt sin.”.

(2) Beidh feidhm ag an alt seo maidir le diúscairtí arna ndéanamh an 20 Samhain 2008 nó dá éis.

44.—(1) Leasaítear an Príomh-Acht—

Gnóchain  
chaipitiúla: ráta  
muirir.

(a) in alt 28(3) trí “22 faoin gcéad” a chur in ionad “20 faoin gcéad”, agus

(b) in alt 649A—

(i) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (b) d’fho-alt (1):

“(b) i gcás diúscartha iomchuí arna déanamh an 15 Deireadh Fómhair nó dá éis, 22 faoin gcéad.”,

agus

(ii) i bhfo-alt (2), trí mhír (b)(i) a scriosadh.

(2) Beidh feidhm ag an alt seo maidir le diúscairtí arna ndéanamh an 15 Deireadh Fómhair 2008 nó dá éis.

45.—(1) Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 611:

Mar a dhéileálfar le  
diúscairtí áirithe  
arna ndéanamh ag  
Cumann  
Cógaiseoirí na  
hÉireann.

“611A.—(1) San alt seo—

ciallaíonn ‘Cumann nua’ Cumann Cógaiseoirí na hÉireann nó, sa Bhéarla, *The Pharmaceutical Society of Ireland* a bunaíodh le halt 5(2) den Acht Cógaisíochta 2007;

ciallaíonn ‘sean-Chumann’ an *Pharmaceutical Society of Ireland* a bunaíodh agus a corpraíodh le halt 4 den *Pharmacy (Ireland) Act 1875*.

(2) Maidir le sócmhainn arna diúscairt ag an gCumann nua ar sócmhainn í a fuair sé ón sean-Chumann de bhua alt 5 den Acht Cógaisíochta 2007, measfar go bhfuair an Cumann nua í an tráth céanna agus ar an gcomaoin chéanna ar a bhfuair an sean-Chumann í, agus beidh feidhm ag forálacha alt 566 dá réir sin.”.

(2) Beidh feidhm ag an alt seo maidir le diúscairtí arna ndéanamh an 20 Samhain 2008 nó dá éis.

## CUID 2

### MÁL

Leasú ar Chaibidil 1 de Chuid 2 (dlí máil ginearálta a chomhdhlúthú agus a nuachóiriú) den Acht Airgeadais 2001.

**46.**—Leasaítear Caibidil 1 de Chuid 2 den Acht Airgeadais 2001—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 99:

“Dlíteanas daoine.

99.—(1) Dlífidh coimeádaí stórais údaraithe an dleacht mháil ar tháirgí innháil a scaoileann an coimeádaí stórais údaraithe sin ó stóras cánach a íoc, ar táirgí iad—

(a) lena dtomhailt, nó

(b) lena seachadadh faoi shocrú fionraí.

(2) Beidh an dlíteanas faoi fho-alt (1)(b) urscaoilte go hiomlán nó go páirteach i gcás go mbeidh, agus a mhéid a bheidh, na táirgí innháil (de réir mar a bheidh)—

(a) faighte ag stóras cánach eile sa Stát,

(b) faighte ag duine nó trádálaí, dá dtagraítear in alt 115(2), nó

(c) onnmhairithe ón gComhphobal,

agus i gcás ina mbeidh fianaise sa chéill sin faighte laistigh den tréimhse ama fhorordaithe agus san fhoirm fhorordaithe.

(3) Dlífidh trádálaí cláraithe nó trádálaí neamhchláraithe dleacht mháil a íoc ar tháirgí innháil a bheidh faighte ag trádálaí den sórt sin faoi shocrú fionraí, agus déanfar an íocaíocht sin nuair a gheofar na táirgí sin amhlaidh.

(4) Dlífidh ionadaí cánach, a bheidh ag gníomhú thar ceann na ndaoine dá dtagraítear i mír (a) nó (b) d’fho-alt (1) d’alt 113, dleacht mháil a íoc ar tháirgí innháil a bheidh seachadta chuig an Stát ag na daoine sin nó thar ceann na ndaoine sin.



(5) I gcás ina ndéanfar táirgí inmháil a allmhairiú isteach sa Stát ó áit lasmuigh den Chomhphobal, agus nach gcuirtear na táirgí faoi shocrú fionraí ansin, is é an duine a dhlífidh an dleacht mháil a íoc—

(a) an duine a dhearbhóidh gur táirgí le haghaidh saorchúrsaíochta na táirgí sin, de réir Airteagal 79 de Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92, nó

(b) i gcás nach ndearbhófar gur táirgí le haghaidh saorchúrsaíochta na táirgí inmháil—

(i) aon duine a allmhairíonn na táirgí, agus

(ii) aon duine a rinne socrú chun na táirgí a allmhairiú, nó ar socraíodh an t-allmhairiú sin thar a cheann nó thar a ceann.

(6) I gcás ina dtáirgtear táirgí inmháil, seachas faoi shocrú fionraí i stóras cánach, is é nó is í an duine a dhlífidh an dleacht mháil a íoc—

(a) táirgeoir na dtáirgí inmháil, agus

(b) aon duine a rinne socrú maidir leis an táirgeadh, nó a ndearnadh an táirgeadh thar a cheann nó thar a ceann.

(7) I gcás ina ndearna aon duine, seachas faoi shocrú fionraí—

(a) táirgí inmháil a dhíol nó a sheachadadh, nó

(b) táirgí inmháil a choimeád lena ndíol nó lena seachadadh,

ar táirgí inmháil iad nár íocadh an dleacht mháil chuí orthu, ansin—

(i) dlífidh an duine sin,

(ii) dlífidh aon duine eile ar díoladh, ar coimeádadh nó ar seachadadh na táirgí inmháil sin amhlaidh thar a cheann nó thar a ceann, agus

(iii) dlífidh aon duine ar seachadadh na táirgí sin air nó uirthi,

an dleacht mháil ar na táirgí inmháil sin a íoc.

(8) I gcás ina bhfuair duine táirgí inmháil a ndearnadh ina leith faoiseamh ó dhleacht mháil, lacáiste dleachta máil nó aisíocaíocht i leith dleachta máil a thabhairt nó dleacht mháil a mhuirearú de réir ráta is ísle ná an ráta caighdeánach cuí, faoi réir ceanglais go n-úsáidfean na táirgí inmháil sin chun críche sonraithe nó ar mhodh sonraithe, agus i gcás nár comhlíonadh an ceanglas sin, ansin dlífidh an duine a fuair na táirgí inmháil sin an dleacht mháil a íoc ar na táirgí sin de réir an ráta is cuí maidir leo, gan tairbhe aon fhaoisimh, aon lacáiste, aon aisíocaíochta nó aon ráta íseal den sórt sin.

(9) Más rud é, faoi fho-ailt (1) go (8), go ndlífidh níos mó ná duine amháin, i gcás áirithe, dliteanas dleachta máil a íoc, tá na daoine sin faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach.

(10) Ní dochar fo-ailt (1) go (9) don dliteanas i leith dleachta máil i gcás táirgí inmháil, ná don dliteanas forghéillte ina leith, faoin dlí máil.

Measúnacht ar an dleacht mháil is iníochta.

99A.—(1) (a) San alt seo ciallaíonn ‘oifigeach údaraithe’ oifigeach a bheidh údaraithe ag na Coimisinéirí chun na cumhachtaí a thugtar leis an alt seo a fheidhmiú.

(b) Níl feidhm ag an alt seo maidir le dleacht gealltóireachta is inmhuirearaithe faoi Chaibidil 1 de Chuid 2 den Acht Airgeadais 2002.

(2) I gcás cúis a bheith ag oifigeach údaraithe chun a chreidiúint go ndlífidh duine dleacht mháil a íoc, ansin féadfaidh an t-oifigeach sin measúnacht a dhéanamh ar an méid a dhlífidh an duine sin a íoc i dtuairim an oifigigh sin.

(3) Tabharfaidh an t-oifigeach údaraithe do gach duine arna mheasúnú nó arna measúnú fógra, maidir le gach measúnacht a dhéanann an t-oifigeach sin, ina leagfar amach méid na measúnachta, an cineál dleachta máil a thagann faoi réim na measúnachta, an ceart achomharc a dhéanamh in aghaidh na measúnachta, faoi alt 146, agus an tréimhse ama a cheadaítear chun fógra a thabhairt maidir le hachomharc den sórt sin.

(4) (a) I gcás cúis a bheith ag oifigeach údaraithe chun a chreidiúint go bhfuil méid aon mheasúnachta iomarcach nó easnamhach, nó

nach bhfuil aon dliteanas den sórt sin ann, ansin déanfaidh an t-oifigeach sin an mheasúnacht sin a laghdú, a mhéadú nó a chur ar neamhní, de réir mar a bheidh.

(b) In aon chás ina ndéantar measúnacht a laghdú nó a mhéadú faoi mhír (a), déanfaidh oifigeach údaraithe, dá réir sin, athbhreithniú ar an bhfógra dá dtagraítear i bhfo-alt (3) a eisiúint chuig an duine a measúnaíodh.

(c) In aon chás ina gcuirfear measúnacht ar neamhní faoi mhír (a), cuirfidh oifigeach údaraithe an méid sin in iúl i scríbhinn don duine a measúnaíodh.

(5) Maidir le haon mheasúnacht faoi fho-alt (2), agus maidir le haon gníomh chun an méid arna mheasúnú a bhailiú, is measúnacht í nó gníomh é gan dochar—

(a) don dliteanas aon earraí nó feithiclí, a mbeidh baint acu leis an measúnacht, a fhorghéilleadh faoin dlí a bhaineann le mál,

(b) d'aon imeachtaí i ndáil le cion faoin dlí a bhaineann le mál, a bhfuil aon earraí nó feithiclí a bhfuil baint acu leis an measúnacht i gceist ann.”,

(b) in alt 145 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) Ní bheidh ábhar achomhairc ann faoin alt seo in aghaidh measúnachta arna déanamh faoi alt 99A (a chuirtear isteach le *halt 46* den *Acht Airgeadais (Uimh. 2) 2008*).”,

agus

(c) in alt 146 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-ailt (1) agus (2):

“(1) Aon duine arb éagóir leis nó léi—

(a) cinneadh a dhéanfaidh na Coimisinéirí faoi alt 145, nó

(b) measúnacht arna déanamh ar an duine sin faoi alt 99A (a chuirtear isteach le *halt 46* den *Acht Airgeadais (Uimh. 2) 2008*),

féadfaidh sé nó sí, de réir an ailt seo, achomharc a dhéanamh chuig na gCoimisinéirí Achomhairc i gcoinne an chinnidh nó na measúnachta sin, agus beidh an t-achomharc le héisteacht agus le cinneadh ag na Coimisinéirí Achomhairc agus is cinneadh críochnaitheach dochloíte cinneadh na gCoimisinéirí Achomhairc mura gceanglaítear cás a shonrú i ndáil leis le tuairim na hArd-Chúirte a fháil ar phonc dlí.

(2) Aon duine a bheartaíonn achomharc a dhéanamh faoin alt seo i gcoinne cinnidh a dhéanfaidh na Coimisinéirí, nó i gcoinne measúnachta faoi alt 99A, déanfaidh sé nó sí, laistigh de 30 lá—

(a) ón tráth a gheofar an fógra maidir leis an gcinneadh sin nó ó dheireadh na teorann ama chun an cinneadh sin a dhéanamh, cibé acu is luaithe, nó

(b) ón tráth a gheofar an fógra maidir leis an measúnacht sin,

fógra i scríbhinn á rá go bhfuil beartaithe aige nó aici déanamh amhlaidh a thabhairt do na Coimisinéirí.”

Rátaí cánach ola mianra.

**47.—Leasaítear an tAcht Airgeadais 1999—**

(a) le héifeacht amháil ar an agus ón 15 Deireadh Fómhair 2008 tríd méid seo a leanas a chur in ionad Sceideal 2 a ghabhann leis an Acht sin (arna leasú le halt 59(a) den Acht Airgeadais 2007):

“SCEIDEAL 2

RÁTAÍ CÁNACH OLA MIANRA

Le héifeacht ar an agus ón 15 Deireadh Fómhair 2008

Tuairisc na hOla Mianra	An Ráta Cánach
<i>Ola Éadrom:</i>	
Peitreal le luaidhe	€553.04 an 1,000 lítear
Peitreal díluaidhe	€508.79 an 1,000 lítear
Sárpheitreal díluaidhe	€547.79 an 1,000 lítear
Gásailín eitifóchta	€276.52 an 1,000 lítear
<i>Ola Throm:</i>	
A úsáidtear mar thiomántán ina bhfuil cion uasta sulfair 50 milleagram an cileagram	€368.05 an 1,000 lítear
Ola throm eile a úsáidtear mar thiomántán	€420.44 an 1,000 lítear
Ceirísín a úsáidtear ar shlí seachas mar thiomántán	€00.00
Ola bhreosla	€14.78 an 1,000 lítear
Ola throm eile	€47.36 an 1,000 lítear

Tuairisc na hOla Mianra	An Ráta Cánach
<i>Gás Peitriilium Leachtaithe:</i>	
A úsáidtear mar thiomántán	€63.59 an 1,000 lítear
Gás peitriilium leachtaithe eile	€00.00
<i>Gual:</i>	
Le haghaidh úsáide gnó	€4.18 an tona
Le haghaidh úsáide eile	€8.36 an tona

”

agus

- (b) le héifeacht amhail ar an agus ón 1 Samhain 2008 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad Sceideal 2 a ghabhann leis an Acht sin (arna leasú le *mír (a)*):

## “SCEIDEAL 2

## RÁTAÍ CÁNACH OLA MIANRA

Le héifeacht amhail ar an agus ón 1 Samhain 2008

Tuairisc na hOla Mianra	An Ráta Cánach
<i>Ola Éadrom:</i>	
Peitreal	€508.79 an 1,000 lítear
Gásailín eitlíochta	€508.79 an 1,000 lítear
<i>Ola Throm:</i>	
A úsáidtear mar thiomántán	€368.05 an 1,000 lítear
A úsáidtear le haghaidh aerloingseoireachta	€368.05 an 1,000 lítear
A úsáidtear le haghaidh loingseoireachta áineasa príobháidí	€368.05 an 1,000 lítear
Ceirísín a úsáidtear ar shlí seachas mar thiomántán	€00.00
Ola bhreosla	€14.78 an 1,000 lítear
Ola throm eile	€47.36 an 1,000 lítear
<i>Gás Peitriilium Leachtaithe:</i>	
A úsáidtear mar thiomántán	€63.59 an 1,000 lítear
Gás peitriilium leachtaithe eile	€00.00
<i>Gual:</i>	
Le haghaidh úsáide gnó	€4.18 an tona
Le haghaidh úsáide eile	€8.36 an tona

”

Leasú ar Chaibidil 1  
(cáin ola mianra) de  
Chuid 2 den Acht  
Airgeadais 1999.

**48.**—Leasaítear Caibidil 1 de Chuid 2 den Acht Airgeadais 1999—

- (a) in alt 94(1) trí na mínithe ar “uimhir ochtáin mótair” agus “uimhir ochtáin taighde” a scriosadh,
- (b) in alt 96(2A)—
  - (i) i mír (a) tríd an bhfocal “dfluaidhe” a scriosadh sa dá áit ina bhfuil sé,
  - (ii) i mír (b) trí na focail “agus a bhfuil cion sulfair uasta ann mar a fhoráiltear sa Sceideal sin” a scriosadh,
- (c) in alt 97B(3) trí “méid arna ríomh de réir ráta €232.27 an 1,000 lítear ar an gcainníocht a úsáideadh” a chur in ionad “an méid cánach ola mianra a íocadh lúide méid arna ríomh de réir ráta €166.16 an 1,000 lítear”.

Leasú ar Chaibidil 1  
(cáin leictreachais)  
de Chuid 2 den  
Acht Airgeadais  
2008.

**49.**—Leasaítear Caibidil 1 de Chuid 2 den Acht Airgeadais 2008—

- (a) in alt 60 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

“(5) (a) Más rud é, an tráth a thugtar an tuairisceán faoi fho-alt (1), nach mbeidh an fhaisnéis uile is gá ag soláthróir chun an dliteanas cánach a chinneadh i leith soláthairtí a dhéantar i rith an 2 mhí dheireanacha de thréimhse chuntasaíochta, féadfar an tuairisceán a chríochnú ar bhonn meastacháin ar an dliteanas sin.

(b) I gcás go mbeidh feidhm ag mír (a), déanfaidh an soláthróir, a luaithe a bheidh an fhaisnéis is gá ar fáil agus ar a dhéanaí laistigh de 3 mhí ó dheireadh na tréimhse cuntasaíochta, tuairisceán deiridh a chur isteach don tréimhse chuntasaíochta sin agus aon cháin a bheidh gan íoc, a íoc.

(c) Ní mhuirearófar aon ús ar aon mhéid cánach a íoctar de réir mhír (b), i gcás nach mó an méid sin ná 5 faoin gcéad den dliteanas iomlán cánach don bhliain féilire.”,

- (b) i mír (c) d’fho-alt (4) d’alt 63 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (ii):

“(ii) Chun críocha fhomhír (i), is iad na sonraí ar an meascadh breosla na sonraí sin i leith na bliana is déanaí, ag deireadh na tréimhse cuntasaíochta lena mbaineann sa tuairisceán, ar fhoilsigh an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh sonraí den sórt sin ina leith.”,

agus

(c) in alt 64 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) (a) Déanfar aisíocaíochtaí i leith faoisimh faoi mhíreanna (b) agus (c) d’fho-alt (1) d’alt 63 le soláthróir an leictreachais lena mbaineann.

(b) Déanfar aisíocaíochtaí i leith faoisimh faoi mhír (d) d’fho-alt (1) d’alt 63 le tomhaltóir an leictreachais lena mbaineann.”.

**50.**—Leasaítear an tAcht Airgeadais 2003 le héifeacht amhail ar an agus ón 15 Deireadh Fómhair 2008 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad Sceideal 2 a ghabhann leis an Acht sin: Rátaí cánach táirgí alcóil.

### “SCEIDEAL 2

#### RÁTAÍ CÁNACH TÁIRGÍ ALCÓIL

(Le héifeacht amhail ar an agus ón 15 Deireadh Fómhair 2008)

Tuairisc an Táirge	An Ráta Cánach
<i>Biotáille:</i>	€39.25 an lítear alcóil sa bhiotáille
<i>Beoir:</i>	
Is mó ná 0.5% toirte ach nach mó ná 1.2% toirte	€0.00
Is mó ná 1.2% toirte ach nach mó ná 2.8% toirte	€9.93 an heictilítear faoin gcéad d’alcól sa bheoir
Is mó ná 2.8% toirte	€19.87 an heictilítear faoin gcéad d’alcól sa bheoir
<i>Fíon:</i>	
Neamhdhrithleach agus drithleach, nach mó ná 5.5% toirte	€109.34 an heictilítear
Neamhdhrithleach, is mó ná 5.5% toirte ach nach mó ná 15% toirte	€328.09 an heictilítear
Neamhdhrithleach, is mó ná 15% toirte	€476.06 an heictilítear
Drithleach, is mó ná 5.5% toirte	€656.18 an heictilítear
<i>Deochanna Giosáilte Eile:</i>	
<i>(1) Leann Úll agus Leann Piorraí:</i>	
Neamhdhrithleach agus drithleach, nach mó ná 2.8% toirte	€41.62 an heictilítear
Neamhdhrithleach agus drithleach, is mó ná 2.8% toirte ach nach mó ná 6.0% toirte	€83.25 an heictilítear
Neamhdhrithleach agus drithleach, is mó ná 6.0% toirte ach nach mó ná 8.5% toirte	€192.47 an heictilítear
Neamhdhrithleach, is mó ná 8.5% toirte	€273.00 an heictilítear
Drithleach, is mó ná 8.5% toirte	€546.01 an heictilítear

Tuairisc an Táirge	An Ráta Cánach
<i>(2) Deochanna seachas Leann Úll agus Leann Piorraí:</i>	
Neamhdhrithleach agus Drithleach, nach mó ná 5.5% toirte	€109.34 an heictilítear
Neamhdhrithleach, is mó ná 5.5% toirte	€328.09 an heictilítear
Drithleach, is mó ná 5.5% toirte	€656.18 an heictilítear
<i>Deochanna Idirmheánacha:</i>	
Neamhdhrithleach, nach mó ná 15% toirte	€328.09 an heictilítear
Neamhdhrithleach, is mó ná 15% toirte	€476.06 an heictilítear
Drithleach	€656.18 an heictilítear

”.

Leasú ar alt 78A (faoiseamh do ghrúdlanna beaga) den Acht Airgeadais 2003.

**51.**—Leasaítear alt 78A (arna leasú le halt 73 den Acht Airgeadais 2008) den Acht Airgeadais 2003 i bhfo-alt (1) trí “i gcás beorach atá faoi réir cánach táirgí alcóil de réir an ráta i gcomhair beorach is mó ná 2.8% toirte, déanfar faoiseamh de réir leath an mhéid cánach táirgí alcóil a íoctar ar an mbeoir sin,” a chur in ionad “déanfar faoiseamh de réir leath an mhéid cánach táirgí alcóil a íoctar ar bheoir,”.

Rátaí cánach táirgí tobac.

**52.**—Leasaítear an tAcht Airgeadais 2005 le héifeacht amhail ar an agus ón 15 Deireadh Fómhair 2008 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad Sceideal 2 a ghabhann leis an Acht sin (arna leasú le halt 74 den Acht Airgeadais 2008):

## “SCEIDEAL 2

### RÁTAÍ CÁNACH TÁIRGÍ TOBAC

(Le héifeacht amhail ar an agus ón 15 Deireadh Fómhair 2008)

Tuairisc an Táirge	An Ráta Cánach
Toitíní	€175.30 an míle i dteannta méid atá combhionann le 18.28 faoin gcéad den phraghas ar a miondíoltar na toitíní
Todóga	€250.729 an cileagram
Tobac mínghearrtha chun toitíní a rolladh	€211.578 an cileagram
Tobac eile chun a chaite ina dheatach	€173.946 an cileagram

”.

Leasú ar alt 67 (dleacht gealltóireachta) den Acht Airgeadais 2002.

**53.**—(1) Leasaítear alt 67 den Acht Airgeadais 2002 (arna leasú le halt 90 den Acht Airgeadais 2006)—

(a) i bhfo-alt (1) trí “2 faoin gcéad” a chur in ionad “1 faoin gcéad”, agus

(b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):



“(1A) D’fhonn amhras a sheachaint, beidh dleacht gealltóireachta a fhorchuirtear le fo-alt (1) inmhuirearaithe ar gach geall a chuirfidh duine le geallghlacadóir in áitreabh cláraithe an gheallghlacadóira, is cuma cén modh ar a gcuirtear an geall.”

(2) Tiocfaidh fo-alt (1)(a) i ngníomh an 1 Bealtaine 2009.

**54.**—Ní bheidh éifeacht le halt 71(2) (a cuireadh isteach le halt 91 den Acht Airgeadais 2006) den Acht Airgeadais 2002 i leith dleachta gealltóireachta a thiocfaidh chun bheith dlite an 1 Eanáir 2009 nó dá éis.

Leasú ar alt 71 (dleacht gealltóireachta a íoc) den Acht Airgeadais 2002.

**55.**—(1) San alt seo—

Cáin aerthaistil.

ciallaíonn “aerárthach” aerárthach atá in ann 20 paisinéir nó níos mó a iompar, ach ní fholaíonn sé aerárthach a úsáidtear chun críocha Stáit nó míleata;

ciallaíonn “oibritheoir aerlíne” oibritheoir nó úinéir cláraithe aerárthaigh a thairgeann nó a oibríonn seirbhís paisinéirí aeir;

ciallaíonn “aerfort” aerfort de réir bhrí an Achta Aerloingseoireachta agus Aeriompair (Leasú) 1998, ach ní fholaíonn sé aerfort ar lú ná 10,000 líon na n-imeachtaí paisinéirí amach as sa bhliain féilire roimhe sin;

ciallaíonn “údarás aerfoirt” an duine ar leis nó léi, go hiomlán nó go páirteach, nó an duine a bhainistíonn, ina aonar nó ina haonar nó i gcomhpháirt le duine eile, aerfort lena mbaineann forálacha an Achta Aerloingseoireachta agus Aeriompair (Leasú) 1998;

ciallaíonn “foireann” foireann eitilte agus freastalaithe cábáin eitilte;

ciallaíonn “Coimisinéirí” na Coimisinéirí Ioncaim;

ciallaíonn “duine míchumasaithe” aon duine a bhfuil a shoghluaisteacht nó a soghluaisteacht le linn dó nó di iompar a úsáid laghdaithe mar gheall ar aon mhíchumas coirp (céadfaí nó gluaisluaile, buan nó sealadach), míchumas nó mallachar intleachtúil, nó aon chúis mhíchumais eile, nó aois, agus ar gá aird chuí a thabhairt ar a riocht agus an tseirbhís a chuirtear ar fáil do gach paisinéir a oiriúnú dá riachtanais áirithe;

ciallaíonn “soláthróir láimhsithe ar talamh” soláthróir seirbhísí láimhsithe ar talamh de réir bhrí Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar an Margadh Láimhsithe ar Talamh in Aerfoirt Chomhphobail) 1998 (I.R. Uimh. 505 de 1998);

ciallaíonn “oifigeach” oifigeach do na Coimisinéirí;

ciallaíonn “paisinéir” duine, seachas duine d’fhoireann an aerárthaigh (lena n-áirítear aon fhoireann faoisimh), a bheidh ag taisteal ar aerárthach, ach ní fholaíonn sé—

- (a) duine míchumasaithe a bhfuil cúnadh iarrtha aige nó aici ar an oibritheoir aerlíne de réir Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006<sup>1</sup> agus leas bainte aige nó aici as an gcúnadh sin, nó an duine atá ag taisteal in éineacht leis an duine

<sup>1</sup>IO Uimh. L204 de 26 Iúil 2006, lch 1.

míchumasaithe chun aire nó cúnamh a thabhairt don duine míchumasaithe,

- (b) duine faoi bhun 2 bhliain d’aois nach n-áitíonn ceann de na suíocháin a sholáthraítear do phaisinéirí ar aerárthach,
- (c) paisinéir idirthurais nó aistrithe;

ciallaíonn “úinéir cláraithe”, i ndáil le haerárthach, an duine atá cláraithe mar úinéir an aerárthaigh—

- (a) sa chlár a bunaíodh faoi alt 58 den Acht um Údarás Eitlíochta na hÉireann 1993, nó
- (b) i gclár (cibé ainm a thugtar air) de chuid stáit eile a fhreagraíonn don chlár a bunaíodh amhlaidh;

ciallaíonn “paisinéir aistrithe” paisinéir a shroicheadh aerfort ar eitilt agus a imíonn as an aerfort ar eitilt eile chuig aerfort seachas an t-aerfort inar thosaigh turas an phaisinéara, i gcás gur cuid d’áirithint shingil an dá eitilt agus i gcás nach faide ná 6 huairé an chloig an fad ama idir an tráth sceidealta a mbeidh an eitilt le teacht chuig an aerfort agus an tráth sceidealta a mbeidh an eitilt le himeacht ón aerfort sin;

ciallaíonn “paisinéir idirthurais” paisinéir atá ar bord aerárthaigh a thuirlingíonn ag aerfort i gcúrsa a thurais agus a leanann dá thuras nó dá turas ar an aerárthach sin.

- (2) (a) Faoi réir fhorálacha an ailt seo agus aon rialachán arna ndéanamh faoin alt seo, déanfar dleacht máil, ar a dtabharfar cáin aerthaistil, a mhuirearú, a thobhach agus a íoc i leith gach imeacht paisinéara ar aerárthach ó aerfort an 30 Márta 2009, nó dá éis.
- (b) Déanfar cáin aerthaistil a mhuirearú, a thobhach agus a íoc faoi threoir an fhaid slí idir áit imeachta na heitilte agus an áit a chríochnaíonn an eitilt, de réir ráta—
  - (i) €2 i gcás eitilte ó aerfort go dtí ceann scríbe atá suite in áit nach faide ná 300 ciliméadar ó Aerfort Bhaile Átha Cliath,
  - (ii) €10 in aon chás eile.
- (c) Tiofadh cáin aerthaistil chun bheith dlite an tráth a imeoidh paisinéir as aerfort ar aerárthach.
- (d) Beidh oibritheoir aerlíne cuntasach sa cháin aerthaistil, agus dlífidh sé an cháin a íoc, i leith paisinéirí a imeoidh ar aerárthaí dá chuid nó dá cuid, agus féadfaidh na Coimisinéirí a cheangal ar oibritheoir aerlíne urrús a sholáthar go n-íocfar cáin aerthaistil.
- (e) Má mhainníonn oibritheoir aerlíne cibé urrús a cheanglóidh na Coimisinéirí faoi *mhír (d)* a sholáthar, féadfaidh na Coimisinéirí fógra a sheirbheáil ar sholáthróir láimhsithe ar talamh an oibritheora aerlíne sin á chur in iúl, amhail ar an agus ón dáta a shonrófar san fhógra, go ndlíonn an soláthróir láimhsithe ar talamh cáin aerthaistil a íoc agus go mbeidh sé cuntasach inti i leith imeachtaí ar aerárthaí arna n-oibriú ag an oibritheoir aerlíne.

(3) Déanfaidh gach oibritheoir aerlíne lena mbaineann *fo-alt* (2)(d) clárú leis na Coimisinéirí de réir cibé nósanna imeachta a shonróidh na Coimisinéirí i rialacháin faoi *fho-alt* (5) nó a fhorchuirfidh siad ar shlí eile.

(4) Gach duine a dhlíonn cáin aerthaistil a íoc, déanfaidh sé nó sí, laistigh de 20 lá nó cibé tréimhse eile a chinneadh na Coimisinéirí, tuairisceán ceart cruinn a thabhairt do na Coimisinéirí ina dtaispeánfar an líon imeachtaí paisinéirí le linn na míosa roimhe sin nó le linn cibé tréimhse eile arna cinneadh amhlaidh, agus cibé faisnéis eile a bheidh ag teastáil ó na Coimisinéirí, agus déanfaidh sé nó sí, an tráth céanna, an méid cánach aerthaistil is iníoctha aige nó aici i leith na míosa nó na tréimhse sin a chur ar aghaidh chuig na Coimisinéirí.

(5) (a) Féadfaidh na Coimisinéirí rialacháin a dhéanamh chun éifeacht a thabhairt don alt seo agus chun cáin aerthaistil a bhainistiú, a áirithiú agus a bhailiú nó chun an t-ioncam a gheofar ón gcáin sin a chosaint.

(b) Go háirithe, ach gan dochar do ghinearáltacht *mhír* (a), féadfar, le rialacháin faoin bhfo-alt seo, foráil a dhéanamh—

(i) maidir le cáin aerthaistil a áirithiú, a íoc, a bhailiú, a chur ar aghaidh agus a aisíoc,

(ii) maidir le hoibritheoirí aerlíne do thabhairt tuairisceáin i ndáil le cáin aerthaistil,

(iii) chun a cheangal ar oibritheoir aerlíne, ar sholáthróir láimhsithe ar talamh nó ar údarás aerfoirt cibé cuntais agus taifid (lena n-áirítear taifid i bhfoirm mheaisín-inléite) is iomchuí maidir le cáin aerthaistil a shonrófar, a choimeád ar mhodh sonraithe agus a chaomhnú go ceann tréimhse sonraithe, agus a cheadú d'aon oifigeach na cuntais agus na taifid sin a iniúchadh agus cóipeanna a dhéanamh díobh nó sleachta a thógáil astu (lena n-áirítear, i gcás taifead i bhfoirm mheaisín-inléite, cóipeanna i bhfoirm inléite).

(6) (a) Is cion é faoin bhfo-alt seo d'aon duine aon fhoráil den alt seo, nó aon rialachán arna dhéanamh faoi *fho-alt* (5), nó aon choinníoll a fhorchuirtear faoin alt seo nó faoi rialachán den sórt sin i ndáil leis an bhforáil sin, a shárú nó mainneachtain déanamh dá réir.

(b) Gan dochar d'aon phionós eile a bhféadfadh duine a bheith faoi dhliteanas ina leith, aon duine a chiontófar i gcion faoi *mhír* (a), dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil €5,000 a chur air nó uirthi.

(c) I gcás cion faoi *mhír* (a) a bheith déanta ag comhlacht corpraithe agus go gcruthófar go ndearnadh an cion le toiliú nó le cúlcheadú aon duine a bhí, tráth déanta an chion, ina stiúrthóir, ina bhainisteoir nó ina bainisteoir, ina rúnaí nó ina oifigeach eile nó ina hoifigeach eile de chuid an chomhlachta chorpraithe, nó ina chomhalta nó ina comhalta de choiste bainistíochta nó d'údarás rialaithe eile an chomhlachta chorpraithe, measfar an duine sin a bheith ciontach i gcion freisin agus féadfar imeachtaí a thionscnamh ina choinne nó ina coinne agus

é nó í a phionósú amhail is dá mbeadh sé nó sí ciontach sa chion céadluaite.

(7) Déantar cáin aerthaistil a fhorchuirtear leis an alt seo a chur faoi chúram agus faoi bhainistiú na gCoimisinéirí.

Leasú ar alt 7  
(ceadúnaisí  
geallghlacadóirí do  
thabhairt amach)  
den Acht um  
Gheall-Chur 1931.

**56.**—Leasaítear alt 7 den Acht um Gheall-Chur 1931—

- (a) trí fho-alt (2) a scriosadh, agus
- (b) i bhfo-alt (4) trí “agus beidh greamuithe dhe an ghriandealbh den duine sin gur gá do réir an ailt seo go ndéanfadh an duine sin í chur isteach i dteanta an iarratais ar an gceadúnas san” a scriosadh.

Aisghairm a  
bhaineann le dlí  
máil.

**57.**—(1) Déantar na hachtacháin atá leagtha amach i *Sceideal 1* a aisghairm a mhéid a luaitear sa tríú colún os coinne na tagartha don achtachán lena mbaineann.

(2) Tiocfaidh *fo-alt (1)* i ngníomh cibé lá a cheapfaidh an tAire Airgeadais le hordú.

Ceadúnais  
mhórdhíoltóirí.

**58.**—Scoirfidh mír 4 de Chuid B (a bhaineann le ceadúnais mhórdhíoltóirí) den Chéad Sceideal a ghabhann leis an *Finance (1909-10) Act 1910* d’éifeacht a bheith léi.

Méaduithe ar  
dhleachtanna ar  
cheadúnais áirithe  
deochanna  
meisciúla.

**59.**—(1) San alt seo ciallaíonn “alt 43” alt 43 den *Finance (1909-10) Act 1910*.

(2) Déanfar na dleachtanna máil a fhorchuirtear—

- (a) le halt 43 ar na ceadúnais chun deochanna meisciúla a shonraítear sa Chéad Sceideal a ghabhann leis an *Finance (1909-10) Act 1910* a mhonarú nó a dhíol, seachas ar-cheadúnas atá le baint amach gach bliain ag miondhíoltóir biotáille, agus
- (b) le halt 10(3) den Acht Airgeadais 1940 ar cheadúnas atá le baint amach gach bliain ag gach duine a dhéanann leann úll nó leann piorraí lena dhíol,

a mhuirearú, a thobhach agus a íoc de réir na rátaí atá sonraithe sa tríú colún de *Sceideal 2* ar gach ceadúnas de thuairisc atá leagtha amach sa *dara colún* den Sceideal sin os coinne an ráta atá leagtha amach sa tríú colún in ionad na rátaí a shonraítear iontu seo a leanas—

- (i) Cuid 1 den Séú Sceideal a ghabhann leis an Acht Airgeadais 1992 i gcás ceadúnas seachas eisheadúnais mhiondhíoltóirí,
  - (ii) an Tábla a ghabhann le halt 75 den Acht Airgeadais 2008 i gcás eisheadúnas miondhíoltóirí.
- (3) (a) Déanfar na dleachtanna máil a fhorchuirtear le halt 43 ar ar-cheadúnais miondhíoltóirí biotáille, i leith na gceadúnas a shonraítear i mír (b), a mhuirearú, a thobhach agus a íoc de réir na rátaí a shonraítear i mír (b).

- (b) Is mar seo a leanas a bheidh na rátaí dleachta ar na ceadúnais dá dtagraítear i *mír (a)*—
- (i) i gcás ceadúnas a dheonú tráth a athnuachana faoi alt 9 den Acht Deochanna Meisciúla 1988, ráta dleachta €500 in ionad an ráta a shonraítear in alt 155(2)(b)(i) den Acht Airgeadais 1992;
  - (ii) i gcás ceadúnas a dheonú faoi alt 7 den *Excise Act* 1835, dleacht €500 in ionad an ráta a shonraítear in alt 155(2)(b)(ii) den Acht Airgeadais 1992;
  - (iii) i gcás ceadúnas a dheonú nó a athnuachan faoi alt 25 den Acht Deocha Meisciúla 1943, dleacht €500 in ionad an ráta a shonraítear in alt 155(2)(b)(iia) (a cuireadh isteach le halt 78 den Acht Airgeadais 1993) den Acht Airgeadais 1992;
  - (iv) i gcás ceadúnas a dheonú nó a athnuachan faoi alt 2 den Acht Deocha Meisciúla 1946, ráta €500 in ionad an ráta a shonraítear in alt 155(2)(b)(iib) (a cuireadh isteach le halt 78 den Acht Airgeadais 1993) den Acht Airgeadais 1992;
  - (v) i gcás ceadúnas a dheonú faoi alt 44 den Acht um Thrácht Cuartaíochta 1952, nó i gcás an ceadúnas sin a athnuachan go cuí, ráta €500 in ionad an ráta a shonraítear in alt 155(2)(b)(iic) (a cuireadh isteach le halt 78 den Acht Airgeadais 1993) den Acht Airgeadais 1992;
  - (vi) i gcás ceadúnas a dheonú nó a athnuachan faoi alt 18 den Acht Deochanna Meisciúla 1962, ráta €500 in ionad an ráta a shonraítear in alt 155(2)(b)(iid) (a cuireadh isteach le halt 78 den Acht Airgeadais 1993) den Acht Airgeadais 1992;
  - (vii) i gcás ceadúnas a dheonú nó a athnuachan faoi alt 65 den Acht um Thionscal Rásaíochta Capall na hÉireann 1994, ráta €500 in ionad an ráta a shonraítear in alt 111 den Acht Airgeadais 1995.
- (4) Maidir leis na dleachtanna máil a fhorchuirtear leo seo a leanas—
- (a) alt 171(1) den Acht Airgeadais 2001 ar cheadúnas arna dheonú faoi alt 2 den Acht Deochanna Meisciúla (An Ceoláras Náisiúnta) 1983 agus ar gach ceadúnas den sórt sin a athnuachan go cuí, déanfar iad a mhuirearú, a thobhach agus a íoc de réir ráta €500 in ionad an ráta a shonraítear in alt 171(1);
  - (b) alt 105(1) den Acht Airgeadais 2000 ar cheadúnas arna dheonú faoi alt 62 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta 1997 agus ar gach ceadúnas den sórt sin a athnuachan go cuí, déanfar iad a mhuirearú, a thobhach agus a íoc de réir ráta €500 in ionad an ráta a shonraítear in alt 105(1);
  - (c) alt 21(5) den Acht Deochanna Meisciúla 2003 ar cheadúnas arna dheonú faoi alt 21(3) den Acht sin agus ar gach ceadúnas den sórt sin a athnuachan go cuí,

déanfar iad a mhuirearú, a thobhach agus a íoc de réir an ráta €500 in ionad ráta a shonraítear in alt 21(5).

Leasú ar alt 130 (léiriú) den Acht Airgeadais 1992.

**60.**—Leasaítear alt 130 den Acht Airgeadais 1992—

- (a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar ‘astaíochtaí CO<sub>2</sub>’:

“ciallaíonn ‘astaíochtaí CO<sub>2</sub>’ an leibhéal astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin (CO<sub>2</sub>) atá ag feithicil, ar leibhéal é arna thomhas de réir fhorálacha Threoir 80/1268/CEE an 16 Nollaig 1980<sup>1</sup> ón gComhairle (arna leasú) agus arna liostú in Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Treoir 70/156/CEE an 6 Feabhra 1970<sup>2</sup> ón gComhairle (arna leasú) agus arna thaispeáint de réir fhorálacha Threoir 1999/94/CE an 13 Nollaig 1999<sup>3</sup> ón gComhairle (arna leasú) agus atá ar áireamh sa deimhniú iomchuí cineál-cheadaithe CE nó sa deimhniú iomchuí comhréireachta CE nó in aon doiciméid chuí eile, lena ndaingnítear comhlíonadh aon bheart arna ndéanamh chun éifeacht a thabhairt sa Stát d’aon ionstraim de chuid na gComhphobal Eorpach a bhaineann le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát i leith cineál-cheadaithe don chineál feithicle lena mbaineann;”

- (b) trí “gluaisrothar” a chur in ionad “dhárothach, trírothach, nó ceathair-rothach a thiomáintear le hinneall nó le mótar nó le gabhálás chun é a thiomáint le cumhacht mheicniúil, cibé acu atá nó nach bhfuil an gabhálás á úsáid, móipéid, scútar agus uathrothar,” sa mhíniú ar ‘feithicil inneallghluaiste’, agus

- (c) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “ghluisrothar”:

“ciallaíonn ‘gluaisrothar’ feithicil inneallghluaiste is dhárothach, trírothach, nó ceathair-rothach a thiomáintear le hinneall nó le mótar nó le gabhálás chun é a thiomáint le cumhacht mheicniúil, cibé acu atá nó nach bhfuil an gabhálás á úsáid, móipéid, scútar agus uathrothar.”

Leasú ar alt 131 (na Coimisinéirí Ioncaim do chlárú feithiclí) den Acht Airgeadais 1992.

**61.**—(1) Leasaítear alt 131 den Acht Airgeadais 1992 i bhfo-alt (1) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (b):

“(ba) (i) Maidir le feithicil a thagann faoi réim aon eárnála áirithe feithicle atá forordaithe chun críocha na míre seo nó a thagann faoi réim aon aicme eile feithicle atá forordaithe, féadfaidh na Coimisinéirí, mar choinníoll i dtaca le clárú, daingniú a éileamh de réir na míre seo maidir leis an bhfeithicil sin—

- (i) gur feithicil inneallghluaiste mar a mhínítear in alt 130 í, agus

- (ii) go gcomhlíonann sí aon ní a fhorordaítear chun críocha fhomhír (ii)(II).

<sup>1</sup>IO Uimh. L375 an 31 Nollaig, 1980 lch. 36

<sup>2</sup>IO Uimh. L42 an 23 Feabhra, 1970 lch 1

<sup>3</sup>IO Uimh. L12 an 18 Eanáir 2000, lch. 16

- (ii) Féadfaidh na Coimisinéirí pearsa aonair nó comhlacht amháin (dá ngairtear ‘duine inniúil’ sa mhír seo) nó níos mó a cheapadh chun scrúdú réamhchlárúcháin a dhéanamh ar an bhfeithicil lena mbaineann fomhír (i)—
  - (I) chun a chinneadh an feithicil inneallghluaiste chun críocha alt 130 gach feithicil a scrúdaítear go cuí faoin mír seo nó nach ea, agus
  - (II) chun a fhionnadh cibé acu atá nó nach bhfuil cibé nithe forordaithe eile (is nithe a gceanglaítear iad a fhionnadh) comhlíonta is gá—
    - (A) chun an fheithicil lena mbaineann a chlárú, agus
    - (B) le haghaidh oibriú cuí cánach cláraithe feithiclí.
- (iii) I gcás ina n-éileoidh na Coimisinéirí daingniú i leith feithicle mar a fhoráiltear le fomhír (i), ansin ní chláróidh siad an fheithicil gan ráiteas arna eisiúint ag duine inniúil a thabhairt ar aird á rá maidir leis an bhfeithicil—
  - (i) gur feithicil inneallghluaiste í, agus
  - (ii) go gcomhlíonann sí aon ní atá forordaithe chun críocha fhomhír (ii)(II) agus a bhaineann leis an bhfeithicil.
- (iv) Déanfar an táille a bheidh le muirearú ag an duine inniúil i leith scrúdú a dhéanamh ar fheithicil a chomhaontú leis na Coimisinéirí. Féadfar táillí éagsúla a chomhaontú amhlaidh i leith cineálacha éagsúla scrúdaithe agus earnálacha éagsúla nó aicmí eile feithiclí. Is é nó is í an duine a thabharfaidh an fheithicil lena mbaineann i láthair le go ndéanfar scrúdú réamhchlárúcháin uirthi a íocfaidh an táille. Déanfar an táille a chreidiúnú in aghaidh na cánach cláraithe feithicle is iníoctha i leith chlárú na feithicle ach ní dhéanfar aon táillí, muirir nó costais eile a thabhóidh an duine a thabharfaidh an fheithicil i láthair le go ndéanfar scrúdú uirthi a chreidiúnú amhlaidh.
- (v) Déanfaidh duine inniúil de réir aon teoracha agus ordachán a thabharfaidh na Coimisinéirí Ioncaim don duine sin chun críocha na míre seo.
- (vi) Féadfaidh na Coimisinéirí ceapachán duine inniúil a chúlghairm.”.

(2) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh an 1 Eanáir 2010.

Leasú ar alt 132  
(dleacht mháil a  
mhuirearú) den  
Acht Airgeadais  
1992.

**62.**—Leasaítear alt 132 den Acht Airgeadais 1992—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (2):

“(2) Tiocfaidh cáin cláraithe feithiclí chun bheith dlite, agus íocfaidh duine díobh seo a leanas í, an tráth a chláraítear feithicil nó an tráth a dhéantar an dearbhú faoi alt 131(3), de réir mar is cuí—

(a) duine údaraithe de réir alt 136(5)(b),

(b) an duine a chláraíonn an fheithicil,

(c) an duine rinne an fheithicil a athchóiriú i gcás nár dearbhaíodh na sonraí forordaithe i ndáil leis an athchóiriú do na Coimisinéirí de réir alt 131(3),

(d) an duine atá i seilbh na feithicle is feithicil athchóirithe nár dearbhaíodh do na Coimisinéirí í de réir alt 131(4),

agus más rud é, faoi mhíreanna (a) go (d), go ndlífidh níos mó ná aon duine amháin den sórt sin, in aon chás, dliteanas cánach cláraithe feithiclí a íoc, ansin beidh na daoine sin faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach.”,

agus

(b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(3A) D’ainneoin fho-alt (3), i gcás gurb é tuairim na gCoimisinéirí nár cláraíodh feithicil an tráth a shonraítear i Rialachán 8 de na Rialacháin um Chlárú agus Cánachas Feithiclí 1992 (I.R. Uimh. 318 de 1992), déanfar an méid cánach cláraithe feithiclí a bheidh dlite agus iníoctha de réir fho-alt (3) a mhéadú de mhéid a ríomhfar de réir na foirmle seo a leanas:

$$A \times P \times N$$

i gcás—

gurb é A an méid cánach cláraithe feithiclí a ríomhfar de réir fho-alt (3),

gurb é P 0.1 faoin gcéad, agus

gurb é N an líon laethanta ón dáta ar chóir an fheithicil a chlárú de réir Rialachán 8 de na Rialacháin um Chlárú agus Cánachas Feithiclí 1992 agus an dáta ar cláraíodh an fheithicil.”.

Leasú ar alt 134  
(buanfhaoisimh)  
den Acht  
Airgeadais 1992.

**63.**—(1) Leasaítear alt 134 den Acht Airgeadais 1992—

(a) i bhfo-alt (7) trí “D’fhonn amhras a sheachaint, ní fholáíonn an gnó arb éard é fruiliú feithiclí, agus measfar nár fholáigh sé riamh, feithiclí a fhuiliú ar soláthar iad den chineál a shonraítear i mír (i)(e) den Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht Cánach Breisluacha 1972, i leith



feithiclí arna soláthar de bhun comhaontaithe de réir alt 3(1)(b) den Acht sin.” a chur isteach i ndiaidh “teorainneacha forordaithe.”,

- (b) i bhfo-alt (11) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (b) (seachas an coinníoll a ghabhann leis an mír sin):

“(b) I mír (a) ciallaíonn ‘conarthaí féintiomána gearrthéarma’ conarthaí faoina bhfruilítear feithiclí le daoine chun go dtiomáinfidís iad ar feadh aon téarma nó cuid de théarma, ar téarma é, nuair a chuirtear é le téarma aon fhruilithe den sórt sin ar an bhfeithicil chéanna nó ar aon fheithicil eile leis an duine céanna, nach mó ná 5 seachtaine in aon tréimhse 6 mhí ó dháta thosach feidhme an fhruilithe deiridh.”,

agus

- (c) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (14):

“(15) (a) Laghdófar méid na haisíocaíochta dá dtagraítear i bhfo-alt (11)(a) de 33 faoin gcéad i gcomhair feithiclí a tharraingeofar siar ó charrfhruilíú gearrthéarma le linn na tréimhse 1 Deireadh Fómhair 2009 go 30 Meán Fómhair 2010.

(b) Laghdófar méid na haisíocaíochta dá dtagraítear i bhfo-alt (11)(a) de 66 faoin gcéad i gcomhair feithiclí a tharraingeofar siar ó charrfhruilíú gearrthéarma le linn na tréimhse 1 Deireadh Fómhair 2010 go 30 Meán Fómhair 2011.”.

(2) Déantar alt 134 den Acht Airgeadais 1992 a leasú tuilleadh, le héifeacht amháil ar an agus ón 1 Deireadh Fómhair 2011, trí fho-ailt (11) go (14), agus fo-alt (15) (a chuirtear isteach le *fo-alt (1)(c)*), a scriosadh.

**64.**—(1) Leasaítear Caibidil IV de Chuid II den Acht Airgeadais 1992 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 135:

Leasú ar alt 135 (díolúine shealadach ó chlárú) den Acht Airgeadais 1992.

“135.—(1) Féadfaidh na Coimisinéirí feithicil a thugtar isteach sa Stát go sealadach a dhíolmhú ón gceanglas í a chlárú, ar cibé modh agus faoi réir cibé coinníollacha, srianta agus teorainneacha a fhorordóidh an tAire le rialacháin arna ndéanamh faoi alt 141(3) más rud é, maidir leis an bhfeithicil—

- (a) gur duine atá bunaithe lasmuigh den Stát a thugann isteach sa Stát í chun úsáide príobháidí nó gnó an duine sin,
- (b) gur pearsa aonair atá bunaithe sa Stát a thugann isteach sa Stát í chun úsáide príobháidí nó gnó an pearsan aonair sin más rud é, maidir le pearsa aonair den sórt sin—
- (i) go bhfuil sé nó sí ar fostú ag fostóir atá bunaithe i mBallstát eile a sholáthraíonn feithicil mar chuid dá gconradh fostaíochta, i gcás an

fheithicil sin a bheith ar úinéireacht nó ar léas ag an bhfostóir, nó

- (ii) go bhfuil sé nó sí féinfhostaithe agus go bhfuil gnóthas atá cuntasach de réir dlí bunaithe aige nó aici i mBallstát eile ar gnóthas é a seoltar a ghnó go heisiach nó go príomha sa Bhallstát eile,

agus i gcás inar feithicil earnáil A nó gluaisrothar an fheithicil, go n-úsáidtear í go príomha chun úsáide gnó i mBallstát eile,

- (c) gur chun críche comórtais, taispeántais, seó, taispeána, nó chun críche dá samhail, agus chun na críche sin amháin, a thugtar isteach sa Stát í agus nach mbeartaítear í a dhíol nó a thairiscint chun díola sa Stát agus go mbeartaítear í a thógáil amach as an Stát ar an gcríoch sin a chomhlíonadh, nó
- (d) go bhfuil sí deartha nó oiriúnaithe go speisialta mar threalamh gairmiúil arna thabhairt isteach sa Stát ag duine atá bunaithe lasmuigh den Stát lena úsáid go heisiach ag an duine sin nó faoina mhaoirsiú pearsanta nó faoina maoirsiú pearsanta.

(2) Maidir le feithicil a thugtar isteach sa Stát go sealadach ar feadh tréimhse is mó ná 42 lá (nó cibé tréimhse is faide a shonróidh na Coimisinéirí) féadfar, faoi réir rialachán, a cheangal í a chlárú de réir alt 131 gan cáin cláraithe feithicil a íoc.

(3) Déanfar, i leith feithicle lena mbaineann fo-alt (2), ráiteas arna eisiúint ag duine inniúil faoi alt 131(1)(ba) a thabhairt ar aird do na Coimisinéirí sula gclárófar an fheithicil.

(4) Déanfar aon táille a mhuirearóidh an duine inniúil i leith an scrúdaithe a chomhaontú leis na Coimisinéirí agus déanfaidh an duine a bheidh ag tíolacadh na feithicle i gcomhair scrúdú réamhchlárúcháin í a íoc. Creidiúnófar an táille sin i gcoinne aon chánach cláraithe feithicil is iníoctha dá éis sin ag an duine a thíolacfaidh an fheithicil amhlaidh má thagann an fheithicil faoi dhliteanas i leith na cánach sin dá éis sin gan an fheithicil a bheith aistrithe go buan amach as an Stát.

(5) San alt seo forléireofar tagairt d'allmhairíú sealadach feithicle de réir Rialachán 5 de na Rialacháin um Dhíolúine Shealadach ó Chlárú Feithicilí 1993 (I.R. Uimh. 60 de 1993).".

(2) Tiocfaidh *fo-alt (1)* i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire Airgeadais le hordú.

Leasú ar alt 135B (méideanna a aisíoc i leith cánach cláraithe feithicilí i gcásanna áirithe) den Acht Airgeadais 1992.

**65.**—Leasaítear alt 135B den Acht Airgeadais 1992 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (5):

“(6) (a) Faoi réir ailt 105B, 105C agus 105D den Acht Airgeadais 2001 i gcás go n-íocfaidh duine údaraithe méid cánach cláraithe feithicilí i leith feithicle nach raibh dlite, déanfar aon aisíocaíocht ar an méid ró-íoctha agus ar an ús (más ann) is iníoctha faoi alt 105D a íoc, faoi réir fhorálacha an fho-ailt seo, leis an duine údaraithe ar choinníoll go n-íocfaidh an

duine údaraithe méid na haisíocaíochta agus an úis leis an duine arbh é úinéir cláraithe na feithicle tráth cláraithe na feithicle.

- (b) (i) I gcás gurb é úinéir cláraithe na feithicle ar dháta na haisíocaíochta leis an duine údaraithe an t-úinéir céadchláraithe is é méid na haisíocaíochta an méid cánach cláraithe feithiclí a ró-íocadh.
- (ii) I gcás go mbeidh an t-úinéir céadchláraithe tar éis an fheithicil a dhiúscairt roimh dháta na haisíocaíochta déanfar méid na haisíocaíochta a ríomh mar a leanas:

$$(OP + V) - (S \times R)$$

i gcás—

gurb é OP an praghas ceannaigh bunaidh,

gurb é V an méid cánach cláraithe feithiclí a íocadh,

gurb é S an praghas, más ann, a fuair an t-úinéir céadchláraithe tráth na diúscartha, agus

gurb é R an ráta cánach cláraithe feithiclí arna mhuirearú tráth an chláraithe ar cheannach.

- (c) Chun críocha mhír (b) déanfaidh an t-úinéir céadchláraithe mar choinníoll a ghabhann leis an aisíocaíocht cruthúnas doiciméadach a thíolacadh do na Coimisinéirí ar dhiúscairt na feithicle agus ar an bpraghas (más ann) a fuair an t-úinéir sin i leith na diúscartha sin.
- (d) Beidh duine údaraithe i dteideal méid nach mó ná 10 faoin gcéad den aisíocaíocht a asbhaint as an íocaíocht le húinéir céadchláraithe na feithicle chun íoc as costais an duine údaraithe le linn an t-éileamh ar aisíocaíocht a phróiseáil.
- (e) I gcás ina mainneoidh duine údaraithe íocaíocht a dhéanamh laistigh de 30 lá leis an úinéir céadchláraithe de réir mhír (a) tar éis do na Coimisinéirí aisíocaíocht den sórt sin a íoc, déileálfar le haon mhéid a bheidh gan íoc, chun críocha an Achta seo, amháil is gur cáin cláraithe feithiclí í atá dlite den duine údaraithe an lá tar éis dheireadh na tréimhse 30 lá.”

66.—Leasaítear alt 141 den Acht Airgeadais 1992 i bhfo-alt (2) trí “alt 130,” a chur in ionad “alt 130.” i mír (v) agus tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh na míre sin:

Leasú ar alt 141 (rialacháin) den Acht Airgeadais 1992.

“(w) foráil a dhéanamh maidir le nithe a bheidh le forordú chun críocha alt 131(1)(ba), agus chun críocha alt 135, i leith scrúdú réamhchlárúcháin a dhéanamh ar fheithiclí.”

CUID 3

CÁIN BHREISLUACHA

Léiriú (*Cuid 3*).

**67.**—Sa Chuid seo ciallaíonn “Príomh-Acht” an tAcht Cánach Breisluacha 1972.

Leasú ar alt 3  
(soláthar earraí)  
den Phríomh-Acht.

**68.**—Leasaítear alt 3 den Phríomh-Acht i bhfo-alt (1C)—

(a) i mír (a), trí “an ceart chun earraí dochorraithe a dhiúscairt a aistriú ó thaobh substainte.” a chur in ionad “an ceart chun earraí dochorraithe a dhiúscairt a aistriú ó thaobh substainte, agus” agus

(b) trí mhír (b) a scriosadh.

Leasú ar alt 7A  
(rogha chun ligin  
earraí dochorraithe  
a chur faoi cháin)  
den Phríomh-Acht.

**69.**—Leasaítear alt 7A den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (1)(d)(iv)—

(i) trí “nuair a áitíonn an tiarna talún nó” a chur in ionad “nuair a thosaíonn”, agus

(ii) trí “duine atá bainteach leis an tiarna talún na hearraí dochorraithe atá faoi réir an ligin sin” a chur in ionad “duine atá bainteach leis an tiarna talún ar na hearraí dochorraithe atá faoi réir an ligin sin a áitiú”,

agus

(b) i bhfo-alt (2)—

(i) i mír (a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (ii):

“(ii) i gcás go ndéanann an tiarna talún, cibé acu atá nó nach bhfuil sé nó sí bainteach leis an tionónta, nó duine atá bainteach leis an tiarna talún, na hearraí dochorraithe atá faoi réir an ligin sin a áitiú, cibé acu a áitíonn an tiarna talún sin nó an duine sin na hearraí sin ar mhodh ligin nó ar shlí eile.”,

agus

(ii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (b):

“(c) Ní bheidh feidhm ag mír (a)(ii) ná fo-alt (1)(d)(iv) i gcás go n-úsáideann an t-áititheoir (is aon duine lena n-áirítear an tiarna talún dá dtagraítear sa mhír sin nó san fho-alt sin) na táirgí dochorraithe is ábhar don lígean chun soláthairtí a dhéanamh lena gcuirtear an t-áititheoir sin i dteideal 90 faoin gcéad ar a laghad den cháin uile is inmhuirearaithe i leith earraí nó seirbhísí a úsáideann an t-áititheoir sin

chun na soláthairtí sin a dhéanamh a asbhaint, de réir alt 12. I gcás go mbeidh tiarna talún tar éis rogha an tiarna talún chun cánach i leith ligin lena mbainfeadh mír (a)(ii) murach an mhír seo a fheidhmiú, áfach, beidh feidhm ag mír (a)(ii) ó dheireadh na chéad tréimhse cuntasaíochta ina n-úsáidtear na hearraí dochorraithe chun soláthairtí a dhéanamh lena gcuirtear an t-áititheoir sin i dteideal níos lú ná 90 faoin gcéad den cháin sin is inmhuirearaithe a asbhaint.”.

**70.**—Leasaítear alt 7B den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (5)—

Leasú ar alt 7B (bearta idirthréimhseacha: díolúine a tharscaoileadh) den Phríomh-Acht.

“(6) I gcás go mbeidh ligean ag tiarna talún lena mbaineann fo-alt (3) nó (4) agus ina dtiocfaidh an tiarna talún sin chun bheith ina dhuine i ngrúpa de réir bhrí alt 8(8) an 1 Iúil 2008 nó dá éis agus inar duine sa ghrúpa sin an duine dá ndéantar an ligean sin, ansin dlífidh an duine dá dtagraítear in alt 8(8)(a)(i)(I) i leith an ghrúpa sin an méid mar a shonraítear i bhfo-alt (3)(a) a íoc ionann is dá mba cháin é a bhí dlite de réir alt 19—

- (a) i gcás tiarna talún a tháinig chun bheith ina dhuine sa ghrúpa sin roimh dháta rite an *Achta Airgeadais (Uimh. 2) 2008*, sa tréimhse inchánach ina rittear an tAcht sin, nó
- (b) i gcás tiarna talún a tháinig chun bheith ina dhuine sa ghrúpa sin tar éis dháta rite an *Achta Airgeadais (Uimh. 2) 2008*, sa tréimhse inchánach ar lena linn a tháinig an tiarna talún sin chun bheith ina dhuine sa ghrúpa sin.”.

**71.**—Leasaítear an Príomh-Acht le héifeacht ón 1 Eanáir 2010 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 10B:

Imeallscéim ghníomhaire taistil.

“10C.—(1) San alt seo—

ciallaíonn ‘seirbhísí arna gceannach isteach’ earraí nó seirbhísí a cheannaíonn gníomhaire taistil chun tairbhe díri do thaistealaí ó dhuine inchánach eile nó ó dhuine atá ag gabháil do ghnó lasmuigh den Stát;

ciallaíonn ‘seirbhísí imeallscéime’ seirbhísí arna gceannach isteach a sholáthraíonn gníomhaire taistil do thaistealaí;

ciallaíonn ‘gníomhaire taistil’ duine inchánach a ghníomhaíonn mar phríomhaí i dtaca le seirbhísí imeallscéime a sholáthar do thaistealaí, agus chun críocha an ailt seo foláíonn gníomhaire taistil tionscnóir turas;

ciallaíonn ‘imeall gníomhaire taistil’, i ndáil le soláthar seirbhísí imeallscéime, méid a ríomhtar de réir na foirmle seo a leanas:

A — B

i gcás—

inarb é A an chomaoin iomlán a dtiocfaidh an gníomhaire taistil chun bheith i dteideal í a fháil i leith an tsoláthair seirbhísí imeallscéime sin, nó i ndáil leis, lena n-áirítear gach uile cháin, coimisiún, costas agus muirear ar bith agus cáin bhreisluacha is iníoctha i leith an tsoláthair sin, agus

inarb é B an méid is iníoctha ag an ngníomhaire taistil le soláthróir i leith seirbhísí arna gceannach isteach a áirítear sa soláthar seirbhísí imeallscéime sin don taistealaí, ach tabharfar neamhaird le linn an t-imeall a ríomh ar aon seirbhísí arna gceannach isteach ar cheannaigh an gníomhaire taistil iad roimh an 1 Eanáir 2010 agus ar ina leith a éilíonn an gníomhaire taistil sin in-asbhainteacht de réir alt 12,

agus más mó an B sin ná an A sin measfar gur nialas é imeall an ghníomhaire taistil i leith an tsoláthair sin;

ciallaíonn ‘imeallscéim gníomhaire taistil’ na socrúithe speisialta chun seirbhísí imeallscéime a fhómhas.

(2) Déileálfar mar sholáthar aonair le soláthar seirbhísí imeallscéime ag gníomhaire taistil do thaistealaí i leith turais.

(3) Is é an áit a sholáthraítear seirbhísí imeallscéime an áit inar bhunaigh gníomhaire taistil gnó an ghníomhaire taistil sin, ach má sholáthraítear na seirbhísí sin ó bhunaíocht shocráithe de chuid an ghníomhaire taistil sin atá suite in áit seachas an áit inar bhunaigh an gníomhaire taistil sin gnó an ghníomhaire taistil sin, is é áit soláthair na seirbhísí sin an áit a mbeidh an bhunaíocht shocráithe sin suite.

(4) Beidh feidhm ag imeallscéim an ghníomhaire taistil maidir le soláthar seirbhísí imeallscéime sa Stát.

(5) D’ainneoin alt 10, is é an méid ar a mbeidh cáin inmhuirearaithe de bhua alt 2(1)(a) ar sholáthar seirbhísí imeallscéime imeall an ghníomhaire taistil lúide an méid cánach atá ar áireamh san imeall sin.

(6) D’ainneoin ailt 12 agus 13, ní bheidh gníomhaire taistil i dteideal asbhainte nó aisíoca cánach a iompraíodh nó a íocadh i leith seirbhísí arna gceannach isteach a sholáthair an gníomhaire taistil sin mar sheirbhísí imeallscéime.

(7) I gcás ina soláthróidh gníomhaire taistil seirbhísí imeallscéime mar aon le hearraí nó seirbhísí eile do thaistealaí ar chomaoin iomlán, ansin déanfaidh an gníomhaire taistil sin an chomaoin iomlán sin a chionroinnt chun go ndéanfar an cóimheas atá idir luach na seirbhísí imeallscéime sin agus an chomaoin iomlán sin a léiriú i gceart, agus sa chás sin beidh cion na comaoine iomláine a bhaineann le luach na seirbhísí imeallscéime faoi réir imeallscéim an ghníomhaire taistil.

(8) Déileálfar le seirbhísí imeallscéime mar sheirbhísí idirghabhálaí nuair is lasmuigh den Chomhphobal a dhéantar na seirbhísí arna gceannach isteach.

(9) I gcás ina ndéanfaidh gníomhaire taistil soláthar seirbhísí imeallscéime ar a n-áirítear seirbhísí áirithe a ndéileáiltear leo mar sheirbhísí idirghabhálaí de réir fho-alt (8), ansin déanfaidh an gníomhaire taistil sin imeall iomlán an ghníomhaire taistil sin

i leith an tsoláthair sin a chionroinnt chun go ndéanfar an cóimheas a léiriú i gceart atá idir an costas atá ar an ngníomhaire taistil sin mar gheall ar na seirbhísí a cheannaítear isteach agus a úsáidtear sna seirbhísí imeallscéime, is seirbhísí a ndéileáiltear leo mar sheirbhísí idirghabhálaí sa soláthar sin, agus an costas iomlán atá ar an ngníomhaire taistil sin mar gheall ar na seirbhísí go léir a cheannaítear isteach agus a úsáidtear chun an soláthar seirbhísí imeallscéime sin a dhéanamh.

(10) Aon ghníomhaire taistil is duine cuntasach a sholáthraíonn seirbhísí imeallscéime áireoidh sé an cháin a bheidh dlíte ar sholáthairtí seirbhísí imeallscéime an duine sin do thréimhse inchánach sa tuairisceán a cheanglaítear ar an duine sin a thabhairt de réir alt 19(3).

(11) Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim cibé rialacháin a dhéanamh is dóigh leo is gá chun críocha oibriú an ailt seo lena n-áirítear forálacha le haghaidh socruithe simplithe cuntasáíochta.”.

**72.**—Leasaítear alt 11 den Phríomh-Acht le héifeacht ón 1 Nollaig 2008 i bhfo-alt (1)(a) trí “21.5 faoin gcéad” a chur in ionad “21 faoin gcéad”.

Leasú ar alt 11 (rátaí cánach) den Phríomh-Acht.

**73.**—Leasaítear alt 12 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (1)—

(i) i mír (a) trí “agus” a scríosadh i bhfomhír (vii), agus trí “alt 12A, agus” a chur in ionad “alt 12A.” i bhfomhír (viii),

(ii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (viii) de mhír (a):

“(ix) faoi réir fho-alt (4) agus rialachán (más ann), 20 faoin gcéad den cháin a mhuirearaítear ar an duine cuntasach sin i leith feithicil cháilitheach a cheannach, a fhrúiliú, a fháil laistigh den Chomhphobal nó a allmhairiú (de réir na brí a shanntar le mír (c)), i gcás gur úsáid ghnó a bhaintear as an bhfeithicil sin go príomha, agus nach lú an úsáid sin ná 60% ar a laghad den úsáid a bhaintear as an bhfeithicil sin, agus i gcás go ndiúsraíonn an duine cuntasach sin an fheithicil sin ina dhiaidh sin, an cháin a asbhaineann an duine sin de réir an fho-ailt seo, déileálfar léi amhail is nach mbeadh sí in-asbhainte ag an duine sin chun críocha mhír (xxiv)(c) den Chéad Sceideal.”.

Leasú ar alt 12 (asbhaint i leith cáin a iompraíodh nó a focadh) den Phríomh-Acht.

agus

(iii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (b):

“(c) Chun críocha mhír (a)(ix) agus fho-alt (4)(ba), ciallaíonn ‘feithicil cháilitheach’ mótarfeithicil arb ar 1 Eanáir 2009 nó dá éis a chéadchláraítear í chun críocha cánach cláraithe feithicilí, de réir alt 131 den Acht Airgeadais 1992, agus ar lú ná 156g/km leibhéal na n-astaíochtaí CO<sub>2</sub> aisti, chun críocha an chláráithe sin.”,

(b) i bhfo-alt (3)(a)(iii) trí “faoi réir fho-alt (1)(a)(ix)” a chur isteach roimh “ceannach”,

(c) i bhfo-alt (4) tríd an méid seo a chur isteach i ndiaidh mhír (b):

“(ba) Chun críocha an fho-ailt seo, measfar gur tagairt do ‘20 faoin gcéad den cháin a iompraítear nó is iníoctha’ í an tagairt i mír (b) do ‘cáin a iompraítear nó is iníoctha’ i gcás feithicil cháilitheach a fháil (de réir na brí a shanntar le fo-alt (1)(c)).”,

agus

(d) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

“(4A) I gcás go n-asbhaineann duine cuntasach cáin i ndáil le feithicil cháilitheach a cheannach, a fháil laistigh den Chomhphobal, nó a allmhairiú de réir fho-alt (1)(a)(ix), agus go ndiúscaíonn an duine sin an fheithicil cháilitheach sin laistigh de 2 bhliain ón gceannach, ón bhfáil nó ón allmhairiú sin, beidh d’oibleagáid ar an duine sin an méid cánach is in-asbhainte ag an duine sin don tréimhse inchánach ina ndiúscaítear an fheithicil a laghdú de mhéid arna ríomh de réir na foirmle seo a leanas:

$$\frac{\text{TD} \times (4\text{-N})}{4}$$

4

i gcás—

gurb é TD méid na cánach a asbhaineann an duine cuntasach sin ar an bhfeithicil sin a cheannach, a fháil, nó a allmhairiú, agus

gur uimhir é N atá cothrom le huimhir na laethanta ó dháta ceannaithe, fála nó allmhairithe na feithicle ag an duine cuntasach sin go dtí dáta a diúscairthe ag an duine sin, arna roinnt ar 182 agus arna cothromú anuas go dtí an tslánuimhir is gaire di,

ach más mó an N sin ná 4, beidh N ina 4.

(b) I gcás go n-asbhaineann duine cuntasach cáin i ndáil le feithicil cháilitheach a cheannach, a fháil laistigh den Chomhphobal, nó a allmhairiú de réir fho-alt (1)(a)(ix), agus gur lú ná 60 faoin gcéad dá húsáid an úsáid ghnó a bhaintear aisti ina dhiaidh sin i dtréimhse



inchánach, ansin tá d'oibleagáid ar an duine an méid cánach is in-asbhainte ag an duine sin don tréimhse inchánach a laghdú de mhéid a ríomhfar de réir na foirmle seo a leanas:

$$\frac{TD \times (4-N)}{4}$$

4

i gcás—

gurb é TD an méid cánach is in-asbhainte ag an duine cuntasach ar an bhfeithicil sin a cheannach, a fháil nó a allmhairiú, agus

gur uimhir é N atá cothrom le huimhir na laethanta ó dháta ceannaithe, fála nó allmhairithe na feithicle ag an duine cuntasach sin go dtí an chéad lá den tréimhse inchánach ar lú ná 60% dá húsáid an úsáid ghnó a bhaintear aisti, arna roinnt ar 182 agus arna cothromú anuas go dtí an tslánuimhir is gaire di,

ach más mó an N sin ná 4, beidh N ina 4.”.

**74.—Leasaítear alt 20 den Phríomh-Acht—**

Leasú ar alt 20  
(aisíoc cánach) den  
Phríomh-Acht.

(a) i bhfo-alt (5)(a) trí “mura gcinneadh siad go mbeadh de thoradh ar an méid ró-íoctha sin, nó cuid de, a aisíoc go ndéanfaí an t-éilitheoir a shaibhriú go míchóir” a chur in ionad “mura mbeadh de thoradh ar an aisíoc sin go ndéanfaí an t-éilitheoir a shaibhriú go míchóir”, agus

(b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhíreanna (b),  
(c) agus (d) d’fho-alt (5):

“(b) Aon duine a éileoidh méid ró-íoctha a aisíoc faoin bhfo-alt seo déanfaidh sé an t-éileamh sin i scríbhinn ag leagan amach sonraí iomlána imthosca an cháis agus ag sainathint an mhéid ró-íoctha i leith gach tréimhse inchánach lena mbaineann an t-éileamh. Tabharfaidh an t-éilitheoir cibé doiciméadacht iomchuí a iarrfaidh na Coimisinéirí Ioncaim chun tacú leis an éileamh.

(c) (i) Chun a chinneadh an mbeadh de thoradh ar mhéid ró-íoctha, nó cuid de, a aisíoc go ndéanfaí éilitheoir a shaibhriú go míchóir, beidh aird ag na Coimisinéirí Ioncaim ar na nithe seo a leanas—

(I) a mhéid a rinne an t-éilitheoir, ar chúiseanna praiticiúla, costas an mhéid ró-íoctha a aistriú chuig daoine eile sa phraghas a ghearr an t-éilitheoir sin ar earraí nó ar sheirbhísí a sholáthair an t-éilitheoir sin,

(II) aon ghlanchailteanas brabús a bhfuil cúis acu lena chreidiúint, bunaithe ar a n-anailís féin agus ar aon fhaisnéis a thabharfaidh an t-éilitheoir dóibh, gur

glanchailteanas é a d'iompair an t-éilitheoir mar gheall ar an toimhde iomrallach a rinneadh in oibriú na cánach, agus

(III) aon tosca eile a thabharfaidh an t-éilitheoir dá n-aire sa chomhthéacs seo.

(ii) Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncain gach faisnéis réasúnach a bhaineann leis na himthosca ba chúis leis an éileamh agus a chabhróidh leo le linn teacht ar chinneadh chun críocha fhomhír (i) a iarraidh ar an éilitheoir.

(d) Más rud é, de réir mhír (c), go gcinneadh na Coimisinéirí Ioncain go mbeadh de thoradh ar aisíoc méid ró-íochta, nó cuid de, go ndéanfaí éilitheoir a shaibhriú go míchóir, ní aisíocfaidh siad ach an oiread sin den mhéid ró-íochta nach mbeadh de thoradh air go ndéanfaí an t-éilitheoir sin a shaibhriú go míchóir.”

Leasú ar alt 32 (rialacháin) den Phríomh-Acht.

**75.**—Leasaítear alt 32 den Phríomh-Acht i bhfo-alt (1)—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (dc):

“(dca) an modh ar a n-oibreoidh imeallscéim an ghníomhaire taistil dá dtagraítear in alt 10C;”,

agus

(b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (dd):

“(dda) an modh ar a bhféadtar an teideal chun asbhainte dá dtagraítear in alt 12(1)(a)(ix) a ríomh;”.

Leasú ar an gCéad Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht.

**76.**—Leasaítear an Céad Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht le héifeacht ón 1 Eanáir 2010 trí fhomhír (a) de mhír (ix) a scriosadh.

Leasú ar an Dara Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht.

**77.**—Leasaítear an Dara Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht—

(a) le héifeacht ón 1 Eanáir 2010 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (vib):

“(vic) seirbhísí a áirítear mar sheirbhísí idirghabhálaí de réir alt 10C(8);”

agus

(b) i mír (xii)—

(i) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad chláisail (I) agus (II) d'fhomhír (b):

“(I) tae agus ullmhóidí de nuair is i bhfoirm neamh-inólta a sholáthraítear é nó iad,

(II) cócó, caife agus siocaire agus caife tacair rósta eile, agus ullmhóidí agus eastóscáin díobh, nuair is i bhfoirm neamh-inólta a sholáthraítear iad,”

agus

(ii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (b):

“(ba) tae agus ullmhóidí de nuair is i bhfoirm inólta a sholáthraítear é nó iad,

(bb) cócó, caife agus siocaire agus caife tacair rósta eile, agus ullmhóidí agus eastóscáin díobh, nuair is i bhfoirm inólta a sholáthraítear iad.”

#### CUID 4

#### DLEACHTANNA STAMPA

**78.**—Sa Chuid seo, ciallaíonn “Príomh-Acht” an tAcht Léiriú (*Cuid 4*).  
Comhdhlúite Dleachtanna Stampa 1999.

**79.**—(1) Leasaítear an Príomh-Acht—

Ionstraimí a stampáil go leictreonach: nithe breise.

(a) in alt 1—

(i) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar “duine cuntasach”:

“forléireofar ‘duine ceadaithe’ agus ‘duine údaraithe’, i gcás gach ceann acu, de réir alt 917G den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997;”,

(ii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh na mínithe ar ‘forghníomhaithe’ agus ‘forghníomhú’:

“ciallaíonn ‘comhdóir’, i ndáil le hionstraim a seachadtar tuairisceán ar pháipéar ina leith ar na Coimisinéirí, an duine arbh é nó í an duine ceadaithe é nó í nó, de réir mar a bheidh, an duine údaraithe, dá mba thuairisceán leictreonach an tuairisceán ar pháipéar;”,

agus

(iii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar “airgead”:

“ciallaíonn ‘tuairisceán ar pháipéar’ tuairisceán i bhfoirm páipéir a chomhlíonann na ceanglais a bhaineann le tuairisceán leictreonach agus a ndéanann na Coimisinéirí é a phróiseáil tríd an gcóras ríomhstampála;”,

agus

(b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 8:

“Pionóis: 8A.—Más rud é, i ndáil le hionstraim, go  
tuairisceáin. seachadfaidh duine ceadaithe, duine  
údaraithe nó comhdóir, de réir mar a  
bheidh, ar na Coimisinéirí, tuairisceán  
leictreonach nó tuairisceán ar pháipéar  
nach léiríonn na fíorais agus na himthosca  
atá ar eolas ag an duine agus a dhéanann  
difear don dliteanas i leith dleachta maidir  
leis an ionstraim sin nó do mhéid na  
dleachta is inmhuirearaithe ar an ionstraim  
sin, ar fíorais agus imthosca iad a  
gceanglaíonn na Coimisinéirí iad a  
nochtadh ar an tuairisceán sin, ansin  
tabhóidh an duine sin pionós €3,000.”.

(2) Leasaítear an tAcht Airgeadais 2008 in alt 111(1)—

(a) i mír (a)(iii) (lena gcuirtear míniú ar “deimhniú stampa”  
isteach in alt 1 den Phríomh-Acht) tríd an méid seo a  
leanas a chur in ionad an mhínithe sin ar “deimhniú  
stampa”:

“ciallaíonn ‘deimhniú stampa’—

(a) deimhniú arna eisiúint go leictreonach ag na  
Coimisinéirí tríd an gcóras ríomhstampála, nó

(b) deimhniú arna phróiseáil go leictreonach ag na  
Coimisinéirí tríd an gcóras ríomhstampála agus  
arna eisiúint acu i bhfoirm páipéir;”,

(b) i mír (c) (lena leasaítear alt 8(2) den Phríomh-Acht)—

(i) trí “ní cheanglaítear an ráiteas sin (seachas i gcás go  
gceanglaítear ar na Coimisinéirí a dtuairim a chur in  
iúl i ndáil le hinmhuirearaitheacht na hionstraime i  
leith dleachta de réir alt 20) a sheachadadh” a chur  
in ionad “ní cheanglaítear an ráiteas sin a  
sheachadadh”, agus

(ii) trí “go ndéanann an duine cuntasach” a chur in ionad  
“go ndéantar” agus trí “a choimeád go ceann  
tréimhse 6 bliana” a chur in ionad “a choimeád go  
ceann tréimhse 4 bliana”,

sa leasú sin ar alt 8(2),

agus

(c) i mír (f) (lena gcuirtear alt 17A isteach sa Phríomh-  
Acht)—

(i) i mír (d) den alt sin 17A—

(I) trí “tuairisceán leictreonach nó tuairisceán ar  
pháipéar” a chur in ionad “tuairisceán  
leictreonach”, agus

(II) trí na focail “thairis sin”, a scriosadh,

agus

(ii) i mír (f)(i) den alt sin 17A—

(I) trí “lena n-áirítear aon ús nó pionós” a chur in ionad “lena n-áirítear aon phionós”, agus

(II) trí “de réir an tuairisceáin leictreonaigh nó an tuairisceáin ar pháipéar” a chur in ionad “de réir an tuairisceáin leictreonaigh”.

(3) (a) Tiocfaidh *fo-alt (1)* den alt seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire Airgeadais le hordú nó le horduithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

(b) Meastar na leasuithe (a dhéantar le *fo-alt (2)*) ar ailt 1, 8(2) agus 17A den Phríomh-Acht a bheith déanta amhail ar agus ó dháta rite an Achta Airgeadais 2008 agus tiocfaidh siad i ngníomh de réir alt 111(2) den Acht Airgeadais 2008.

**80.**—(1) Leasaítear alt 5 den Phríomh-Acht i bhfo-alt (3)—

Leasú ar alt 5  
(comhaontú maidir  
le dleacht stampa a  
íoc ar ionstraimí)  
den Phríomh-Acht.

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) (i) go ndéanfar aon ionstraim lena mbaineann an comhaontú a eisiúint i rith na tréimhse a bhfuil an comhaontú i bhfeidhm, i gcás gur comhaontú é a bhaineann le heisiúint na hionstraime sin, nó

(ii) go bpróiseálfar an ionstraim sin i rith na tréimhse a bhfuil an comhaontú i bhfeidhm, i gcás gur comhaontú é a bhaineann le próiseáil na hionstraime sin,

agus”,

(b) trí “a eisíodh nó a próiseáladh, de réir mar a bheidh,” a chur in ionad “a eisíodh”, agus

(c) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(3A) Chun críocha fho-alt (3) ciallaíonn ‘próiseáilte’, i ndáil le hionstraim is bille malairte, bille malairte a tíolacadh chun a íoctha agus a íocadh.”.

(2) Tá feidhm ag an alt seo maidir le comhaontuithe (is comhaontuithe lena mbaineann alt 5 den Phríomh-Acht) a dhéantar an 1 Eanáir 2009 nó dá éis.

**81.**—Leasaítear alt 14 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2)—

Leasú ar alt 14  
(pionós ar  
ionstraimí a  
stampáil tar éis iad  
a fhorghníomhú)  
den Phríomh-Acht.

“(2A) (a) Faoi réir na coinníollacha i mír (b) a bheith comhlíonta, ní bheidh pionós €25 dá dtagraítear i bhfo-alt (1) nó pionós dá dtagraítear i bhfo-alt (2) iníoctha i leith aon ionstraime a forghníomhaíodh ar dtús roimh an *Acht Airgeadais (Uimh. 2) 2008* a rith

agus nach ndearnadh an dleacht stampa is innhuirearaithe ina leith a íoc leis na Coimisinéirí roimh an Acht sin a rith.

- (b) Is iad na coinníollacha a cheanglaítear a chomhlíonadh leis an mír seo—
- (i) go ndéanfar an ionstraim a sheachadadh ar na Coimisinéirí lena stampáil roimh dhul in éag don tréimhse 56 lá dar tosach dáta rite an *Acht Airgeadais (Uimh. 2) 2008* (dá ngairtear an ‘dáta éagtha’ sa mhír seo), agus
- (ii) go ndéanfar an dleacht stampa is innhuirearaithe ar an ionstraim a íoc leis na Coimisinéirí, mar aon le hús a bhaineann leis an dleacht sin, ar nó roimh an dáta éagtha.”.

Talamh: forálacha speisialta.

**82.—(1) Leasaítear an Príomh-Acht—**

- (a) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 31:

“Bunaithe i gconradh.

31A.—(1) San alt seo—

tá le ‘socrú le haghaidh comhpháirtíochta poiblí príobháidí’ an bhrí a shanntar dó le halt 3(1)(a) den Acht um Údaráis Stáit (Socruithe le haghaidh Comhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha) 2002;

ciallaíonn ‘saol cánach’, i ndáil le foirgneamh nó déanmhas, an tréimhse dá dtagraítear—

- (a) in alt 272(4) den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997, nó

- (b) san alt sin arna chur chun feidhme le halt 843A(3), 372AX(2) nó 373AY(4) den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997,

i ndáil leis an bhfoirgneamh nó leis an déanmhas lena mbaineann.

- (2) Más rud é—

- (a) go ndéanfaidh sealbhóir eastáit nó leasa i dtalamh sa Stát conradh nó comhaontú le duine eile chun an t-eastát nó an leas a dhíol leis an duine eile sin nó le hainmnitheach de chuid an duine eile sin, agus

- (b) go ndearnadh íocaíocht atá ar cóimhéid, nó de réir mar a bheidh íocaíochtaí atá, le chéile, ar cóimhéid, le 25 faoin gcéad nó níos mó den chomaoin i leith an díola a íoc le sealbhóir an

eastáit nó an leasa, nó ar threoir uaidh nó uaithi, tráth ar bith de bhun an chonartha nó an chomhaontaithe, agus

- (c) laistigh de 30 lá ón gcéad tráth den sórt sin, nach ndéanfar tíolacadh nó aistriú, arna dhéanamh de réir an chonartha nó an chomhaontaithe, agus arna fhorghníomhú ag na páirtithe sa chonradh nó sa chomhaontú a thíolacadh do na Coimisinéirí lena stampáil le dleacht *ad valorem* is inmhuirearaithe air,

ansin beidh an conradh nó an comhaontú inmhuirearaithe leis an dleacht *ad valorem* chéanna, a bheidh le híoc ag an duine eile, amhail is dá mba thíolacas nó aistriú ar eastát nó ar leas sa talamh é.

(3) Faoi réir fho-alt (4), ní bheidh feidhm ag fo-alt (2)—

- (a) maidir le conradh nó comhaontú chun leas iomchuí (de réir bhrí alt 269 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997) i bhfoirgneamh nó i ndéanmhas a dhíol, arna dhéanamh roimh thosach shaol cánach an fhoirgnimh nó an déanmhais nó lena linn—

- (i) ar foirgneamh nó déanmhas é a bhfuil feidhm ag mír (g), (i), (j), (l) nó (m) d'alt 268(1) den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 maidir leis,

- (ii) (I) ar foirgneamh nó déanmhas é a bhfuil feidhm ag alt 372AX den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 maidir leis, nó

- (II) ar áitreabh cáilitheach é a bhfuil feidhm ag alt 372AY den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 maidir leis,

nó

- (iii) ar áitreabh cáilitheach é a bhfuil feidhm ag alt 843A den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 maidir leis,

nó

(b) maidir le conradh nó comhaontú chun leas i dtalamh a dhíol nach ndearnadh ach amháin i dtaca le socrú le haghaidh comhpháirtíochta poiblí príobháidí.

(4) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (3) maidir le conradh nó comhaontú chun leas iomchuí a dhíol más rud é gur le duine díobh seo a leanas, de réir mar a bheidh, a dhéantar an díol sin—

(a) duine a bhfuil feidhm ag mír (a), (b), (c) nó (d) d'fho-alt (1A), (1D) nó (1E) d'alt 268 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 maidir leis nó léi,

(b) duine a bhfuil feidhm ag alt 372AZ(1)(a) den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 maidir leis nó léi, nó

(c) duine a bhfuil feidhm ag alt 843A(5) den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 maidir leis nó léi.

(5) I gcás go mbeifear tar éis dleacht a íoc, i leith conartha nó comhaontú, de réir fho-alt (2), ní bheidh aon dleacht innhuirearaithe ar tíolacas nó aistriú arna dhéanamh i gcomhréir leis an gconradh nó leis an gcomhaontú, agus sonrú na Coimisinéirí, má iarrtar orthu é, gur íocadh an dleacht *ad valorem* ar an tíolacas nó ar an aistriú, nó aistroidh siad an dleacht *ad valorem* chuig an tíolacas nó an chuig aistriú ar an gconradh nó ar an gcomhaontú, arna stampáil go cuí, a thabhairt ar aird dóibh.

(6) Déanfar an dleacht *ad valorem* a íocfar ar aon chonradh nó comhaontú, de réir fho-alt (2), a chur ar ais i gcás go suifear chun sástacht na gCoimisinéirí go bhfuil an conradh nó an comhaontú cealaithe nó neamhnithe.

Comhaontuithe 31B.—(1) San alt seo—  
ceadúnas.

ciallaíonn ‘forbairt’, i ndáil le haon talamh—

(a) aon fhoirgneamh a fhoirgniú, a scartáil, a mhéadú, a athrú nó a athfhoirgniú ar an talamh, nó

(b) aon oibríocht innealtóireachta nó aon oibríocht eile sa talamh, ar an talamh, os cionn na talún nó faoin talamh lena oiriúnú le



haghaidh malairt ábhartha  
úsáide;

tá le ‘socrú le haghaidh comhpháirtíochta poiblí príobháidí’ an bhrí a shanntar dó le halt 3(1)(a) den Acht um Údaráis Stáit (Socrúithe le haghaidh Comhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha) 2002.

(2) Más rud é—

(a) go ndéanfaidh sealbhóir eastáit nó leasa i dtalamh sa Stát comhaontú le duine eile faoina mbeidh an duine eile sin, nó ainmnitheach de chuid an duine eile sin, i dteideal dul isteach ar an talamh chun forbairt a dhéanamh ar an talamh sin, agus

(b) de bhua an chomhaontaithe, go bhfaighidh sealbhóir an eastáit nó an leasa sa talamh tráth ar bith, seachas mar chomaoin as an eastát iomlán, nó cuid de, nó as an leas iomlán sa talamh, nó cuid de, a dhíol, íocaíocht a bheidh ar cóimhéid, nó de réir mar a bheidh íocaíochtaí a bheidh, le chéile, ar cóimhéid, le 25 faoin gcéad nó níos mó de mhargadhluach na talún lena mbaineann,

ansin laistigh de 30 lá ón gcéad tráth den sórt sin, beidh an comhaontú inmhuirearaithe leis an dleacht *ad valorem* chéanna, is dleacht a bheidh le hóc ag an duine eile sin, a mhuirearófaí dá mba thíolacas nó aistriú ar an eastát nó ar an leas sa talamh a bhí ann.

(3) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (2) maidir le comhaontú, is comhaontú lena mbaineann an t-alt seo, arna dhéanamh i dtaca le socrú le haghaidh comhpháirtíochta poiblí príobháidí, agus i dtaca leis sin amháin.

(4) Déanfar an dleacht *ad valorem* arna hóc ar aon chomhaontú, de réir fho-alt (2), a chur ar ais i gcás ina suífear chun sástacht na gCoimisinéirí go bhfuil an comhaontú cealaithe nó neamhnithe.”,

(b) trí alt 36 a scriosadh,

(c) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 50:

“Socrúithe do théarma is mó ná 35 bliana le muirearú mar léasanna.

50A.—(1) San alt seo, tá le ‘socrú le haghaidh comhpháirtíochta poiblí príobháidí’ an bhrí a shanntar dó le halt

3(1)(a) den Acht um Údaráis Stáit (Socruithe le haghaidh Comhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha) 2002.

(2) Aon chomhaontú i leith léasa nó maidir le ligean aon tailte, tionóntán, nó ábhar inoidhrithe do théarma ar bith is faide ná 35 bliana, muirearófar an dleacht chéanna air amhail is dá mba léas iarbhír é arna dhéanamh don téarma agus i leith na comaoine a luaitear sa chomhaontú i gcás go mbeifear tar éis 25 faoin gcéad nó níos mó den chomaoin sin a íoc.

(3) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (2) maidir le comhaontú le haghaidh léasa arna dhéanamh i dtaca le socrú le haghaidh comhpháirtíochta poiblí príobháidí agus i dtaca leis sin amháin.

(4) I gcás go mbeifear tar éis dleacht a íoc, i leith comhaontú le haghaidh léasa, de réir fho-alt (2), ní bheidh aon dleacht inmhuirearaithe ar léas arna dhéanamh i gcomhréir leis an gcomhaontú le haghaidh léasa, agus sonrú na Coimisinéirí, má iarrtar orthu é, gur íocadh an dleacht *ad valorem* ar an léas, nó aistroidh siad an dleacht *ad valorem* chuig an léas, ar an gcomhaontú le haghaidh léasa, arna stampáil go cuí, a thabhairt ar aird dóibh.

(5) Déanfar an dleacht *ad valorem* a íocfar ar aon chomhaontú le haghaidh léasa, de réir fho-alt (2), a chur ar ais i gcás go suítear chun sástacht na gCoimisinéirí go bhfuil an comhaontú le haghaidh léasa cealaithe nó neamhnithe.”

agus

(d) trí “alt 50 nó 50A” a chur in ionad “alt 50” i mír (4) den Cheannteideal “LÉAS” i Sceideal 1.

(2) Aisghairtear alt 110 den Acht Airgeadais 2007 amhail ar agus ó dháta rite an Achta seo.

(3) Faoi réir *fho-alt (2)*, tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire Airgeadais le hordú agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

Leasú ar alt 34 (comhaontuithe i dtaca le díol nó in oirchill díola) den Phríomh-Acht.

**83.—(1)** Leasaítear alt 34 den Phríomh-Acht—

- (a) trí “D’ainneoin alt 37, más rud é,” a chur in ionad “Más rud é,”
- (b) trí “maoin a dhíol, nó maoin a aistriú de réir bhrí alt 37, de réir mar a bheidh,” a chur in ionad “maoin a dhíol,” agus
- (c) trí “an díoltóir, nó an t-aistreoir, de réir mar a bheidh,” a chur in ionad “an díoltóir” gach áit a bhfuil sé.

(2) Tá feidhm ag an alt seo maidir le tíolacais nó le haistrithe a fhorghníomhófar an 20 Samhain 2008 nó dá éis.

**84.**—Leasaítear alt 81AA den Phríomh-Acht i bhfo-alt (16) trí “31 Nollaig 2012” a chur in ionad “31 Nollaig 2008”. Leasú ar alt 81AA (aistrithe chuig feirmeoirí óga oilte) den Phríomh-Acht.

**85.**—Leasaítear alt 81C den Phríomh-Acht i bhfo-alt (12) trí “30 Meitheamh 2011” a chur in ionad “30 Meitheamh 2009”. Leasú ar alt 81C (faoiseamh breise comhdhlúthúcháin feirme) den Phríomh-Acht.

**86.**—(1) Leasaítear Cuid 9 den Phríomh-Acht— Leasú ar Chuid 9 (tobhaigh) den Phríomh-Acht.

(a) in alt 123B(4)—

(i) i míreanna (a) agus (b) trí “€2.50” a chur in ionad “€5” (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais 2008), agus

(ii) i mír (c) trí “€5” a chur in ionad “€10” (a cuireadh isteach amhlaidh),

agus

(b) in alt 123C(1) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an dara tagairt do B a luaitear sa mhíniú ar “réamhdhleacht”:

“gurb é B—

(a) 40 faoin gcéad i gcás inarb é 2007 an bhuntréimhse, nó

(c) 80 faoin gcéad i gcás inar bliain dá éis sin an bhuntréimhse;”.

(2) Tá éifeacht le *fo-alt (1)(a)* maidir le haon ráiteas a bheidh le seachadadh ag banc nó ag cumann foirgníochta tar éis an 31 Nollaig 2008.

**87.**—(1) Leasaítear Sceideal 1 a ghabhann leis an bPríomh-Acht— Leasú ar Sceideal 1 a ghabhann leis an bPríomh-Acht.

(a) faoin gCeannteideal “BILLE MALAIRTE” trí “€0.50” a chur in ionad “€0.30”,

(b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad na bhforálacha (seachas an díolúine i gcomhair urrúis iasachta coigríche) faoin gceannteideal “TÍOLACAS nó AISTRIÚ ar dhíol aon stoc nó urrús inmhargaidh”:

“(1) I gcás nach mó ná €1,000 méid nó luach na comaoine i leith an díola is inchurtha i leith stoc nó urrús inmhargaidh, agus go bhfuil ráiteas san ionstraim á dheimhniú nach bhfuil an t-idirbheart a chuirtear i gcrích leis an ionstraim sin ina chuid d’idirbheart níos mó nó de shraith idirbheart, ar mó ná €1,000 méid nó luach, nó méid nó luach comhiomlán, na comaoine ina leith is inchurtha i leith stoc nó urrús inmhargaidh:

don chomaoin is inchurtha i leith stoc nó urrús inmhargaidh .....

Díolmhaithe.

(2) I gcás nach bhfuil feidhm ag mír (1) :

don chomaoin is inchurtha i leith stoc nó urrús inmhargaidh .....

1 faoin gcéad den chomaoin ach i gcás gur méid nach iolraí ar €1 an méid is toradh ar an ríomh déanfar an méid a ríomhtar amhlaidh, más lú é ná €1, a shlánú suas go dtí €1 agus, más mó é ná €1, a shlánú síos go dtí an € is gaire.”,

- (c) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhíreanna (13), (14), (14A) agus (14B) faoin gceannteideal “TÍOLACAS nó AISTRIÚ ar dhíol aon mhaoine seachas stoic nó urrúis inmhargaidh nó polasaí árachais nó polasaí árachais saoil”:

“(13) I gcás nach bhfuil feidhm ag míreanna (7) go (12) agus go bhfuil méid nó luach na comaoine i leith an díola inchurtha go hiomlán nó go páirteach i leith maoine cónaithe.....

6 faoin gcéad den chomaoin is inchurtha i leith maoine nach maoin chónaithe ach i gcás gur méid nach iolraí ar €1 an méid is toradh ar an ríomh déanfar an méid a ríomhtar amhlaidh a shlánú síos go dtí an € is gaire.”,

agus

- (d) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad chlásail (vii), (viii), (ix) agus (x) d’fhomhír (b) de mhír (3) faoin gCeannteideal “LÉAS”:

(vii) go bhfuil méid nó luach na comaoine sin inchurtha go hiomlán nó go páirteach i leith maoine nach maoin chónaithe agus nach bhfuil feidhm ag clásail (i) go (vi)

6 faoin gcéad den chomaoin is inchurtha i leith maoine nach maoin chónaithe ach i gcás gur méid nach iolraí ar €1 an méid is toradh ar an ríomh déanfar an méid a ríomhtar amhlaidh a shlánú síos go dtí an € is gaire.”.

- (2) (a) Tá feidhm ag *fo-alt (1)(a)* maidir le billí malairte arna dtarraingt an 15 Deireadh Fómhair 2008 nó dá éis.
- (b) Tá feidhm ag *fo-alt (1)(b)* maidir le hionstraimí arna bhforghníomhú ar dháta rite an Achta seo nó dá éis.
- (c) Tá feidhm ag *míreanna (c)* agus *(d) d'fho-alt (1)* maidir le hionstraimí arna bhforghníomhú an 15 Deireadh Fómhair 2008 nó dá éis.

## CUID 5

### CÁIN FHÁLTAS CAIPITIÚIL

**88.**—Sa Chuid seo, ciallaíonn “Príomh-Acht” an tAcht Léiriú (*Cuid 5*).  
Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil 2003.

**89.**—(1) Leasaítear alt 89 den Phríomh-Acht, i mír (*a*) den mhíniú ar “maoin talmhaíochta” i bhfo-alt (1) agus sa mhíniú ar “feirmeoir” san alt sin trí “i mBallstát” a chur in ionad “sa Stát”. Leasú ar alt 89 (forálacha a bhaineann le maoin talmhaíochta) den Phríomh-Acht.

(2) Tá feidhm ag an alt seo maidir le bronntanais agus le hoidhreachtaí a ghlacfar an 20 Samhain 2008 nó dá éis.

**90.**—(1) Leasaítear an Tábla i gCuid 2 de Sceideal 2 a ghabhann leis an bPríomh-Acht trí “22” a chur in ionad “20”. Fáltais chaipitiúla: an ráta muirir.

(2) Tá feidhm ag an alt seo maidir le bronntanais agus oidhreachtaí arna nglacadh an 20 Samhain 2008 nó dá éis.

## CUID 6

### ILGHNÉITHEACH

**91.**—Sa Chuid seo ciallaíonn “Príomh-Acht” an tAcht Léiriú (*Cuid 6*).  
Comhdhlúite Cánacha 1997.

**92.**—Leasaítear an Príomh-Acht—

Cumhachtaí ioncaim.

(a) in alt 891B(1) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*a*) den mhíniú ar “foras airgeadais”:

“(a) duine a shealbhaíonn nó a shealbhaigh ceadúnas faoi alt 9 d’Acht an Bhainc Ceannais 1971, nó duine a shealbhaíonn nó a shealbhaigh ceadúnas nó údarú eile dá shamhail faoi dhlí aon Bhallstáit eile de na Comhphobail Eorpacha a fhreagraíonn do cheadúnas arna dheonú faoin alt sin,”

(b) in alt 900 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4):

“(4) Ní fhorléireofar aon ní san alt seo mar ní a cheanglaíonn ar aon duine na nithe seo a leanas a nochtadh d’oifigeach údaraithe—

- (a) faisnéis a bhféadfaí éileamh ar phribhléid ghairmiúil dlí a choimeád ar bun ina leith in imeachtaí dlí,
  - (b) faisnéis de ghné liachta rúnda, nó
  - (c) comhairle ghairmiúil de ghné rúnda arna tabhairt do chliant (seachas comhairle arna tabhairt mar chuid de chuspóir mímhacánta, calaoiseach nó coiriúil).”,
- (c) in alt 901 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fh-alt (3):

“(3) Ní fhorléireofar aon ní san alt seo mar ní a cheanglaíonn ar aon duine na nithe seo a leanas a nochtadh d’oifigeach údaraithe—

- (a) faisnéis a bhféadfaí éileamh ar phribhléid ghairmiúil dlí a choimeád ar bun ina leith in imeachtaí dlí,
  - (b) faisnéis de ghné liachta rúnda, nó
  - (c) comhairle ghairmiúil de ghné rúnda arna tabhairt do chliant (seachas comhairle arna tabhairt mar chuid de chuspóir mímhacánta, calaoiseach nó coiriúil).”,
- (d) in alt 902 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fh-alt (9):

“(9) Ní fhorléireofar aon ní san alt seo mar ní a cheanglaíonn ar aon duine na nithe seo a leanas a nochtadh d’oifigeach údaraithe—

- (a) faisnéis a bhféadfaí éileamh ar phribhléid ghairmiúil dlí a choimeád ar bun ina leith in imeachtaí dlí,
  - (b) faisnéis de ghné liachta rúnda, nó
  - (c) comhairle ghairmiúil de ghné rúnda arna tabhairt do chliant (seachas comhairle arna tabhairt mar chuid de chuspóir mímhacánta, calaoiseach nó coiriúil).”,
- (e) in alt 902A tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fh-alt (6):

“(6) Ní fhorléireofar aon ní san alt seo mar ní a cheanglaíonn ar aon duine na nithe seo a leanas a nochtadh d’oifigeach údaraithe—

- (a) faisnéis a bhféadfaí éileamh ar phribhléid ghairmiúil dlí a choimeád ar bun ina leith in imeachtaí dlí,
- (b) faisnéis de ghné rúnda liachta, nó
- (c) comhairle ghairmiúil de ghné rúnda arna tabhairt do chliant (seachas comhairle arna

tabhairt mar chuid de chuspóir mímhacánta, calaoiseach nó coiriúil).”,

(f) in alt 905(2) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (c):

“(c) Ní fhorléireofar aon ní san alt seo mar ní a cheanglaíonn ar aon duine na nithe seo a leanas a nochtadh d’oifigeach údaraithe—

(i) faisnéis a bhféadfaí éileamh ar phribhléid ghairmiúil dlí a choimeád ar bun ina leith in imeachtaí dlí,

(ii) faisnéis de ghné rúnda liachta, nó

(iii) comhairle ghairmiúil de ghné rúnda arna tabhairt do chliant (seachas comhairle arna tabhairt mar chuid de chuspóir mímhacánta, calaoiseach nó coiriúil).”,

(g) in alt 906A(1) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a) den mhíniú ar “foras airgeadais”:

“(a) duine a shealbhaíonn nó a shealbhaigh ceadúnas faoi alt 9 d’Acht an Bhainc Ceannais 1971, nó duine a shealbhaíonn nó a shealbhaigh ceadúnas nó údarú eile dá shamhail faoi dhlí aon Bhallstáit eile de na Comhphobail Eorpacha a fhreagraíonn do cheadúnas arna dheonú faoin alt sin,”

(h) in alt 908A(1) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a) den mhíniú ar “foras airgeadais”:

“(a) duine a shealbhaíonn nó a shealbhaigh ceadúnas faoi alt 9 d’Acht an Bhainc Ceannais 1971, nó duine a shealbhaíonn nó a shealbhaigh ceadúnas nó údarú eile dá shamhail faoi dhlí aon Bhallstáit eile de na Comhphobail Eorpacha a fhreagraíonn do cheadúnas arna dheonú faoin alt sin,”

(i) in alt 908B(1) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a) den mhíniú ar “foras airgeadais”:

“(a) duine a shealbhaíonn nó a shealbhaigh ceadúnas faoi alt 9 d’Acht an Bhainc Ceannais 1971, nó duine a shealbhaíonn nó a shealbhaigh ceadúnas nó údarú eile dá shamhail faoi dhlí aon Bhallstáit eile de na Comhphobail Eorpacha a fhreagraíonn do cheadúnas arna dheonú faoin alt sin,”

(j) in alt 1002(1) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “foras airgeadais”:

“ciallaíonn ‘foras airgeadais’—

(a) duine a shealbhaíonn nó a shealbhaigh ceadúnas faoi alt 9 d’Acht an Bhainc Ceannais 1971, nó duine a shealbhaíonn nó a shealbhaigh ceadúnas nó údarú eile dá shamhail faoi dhlí

aon Bhallstáit eile de na Comhphobail Eorpacha a fhreagraíonn do cheadúnas arna dheonú faoin alt sin,

- (b) duine dá dtagraítear in alt 7(4) d’Acht an Bhainc Ceannais 1971,
- (c) foras creidmheasa (de réir bhrí Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Forais Chreidmheasa a Cheadúnú agus a Mhaoirsiú) 1992 (I.R. Uimh. 395 de 1992)) a bheidh údaraithe ag Banc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann chun gnó forais creidmheasa a sheoladh de réir fhorálacha na n-achtachán maoirseachta (de réir bhrí na Rialachán sin), nó
- (d) brainse d’fhoras airgeadais a thaifeadann taiscí ina chuid leabhar mar dhliteanais de chuid an bhrainte;”,

agus

- (k) in alt 1078(3B) trí “laistigh de thréimhse 30 lá dar tosach an lá a dhéanfar an t-ordú” a chur isteach i ndiaidh “i bhfo-alt (3A) a chomhlíonadh”.

Tuairisceáin i ndáil le socraíochtaí agus iontaobhaithe.

**93.**—Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 896:

“896A.—(1) San alt seo—

ciallaíonn ‘oifigeach údaraithe’ oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim a bheidh údaraithe acu i scríbhinn chun na cumhachtaí a thugtar dóibh leis an alt seo a fheidhmiú;

tá le ‘socraíocht’ agus ‘socraitheoir’ na bríonna céanna faoi seach atá leo in alt 10.

(2) I gcás go raibh baint ag aon duine, i gcúrsa trádála nó gairme arna seoladh ag an duine sin, le socraíocht a dhéanamh agus i gcás gurb eol dó nó di, nó go bhfuil cúis aige nó aici lena chreidiúint—

- (a) go raibh cónaí nó gnáthchónaí ar an socraitheoir sa Stát an tráth a rinneadh an tsocraíocht, agus
- (b) nach raibh cónaí ar iontaobhaithe na socraíochta sa Stát an tráth a rinneadh an tsocraíocht,

ansin déanfaidh an duine sin, laistigh den tréimhse a shonraítear i bhfo-alt (3), ráiteas a sheachadadh ar an oifigeach cúí (de réir na brí a shanntar le halt 894(1)) ina sonrúfar—

- (i) ainm agus seoladh an tsocraitheora,
- (ii) ainmneacha agus seoltaí na ndaoine arb iad iontaobhaithe na socraíochta iad, agus
- (iii) an dáta ar a ndearnadh nó ar ar cruthaíodh an tsocraíocht.



(3) Déanfar an ráiteas dá dtagraítear i bhfo-alt (2) a sheachadadh—

(a) i gcás gur socraíocht arna déanamh ar dháta rite an *Achta Airgeadais (Uimh. 2) 2008* nó dá éis an tsocraíocht, laistigh de 4 mhí ó dháta déanta na socraíochta, nó

(b) i gcás gur socraíocht arna déanamh laistigh den tréimhse 5 bliana roimh an *Acht Airgeadais (Uimh. 2) 2008* a rith an tsocraíocht, laistigh de 6 mhí ó dháta rite an Achta.

(4) Chun críocha an ailt seo measfar nach bhfuil cónaí ar iontaobhaithe socraíochta sa Stát mura rud é go ndéantar riarachán ginearálta na socraíochta a sheoladh sa Stát de ghnáth agus go bhfuil cónaí de thuras na huair ar na hiontaobhaithe nó ar thromlach gach aicme iontaobhaithe sa Stát.

(5) Féadfaidh oifigeach údaraithe, le fógra i scríbhinn, a cheangal ar aon duine, a mbeidh cúis ag an oifigeach údaraithe lena chreidiúint ina leith go bhfuil faisnéis aige nó aici a bhaineann le socraíocht, an fhaisnéis sin a thabhairt don oifigeach údaraithe laistigh de cibé tréimhse ama a ordóidh an t-oifigeach údaraithe.”.

94.—(1) Leasaítear Caibidil 5 de Chuid 42 den Phríomh-Acht—

Míreanna  
oidhreachta agus  
maoin oidhreachta  
a bhronnadh.

(a) in alt 1003(5) trí “de mhéid atá ar cóimhéid le 80 faoin gcéad de mhargadhluach” a chur in ionad “de mhéid atá ar cóimhéid le margadhluach”, agus

(b) in alt 1003A(5) “de mhéid atá ar cóimhéid le 80 faoin gcéad de mhargadhluach” a chur in ionad “de mhéid atá ar cóimhéid le margadhluach”.

(2) Tá feidhm ag *fo-alt (1)*—

(a) i gcás *mhír (a)* den fho-alt sin, maidir le haon chinneadh arna dhéanamh ag an gcoiste roghnóireachta (de réir bhrí an ailt sin) faoi alt 1003(2)(a) den Phríomh-Acht, an 1 Eanáir 2009 nó dá éis, agus

(b) i gcás *mhír (b)* den fho-alt sin, maidir le haon chinneadh arna dhéanamh ag an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil faoi alt 1003A(2)(a) den Phríomh-Acht, an 1 Eanáir 2009 nó dá éis.

95.—Leasaítear alt 811A den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (6):

Leasú ar alt 811A  
(idirbhearta chun  
dliteanas cánach a  
sheachaint:  
formhuirear, ús  
agus fógra  
cosantach) den  
Phríomh-Acht.

“(6A) Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim aon oifigeach dá gcuid a ainmniú chun aon ghníomhartha a dhéanamh agus aon fheidhmeanna a chomhlíonadh a údaraíonn an t-alt seo do na Coimisinéirí Ioncaim a dhéanamh nó a chomhlíonadh agus déanfar tagairtí san alt seo do na Coimisinéirí Ioncaim a fhorléiriú, fara aon mhodhnuithe is gá, mar thagairtí a fholáíonn tagairtí d’oifigeach a bheidh ainmnithe amhlaidh.”.

Leasuithe ilghnéitheacha: dreasú chun íoc agus comhdú go leictreonach.

**96.**—(1) Leasaítear na hachtacháin a shonraítear i *Sceideal 3* a mhéid agus sa mhodh a shonraítear i *míreanna 1* agus *2* den *Sceideal* sin.

(2) Tá éifeacht leis an alt seo agus le *Sceideal 3* amhail ar an agus ón 1 Eanáir 2009.

Leasuithe ilghnéitheacha a bhaineann le cáin a bhailiú agus a ghnóthú.

**97.**—Déantar na hachtacháin a shonraítear i *Sceideal 4* a leasú a mhéid agus ar an modh a shonraítear i *míreanna 1* go *6* den *Sceideal* sin agus sa Tábla a ghabhann leis.

Leasuithe ilghnéitheacha i ndáil le pionóis.

**98.**—(1) Déantar na hachtacháin a shonraítear i *Sceideal 5* a leasú nó a aisghairm a mhéid agus ar an modh a shonraítear sa *Sceideal* sin agus, mura luaitear a mhalairt, tiocfaidh siad in éifeacht tar éis an tAcht seo a rith.

(2) D’ainneoin *fho-alt (1)*, maidir le fómhír (*ar*) de mhír 2 de *Sceideal 5*—

(a) beidh feidhm ag clásail (i), (iv), (v) agus (vi) den fómhír sin maidir le pionóis, dá dtagraítear i *míreanna (a)* agus (*b*) d’alt 1086(2), a fhorchuireann nó a chinneann cúirt tráth rite an Achta seo nó dá éis, agus

(b) beidh feidhm ag clásail (ii) agus (iii) den fómhír sin maidir le suimeanna sonraithe, dá dtagraítear i *míreanna (c)* agus (*d*) d’alt 1086(2), a ghlac na Coimisinéirí Ioncaim, nó a gheall siad go nglacfaidís, mar shocraíocht ar dhliteanas sonraithe tráth rite an Achta seo nó dá éis.

Leasuithe teicniúla ilghnéitheacha i ndáil le cáin.

**99.**—Maidir leis na hachtacháin a shonraítear i *Sceideal 6*—

(a) leasaítear iad a mhéid agus ar an modh a shonraítear i *míreanna 1* go *6* den *Sceideal* sin, agus

(b) tá feidhm acu agus tiocfaidh siad i ngníomh de réir *mhír 7* den *Sceideal* sin.

An Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla.

**100.**—(1) San alt seo—

tá le “seirbhísí caipitiúla” an bhrí chéanna atá leis sa phríomh-alt;

ciallaíonn “an séú blianacht bhreise is caoga” an tsuim a mhuirearaítear ar an bPríomh-Chiste faoi *fho-alt (2)*;

ciallaíonn “príomh-alt” alt 22 den Acht Airgeadais 1950.

(2) D’fhonn iasachtaí i leith seirbhísí caipitiúla, agus d’fhonn ús ar na hiasachtaí sin, a fhuascailt, déanfar suim €403,709,206 a mhuirearú go bliantúil ar an bPríomh-Chiste nó ar thoradh fáis an Chiste sin sa tríocha bliain airgeadais chomhleanúnach dar tosach an bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2009.

(3) Déanfar an séú blianacht bhreise is caoga a íoc isteach sa Chuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla ar cibé modh agus cibé tráthanna sa bhliain airgeadais iomchuí a chinnfidh an tAire Airgeadais.

(4) Féadfar aon mhéid den séú blianacht bhreise is caoga, nach mó ná €310,300,000 in aon bhliain airgeadais, a úsáid chun an t-ús ar an bhfiach poiblí a íoc.

(5) Déanfar iarmhéid an séú blianacht bhreise is caoga a úsáid in aon cheann nó níos mó de na slite a shonraítear i bhfo-alt (6) den phríomh-alt.

**101.**—Déantar na cánacha agus na dleachtanna go léir a fhorchuirtear leis an Acht seo a chur faoi chúram agus faoi bhainistiú na gCoimisinéirí Ioncaim.

Cúram agus bainistiú cánacha agus dleachtanna.

**102.**—(1) Féadfar *an tAcht Airgeadais (Uimh. 2) 2008* a ghairm den Acht seo.

Gearrtheideal, forléiriú agus tosach feidhme.

(2) Déanfar *Cuid 1* a fhorléiriú—

(a) a mhéid a bhaineann sí le cáin ioncaim, tobhach ioncaim agus tobhach lothcha, i dteannta na nAchtanna Cánach Ioncaim,

(b) a mhéid a bhaineann sí le cáin chorparáide, i dteannta na nAchtanna Cánach Corparáide, agus

(c) a mhéid a bhaineann sí le cáin ghnóchan caipitiúil, i dteannta na nAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil.

(3) Déanfar *Cuid 2*, a mhéid a bhaineann sí le dleachtanna máil, a fhorléiriú i dteannta na reachtanna a bhaineann leis na dleachtanna sin agus le bainistiú na ndleachtanna sin.

(4) Déanfar *Cuid 3* a fhorléiriú i dteannta na nAchtanna Cánach Breisluacha 1972 go 2008 agus féadfar na hAchtanna Cánach Breisluacha a ghairm den Chuid sin agus de na hAchtanna sin le chéile.

(5) Déanfar *Cuid 4* a fhorléiriú i dteannta an Achta Comhdhlúite Dleachtanna Stampa 1999 agus na n-achtachán lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin.

(6) Déanfar *Cuid 5* a fhorléiriú i dteannta an Achta Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil 2003 agus na n-achtachán lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin.

(7) Déanfar *Cuid 6* a fhorléiriú—

(a) a mhéid a bhaineann sí le cáin ioncaim, i dteannta na nAchtanna Cánach Ioncaim,

(b) a mhéid a bhaineann sí le cáin chorparáide, i dteannta na nAchtanna Cánach Corparáide,

(c) a mhéid a bhaineann sí le cáin ghnóchan caipitiúil, i dteannta na nAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil,

(d) a mhéid a bhaineann sí le custaim, i dteannta na nAchtanna Custam,

(e) a mhéid a bhaineann sí le dleachtanna máil, i dteannta na reachtanna a bhaineann le dleachtanna máil agus le bainistiú na ndleachtanna sin,

- (f) a mhéid a bhaineann sí le cáin bhreisluacha, i dteannta na nAchtanna Cánach Breisluacha,
  - (g) a mhéid a bhaineann sí le dleacht stampa, i dteannta an Achta Comhdhlúite Dleachtanna Stampa 1999 agus na n-achtachán lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin,
  - (h) a mhéid a bhaineann sí le cáin mhaoine cónaithe, i dteannta Chuid VI den Acht Airgeadais 1983 agus na n-achtachán lena leasaítear nó lena leathnaítear an Chuid sin, agus
  - (i) a mhéid a bhaineann sí le cáin bhronntanais nó cáin oidhreachta, i dteannta an Achta Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil 2003 agus na n-achtachán lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin.
- (8) Ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt go sainráite i *gCuid I*, measfar gur tháinig an Chuid sin i bhfeidhm, agus tá éifeacht léi, amhail ar an agus ón 1 Eanáir 2009.
- (9) Ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt go sainráite, i gcás ina bhfuil foráil den Acht seo le teacht i ngníomh ar an Aire Airgeadais do dhéanamh ordaithe, tiocfaidh an fhoráil sin i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire Airgeadais i gcoitinne nó faoi threoir aon chríche nó forála áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

SCEIDEAL 1

Alt 57.

AISGHAIRM I NDÁIL LEIS AN DLÍ MÁIL

Uimhir agus Bliain (1)	Gearrtheideal (2)	Méid na haisghairme (3)
Uimh. 15 de 1947	An tAcht Airgeadais 1947	Ailt 11, 12 agus 13
Uimh. 14 de 1980	An tAcht Airgeadais 1980	I gCuid IV den Seachtú Sceideal, na hiontrálacha sna colúin darb uimhreacha (2) go (5) os coinne na n-uimhreacha tagartha 1, 2 agus 3 (a bhaineann le ceadúnais cheantálaithe, le ceadanna ceantála agus le ceadúnais ghníomhairí tithe, faoi seach)
Uimh. 15 de 1983	An tAcht Airgeadais 1983	Alt 66
Uimh. 10 de 1989	An tAcht Airgeadais 1989	Alt 47(4)(a) agus, i gCuid IV den Séú Sceideal, na hiontrálacha sna colúin darb uimhreacha (2) go (5) os coinne na n-uimhreacha tagartha 1, 2 agus 3 (a bhaineann le ceadúnais cheantálaithe, le ceadanna ceantála agus le ceadúnais ghníomhairí tithe, faoi seach)
Uimh. 9 de 1992	An tAcht Airgeadais 1992	I gCuid IV den Séú Sceideal, na hiontrálacha sna colúin darb uimhreacha (2) go (5) os coinne na n-uimhreacha tagartha 1, 2 agus 3 (a bhaineann le ceadúnais cheantálaithe, le ceadanna ceantála agus le ceadúnais ghníomhairí tithe, faoi seach)
Uimh. 13 de 1993	An tAcht Airgeadais 1993	Alt 79(4)

Alt 59.

SCEIDEAL 2

CEADÚNAIS MHÁIL

(1) Uimhir Thagartha	(2) An Cineál Ceadúnais	(3) An Ráta Dleachta
	<b>CEADÚNAIS MHONARÓIRÍ</b>	
	<i>Ceadúnas atá le baint amach gach bliain ag:</i>	
1.	Driogaire Biotáille	€500
2.	Ceartaítheoir nó cumascóir biotáille	€500
3.	Grúdaire beorach chun a díola	€500
4.	Déantóir milseán chun a ndíola	€500
5.	Déantóir leanna úll nó leanna piorraí chun a dhíola	€500
	<b>CEADÚNAIS MHÓRDHÍOLTÓIRÍ</b>	
	<i>Ceadúnais atá le baint amach gach bliain ag:</i>	
6.	Mórdhíoltóir biotáille	€500
7.	Mórdhíoltóir beorach	€500
8.	Mórdhíoltóir fíona	€500
9.	Mórdhíoltóir biotáille fíona	€500
	<b>AR-CHEADÚNAIS MHIONDÍOLTÓIRÍ</b>	
	<i>Ceadúnas atá le baint amach gach bliain ag:</i>	
10.	Miondíoltóir beorach	€500
11.	Miondíoltóir fíona	€500
12.	Miondíoltóir milseán	€500
13.	Miondíoltóir leanna úll	€500
	<b>EIS-CHEADÚNAIS MHIONDÍOLTÓIRÍ</b>	
	<i>Ceadúnas atá le baint amach gach bliain ag:</i>	
14.	Miondíoltóir biotáille	€500
15.	Miondíoltóir beorach	€500
16.	Miondíoltóir leanna úll	€500
17.	Miondíoltóir fíona	€500
18.	Miondíoltóir milseán	€500
	<b>CEADÚNAIS ÁRTHAÍ PAISINÉIRÍ</b>	
19.	Ceadúnas atá le baint amach gach bliain maidir le hárthach paisinéirí ag an máistir nó ag duine eile a bhaineann leis an ártach agus atá ainmnithe ag úinéir an árthaigh	€500
20.	Ceadúnas atá le baint amach maidir le hárthach paisinéirí ag an máistir nó ag duine eile a bhaineann leis an ártach agus atá ainmnithe ag úinéir an árthaigh, agus nach mbeidh i bhfeidhm ach ar feadh aon lae amháin	€100
	<b>CEADÚNAIS CHARBAD BIA IARNRÓID</b>	
21.	Ceadúnas atá le baint amach gach bliain maidir le carbad bia iarnróid ag an gcuideachta iarnróid nó ag duine eile ar leis an carbad	€500
	<b>CEADÚNAS AERÁRTHAÍ PAISINÉIRÍ</b>	
22.	Ceadúnas atá le baint amach gach bliain ag gnólacht aeriompair maidir le haerárthach ar eitilt is leis an ngnólacht sin nó atá fruilithe aige	€500

SCEIDEAL 3

Alt 96.

LEASUITHE ILGHNÉITHEACHA: DREASÚ CHUN ÍOC AGUS COMHDÚ GO LEICTREONACH

1. Leasaítear an tAcht Comhdhlúite Cánacha 1997—

- (a) in alt 239, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4) (arna leasú leis an *Acht Airgeadais (Uimh. 2) 2008*):

“(4A) I gcás go dtugtar tuairisceán dá dtagraítear i bhfo-alt (4) trí mheán leictreonach agus de réir Chaibidil 6 de Chuid 38, ansin beidh feidhm ag fo-alt (4), agus beidh éifeacht leis, amhail is dá gcuirfí ‘lá 23 den mhí’ in ionad ‘lá 21 den mhí’; ach i gcás ina ndéantar an tuairisceán sin tar éis an lae dá bhforáiltear san fho-alt seo beidh feidhm ag na hAchtanna Cánach, agus beidh éifeacht leo, gan féachaint d’fhorálacha an fho-ailt seo.”,

- (b) in alt 531, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3A):

“(3AA) Más rud é maidir le tuairisceán agus cur ar aghaidh dá dtagraítear, faoi seach, i bhfomhíreanna (a)(i) agus (a)(ii) d’fho-alt (3A)—

- (a) go ndéantar é, maidir leis an tuairisceán, trí mheán leictreonach agus de réir Chaibidil 6 de Chuid 38, agus
- (b) go ndéantar é, maidir leis an gcur ar aghaidh, trí cibé meán leictreonach (de réir bhrí alt 917EA) a cheanglóidh na Coimisinéirí Ioncaim,

ansin beidh feidhm ag fo-alt (3A), agus beidh éifeacht leis, amhail is dá gcuirfí ‘an 23ú lá de mhí chánach ioncaim’ in ionad ‘an 14ú lá de mhí chánach ioncaim’; ach i gcás ina ndéantar an tuairisceán nó an cur ar aghaidh sin tar éis an lae dá bhforáiltear san fho-alt seo, beidh feidhm ag na hAchtanna Cánach Ioncaim, agus beidh éifeacht leo, gan féachaint d’fhorálacha an fho-ailt seo.”,

- (c) in alt 950, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) Más rud é maidir le tuairisceán mar aon le haon íocaíocht a cheanglaítear ar chuideachta a dhéanamh de réir fhorálacha na nAchtanna Cánach—

- (a) go ndéantar é, maidir leis an tuairisceán, trí mheán leictreonach agus de réir Chaibidil 6 de Chuid 38, agus
- (b) go ndéantar í, maidir leis an íocaíocht, trí cibé meán leictreonach (de réir bhrí alt 917EA) a cheanglóidh na Coimisinéirí Ioncaim,

ansin beidh feidhm ag an míniú ar ‘dáta tuairisceáin sonraithe don tréimhse inmhuirearaithe’, agus beidh

éifeacht leis, amhail is dá gcuirfí ‘lá 23 den mhí’ in ionad ‘lá 21 den mhí’ i míreanna (b) agus (c); ach i gcás ina ndéantar an tuairisceán nó an íocaíocht sin tar éis an lae dá bhforáiltear san fho-alt seo, beidh feidhm ag na hAchtanna sin, agus beidh éifeacht leo, gan féachaint d’fhorálacha an fho-ailt seo.”,

agus

- (d) in alt 958, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2BA) (arna chur isteach leis an *Acht Airgeadais (Uimh. 2) 2008*):

“(2BB) I gcás ina ndéantar íocaíocht réamhchánach atá dlite agus iníoctha de réir fho-alt (2B) nó (2BA) trí cibé meán leictreonach (de réir bhrí alt 917EA) a cheanglóidh na Coimisinéirí Ioncaim, ansin beidh feidhm ag míreanna (a) agus (b) d’fho-alt (2B) agus ag míreanna (b) agus (c) d’fho-alt (2BA), agus beidh éifeacht leo, amhail is dá gcuirfí ‘lá 23 den mhí’ in ionad ‘lá 21 den mhí’ agus dá gcuirfí ‘lá 23 den mhí sin’ a chur in ionad ‘lá 21 den mhí sin’ gach áit a bhfuil sé; ach i gcás ina ndéantar an íocaíocht tar éis an lae dá bhforáiltear san fho-alt seo, beidh feidhm ag na hAchtanna Cánach, agus beidh éifeacht leo, gan féachaint d’fhorálacha an fho-ailt seo.”.

2. Leasaítear an tAcht Cánach Breisluacha 1972 in alt 19 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(3A) Más rud é, maidir le cur ar aghaidh nó, de réir mar a bheidh, maidir le tuairisceán agus cur ar aghaidh, dá dtagraítear i mír (a), i bhfomhíreanna (ii)(II) agus (iv)(II) de mhír (aa) agus i mír (b) d’fho-alt (3)—

(a) go ndéanfar é, maidir leis an gcur ar aghaidh, trí cibé meán leictreonach (de réir bhrí alt 917EA den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997) a cheanglóidh na Coimisinéirí Ioncaim, agus

(b) go ndéanfar é, maidir leis an tuairisceán, trí mheán leictreonach agus de réir Chaibidil 6 de Chuid 38 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997,

ansin beidh feidhm ag na míreanna sin (a), (aa) agus (b), agus beidh éifeacht leo, amhail is dá gcuirfí ‘13 lá’ in ionad ‘9 lá’ nó, de réir mar a bheidh, ‘naoi lá’ gach áit a bhfuil sé; ach i gcás go ndéantar an cur ar aghaidh nó an tuairisceán sin tar éis na tréimhse dá bhforáiltear san fho-alt seo, beidh feidhm ag an Acht seo, agus beidh éifeacht leis, gan féachaint d’fhorálacha an fho-ailt seo.”.



SCEIDEAL 4

Alt 97.

FORÁLACHA A BHAINNEANN LE CÁIN A BHAILIÚ AGUS A GHNÓTHÚ

1. Leasaítear an tAcht Comhdhlúite Cánacha 1997—

- (a) i gCaibidil 1 de Chuid 39, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 928:

“Sonraí suimeanna a bheidh le bailiú a tharchur chuig an Ard-Bhailitheoir.

928.—(1) San alt seo—

tá le ‘measúnacht’ agus le ‘oifigeach Ioncaim’, faoi seach, na bríonna céanna atá leo i gCaibidil 1A de Chuid 42;

ciallaíonn ‘cáin’ cáin ioncaim, cáin chorparáide, cáin ghnóchan caipitiúil, cáin bhreislúacha, dleacht máil, dleacht stampa, cáin bhronntanais agus cáin oidhreachta.

(2) Tar éis measúnachtaí i leith cánach a bheith déanta, déanfaidh na cigirí nó oifigh Ioncaim eile sonraí na suimeanna a bheidh le bailiú a tharchur chuig an Ard-Bhailitheoir nó chuig oifigeach Ioncaim arna ainmniú nó arna hainmniú i scríbhinn faoi alt 960B chun iad a bhailiú.

(3) Má dhéanann cigire nó oifigeach Ioncaim eile sonraí measúnachta i leith cánach agus sonraí na cánach a mhuirearaítear i measúnacht den sórt sin a thairfeadh i dtairfead leictreonach, digiteach, maighnéadach, optúil, leictreamhaighnéadach, bithmhéadrach, fótónach nó fótagrafach nó i dtairfead eile as a bhféadfaidh an tArd-Bhailitheoir nó oifigeach Ioncaim arna ainmniú nó arna hainmniú i scríbhinn faoi alt 960B na sonraí sin a aisghabháil trí phróiseas leictreonach, digiteach, maighnéadach, optúil, leictreamhaighnéadach, bithmhéadrach, fótónach nó fótagrafach nó trí phróiseas eile, glacfar leis gurb ionann é sin agus tarchur na sonraí sin ag an gcigire nó ag an oifigeach Ioncaim eile chuig an Ard-Bhailitheoir nó chuig an oifigeach Ioncaim arna ainmniú nó arna hainmniú i scríbhinn faoi alt 960B.”,

- (b) i gCuid 42—

- (i) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Chaibidil 1:

“*Caibidil 1A*

*Léiriú*

Léiriú.

960A.—(1) I gCaibidlí 1A, 1B agus 1C, mura luaitear a mhalairt go sainráite—

ciallaíonn ‘Achtanna’—

- (a) na hAchtanna Cánach,
- (b) na hAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil,
- (c) an tAcht Cánach Breisluacha 1972, agus na hachtacháin lena leasaítear agus lena leathnaítear an tAcht sin,
- (d) na reachtanna a bhaineann leis na dleachtanna máil agus bainistiú na ndleachtanna sin agus na hachtacháin lena leasaítear agus lena leathnaítear na reachtanna sin,
- (e) an tAcht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa 1999 agus na hachtacháin lena leasaítear agus lena leathnaítear an tAcht sin,
- (f) an tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil 2003 agus na hachtacháin lena leasaítear agus lena leathnaítear an tAcht sin,
- (g) Codanna 18A agus 18B (arna gcur isteach leis an *Acht Airgeadais (Uimh. 2) 2008*),

agus aon ionstraimí arna ndéanamh faoi aon cheann de na hAchtanna sin;

ciallaíonn ‘measúnacht’ measúnacht i leith cánach arna déanamh faoi aon fhoráil de na hAchtanna, lena n-áirítear aon mheasúnacht leasaithe, measúnacht bhreise, measúnacht cheartaitheach agus aon mheastachán arna dhéanamh faoi alt 990 nó faoi Rialachán 13 nó 14 de na Rialacháin CCI agus aon mheastachán arna dhéanamh faoi alt 22 den Acht Cánach Breisluacha 1972;

tá le ‘díolaíochtaí’ an bhrí chéanna atá leis in alt 983;

tá le ‘mí chánach ioncaim’ an bhrí chéanna atá leis in alt 983;

ciallaíonn ‘Rialacháin ÍMAT’ rialacháin arna ndéanamh faoi alt 986;

ciallaíonn ‘Rialacháin CCI’ na Rialacháin Chánach Ioncaim (Conarthaí Iomchuí) 2000 (I.R. Uimh. 71 de 2000);

ciallaíonn ‘oifigeach Ioncaim’ aon oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim;

ciallaíonn ‘cáin’ aon cháin ioncaim, cáin chorparáide, cáin ghnóchan caipitiúil, cáin bhreisluacha, dleacht máil, dleacht stampa, cáin bhronntanais, cáin oidhreachta nó aon tobhach nó muirear eile a chuirtear faoi chúram agus faoi bhainistiú na gCoimisinéirí Ioncaim agus folaíonn sé—

- (a) aon ús, formhuirear nó pionós a bhaineann le haon cháin, dleacht, tobhach nó muirear den sórt sin,
- (b) aon aisghlámadh faoisimh nó díolúine a bhaineann le haon cháin, dleacht, tobhach nó muirear den sórt sin, agus
- (c) aon suim a cheanglaítear ar aon duine a asbhaint nó a choinneáil siar agus a íoc leis na Coimisinéirí Ioncaim nó leis an Ard-Bhailitheoir, de réir mar a bheidh, nó a chur ar aghaidh chuig na Coimisinéirí Ioncaim nó chuig an Ard-Bhailitheoir, de réir mar a bheidh, faoi aon fhoráil de na hAchtanna;

ciallaíonn ‘cáin atá dlite agus infoctha’ cáin atá dlite agus infoctha faoi aon fhoráil de na hAchtanna.

Feidhmeanna an Ard-Bhailitheora a chomhlíonadh. 960B.—Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim aon oifigeach Ioncaim a ainmniú i scríbhinn chun aon ghníomhartha a dhéanamh agus aon fheidhmeanna a chomhlíonadh ar gníomhartha agus feidhmeanna iad a n-údaráíonn Caibidlí 1B agus 1C don Ard-Bhailitheoir iad a dhéanamh nó a chomhlíonadh, seachas na gníomhartha agus na feidhmeanna dá dtagraítear i bhfo-alt (1) go (4) d’alt 960N, agus déanfar tagairtí sa Chuid seo do ‘Ard-Bhailitheoir’ a léamh dá réir sin.

*Caibidil 1B*

*Cáin a bhailiú, etc.*

Cáin le bheith dlite agus iníoctha leis na Coimisinéirí Ioncaim. 960C.—Beidh cáin atá dlite agus iníoctha faoi na hAchtanna seo dlite agus iníoctha leis na Coimisinéirí Ioncaim.

Cáin le bheith ina fiach atá dlite don Aire Airgeadais. 960D.—Déanfar cáin atá dlite agus iníoctha leis na Coimisinéirí Ioncaim a áireamh mar fhiach atá dlite don Aire Airgeadais chun tairbhe don Phríomh-Chiste.

Cáin a bhailiú, éilimh a eisiúint, etc. 960E.—(1) Déanfar cáin atá dlite agus iníoctha leis na Coimisinéirí Ioncaim de bhua alt 960C a íoc leis an Ard-Bhailitheoir, agus baileoidh an tArd-Bhailitheoir an cháin sin, lena n-áirítear cáin a mhuirearaítear i ngach measúnacht i leith cánach a mbeidh sonraí maidir leo tugtha don Ard-Bhailitheoir faoi alt 928.

(2) Éileoidh an tArd-Bhailitheoir go n-íocfar cáin atá dlite agus iníoctha ach atá gan íoc ag an duine a bhfuil an cháin sin iníoctha aige nó aici.

(3) I gcás nach n-íoctar cáin de réir an éilimh dá dtagraítear i bhfo-alt (2), déanfaidh an tArd-Bhailitheoir an cháin atá dlite agus iníoctha ach atá gan íoc ag an duine a bhfuil an cháin sin iníoctha aige nó aici a bhailiú agus a thobhach.

(4) Ar cháin a íoc, féadfaidh an tArd-Bhailitheoir admháil a sholáthar don duine lena

mbaineann i leith na híocaíochta sin agus is é a bheidh san admháil sin cibé ceann díobh seo a leanas is cuí leis an Ard-Bhailitheoir, eadhon—

- (a) admháil ar leithligh i leith gach íocaíochta den sórt sin, nó
- (b) admháil ar gach íocaíocht den sórt sin a rinneadh laistigh den tréimhse a shonraítear san admháil.

Airgead a fhaightear i leith cánach fáltas caipitiúil agus dleachtanna stampa agus nach leithreasaítear le bheith inghnóthaithe.

960F.—(1) Aon duine—

- (a) a mbeidh suim airgid faighte aige nó aici i leith cánach bronntanais, cánach oidhreachta nó dleachtanna stampa agus nach n-íocann an tsuim sin leis an Ard-Bhailitheoir, agus
- (b) a dhéanann an tsuim airgid sin a choimeád siar nó a choinneáil go míchuí,

beidh sé nó sí cuntasach do na Coimisinéirí Ioncaim as an tsuim sin a íoc go feadh méid na suime a bheidh faighte amhlaidh ag an duine sin.

(2) Déileálfar leis an tsuim airgid dá dtagraítear i bhfo-alt (1) mar fhiach atá dlite don Aire Airgeadais chun tairbhe don Phríomh-Chiste agus beidh feidhm ag alt 960I maidir le haon suim den sórt sin amhail is dá mba cháin atá dlite agus iníoctha í.

Dualgas an cháiníocóra dliteanas a shainaithint a bhfuil íocaíocht le fritháireamh ina aghaidh, etc.

960G.—(1) Faoi réir fho-alt (2), déanfaidh gach duine a dhéanann íocaíocht cánach leis na Coimisinéirí Ioncaim nó leis an Ard-Bhailitheoir an dliteanas cánach ar mian leis nó léi an íocaíocht a fhritháireamh ina aghaidh a shainaithint.

(2) I gcás ina bhfaigheann na Coimisinéirí Ioncaim nó an tArd-Bhailitheoir íocaíocht cánach agus go bhfuil duillín pá, tuairisceán cánach, éileamh cánach nó doiciméad eile arna eisiúint ag na

Coimisinéirí Ioncaim nó ag an Ard-Bhailitheoir ag gabháil leis an íocaíocht, déileálfar leis an íocaíocht, mura léirítear nó murar léiríodh go soiléir a mhalairt a bheith ar intinn, mar íocaíocht a bhaineann leis an gcáin dá dtagraítear sa doiciméad lena mbaineann.

(3) I gcás ina bhfaigheann na Coimisinéirí Ioncaim nó an tArd-Bhailitheoir íocaíocht ó duine agus nach féidir leis na Coimisinéirí Ioncaim nó leis an Ard-Bhailitheoir, le réasún, a chinneadh de réir na dtreoracha, más ann, a bhí ag gabháil leis an íocaíocht cé na dliteanais ar mian leis an duine an íocaíocht a fhritháireamh ina n-aghaidh, ansin féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim nó an tArd-Bhailitheoir an íocaíocht a fhritháireamh in aghaidh aon dliteanais atá dlite den duine faoi na hAchtanna.

Fritháireamh  
idir cánacha.

960H.—(1) San alt seo—

ciallaíonn ‘éileamh’ éileamh is bun le haisíocaíocht cánach nó le híocaíocht úis is iníochta i leith aisíocaíochta den sórt sin, nó is bun le haisíocaíocht agus le híocaíocht den sórt sin, agus folaíonn sé cuid d’éileamh den sórt sin;

ciallaíonn ‘dliteanas’ aon cháin atá dlite agus iníochta agus atá gan íoc agus folaíonn sé aon cháin a mheastar a bheith dlite agus iníochta;

ciallaíonn ‘ró-íocaíocht’ íocaíocht nó cur ar aghaidh (lena n-áirítear cuid d’íocaíocht nó de chur ar aghaidh den sórt sin) is mó ná méid an dliteanais ar ina aghaidh a chreidiúnaítear an íocaíocht nó an cur ar aghaidh sin.

(2) I gcás gur deimhin leis an Ard-Bhailitheoir nár chomhlíon duine na hoibleagáidí arna bhforchur ar an duine i ndáil le ceachtar de na nithe seo a leanas nó i ndáil leo araon—

(a) íoc na cánach atá dlite agus iníochta, agus

- (b) seachadadh tuairisceán a cheanglaítear a dhéanamh,

ansin féadfaidh an tArd-Bhailitheoir, i gcás ina bhfuil aisíocaíocht dlite don duine i leith éilimh nó ró-íocaíochta—

- (i) i gcás ina bhfuil feidhm ag mír (a), nó ina bhfuil feidhm ag míreanna (a) agus (b), in ionad an aisíocaíochta a dhéanamh, méid na haisíocaíochta a fhritháireamh in aghaidh aon dliteanais, agus

- (ii) i gcás ina bhfuil feidhm ag mír (b) amháin, déanamh na haisíocaíochta a choimeád siar go dtí cibé tráth a sheachadtar na tuairisceáin a cheanglaítear a sheachadadh.

- (3) (a) I gcás ina ndéanfaidh duine (dá ngairtear ‘an chéad duine a luaitear’ san fho-alt seo) ceart chun éilimh nó chun ró-íocaíochta a shannadh do dhuine eile (dá ngairtear an ‘dara duine a luaitear’ san fho-alt seo), a aistriú chuige nó chuici nó a dhíol leis nó léi, agus go mbeidh feidhm ag fo-alt (2)(a), ansin, i gcás ina mbeadh aisíocaíocht dlite don chéad duine a luaitear i leith an éilimh nó na ró-íocaíochta mura rud é go ndearna sé nó sí a cheart nó a ceart chun an éilimh nó chun na ró-íocaíochta a shannadh, a aistriú nó a dhíol, déanfaidh an tArd-Bhailitheoir, in ionad an aisíocaíochta a dhéanamh leis an dara

duine a luaitear, an t-éileamh nó an ró-íocaíocht sin a fhritháireamh in aghaidh cánach atá dlite den chéad duine sin a luaitear agus iníoctha aige nó aici.

(b) I gcás inar daoine bainteacha iad, de réir bhrí alt 10, an chéad duine a luaitear agus an dara duine a luaitear, ansin déanfar an t-iarmhéid, más ann, den aisíocaíocht dá dtagraítear i mír (a) a fhritháireamh in aghaidh cánach atá dlite agus iníoctha ag an dara duine a luaitear.

(4) I gcás ina ndearna an tArd-Bhailitheoir aisíocaíocht a fhritháireamh nó a choimeád siar de bhua fho-alt (2) nó (3), ansin tabharfaidh sé nó sí fógra i scríbhinn á rá sin don duine nó do na daoine lena mbaineann agus, i gcás ina bhfuil feidhm ag fo-alt (2)(ii), ní bheidh ús iníoctha faoi aon fhoráil de na hAchtanna ó dháta an fhógra sin i leith aon aisíocaíochta arna coimeád siar amhlaidh.

(5) Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim rialacháin a dhéanamh chun éifeacht a thabhairt don alt seo agus, gan dochar do ghinearáltacht an méid sin roimhe seo, féadfar, leis na rialacháin sin, foráil a dhéanamh maidir le hord tosaíochta na ndliteanas cánach a bhfuil aon éileamh nó ró-íocaíocht le fhritháireamh ina n-aghaidh de réir fho-alt (2) nó (3) nó de réir an dá fho-alt sin.

(6) Tá gach rialachán a dhéantar faoin alt seo le leagan faoi bhráid Dháil Éireann a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann Dáil Éireann, laistigh den 21 lá a shuífidh Dáil Éireann tar éis an rialachán a leagan faoina bráid, rún a rith ag neamhniú an rialacháin, beidh an rialachán ar neamhniú dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht



aon ní a rinneadh roimhe sin faoin rialachán.

(7) Beidh éifeacht leis na Rialacháin Chánacha (Aisíocaíochtaí a Fhritháireamh) 2002 (I.R. Uimh. 471 de 2002) amhail is dá mba rud é go ndearnadh iad faoi fho-alt (5) agus gur comhlíonadh fo-alt (6) leo.

*Caibidil 1C*

*Forálacha maidir le ghnóthú, rialacha i ndáil le fianaise, etc.*

Cáin a ghnóthú ar mhodh imeachtaí sibhialta.

960I.—(1) Gan dochar d'aon mhodh eile trína bhféadfar íoc cánach a fhorfheidhmiú, féadfar agairt a dhéanamh i leith aon chánach atá dlite agus iníoctha nó i leith aon iarmhéid de cháin den sórt sin, agus féadfar an cháin nó an t-iarmhéid sin a ghnóthú, trí imeachtaí arna dtionscnamh ag an Ard-Bhailitheoir in aon chúirt dlínse inniúla.

(2) Féadfar gach ceann nó aon cheann de na méideanna cánach atá dlite d'aon duine amháin a chur san áireamh sa toghairm chéanna.

(3) Maidir leis na rialacha cúirte is infheidhme de thuras na huairé i ndáil le himeachtaí sibhialta a thosaítear le toghairm shibhialta, beidh feidhm acu, a mhéid a bhaineann na himeachtaí le cáin a ghnóthú, maidir le himeachtaí faoin alt seo.

(4) Má ghlactar le páirt-íocaíocht nó le híocaíocht ar cuntas i leith cánach dá dtagraítear i dtoghairm, ní dhéantar dochar dá bharr sin d'imeachtaí chun iarmhéid na cánach atá dlite a ghnóthú agus féadfar an toghairm a leasú dá réir sin.

(5) (a) Féadfar imeachtaí faoin alt seo a thionscnamh chun an méid iomlán a ghnóthú a dhlíonn fostóir, faoi Chaibidil 4 agus faoi Rialacháin ÍMAT, a íoc leis an Ard-Bhailitheoir i leith aon mhíosa cánach ioncaim—

(i) gan idirdhealú a dhéanamh idir na méideanna ar ina leith a dhlíonn an fostóir íoc faoi threoir gach fostaí, agus

(ii) gan na fostaithe atá i gceist a shonrú.

(b) Chun críocha na n-imeachtaí dá dtagraítear i mír (a), is aon chúis caingne aonair amháin nó aon ábhar gearáin amháin an méid iomlán.

(c) Ní choiscfidh aon ní san fho-alt seo imeachtaí leithleacha a thionscnamh chun gach ceann de na méideanna leithleacha a ghnóthú a dhlíonn an fostóir a íoc faoi threoir aon mhíosa cánach ioncaim agus faoi threoir fhostaithe leithleacha an fhostóra.

(6) Chun críocha fho-alt (5), maidir le haon mhéid cánach—

(a) a dhéantar a mheas faoi alt 989, nó

(b) a dhéantar a mheas faoi alt 990 nó maidir le haon iarmhéid cánach arna mheas amhlaidh ach atá gan íoc,

meastar gur méid cánach é a raibh aon duine a bhí ag íoc díolaíochtaí faoi dhliteanas, faoi Chaibidil 4 agus faoi Rialacháin ÍMAT, é a íoc leis an Ard-Bhailitheoir.

Rialacha maidir le fianaise agus nós imeachta.

960J.—(1) In imeachtaí chun cáin a ghnóthú, maidir le deimhniú arna shíniú ag an Ard-Bhailitheoir á rá gur tharla aon cheann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas sular tionscnaíodh na himeachtaí:

(a) go ndearnadh an mheasúnacht i leith

cánach, más ann, go  
cuí,

- (b) go bhfuil an mheasúnacht, más ann, tagtha chun bheith críochnaitheach agus dochloíte,
- (c) go bhfuil an cháin nó aon chuid shonraithe den cháin dlite agus gan íoc,
- (d) go ndearnadh éileamh go cuí i leith íoc na cánach,

beidh sé ina fhianaise, go dtí go gcruthófar a mhalairt, ar cibé ní díobh sin atá deimhnithe amhlaidh ag an Ard-Bhailitheoir.

(2) (a) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (1) i gcás cánach lena mbaineann Caibidil 4.

(b) In imeachtaí chun cáin lena mbaineann Caibidil 4 a ghnóthú, maidir le deimhniú arna shíniú ag an Ard-Bhailitheoir á dheimhniú go bhfuil méid sonraithe cánach ioncaim faoi Sceideal E dlite agus gan íoc, beidh sé ina fhianaise, go dtí go gcruthófar a mhalairt, go bhfuil an méid dlite agus gan íoc amhlaidh.

(3) In imeachtaí chun cáin a ghnóthú, maidir le deimhniú a airbheartaíonn a bheith sínithe ag an Ard-Bhailitheoir, ar deimhniú é lena ndeimhnítear na nithe, nó aon cheann de na nithe, dá dtagraítear i bhfo-alt (1) nó (2), féadfar é a thairiscint i bhfianaise gan chruthúnas agus measfar, go dtí go gcruthófar a mhalairt, é a bheith sínithe go cuí ag an duine lena mbaineann.

(4) Má éiríonn díospóid maidir le deimhniú dá dtagraítear i bhfo-alt (1), (2) nó (3) le linn imeachtaí chun cáin a ghnóthú, féadfaidh an breitheamh na himeachtaí a chur ar atráth chun gur féidir leis an

Ard-Bhailitheoir nó leis an oifigeach Ioncaim lena mbaineann freastal agus fianaise ó bhéal a thabhairt sna himeachtaí agus chun gur féidir aon chlár, comhad nó taifead eile a bhaineann leis an gcáin a thabhairt ar aird agus a chur i bhfianaise sna himeachtaí.

Breithiúnais i leith cáin a ghnóthú.

960K.—(1) San alt seo, folaíonn ‘breithiúnas’ aon ordú nó forraithne.

(2) Más rud é, in aon imeachtaí chun cáin a ghnóthú, go ndéantar breithiúnas a thabhairt i gcoinne duine agus go nglactar le suim airgid ón duine ar ina aghaidh nó ina haghaidh a tionscnaíodh na himeachtaí ar suim í ar cuntas nó ar suim í mar pháirt-íocaíocht i leith an méid ar tugadh an breithiúnas ina leith, ansin—

(a) ní hionann an glacadh sin agus ní lena gcoiscítear iarmhéid an méid sin atá gan íoc a ghnóthú faoin mbreithiúnas nó ní hionann é agus ní lena ndéantar dochar do ghnóthú an iarmhéid sin faoin mbreithiúnas,

(b) beidh an breithiúnas infhorghníomhaithe agus infhorfheidhmithe i leith an iarmhéid ar mhodh chomh hiomlán i ngach slí, agus leis na meáin chéanna, a bheadh i gceist amhail is dá mba é an t-iarmhéid an méid ar tugadh an breithiúnas ina leith,

(c) maidir leis an dlí a bhaineann le forghníomhú agus forfheidhmiú an bhreithiúnais, beidh feidhm dá réir sin aige maidir leis an iarmhéid, agus

(d) chun an breithiúnas a fhorfheidhmiú agus a fhorghníomhú, maidir le deimhniú arna

shíniú ag an Ard-Bhailitheoir ina luaitear méid an iarmhéid, beidh sé ina fhianaise ar mhéid an iarmhéid go dtí go gcruthófar a mhalairt.

Gnóthú ag an sirriam nó ag an gcláraitheoir contae.

960L.—(1) Más rud é, maidir le haon duine, nach n-íocann sé nó sí aon suim i leith cánach a bhfuil sé nó sí faoi dhliteanas ina leith faoi na hAchtanna, féadfaidh an tArd-Bhailitheoir deimhniú a eisiúint chuig cláraitheoir contae, nó chuig sirriam, an chontae ina bhfuil cónaí ar an duine nó ina bhfuil áit ghnó aige nó aici, ar deimhniú é ina ndeimhnítear an méid atá dlite agus gan íoc agus an duine óna bhfuil an méid sin iníoctha.

(2) (a) Chun críocha an fho-ailt seo—

tá le ‘leictreonach’ an bhrí a shanntar dó leis an Acht um Thráchtáil Leictreonach 2000 agus forléireofar ‘deimhniú leictreonach’ dá réir sin;

foláionn ‘eisiúint i bhformáid neamhpháipéir’ a bheith eisiithe trí mhacasamhail.

(b) Maidir le deimhniú atá le heisiúint ag an Ard-Bhailitheoir faoin alt seo—

(i) féadfar é a eisiúint i bhformáid leictreonach nó i bhformáid eile, agus

(ii) i gcás ina ndéantar an deimhniú a eisiúint i bhformáid neamhpháipéir, féadfaidh an cláraitheoir contae nó an sirriam nó daoine atá údaraithe ag an gcláraitheoir contae nó ag an sirriam chun déanamh

amhlaidh, é a  
atáirgeadh i  
bhformáid  
pháipéir.

(c) Maidir le deimhniú arna eisiúint i bhformáid neamhpháipéir de réir mhír (b)—

(i) is deimhniú bailí é chun críocha an ailt seo,

(ii) measfar go ndearna an tArd-Bhailitheoir é, agus

(iii) measfar go ndearnadh é a eisiúint ar an dáta a chuir an tArd-Bhailitheoir faoi deara an deimhniú a eisiúint.

(d) (i) I gcás ina ndéantar deimhniú arna eisiúint ag an Ard-Bhailitheoir a atáirgeadh i bhformáid neamhpháipéir de réir mhír (b)(ii) agus—

(I) i gcás ina bhfuil nóta san áireamh san atáirgeadh, nó ina bhfuil nóta ag gabháil leis an atáirgeadh, ar nóta é á rá gur cóip den deimhniú arna eisiúint amhlaidh é, agus

(II) i gcás ina bhfuil síniú an chláráitheora contae nó an tsirriam nó an duine atá údaraithe

faoi mhír  
(b)(ii) agus  
dáta an  
tsínithe sin  
san áireamh  
sa nóta,

ansin, chun gach  
críoch, beidh  
éifeacht leis an  
gcóip den  
deimhniú, mar aon  
leis an nóta arna  
shíniú agus arna  
dhátú amhlaidh,  
amhail is dá mba é  
an deimhniú féin é.

(ii) Aon síniú nó dáta  
atá i nóta ar chóip  
de dheimhniú nó  
a chuirtear ag  
gabháil le  
deimhniú arna  
eisiúint i  
bhformáid  
neamhpháipéir ag  
an Ard-  
Bhailitheoir, agus  
arna atáirgeadh i  
bhformáid  
pháipéir de réir  
mhír (b)(ii)—

(I) ar nóta é a  
airbheartaíonn,  
maidir leis an  
síniú sin,  
gurb é síniú  
an  
chláraitheora  
contae nó an  
tsirriam nó  
an duine atá  
údaraithe  
chun cóip a  
dhéanamh é,  
measfar, go  
dtí go  
gcruthófar a  
mhalairt,  
gurb é síniú  
an  
chláraitheora  
contae nó an  
tsirriam nó  
an duine a  
bhí údaraithe  
amhlaidh an  
tráth  
ábhartha é,  
agus

(II) ar nóta é  
 maidir leis an  
 dáta sin,  
 measfar, go  
 dtí go  
 gcruthófar a  
 mhalairt, é a  
 bheith  
 dátaithe go  
 cuí.

(3) (a) A luaithe a fhaigheann  
 an cláraitheoir contae  
 nó an sirriam an  
 deimhniú, rachaidh sé  
 nó sí ar aghaidh chun  
 an méid a  
 ndeimhnítear ina leith  
 sa deimhniú go bhfuil  
 sé gan íoc a thobhach  
 trí urghabháil a  
 dhéanamh ar na  
 hearraí, na hainmhithe  
 nó na hairnéisí eile go  
 léir, nó ar aon chuid de  
 na nithe sin, atá  
 laistigh dá limistéar  
 freagrachta agus ar leis  
 an mainnitheoir iad.

(b) Chun críocha mhír (a),  
 beidh ag an  
 gcláraitheoir contae nó  
 ag an sirriam (i  
 dteannta na gceart, na  
 gcumhachtaí agus na  
 ndualgas a thugtar dó  
 nó di leis an alt seo) na  
 cearta, na cumhachtaí  
 agus na dualgais sin go  
 léir atá dílsithe dó nó  
 di de thuras na huaire  
 le dlí i ndáil le  
 forghníomhú eascaire  
*feri facias* a mhéid  
 nach bhfuil na cearta,  
 na cumhachtaí agus na  
 dualgais sin ar  
 neamhréir leis na  
 cearta breise, na  
 cumhachtaí breise  
 agus na dualgais  
 bhreise a thugtar dó  
 nó di leis an alt seo.

(4) Beidh cláraitheoir contae  
 nó sirriam a bhfuil deimhniú á  
 fhorghníomhú aige nó aici faoin  
 alt seo i dteideal—

(a) más mó ná €19,050 an  
 tsuim a dheimhnítear  
 sa deimhniú, táillí agus



caiteachais, arna ríomh de réir na scálaí arna gceapadh ag an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí faoi alt 14(1)(a) den Acht um Fheidhmiú Orduithe Cúirte 1926 agus atá i bhfeidhm de thuras na huairé, a mhuirearú i leith na suime sin agus (más cuí) a chur leis an tsuim sin agus (in aon chás) a thobhach faoin deimhniú, is é sin le rá, cibé táillí agus caiteachais a mbeadh an cláráitheoir contae nó an sirriam i dteideal iad a mhuirearú i leith na suime sin nó a chur leis an tsuim sin agus a thobhach amhlaidh dá mba ordú forghníomhaithe ón Ard-Chúirt de réir bhrí ‘ordú feidhmiúcháin’ san Acht um Fheidhmiú Orduithe Cúirte 1926 (dá ngairtear ‘ordú forghníomhaithe’ san alt seo) an deimhniú,

- (b) más mó ná €3,175 ach nach mó ná €19,050 an tsuim dá dtagraítear sa deimhniú mar shuim atá gan íoc, táillí agus caiteachais, arna ríomh de réir na scálaí dá dtagraítear i mír (a), a mhuirearú i leith na suime sin agus (más cuí) a chur leis an tsuim sin agus (in aon chás) a thobhach faoin deimhniú, is é sin le rá, cibé táillí agus caiteachais a mbeidh an cláráitheoir contae nó an sirriam i dteideal iad a mhuirearú i leith na suime sin nó a chur leis an tsuim sin agus a thobhach amhlaidh dá mba ordú forghníomhaithe ón gCúirt Chuarda an deimhniú, agus

- (c) más rud é nach mó ná €3,175 an tsuim a ndeimhnítear ina leith sa deimhniú go bhfuil sí gan íoc, cibé táillí agus caiteachais arna ríomh de réir na scálaí dá dtagraítear i mír (a), a mhuirearú i leith na suime sin agus (más cuí) a chur leis an tsuim sin agus (in aon chás) a thobhach faoin deimhniú, is é sin le rá, cibé táillí agus caiteachais a mbeadh an cláraitheoir contae nó an sirriam i dteideal iad a mhuirearú i leith na suime sin nó a chur leis an tsuim sin agus a thobhach amhlaidh dá mba ordú forghníomhaithe ón gCúirt Dúiche an deimhniú.

An tArd-Bhailitheoir do thionscnamh imeachtaí i bhféimheacht.

960M.—(1) Féadfaidh an tArd-Bhailitheoir, ina ainm féin nó ina hainm féin, iarratas a dhéanamh chun toghairm féimheachta a dheonú faoi alt 8 den Acht Féimheachta 1988 nó féadfaidh sé nó sí achainí a thíolacadh le haghaidh breithniú faoi alt 11 den Acht sin i leith cánach (seachas cáin chorparáide) atá dlite agus infoctha nó i leith aon iarmhéid cánach den sórt sin.

(2) Faoi réir an ailt seo, maidir leis na rialacha cúirte is infheidhme de thuras na huaire, agus na hachtacháin a bhaineann le féimheacht, beidh feidhm acu maidir le himeachtaí faoin alt seo.

Imeachtaí ar feitheamh agus fianaise in imeachtaí a choimeád ar marthain.

960N.—(1) I gcás ina mbeidh an tArd-Bhailitheoir tar éis imeachtaí a thionscnamh faoi alt 960I(1) nó 960M(1) chun cáin nó aon iarmhéid cánach a ghnóthú agus, le linn na himeachtaí sin a bheith ar feitheamh, go scoirfidh an tArd-Bhailitheoir sin ar aon chúis den oifig sin a shealbhú, féadfaidh aon duine (dá ngairtear an ‘comharba’ san alt seo), arna cheapadh nó arna ceapadh go cuí chun an cháin sin a bhailiú i

gcomharbas ar an Ard-Bhailitheoir sin nó ar aon Ard-Bhailitheoir ina dhiaidh nó ina diaidh sin, na himeachtaí a choimeád ar marthain in ainm an Ard-Bhailitheora sin.

(2) In aon chás lena mbaineann fo-alt (1), cuirfidh an comharba in iúl don duine nó do na daoine ar ina aghaidh nó ina haghaidh nó ina n-aghaidh atá na himeachtaí dlíthiúla lena mbaineann ar feitheamh go mbeidh na himeachtaí sin á gcoimeád ar marthain amhlaidh agus, ar an bhfógra sin a sheirbheáil, d'ainneoin aon rialach cúirte, ní gá don chomharba ordú cúirte a fháil lena ndéantar é nó í a chur in ionad an duine a thionscain na himeachtaí nó a choimeád ar marthain iad.

(3) Féadfaidh comharba aon mhionnscribhinn atá le déanamh, nó aon mhionn atá le tabhairt, ag Ard-Bhailitheoir chun críocha an *Judgment Mortgage (Ireland) Act* 1850 nó an *Judgment Mortgage (Ireland) Act* 1858, a dhéanamh nó a thabhairt.

(4) I gcás ina ndéanfaidh an tArd-Bhailitheoir arna cheapadh nó arna ceapadh go cuí chun cáin a bhailiú i gcomharbas ar Ard-Bhailitheoir eile imeachtaí a thionscnamh nó choimeád ar marthain faoi alt 960I(1) nó 960M(1) chun cáin nó aon iarmhéid cánach a ghnóthú, ansin, chun críocha na n-imeachtaí, measfar, go dtí go gcruthófar a mhalairt, maidir leis an duine arna cheapadh nó arna ceapadh roimhe sin, gur scoir sé nó sí de bheith ina Ard-Bhailitheoir nó ina hArd-Bhailitheoir arna cheapadh nó arna ceapadh chun an cháin a bhailiú.

(5) Más rud é go mbeidh oifigeach Ioncaim arna ainmniú nó arna hainmniú de réir alt 960B tar éis imeachtaí a thionscnamh faoi alt 960I(1) nó 960M(1) chun cáin nó an t-iarmhéid cánach a ghnóthú, agus le linn na himeachtaí sin a bheith ar feitheamh, go bhfaigheann an t-oifigeach sin bás nó go scoireann sé nó sí ar aon chúis de bheith ina

oifigeach Ioncaim nó ina  
hoifigeach Ioncaim—

(a) scoirfidh ceart an oifigh sin chun imeachtaí a choimeád ar marthain agus dílseoidh an ceart chun imeachtaí a choimeád ar marthain do cibé oifigeach eile a bheidh ainmnithe ag na Coimisinéirí Ioncaim,

(b) i gcás an t-oifigeach eile sin a bheith arna ainmniú nó arna hainmniú, beidh sé nó sí i dteideal dá réir sin go ndéanfar é nó í a chur in ionad an oifigh chéadluaite mar pháirtí sna himeachtaí, agus

(c) i gcás oifigeach a bheith arna chur nó arna cur amhlaidh in ionad oifigh eile, tabharfaidh sé nó sí fógra i scríbhinn don chosantóir á rá go ndearnadh an cur in ionad sin.

(6) In imeachtaí faoi alt 960I(1) nó 960M(1) arna dtionscnamh ag oifigeach Ioncaim a bheidh ainmnithe de réir alt 960B, maidir le deimhniú a bheidh sínithe ag na Coimisinéirí Ioncaim agus ina ndeimhnítear na fíorais seo a leanas—

(a) gur oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim duine,

(b) go bhfuil sé nó sí ainmnithe acu de réir alt 960B, agus

(c) go bhfuil sé nó sí ainmnithe acu de réir fho-alt (5)(a),

is fianaise é, mura gcruthaítear a mhalairt, ar na fíorais sin.

(7) In imeachtaí faoi alt 960I(1) nó 960M(1) arna dtionscnamh ag oifigeach Ioncaim a bheidh ainmnithe de réir alt 960B, maidir

le deimhniú a bheidh sínithe ag na Coimisinéirí Ioncaim agus ina ndeimhnítear na fórais seo a leanas—

- (a) gur scoir an gearánaí de bheith ina oifigeach nó ina hoifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim arna ainmniú nó arna hainmniú acu de réir alt 960B,
- (b) gur oifigeach Ioncaim duine eile,
- (c) go bhfuil an duine eile sin ainmnithe acu de réir alt 960B, agus
- (d) go bhfuil an duine eile sin ainmnithe acu chun imeachtaí a thionscnamh chun cáin a ghnóthú,

is fianaise é, go dtí go gcruthaítear a mhalairt, ar na fórais sin.

Foirceannadh cuideachtaí: tosaíocht do chánacha.

960O.—(1) San alt seo—

ciallaíonn ‘Acht 1963’ Acht na gCuideachtaí 1963;

ciallaíonn ‘Acht 1972’ an tAcht Cánach Breisluacha 1972;

tá le ‘dáta iomchuí’ an bhrí chéanna atá leis in alt 285 d’Acht 1963;

ciallaíonn ‘tréimhse iomchuí’—

- (a) i mír (a)(i) d’fho-alt (4) agus i míreanna (b) agus (c) den fho-alt sin, an tréimhse 12 mhí díreach roimh an dáta atá 14 lá tar éis dheireadh na míosa cánach ioncaim ina raibh an dáta iomchuí;
- (b) i bhfomhíreanna (ii) go (v) d’fho-alt (4)(a), an tréimhse 12 mhí dá dtagraítear san fho-alt iomchuí;

ciallaíonn ‘fo-alt iomchuí’ fo-alt (2)(a)(iii) d’alt 285 d’Acht 1963.

(2) Chun críocha alt 98 d’Acht 1963 agus an fho-ailt iomchuí, measfar cáin chorparáide agus cáin ghnóchan caipitiúil a bheith san áireamh sa mhéid dá dtagraítear san fho-alt iomchuí.

(3) (a) Aon cháin bhreisluacha, lena n-áirítear ús is iníoctha ar an gcáin bhreisluacha sin de réir alt 21 d’Acht 1972, ar cáin í a mbeidh cuideachta faoi dhliteanas ina leith do thréimhsí inchánach (de réir bhrí an Achta sin), ar tréimhsí iad ar tháinig deireadh leo laistigh den tréimhse 12 mhí díreach roimh an dáta iomchuí, tá sí le háireamh ar na fiacha a bheidh le híoc faoi alt 285 d’Acht 1963 i dtosaíocht ar gach fiach eile le linn fhoirceannadh na cuideachta.

(b) Chun críocha alt 98 d’Acht 1963, meastar mír (a) a bheith san áireamh in alt 285 den Acht sin.

(4) (a) Chun críocha alt 98 d’Acht 1963 agus an fho-ailt iomchuí, meastar go bhfuil na méideanna seo a leanas san áireamh sa mhéid dá dtagraítear san fho-alt iomchuí—

(i) cibé méid de dhliteanas ÍMAT fostóra údaraithe atá gan íoc,

(ii) méideanna cánach arna n-asbhaint faoi alt 531(1), ar méideanna iad a bhaineann le tréimhse nó le tréimhsí atá go hiomlán nó go páirteach sa tréimhse iomchuí,

- (iii) méideanna cánach is inghnóthaithe faoi Rialachán 14 de na Rialacháin CCI a bhaineann le tréimhse nó le tréimhsí atá go hiomlán nó go páirteach sa tréimhse iomchuí,
  - (iv) méideanna cánach a bhfuil feidhm ag alt 989 maidir leo agus a bhaineann le tréimhse nó le tréimhsí atá go hiomlán nó go páirteach sa tréimhse iomchuí,
  - (v) méideanna cánach a bhfuil feidhm ag alt 990 maidir leo agus a bhaineann le tréimhse nó le tréimhsí atá go hiomlán nó go páirteach sa tréimhse iomchuí.
- (b) I gcás aon mhéid dá dtagraítear i bhfomhíreanna (ii) go (v) de mhír (a) do thréimhse atá go páirteach sa tréimhse iomchuí agus go páirteach lasmuigh di, tá an tsuim iomlán nó an méid iomlán le cionroinnt de réir fhad na dtréimhsí faoi seach atá sa tréimhse iomchuí agus lasmuigh den tréimhse sin ionas go ndéanfar an méid cánach a bhaineann leis an tréimhse iomchuí a chinneadh.
- (c) Chun críocha mhír (a)(i), ciallaíonn ‘dliteanas ÍMAT fostóra údaraithe’, i ndáil le fostóir arna údarú nó arna húdarú faoi Rialachán 29 de Rialacháin ÍMAT, an méid a chinntear de réir na foirmle—

$$(A + B - C) + D$$

más rud é—

gurb é A aon mhéid arb é a bheadh ann, ar leith ó Rialachán 29 de Rialacháin ÍMAT, méid a bheadh, thairis sin, dlite ar an dáta iomchuí i leith suimeanna a dhlíonn an fostóir, faoi Chaibidil 4 agus faoi Rialacháin ÍMAT (seachas Rialachán 29 de na Rialacháin sin) a asbhaint as d'fócaíocht na tréimhse iomchuí,

gurb é B aon mhéid arb é a bheadh ann, ar leith ó Rialachán 29 de Rialacháin ÍMAT, méid a bheadh, thairis sin, dlite ar an dáta iomchuí i leith suimeanna nár asbhaineadh amhlaidh ach a dhlígh an fostóir, de réir alt 985A agus aon rialachán faoin alt sin, a chur ar aghaidh chuig an Ard-Bhailitheoir i leith íocaíochtaí barúlacha arna ndéanamh ag an bhfostóir le linn na tréimhse iomchuí,

gurb é C aon mhéid a dhlígh an fostóir, faoi Chaibidil 4 agus faoi Rialacháin ÍMAT, a aisíoc le linn na tréimhse iomchuí, agus

gurb é D aon ús is iníoctha faoi alt 991 i leith na méideanna dá dtagraítear i mbríonna A agus B.

Féimheacht:  
tosaíocht do  
chánacha.

960P.—(1) San alt seo—

ciallaíonn ‘Acht 1972’ an tAcht Cánach Breisluacha 1972;

ciallaíonn ‘Acht 1988’ an tAcht Féimheachta 1988;

ciallaíonn ‘tréimhse iomchuí’, i ndáil le maoin féimhigh a dháileadh, féichiúnaí comhshocraíochta nó duine a fhaigheann bás agus é nó í



dócmhainneach, an tréimhse 12 mhí roimh an dáta a rinneadh an t-ordú chun an duine a bhreithniú ina fhéimheach nó ina féimheach, a comhdaíodh achainí chomhshocraíochta an duine mar fhéichiúnaí nó, de réir mar a bheidh, a fuair an duine bás agus é nó í dócmhainneach.

(2) Chun críocha fho-alt (1)(a) d'alt 81 d'Acht 1988, meastar cáin ghnóchan caipitiúil a bheith san áireamh sa mhéid dá dtagraítear san fho-alt sin.

(3) Maidir leis an tosaíocht a ghabhann leis na cánacha lena mbaineann alt 81 d'Acht 1988, beidh feidhm aici freisin maidir leis na nithe seo a leanas—

- (a) aon cháin bhreisluacha, lena n-áirítear ús is iníochta ar cháin bhreisluacha de réir alt 21 d'Acht 1972, a bhfuil duine faoi dhliteanas ina leith do thréimhsí inchánach (de réir bhrí an Achta sin) a chríochnaigh laistigh den tréimhse iomchuí,
- (b) cibé méid de dhliteanas ÍMAT fostóra atá gan íoc don tréimhse iomchuí,
- (c) méideanna cánach a asbhaineadh faoi alt 531(1) agus a bhaineann le tréimhse nó le tréimhsí atá go hiomlán nó go páirteach laistigh den tréimhse iomchuí,
- (d) méideanna cánach is inghnóthaithe faoi Rialachán 14 de na Rialacháin CCI agus a bhaineann le tréimhse nó le tréimhsí atá go hiomlán nó go páirteach laistigh den tréimhse iomchuí,
- (e) méideanna cánach lena mbaineann alt 989 agus a bhaineann le tréimhse nó le tréimhsí

atá go hiomlán nó go páirteach laistigh den tréimhse iomchuí,

(f) méideanna cánach lena mbaineann alt 990 agus a bhaineann le tréimhse nó le tréimhsí atá go hiomlán nó go páirteach laistigh den tréimhse iomchuí.

(4) I gcás aon mhéid dá dtagraítear i míreanna (c) go (f) d'fho-alt (3) do thréimhse atá go páirteach laistigh den tréimhse iomchuí agus go páirteach lasmuigh di, tá an tsuim nó an méid iomlán le cionroinnt de réir fhad na dtréimhsí, faoi seach, atá laistigh den tréimhse iomchuí agus lasmuigh den tréimhse sin chun an méid cánach a bhaineann leis an tréimhse iomchuí a chinneadh.

(5) I bhfo-alt (3)(b), ciallaíonn ‘dliteanas ÍMAT fostóra don tréimhse iomchuí’ an méid a chinnfear de réir na foirmle—

$$(A + B - C) + D$$

más rud é—

gurb é A na suimeanna go léir a dhligh fostóir, faoi Chaibidil 4 agus faoi Rialacháin ÍMAT, a asbhaint as díolaíochtaí a d'foc an fostóir le linn na tréimhse iomchuí,

gurb é B na suimeanna go léir nár asbhaineadh amhlaidh ach a dhligh fostóir, de réir alt 985A agus rialachán faoin alt sin, a chur ar aghaidh chuig an Ard-Bhailitheoir i leith íocaíochtaí barúlacha a rinne an fostóir le linn na tréimhse iomchuí,

gurb é C aon mhéideanna a dhligh an fostóir, faoi Chaibidil 4 agus faoi Rialacháin ÍMAT, a aisíoc le linn na tréimhse iomchuí, agus

gurb é D aon ús is iníoctha faoi alt 991 i leith na suimeanna dá dtagraítear i mbríonna A agus B.”,

- (ii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 980(8A) (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais 2000):

“(8B) Beidh feidhm ag fo-alt (8) maidir le cáin chorparáide mar atá feidhm aige maidir cáin ghnóchan caipitiúil, agus beidh feidhm, dá réir sin, ag tagairtí do cháin ghnóchan caipitiúil san alt sin amhail is dá mba thagairtí iad, nó gur fholaigh siad tagairtí, do cháin chorparáide.”,

agus

- (iii) in alt 981, trí “nó an cháin chorparáide, de réir mar a bheidh,” a chur isteach i ndiaidh “an cháin ghnóchan caipitiúil”.

2. Déantar gach achtachán (dá ngairtear “na hachtacháin aisghairthe” sa Sceideal seo) a luaitear sa dara colún de Chuid 1 den Tábla a ghabhann leis an Sceideal seo a aisghairm a mhéid a shonraítear os coinne an lua sin sa tríú colún den Chuid sin.

3. Beidh éifeacht le Cuid 2 den Tábla a ghabhann leis an Sceideal seo, lena ndéantar foráil maidir le leasuithe ar achtacháin eile de dhroim an Sceideal seo a theacht in éifeacht.

4. Maidir le haon tagairt, cibé acu sainráite nó intuigthe, in aon achtachán nó doiciméad (lena n-áirítear na hachtacháin aisghairthe agus achtacháin arna rith nó doiciméid arna ndéanamh tar éis an Sceideal seo a theacht in éifeacht), ar tagairt í—

(a) d’aon fhoráil de na hachtacháin aisghairthe, nó

(b) do nithe a rinneadh, nó atá le déanamh, faoi na hachtacháin aisghairthe nó chun críocha aon fhorála de na hachtacháin aisghairthe,

déanfar í a fhorléiriú, má cheadaíonn agus a mhéid a cheadaíonn cineál na tagartha é, mar thagairt a fholaíonn, i ndáil leis na tráthanna, na blianta nó na tréimhsí, na himthosca nó na críocha a bhfuil feidhm ag an bhforáil chomhréire den Sceideal seo i ndáil leo, tagairt don fhoráil chomhréire, nó, de réir mar a bheidh, do nithe a rinneadh nó a mheastar a rinneadh, nó atá le déanamh, faoin bhforáil chomhréire nó chun críocha na forála comhréire.

5. Gach doiciméad arna dhéanamh nó arna eisiúint faoi achtachán aisghairthe agus atá i bhfeidhm díreach roimh an Sceideal seo a theacht in éifeacht, leanfaidh siad i bhfeidhm amhail is dá mba rud é go ndearnadh nó gur eisíodh iad faoin bhforáil a cuireadh isteach san Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 leis an Sceideal seo agus atá ar comhréir leis an achtachán aisghairthe.

6. Tiocfaidh an Sceideal seo in éifeacht agus beidh feidhm aige maidir le haon cháin a thagann chun bheith dlíte agus iníoctha an 1 Márta 2009 nó dá éis.

## AN TÁBLA

## CUID 1

## AISGHAIRM

Uimhir agus Bliain	Gearrtheideal	Méid na hAisghairme
Uimh. 22 de 1972.	An tAcht Cánach Breisluacha 1972.	In alt 22(2)(c) “, faoi réir mhír (d),” a scriosadh. Alt 22(2)(d). Ailt 24 agus 42.
Uimh. 16 de 1976.	An tAcht Airgeadais 1976.	Alt 62.
Uimh. 39 de 1997.	An tAcht Comhdhlúite Cánacha 1997.	In alt 959(6) “976,” a scriosadh. Ailt 851(2), 961, 962, 963, 964, 965, 966, 967, 968, 970, 971, 972, 973, 974, 975, 976, 982, 993, 994, 995, 998, 999, 1000, 1006A agus 1006B.
Uimh. 31 de 1999.	An tAcht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa 1999.	In alt 2(4) na focail i ndiaidh “an dleacht stampa bhreise,” a scriosadh agus “agus aon phionós a bhaineann le haon dleacht den sórt sin, a íoc” a chur ina n-ionad. In alt 5(4) “(ar ús é is inghnóthaithe sa tslí chéanna amhail is dá mba chuid den dleacht é)”. Alt 14(5). Alt 15(4). Alt 16(5). In alt 87(3) “, inghnóthaithe ón iasachtaí stoic mar fhiach atá dlite don Aire chun sochair don Phríomh-Chiste” a scriosadh. In alt 87A(4) “, inghnóthaithe ón gceannaitheoir athshealbhaithe mar fhiach atá dlite don Aire chun sochair don Phríomh-Chiste”. In ailt 123(7), 123A(7), 123B(7), 123C(8), 124(5)(b) agus 124A(8) “ agus beidh gach pionós inghnóthaithe sa tslí chéanna amhail is dá mba chuid den dleacht an pionós”. I bhfo-alt (4) d’alt 126B na focail go léir ó “agus measfar gur fiach a bheith dlite” go dtí deireadh an fho-ailt sin a scriosadh. Alt 126B(10). Ailt 132, 134, 138 agus 159.
Uimh. 5 de 2001.	An tAcht Airgeadais 2001.	Fo-ailt (1A) agus (2)(c) d’alt 103 agus fo-alt (2) d’alt 124A.

Uimhir agus Bliain	Gearrtheideal	Méid na hAisghairme
Uimh. 5 de 2002.	An tAcht Airgeadais 2002.	Alt 75.
Uimh. 1 de 2003.	An tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil 2003.	Fo-ailt (1) agus (2) d'alt 61, fo-ailt (1) agus (2) d'alt 63 agus ailt 64 agus 65. I bhfo-ailt (3) agus (4) d'alt 63 na focail “an tArd-Aighne nó an tAire Airgeadais nó”.

## CUID 2

## LEASUITHE IARMHARTACHA

Cáin ioncain, cáin chorparáide, cáin ghnóchan caipitiúil agus nithe gaolmhara

Achtachán a leasaítear	Focail nó tagairtí atá le hionadú	Focail nó tagairtí atá le cur isteach
An tAcht Comhdhlúite Cánacha 1997:		
Míreanna (a) agus (b) d'alt 933 (9)	alt 962	alt 960L
Alt 985A(4)	na Coimisinéirí Ioncain	an Ard-Bhailitheoir
Alt 989(3)(d)	alt 962	alt 960L
Alt 990(1A)(c)	alt 962	alt 960L
Alt 1006(1), sna mínithe ar “deimhniú” agus “táillí”	alt 962	alt 960L
Alt 1083	976(2)	do Chaibidlí 1B agus 1C de Chuid 42

SCEIDEAL 5

LEASUITHE ILGHNÉITHEACHA I NDÁIL LE PIONÓIS

CUID 1

LEASÚ AR CHUID 47 MAIDIR LE PIONÓIS

1. Leasaítear an tAcht Comhdhlúite Cánacha 1997 i gCuid 47 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Chaibidil 3:

“*Caibidil 3A*”

*Pionóis a Chinneadh agus Pionóis a Ghnóthú*

Léiriú  
(Caibidil 3A).

1077A.—Sa Chaibidil seo—  
ciallaíonn ‘na hAchtanna’—

- (a) na hAchtanna Cánach,
- (b) na hAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil,
- (c) Codanna 18A agus 18B,
- (d) an tAcht Cánach Breisluacha 1972, agus na hachtacháin lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin,
- (e) an tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltais Caipitiúil 2003, agus na hachtacháin lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin,
- (f) an tAcht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa 1999, agus na hachtacháin lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin,
- (g) na reachtanna a bhaineann leis na dleachtanna máil agus le bainistiú na ndleachtanna sin,

agus aon ionstraim arna déanamh fúthu sin agus aon ionstraim arna déanamh faoi aon achtachán eile a bhaineann le cáin;

ciallaíonn ‘cúirt iomchuí’ an Chúirt Dúiche, an Chúirt Chuarda nó an Ard-Chúirt, de réir mar is cuí, faoi threoir na dteorainneacha dlínsiúla i gcomhair nithe sibhialta atá arna leagan síos san Acht Cúirteanna Breithiúnais 1924, arna leasú, agus in Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha) 1961, arna leasú;

ciallaíonn ‘oifigeach Ioncaim’ oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim,

ciallaíonn ‘cáin’ aon cháin, dleacht, tobhach nó muirear atá faoi chúram agus faoi bhainistiú na gCoimisinéirí Ioncaim.

Fógraí i  
dtaobh pionós  
agus cinntí.

1077B.—(1) Más rud é—

- (a) in éagmais aon chomhaontaithe idir duine agus oifigeach Ioncaim á rá go ndlitear pionós a chur ar an duine faoi na hAchtanna, nó
- (b) tar éis mainneachtain ag an duine pionós a íoc, ar pionós é ar chomhaontaigh an duine go bhfuil dliteanas air nó uirthi é a íoc,

gurb é tuairim oifigigh Ioncaim go ndlitear pionós a chur ar an duine faoi na hAchtanna, ansin tabharfaidh an t-oifigeach sin fógra i scríbhinn don duine agus sainaithneofar na nithe seo a leanas san fhógra sin—

- (i) na forálacha de na hAchtanna faoinar éirigh an pionós,
- (ii) na himthosca ina ndlitear an pionós a chur ar an duine sin, agus
- (iii) méid an phionóis a dhlitear a chur ar an duine sin,

agus beidh cibé sonraí eile ann a mheasfaidh an t-oifigeach Ioncaim is gá.

(2) Féadfaidh oifigeach Ioncaim, aon tráth, tuairim go ndlitear pionós a chur ar dhuine faoi na hAchtanna a leasú agus tabharfaidh sé nó sí fógra cuí faoin tuairim leasaithe sin sa tslí chéanna leis an bhfógra dá dtagraítear i bhfo-alt (1).

(3) I gcás nach ndéanfaidh duine a n-eisítear fógra chuige nó chuici faoi fho-alt (1) nó (2), laistigh de 30 lá tar éis dháta an fhógra sin—

- (a) comhaontú i scríbhinn leis an tuairim nó leis an tuairim leasaithe atá san fhógra sin, agus
- (b) méid an phionóis a shonraítear san fhógra sin a íoc leis na Coimisinéirí Ioncaim,

ansin féadfaidh oifigeach Ioncaim iarratas a dhéanamh chuig cúirt iomchuí maidir leis na nithe seo a leanas ar thaobh an duine ar ina leith a dhéanann an t-oifigeach Ioncaim an t-iarratas—

- (i) aon ghníomh, easpa gnímh, neamhghníomh nó mainneachtain dá chuid nó dá cuid, nó
- (ii) aon éileamh, aighneacht nó seachadadh uaidh nó uaidhi,

ar iarratas é chun na cúirte sin cinneadh a dhéanamh i dtaobh an ndlitear pionós faoi na hAchtanna a chur ar an duine sin mar gheall ar na nithe sin.

(4) Déanfar cóip d'aon iarratas chuig cúirt iomchuí chun cinneadh a dhéanamh faoi fho-alt (3) a eisiúint chuig an duine lena mbaineann an t-iarratas.

(5) Tá feidhm ag an alt seo maidir le haon ghníomh nó neamhghníomh as a n-éiríonn dliteanas i leith pionóis faoi na hAchtanna cibé acu a éiríonn sé roimh an *Acht Airgeadais (Uimh. 2) 2008* a rith, nó ar dháta rite an Achta sin nó dá éis sin, ach ní bheidh feidhm aige maidir le pionós arna íoc, nó maidir le méideanna arna n-íoc, i leith pionóis, roimh an Acht sin a rith.

Pionóis a ghnóthú.

1077C.—(1) I gcás cinneadh a bheith déanta ag cúirt iomchuí á rá go ndlitear pionós a chur ar dhuine—

(a) déanfaidh an chúirt sin ordú freisin maidir le gnóthú an phionóis sin, agus

(b) gan dochar d'aon mhodh gnóthaithe eile, féadfar an pionós sin a bhailiú agus a ghnóthú sa tslí chéanna le méid cánach.

(2) I gcás ina ndlitear pionós a chur ar dhuine faoi na hAchtanna, tá an pionós sin dlite agus iníoctha ón dáta—

(a) a comhaontaíodh i scríbhinn (nó a comhaontaíodh i scríbhinn thar ceann an duine sin) go ndlitear an pionós sin a chur ar an duine,

(b) a chomhaontaigh nó a gheall na Coimisinéirí Ioncaim glacadh le suim shonraithe airgid sna himthosca a luaitear i mír (c) nó (d) d'alt 1086(2) ón bpearsa aonair sin, nó

(c) a chinneann cúirt iomchuí go ndlitear an pionós sin a chur ar an duine.

(3) Tá feidhm ag an alt seo maidir le haon ghníomh nó neamhghníomh as a n-éiríonn dliteanas i leith pionóis faoi na hAchtanna cibé acu a éiríonn sé roimh an *Acht Airgeadais (Uimh. 2) 2008* a rith nó ar dháta rite an Achta sin nó dá éis sin.

Imeachtaí i gcoinne seiceadóra, riarthóra nó eastáit.

1077D.—(1) Más rud é, roimh bhás pearsan aonair—

(a) gur chomhaontaigh an phearsa aonair sin i scríbhinn (nó gur comhaontaíodh i scríbhinn thar a cheann nó thar a



ceann) gur dlíodh pionós a chur air nó uirthi faoi na hAchtanna,

- (b) gur chomhaontaigh an phearsa aonair sin i scríbhinn le tuairim nó tuairim leasaithe de chuid oifigigh Ioncaim gur dlíodh pionós a chur air nó uirthi faoi na hAchtanna (nó gur comhaontaíodh an tuairim nó an tuairim leasaithe sin i scríbhinn thar a cheann nó thar a ceann),
- (c) gur chomhaontaigh nó gur gheall na Coimisinéirí Ioncaim glacadh le suim shonraithe airgid sna himthosca a luaitear i mír (c) nó (d) d'alt 1086(2) ón bpearsa aonair sin, nó
- (d) gur chinn cúirt iomchuí gur dlíodh pionós a chur ar an bpearsa aonair faoi na hAchtanna,

ansin beidh an pionós dlite agus iníoctha agus, faoi réir fho-alt (2), féadfar aon imeachtaí chun an pionós sin a ghnóthú faoi na hAchtanna a bheidh tionscanta, nó a d'fhéadfaí a thionscnamh, i gcoinne na pearsan aonair sin, a choimeád ar marthain nó a thionscnamh i gcoinne a sheiceadóra nó a seiceadóra, a riarthóra nó a eastáit nó a heastáit, de réir mar a bheidh, agus beidh aon pionós a dhámhfar in imeachtaí arna gcoimeád ar marthain nó arna dtionscnamh amhlaidh ina fhiach atá dlite agus iníoctha as a eastát nó a heastát.

(2) Ní fhéadfar imeachtaí a thionscnamh de bhua fho-alt (1) i gcoinne seiceadóra nó riarthóra duine tráth nach bhfuil an seiceadóir nó an riarthóir sin, de bhua fho-alt (2) d'alt 1048, inmheasúnaithe agus inmhuirearaithe faoin alt sin i leith cánach ar bhrabúis nó ar ghnóchain a d'éirigh nó a d'fhabhraigh chun an duine roimh a bhás nó a bás.

### *Caibidil 3B*

#### *Cáin Ioncaim, Cáin Chorparáide agus Cáin Ghnóchan Caipitiúil: Pionóis mar gheall ar thuairisceáin bhréagacha, etc.*

Pionós mar gheall ar thuairisceáin mhíchruinne, etc., a dhéanamh d'aon turas nó go míchúramach.

1077E.—(1) San alt seo—

ciallaíonn 'na hAchtanna' na hAchtanna Cánach, na hAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil agus Codanna 18A agus 18B den Acht seo;

ciallaíonn 'go míchúramach' mainneachtain cúram réasúnach a ghlacadh;

ciallaíonn 'dliteanas i leith cánach' dliteanas i leith mhéid na difríochta a shonraítear i bhfo-alt (11) nó (12) agus a éiríonn as aon ní dá dtagraítear i bhfo-alt (2), (3), (5) nó (6);

ciallaíonn ‘tréimhse’ bliain mheasúnachta nó tréimhse chuntasaíochta, de réir mar a éilíonn an comhthéacs;

ciallaíonn ‘nochtadh cáilitheach spreagtha’, i ndáil le duine, nochtadh cáilitheach a rinneadh do na Coimisinéirí Ioncaim nó d’oifigeach Ioncaim sa tréimhse idir—

- (a) an dáta a thugann oifigeach Ioncaim fógra don duine faoin dáta a thosófar ar imscrúdú nó ar fhiosrúchán faoi aon ní is bun le dliteanas de chuid an duine sin i leith cánach, agus
- (b) an dáta a thosaítear ar an imscrúdú nó ar an bhfiosrúchán;

ciallaíonn ‘nochtadh cáilitheach’, i ndáil le duine—

- (a) i ndáil le pionós dá dtagraítear i bhfo-alt (4), nochtadh gur deimhin leis na Coimisinéirí Ioncaim gur nochtadh faisnéise iomláine i ndáil leis na nithe uile agus le sonraí iomlána na nithe sin is cionsiocair le dliteanas cánach as a dtagann pionós dá dtagraítear i bhfo-alt (4), agus le sonraí iomlána na nithe sin is cionsiocair le haon dliteanas cánach nó dleachta as a dtagann pionós dá dtagraítear in alt 27A(4) den Acht Cánach Breisluacha 1972, in alt 134A(2) den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa 1999 agus i bhfeidhmiú fho-alt (4) maidir leis an Acht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil 2003, agus
- (b) i ndáil le pionós dá dtagraítear i bhfo-alt (7), nochtadh gur deimhin leis na Coimisinéirí Ioncaim gur nochtadh faisnéise iomláine i ndáil leis na nithe uile agus le sonraí iomlána na nithe uile is cionsiocair le dliteanas cánach as a dtagann pionós dá dtagraítear i bhfo-alt (7) don tréimhse iomchuí faoi cibé de na hAchtanna lena mbaineann an nochtadh,

arna dhéanamh i scríbhinn chun na gCoimisinéirí Ioncaim nó chun oifigigh Ioncaim agus arna shíniú ag an duine sin nó thar ceann an duine sin agus lena ngabhann—

- (i) dearbhú, de réir mar is fearr is eol don duine sin, a cuireadh i bhfios don duine sin agus a chreideann an duine sin, arna dhéanamh i scríbhinn go bhfuil gach ní atá sa nochtadh ceart iomlán, agus

- (ii) fócaíocht ar an gcáin nó ar an dleacht, nó orthu araon, is iníoctha i leith aon ní atá sa nochtadh agus an úis ar íoc déanach na cánach agus na dleachta sin.

ciallaíonn ‘oifigeach Ioncaim’ oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim;

ciallaíonn ‘cáin’ cáin ioncaim, cáin chorparáide, cáin ghnóchan caipitiúil, tobhach ioncaim nó tobhach lochta;

ciallaíonn ‘nochtadh cáilitheach neamhspreagtha’, i ndáil le duine, nochtadh cáilitheach ar deimhin leis na Coimisinéirí Ioncaim ina leith gur tugadh dóibh é go deonach—

- (a) sular thosaigh siad féin, nó sular thosaigh oifigeach Ioncaim, imscrúdú nó fiosrúchán i dtaobh aon ní is bun le dliteanas de chuid an duine sin i leith cánach, nó
- (b) i gcás oifigeach Ioncaim do thabhairt fógra don duine faoin dáta a thosóidh imscrúdú nó fiosrúchán i dtaobh aon ní is bun le dliteanas de chuid an duine sin i leith cánach, roimh an bhfógra sin.

(2) I gcás go ndéanann aon duine—

- (a) aon tuairisceán nó ráiteas a sheachadadh is tuairisceán nó ráiteas míchruinn de chineál a luaitear in aon cheann de na forálacha a shonraítear i gcolún 1 de Sceideal 29 agus ina bhfuil ráiteas atá easnamhach, d’aon turas, maidir le hioncam, brabúis nó gnóchain nó ina bhfuil éileamh atá bréagach nó áibhéalach, d’aon turas, i dtaca le haon liúntas, asbhaint, faoiseamh nó creidmheas,
- (b) aon tuairisceán, ráiteas nó dearbhú atá míchruinn i dtaca le haon éileamh ar aon liúntas, asbhaint, faoiseamh nó creidmheas agus an méid sin a dhéanamh d’aon turas,
- (c) aon chuntais mhíchruinne a chur faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim, na gCoimisinéirí Achomhairc nó oifigigh Ioncaim ar cuntais iad ina bhfuil ráiteas atá easnamhach, d’aon turas, maidir le hioncam, brabúis nó gnóchain nó ina bhfuil ráiteas áibhéalach, d’aon turas, maidir le haon éileamh i dtaca le haon liúntas, asbhaint, faoiseamh nó creidmheas,

dlífeair pionós a chur ar an duine sin.

(3) I gcás ina mainníonn aon duine, d'aon turas, déanamh de réir ceanglais tuairisceán nó ráiteas de chineál a luaitear in aon cheann de na forálacha a shonraítear i gcolún 1 de Sceideal 29 a sheachadadh, dlífear pionós a chur ar an duine sin.

(4) Maidir leis an bpionós dá dtagraítear—

(a) i bhfo-alt (2), is é a bheidh ann ná an méid a shonraítear i bhfo-alt (11), agus

(b) i bhfo-alt (3), is é a bheidh ann ná an méid a shonraítear i bhfo-alt (12),

agus, i gcás inar chomhoibrigh an duine, a ndlítear an pionós a chur air nó uirthí, go hiomlán le haon imscrúdú nó fiosrúchán arna thosú ag na Coimisinéirí Ioncaim nó ag oifigeach Ioncaim faoi aon ní is bun le dliteanas de chuid an duine sin i leith cánach, laghdófar an méid sin—

(i) go dtí 75 faoin gcéad den mhéid sin i gcás nach bhfuil feidhm ag fomhír (ii) nó (iii),

(ii) go dtí 50 faoin gcéad den mhéid sin i gcás ina ndéanann an duine sin nochtadh cáilitheach spreagtha, nó

(iii) go dtí 10 faoin gcéad den mhéid sin i gcás ina ndéanann an duine sin nochtadh cáilitheach neamhspreagtha.

(5) I gcás ina ndéanann aon duine na nithe seo a leanas go míchúramach ach ní d'aon turas—

(a) aon tuairisceán nó ráiteas míchruinn a sheachadadh de chineál a luaitear in aon cheann de na forálacha a shonraítear i gcolún 1 de Sceideal 29,

(b) aon tuairisceán, ráiteas nó dearbhú míchruinn i dtaca le haon éileamh ar aon liúntas, asbhaint, faoiseamh nó creidmheas, nó

(c) aon chuntais mhíchruinne a chur faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim, na gCoimisinéirí Achomhairc nó oifigh Ioncaim, ar cuntais iad ina bhfuil ráiteas easnamhach, d'aon turas, maidir le hioncam, brabúis nó gnóchain nó ina bhfuil ráiteas atá áibhéalach, d'aon turas, maidir le haon éilimh i dtaca le haon liúntas, asbhaint, faoiseamh nó creidmheas,

dlífear pionós a chur ar an duine sin.

(6) I gcás ina mainníonn aon duine, go míchúramach ach ní d'aon turas, déanamh de réir ceanglais tuairisceán nó ráiteas de chineál a luaitear in aon cheann de na forálacha a

shonraítear i gcolún 1 de Sceideal 29 a sheachadadh, dlífeá pionós a chur ar an duine sin.

(7) (a) Maidir leis an bpionós dá dtagraítear—

(i) i bhfo-alt (5), is é a bheidh ann ná an méid a shonraítear i bhfo-alt (11), agus

(ii) i bhfo-alt (6), is é a bheidh ann ná an méid a shonraítear i bhfo-alt (12),

agus, i gcásanna ina bhfuil feidhm ag an mbreis dá dtagraítear i bhfomhír (I) de mhír (b), laghdófar an méid sin go dtí 40 faoin gcéad agus laghdófar é go dtí 20 faoin gcéad i gcásanna eile.

(b) I gcás gur chomhoibrigh duine, a ndlitear pionós a chur air nó uirthi, go hiomlán le haon imscrúdú nó fiosrúchán arna thosú ag na Coimisinéirí Ioncaim nó ag oifigeach Ioncaim faoi aon ní is bun le dliteanas de chuid an duine sin i leith cánach, is é a bheidh sa phionós dá dtagraítear—

(i) i bhfo-alt (5), an méid a shonraítear i bhfo-alt (11), agus

(ii) i bhfo-alt (6), an méid a shonraítear i bhfo-alt (12),

arna laghdú—

(I) i gcás gur mó an difríocht dá dtagraítear i bhfo-alt (11) nó i bhfo-alt (12), de réir mar a bheidh, ná 15 faoin gcéad den mhéid dá dtagraítear i mír (b) d'fho-alt (11) nó i mír (b) d'fho-alt (12), go dtí na céatadáin seo a leanas—

(A) 30 faoin gcéad den difríocht dá dtagraítear i bhfo-alt (11) nó, de réir mar a bheidh, i bhfo-alt (12) (dá ngairtear 'an méid sin' i gclásail (B) agus (C)), i gcás nach bhfuil feidhm ag clásail (B) nó (C),

(B) 20 faoin gcéad den mhéid sin i gcás go ndéanann an duine sin nochtadh cáilitheach spreagtha, nó

(C) 5 faoin gcéad den mhéid sin i gcás go ndéanann an duine sin nochtadh cáilitheach neamhspreagtha,

nó

(II) i gcás nach mó an difríocht dá dtagraítear i bhfo-alt (11) nó i bhfo-alt (12), de réir mar a bheidh, ná 15 faoin gcéad den mhéid dá dtagraítear i mír (b) d'fho-alt (11) nó i mír (b) d'fho-alt (12), go dtí na céatadáin seo a leanas—

(A) 15 faoin gcéad den difríocht dá dtagraítear i bhfo-alt (11) nó, de réir mar a bheidh, i bhfo-alt (12) (dá ngairtear 'an méid sin' i gclásail (B) agus (C)), i gcás nach bhfuil feidhm ag clásal (B) nó (C),

(B) 10 faoin gcéad den mhéid sin i gcás go ndéanann an duine sin nochtadh cáilitheach spreagtha, nó

(C) 3 faoin gcéad den mhéid sin i gcás go ndéanann an duine sin nochtadh cáilitheach neamhspreagtha.

(8) I gcás go ndéanfaidh aon duine, d'aon turas nó go míchúramach, aon tuairisceán, faisnéis, deimhniú, doiciméad, taifead, ráiteas, sonraí, cuntas nó dearbhú de chineál a luaitear in aon cheann de na forálacha a shonraítear i gcolún 2 nó 3 de Sceideal 29 agus atá míchrúinn a thabhairt, a sholáthar, a thabhairt ar aird nó a dhéanamh, dlífear, maidir leis an duine sin—

(a) pionós €3,000 a chur air nó uirthi i gcás inar ghníomhaigh an duine sin go míchúramach, nó

(b) pionós €5,000 a chur air nó uirthi i gcás inar ghníomhaigh an duine sin d'aon turas.

(9) Más rud é, maidir le haon tuairisceán, ráiteas, dearbhú nó cuntais a luaitear i bhfo-alt (2) nó (5), go ndearna duine é nó iad, nó gur chuir duine é nó iad isteach, gan é nó iad a bheith déanta nó curtha isteach d'aon turas nó go míchúramach, agus go dtiocfaidh sé ar iúl an duine sin go raibh sé nó siad mícheart, ansin, mura rud é go ndéantar an earráid a leigheas gan moill mhíreasúnach, measfar, chun críocha an ailt seo, gur d'aon turas a rinne an duine sin an tuairisceán mícheart, an ráiteas mícheart, an dearbhú mícheart nó na cuntais mhíchearta nó a chuir sé an tuairisceán mícheart, an ráiteas mícheart, an dearbhú mícheart nó na cuntais mhíchearta isteach.

(10) Faoi réir alt 1077D(2), ní bheidh aon imeachtaí nó iarratais maidir le haon pionós a ghnóthú faoin alt seo lasmuigh den teorainn ama

toisc go dtionscnaítear iad tar éis an trátha a cheadaítear le halt 1063.

(11) Is é a bheidh sa mhéid dá dtagraítear i mír (a) d’fho-alt (4) agus i mír (a)(i) d’fho-alt (7) ná an difríocht idir na méideanna seo a leanas—

- (a) an méid cánach ab iníoctha do na tréimhsí iomchuí ag an duine lena mbaineann (lena n-áirítear aon mhéid a asbhaineadh ag an bhfoinse agus nach inaisíoctha) dá ríomhfaí an cháin sin de réir an tuairisceáin, an ráitis, an dearbhaithe nó na gcuntas a bhí mícheart nó bréagach mar a rinne an duine sin nó mar a chuir an duine sin isteach nó mar a rinneadh nó mar a cuireadh isteach thar ceann an duine sin iarbhr do na tréimhsí sin, agus
- (b) an méid cánach ab iníoctha do na tréimhsí iomchuí ag an duine lena mbaineann (lena n-áirítear aon mhéid a asbhaineadh ag an bhfoinse agus nach inaisíoctha) dá ríomhfaí an cháin sin de réir an tuairisceáin, an ráitis, an dearbhaithe nó na gcuntas a bhí ceart cruinn agus ba chóir don duine sin é nó iad a dhéanamh nó a chur isteach nó ba chóir a dhéanamh nó a chur isteach thar ceann an duine sin do na tréimhsí sin,

agus chun críocha an fho-ailt seo agus fho-alt (12) déanfar tagairtí sna fo-ailt sin do cháin is iníoctha a fhorléiriú gan aird a thabhairt ar an míniú ar ‘cáin ioncaim is iníoctha’ in alt 3.”.

(12) Is é an méid dá dtagraítear i mír (b) d’fho-alt (4) agus i mír (a)(ii) d’fho-alt (7) an difríocht idir na méideanna seo a leanas—

- (a) an méid cánach a d’íoc an duine sin do na tréimhsí iomchuí sular thosaigh na Coimisinéirí Ioncaim nó aon oifigeach Ioncaim aon fhiosrúchán nó aon imscrúdú i gcás inar fhógair na Coimisinéirí Ioncaim go poiblí go raibh fiosrúchán nó imscrúdú tionscanta acu nó i gcás ina ndearna na Coimisinéirí Ioncaim nó aon oifigeach Ioncaim fiosrúchán nó imscrúdú ar aon ní is bun le dliteanas cánach i leith aon ní a d’áireofaí sa tuairisceán nó sa ráiteas dá mba rud é gur sheachaid an duine sin an tuairisceán nó an ráiteas agus go raibh an tuairisceán nó an ráiteas ceart, agus
- (b) an méid cánach a bheadh iníoctha do na tréimhsí iomchuí dá mba rud é gur sheachaid an duine sin an tuairisceán

nó an ráiteas agus go raibh an tuairisceán nó an ráiteas ceart.

(13) I gcás go ndéanfaidh duine dara nochtadh cáilitheach laistigh de 5 bliana ón tráth a dhéantar an chéad nochtadh cáilitheach de chuid an duine sin, ansin maidir le nithe a bhaineann leis an dara nochtadh sin—

(a) i ndáil le fo-alt (4)—

(i) beidh feidhm ag mír (ii) amhail is dá gcuirfí ‘75 faoin gcéad’ in ionad ‘50 faoin gcéad’,

(ii) beidh feidhm ag mír (ii) amhail is dá gcuirfí ‘55 faoin gcéad’ in ionad ‘10 faoin gcéad’, agus

(b) i ndáil le fomhír (I) d’fho-alt (7)(b)—

(i) beidh feidhm ag clásal (B) amhail is dá gcuirfí ‘30 faoin gcéad’ in ionad ‘20 faoin gcéad’, agus

(ii) beidh feidhm ag clásal (C) amhail is dá gcuirfí ‘20 faoin gcéad’ in ionad ‘5 faoin gcéad’.

(14) I gcás go ndéanfaidh duine tríú nochtadh cáilitheach nó nochtadh cáilitheach dá éis sin laistigh de 5 bliana ón tráth a dhéantar an dara nochtadh cáilitheach de chuid an duine sin, ansin, maidir le nithe a bhaineann leis an tríú nochtadh cáilitheach sin nó leis an nochtadh cáilitheach sin dá éis sin, de réir mar a bheidh—

(a) ní laghdófar an pionós dá dtagraítear i míreanna (a) agus (b) d’fho-alt (4), agus

(b) ní bheidh feidhm ag an laghdú dá dtagraítear i bhfomhír (I) d’fho-alt (7)(b).

(15) Ní nochtadh cáilitheach nochtadh i ndáil le duine, más rud é—

(a) sula ndéantar an nochtadh, gur thosaigh oifigeach Ioncaim fiosrúchán nó imscrúdú i dtaobh aon ní sa nochtadh sin agus go ndeachaigh sé nó sí i dteagmháil leis an duine sin, nó le duine a bhí ionadaitheach don duine sin, maidir leis an ní sin, nó gur thug sé nó sí fógra don duine sin, nó do dhuine a bhí ionadaitheach don duine sin, maidir leis an ní sin, nó

(b) maidir le nithe sa nochtadh, gur nithe iad—



- (i) atá tagtha ar iúl, nó atá ar tí teacht ar iúl, na gCoimisinéirí Ioncaim trína n-imscrúduithe féin nó trí imscrúdú arna sheoladh ag comhlacht reachtúil nó ag gníomhaireacht reachtúil,
- (ii) atá faoi réim imscrúdaithe atá á sheoladh go hiomlán nó go páirteach go poiblí, nó
- (iii) a bhfuil an duine a rinne an nochtadh bainteach leo, nó ar tí a bheith bainteach leo, go poiblí.

(16) Is é a bheidh sa tréimhse iomchuí chun críocha fho-ailt (11) agus (12), i ndáil le haon ní a sheachadtar, a dhéantar nó a chuirtear isteach le linn aon tréimhse, ná an tréimhse sin, an chéad tréimhse eile agus aon tréimhse roimhe sin agus, maidir le haon ní arna dhéanamh i dtaca le comhpháirtíocht, ní fholóidh na tagairtí sna fo-ailt sin don mhéid cánach is infoctha aon cháin nach innhuirearaithe in ainm na comhpháirtíochta.

(17) Chun críocha an ailt seo, measfar, maidir le haon tuairisceáin nó cuntais arna gcur isteach thar ceann duine, gurbh é an duine sin a chuir isteach iad mura rud é go gcruthóidh an duine sin gur gan toiliú an duine sin nó i ngan fhios dó nó dí a cuireadh isteach iad.”.

## CUID 2

### LEASÚ AR AN ACHT COMHDHLÚITE CÁNACHA 1997 MAIDIR LE PIONÓIS

#### 1. Leasaítear an tAcht Comhdhlúite Cánacha 1997—

- (a) in alt 152 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

“(2) I gcás ina mainníonn cuideachta aon cheann d’fhorálacha fho-alt (1) a chomhlíonadh, tabhóidh an chuideachta pionós €200 i leith gach mainneachtana, ach ní mó ná €2,000 méid comhiomlán na bpionós a fhorchuirfear faoin alt seo ar aon chuideachta i leith gach mainneachtana den sórt sin a bhaineann le haon dáileadh áirithe díbhinní nó úis.”,

- (b) in alt 305(4)—

(i) trí na focail “go feasach” a scriosadh, agus

(ii) trí “€3,000” a chur in ionad “€630”,

- (c) in alt 481 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (16):

“(16) Más rud é go mbeidh cuideachta tar éis deimhniú a eisiúint chun críocha fho-alt (12) nó ráiteas a thabhairt faoi fho-alt (13) agus—

- (a) go bhfuil an deimhniú nó an ráiteas bréagach nó míthreorach, nó
- (b) gur eisíodh an deimhniú de shárú ar fho-alt (14),  
ansin—
- (i) dlífear pionós €4,000 a chur ar an gcuideachta, agus
- (ii) ní thabharfar aon fhaoiseamh faoin alt seo agus, más rud é go mbeifear tar éis aon fhaoiseamh den sórt a thabhairt, déanfar é a tharraingt siar.”,
- (d) in alt 486B tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (11):
- “(11) Más rud é go mbeidh cuideachta cháilitheach tar éis deimhniú a eisiúint chun críocha fho-alt (7) nó ráiteas a thabhairt faoi fho-alt (8) agus—
- (a) go bhfuil an deimhniú nó an ráiteas bréagach nó míthreorach i bponc ábhartha, nó
- (b) gur eisíodh an deimhniú de shárú ar fho-alt (9),  
ansin—
- (i) dlífear pionós €4,000 a chur ar an gcuideachta, agus
- (ii) ní thabharfar aon fhaoiseamh faoin alt seo i leith an ní lena mbaineann an deimhniú nó an ráiteas agus, más rud é go mbeifear tar éis aon fhaoiseamh den sórt sin a thabhairt, déanfar é a tharraingt siar.”,
- (e) in alt 503 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (6):
- “(6) Más rud é go mbeidh cuideachta tar éis deimhniú a eisiúint chun críocha fho-alt (2) nó ráiteas a thabhairt faoi fho-alt (3), agus—
- (a) go bhfuil an deimhniú nó an ráiteas bréagach nó míthreorach, nó
- (b) gur eisíodh an deimhniú de shárú ar fho-alt (4),  
ansin dlífear pionós €4,000 a chur ar an gcuideachta.”,
- (f) in alt 531(16), trí “fo-ailt (9) agus (17) d’alt 1077E” a chur in ionad “fo-ailt (3) agus (7) d’alt 1053”,
- (g) in alt 783(6)—
- (i) trí na focail “go feasach” a scriosadh, agus
- (ii) trí “€3,000” a chur in ionad “€630”,
- (h) in alt 789(5)—

- (i) trí na focail “go feasach” a scriosadh, agus
  - (ii) trí “€3,000” a chur in ionad “€630”,
- (i) in alt 886(5), trí “€3,000” a chur in ionad “€1,520”,
- (j) in alt 887(5)(b), trí “€3,000” a chur in ionad “€1,265”,
- (k) in alt 889—
- (i) i bhfo-alt (8), trí “€3,000” a chur in ionad “€1,520”, agus
  - (ii) trí fho-alt (9) a scriosadh,
- (l) in alt 895—
- (i) i bhfo-alt (4)(a), trí “€4,000” a chur in ionad “€2,535”, agus
  - (ii) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4)(b):
    - “(b) Más rud é, maidir le cónaitheoir—
    - (i) go mainníonn sé nó sí mionsonraí den chineál dá dtagraítear i bhfo-alt (2) a thabhairt d’idirghabhálaí atá tar éis seirbhís iomchuí a sholáthar don chónaitheoir, nó
    - (ii) go dtugann sé nó sí mionsonraí míchearta den chineál sin don idirghabhálaí,
- dlífear pionós €4,000 a chur ar an gcónaitheoir.”,
- agus
- (iii) trí fho-alt (5) a scriosadh,
- (m) in alt 896—
- (i) i bhfo-alt (3), trí “€4,000” a chur in ionad “€1,900”, agus
  - (ii) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4):
    - “(4) Más rud é, maidir le duine—
    - (a) go mainníonn sé nó sí mionsonraí den chineál dá dtagraítear i bhfo-alt (2) a thabhairt d’idirghabhálaí atá tar éis saoráidí iomchuí a sholáthar don duine, nó
    - (b) go dtugann sé nó sí mionsonraí míchearta den chineál sin don idirghabhálaí,
- dlífear pionós €4,000 a chur ar an duine.”,
- (n) in alt 898N—

- (i) i bhfo-alt (3), trí “€3,000” a chur in ionad “€1,265”, agus
- (ii) i bhfo-alt (9), trí “€3,000” a chur in ionad “€1,265”,
- (o) in alt 898Q—
  - (i) i bhfo-alt (5)(a), trí “€3,000” a chur in ionad “€1,520”,
  - (ii) i bhfo-alt (5)(b), trí “€3,000” a chur in ionad “€950”, agus
  - (iii) trí fho-alt (5)(c) a scriosadh,
- (p) in alt 900(7), trí “€4,000” a chur in ionad “€1,900”,
- (q) in alt 902(11), trí “€4,000” a chur in ionad “€1,900”,
- (r) in alt 903(5), trí “€4,000” a chur in ionad “€1,265”,
- (s) in alt 904(5), trí “€4,000” a chur in ionad “€1,265”,
- (t) in alt 905(3), trí “€4,000” a chur in ionad “€1,265”,
- (u) in alt 917A—
  - (i) i bhfo-alt (4), trí “€4,000” a chur in ionad “€2,535”, agus
  - (ii) trí fho-alt (5) a scriosadh,
- (v) in alt 917B—
  - (i) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (5):
    - “(5) Más rud é, maidir le duine—
      - (a) go mainníonn sé nó sí ráiteas a dhéanamh a cheanglaítear ar an duine a dhéanamh de réir fho-alt (2), nó
      - (b) go mainníonn sé nó sí na mionsonraí dá dtagraítear i bhfo-alt (2) a chur san áireamh i ráiteas den sórt sin,

ansin, dlífeá pionós €4,000 a chur ar an duine maidir le gach mainneachtain den sórt sin.”,

agus
  - (ii) trí fho-alt (6) a scriosadh,
- (w) in alt 917C—
  - (i) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):
    - “(3) Más rud é, maidir le duine—
      - (a) go mainníonn sé nó sí ráiteas a dhéanamh a cheanglaítear ar an duine a dhéanamh de réir fho-alt (2), nó

- (b) go mainníonn sé nó sí na mionsonraí dá dtagraítear i bhfo-alt (2) a chur san áireamh i ráiteas den sórt sin,

ansin, dlífear pionós €4,000 a chur ar an duine maidir le gach mainneachtain den sórt sin.”,

agus

- (ii) trí fho-alt (4) a scriosadh,

(x) in alt 939(3) trí “€3,000” a chur in ionad “€950”,

(y) in alt 987—

- (i) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Más rud é, maidir le haon duine—

- (a) go mainníonn sé nó sí aon fhoráil de chuid rialachán faoin gCaibidil seo a chomhlíonadh, ar foráil í lena gceanglaítear ar an duine sin aon tuairisceán, ráiteas, fógra nó deimhniú, seachas an tuairisceán deireadh bliana a cheanglaítear faoi Rialachán 31 de na Rialacháin Cánach Ioncaim (Fostaíochtaí) (Comhdhlúite) 2001 (I.R. Uimh. 559 de 2001), a chur ar aghaidh,

- (b) go mainníonn sé nó sí cáin ioncaim a chur ar aghaidh chuig an Ard-Bhailitheoir, nó

- (c) go mainníonn sé nó sí aon asbhaint nó aisíocaíocht a dhéanamh de réir aon rialacháin arna dhéanamh de bhun alt 986(1)(g),

ansin, dlífear pionós €4,000 a chur ar an duine sin”,

- (ii) i bhfo-alt (1A)—

(I) trí “€1,000” a chur in ionad “€630”, agus

(II) trí “€4,000” a chur in ionad “€2,535”,

(iii) i bhfo-alt (2), trí “€3,000” a chur in ionad “€950”, agus

(iv) trí fho-alt (3) a scriosadh,

- (z) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 1047:

“Dliteanas tuismitheoirí, caomhnóirí, seiceadóirí agus riarthóirí. 1047.—(1) I gcás ina bhfaighidh pearsa aonair atá inmhuirearaithe i leith cánach ioncaim bás, beidh seiceadóir nó riarthóir an duine éagtha faoi dhliteanas—

- (a) i leith na cánach arna muirearú ar an bpearsa aonair éagtha sin,

- (b) i leith an úis ar íoc déanach cánach ar ina leith atá an

phearsa aonair éagtha faoi  
dhliteanas, agus

- (c) i leith aon phionós ar ina leith atá  
an phearsa aonair éagtha faoi  
dhliteanas,

agus is fiach ar eastát na pearsan aonair  
éagtha na suimeanna sin go léir agus  
féadfaidh seiceadóir nó riarthóir na  
híocaíochtaí sin go léir a asbhaint as  
sócmaidíní agus maoin phearsanta an  
duine éagtha.

(2) I gcás inar naíon pearsa aonair atá  
inmhuirearaithe i leith cánach ioncaim,  
beidh tuismitheoir nó caomhnóir an naín  
faoi dhliteanas i leith na cánach mura n-  
íocann an naíon í agus aon tuismitheoir nó  
caomhnóir a dhéanann íocaíocht den sórt  
sin lamhálfar dó nó di na suimeanna go léir  
a bheidh íochta amhlaidh aige nó aici ina  
chuntais nó ina cuntais.”;

(aa) in alt 1052—

(i) i bhfo-alt (1), trí “€3,000” a chur in ionad “€950”,

(ii) i bhfo-alt (2), trí “€4,000” a chur in ionad “€1,520.”,  
agus

(iii) i bhfo-alt (4), trí “faoin alt seo, faoi alt 1053 nó faoi  
alt 1077E” a chur in ionad “faoin alt seo nó faoi alt  
1053”,

(ab) in alt 1053, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i  
ndiaidh fho-alt (7):

“(8) Ní bheidh feidhm ag an alt seo maidir le haon  
ghníomhartha nó neamhghníomhartha a éireoidh tar éis  
*an tAcht Airgeadais (Uimh. 2) 2008* a rith.”,

(ac) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 1054—

“Pionóis i gcás 1054.—(1) San alt seo, folaíonn ‘rúnaí’  
rúnaí daoine a luaitear in alt 1044(2).  
comhlachta  
daoine.

(2) I gcás inar comhlacht daoine an  
duine a luaitear in alt 1052, dlífear—

- (a) i gcás inar tugadh an fógra faoi  
aon cheann de na forálacha a  
shonraítear i gcolún 1 de  
Sceideal 29, nó chun críocha  
aon cheann de na forálacha sin,  
agus i gcás ina leantar den  
mhainneachtain tar éis  
dheireadh na bliana  
measúnachta nó na tréimhse  
cuntasaíochta i ndiaidh na  
bliana measúnachta nó na  
tréimhse cuntasaíochta inar  
tugadh an fógra, pionós ar

leithligh €2,000 a chur ar an rúnaí, agus

(b) in aon chás eile, pionós ar leithligh €1,000 a chur ar an rúnaí.

(3) I gcás inar comhlacht daoine an duine a luaitear in alt 1053 nó 1077E, dlífeá pionós ar leithligh €1,500 nó, i gcás iompair d'aon turas, pionós ar leithligh €3,000, a chur ar an rúnaí.

(4) Beidh feidhm ag an alt seo faoi réir ailt 877(5)(b) agus 897(5), ach thairis sin beidh feidhm aige d'ainneoin aon ní sna hAchtanna Cánach Ioncaim.”,

(ad) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 1055:

“1055.—Aon duine a chuidíonn nó a aslaíonn, d'aon turas, le haon tuairisceán, cuntas, ráiteas nó dearbhú mícheart a dhéanamh nó a sheachadadh chun aon chríoch a bhaineann le cáin ioncaim nó cáin chorparáide, dlífeá pionós €4,000 a chur air nó uirthi.”,

(ae) in alt 1057, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(3) Ní bheidh feidhm ag an alt seo maidir le haon ghníomhartha a éireoidh tar éis an *tAcht Airgeadais (Uimh. 2) 2008* a rith.”,

(af) in alt 1058(1), trí “€3,000” a chur in ionad “€60”,

(ag) in alt 1060 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(3) Ní bheidh éifeacht leis an alt seo tar éis an *tAcht Airgeadais (Uimh. 2) 2008* a rith.”

(ah) in alt 1061, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (6):

“(7) Ní bheidh feidhm ag an alt seo maidir le haon ghníomhartha nó neamhghníomhartha a éireoidh tar éis an *tAcht Airgeadais (Uimh. 2) 2008* a rith.”,

(ai) in alt 1063, trí “faoi réir alt 1060 nó alt 1077D” a chur in ionad “faoi réir alt 1060”,

(aj) in alt 1068, trí “Chun críocha na Caibidle seo, Chaibidil 3A agus Chaibidil 3B den Chuid seo, agus Chaibidil 4 de Chuid 38,” a chur in ionad “Chun críocha na Caibidle seo, agus Chaibidil 4 de Chuid 38,”,

(ak) in alt 1069, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2)—

“(2) Chun críocha na Caibidle seo, Chaibidil 3A agus Chaibidil 3B den Chuid seo, aon mheasúnacht nach bhfuil inathraithe a thuilleadh ag na Coimisinéirí Achomhairc ar

achomharc nó nach bhfuil inathraithe a thuilleadh le hordú ó aon chúirt, is leorfhianaise í—

- (a) maidir leis an ioncam ar ina leith a dhéantar cáin ioncaim nó, de réir mar a bheidh, cáin chorparáide a mhuirearú sa mheasúnacht, nó
- (b) maidir leis an ngnóchan ar ina leith a dhéantar cáin ghnóchan caipitiúil a mhuirearú sa mheasúnacht,

gur éirigh sé nó go bhfuarthas é de réir mar a luaitear sa mheasúnacht.”,

(al) in alt 1071—

- (i) i bhfo-alt 1(a), trí “€2,000” a chur in ionad “€630”,
- (ii) i bhfo-alt 1(b), trí “€1,000” a chur in ionad “€125”, agus
- (iii) i bhfo-alt (2)—
  - (I) trí “€4,000” a chur in ionad “€1,265”, agus
  - (II) trí “€2,000” a chur in ionad “€250”,

(am) in alt 1072, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(4) Ní bheidh feidhm ag an alt seo maidir le haon ghníomhartha nó neamhghníomhartha a éireoidh tar éis an *tAcht Airgeadais (Uimh. 2) 2008* a rith.”,

(an) in alt 1073—

- (i) i bhfo-alt 1(a), trí “€4,000” a chur in ionad “€630”, agus
- (ii) i bhfo-alt 1(b), trí “€3,000” a chur in ionad “€125”,

(ao) in alt 1074—

- (i) i mír (a), trí “€4,000” a chur in ionad “€630”, agus
- (ii) i mír (b), trí “€3,000” a chur in ionad “€125”,

(ap) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 1075:

“Pionóis mar gheall ar mhainneachtain faisnéis áirithe a thabhairt agus mar gheall ar fhaisnéis mhícheart.

1075.—(1) I gcás inar ceanglaíodh ar aon duine le fógra arna thabhairt faoi réim, nó chun críocha, alt 401 nó 427 nó Chuid 13 aon fhaisnéis nó sonraí a thabhairt agus ina mainníonn an duine sin déanamh de réir an fhógra, dlífeair, faoi réir fho-alt (3), pionós €3,000 a chur ar an duine sin agus, má leantar den mhainneachtain tar éis breithiúnas a bheith tugtha ag an gcúirt ar os a comhair a tionscnaíodh imeachtaí i leith an pionóis, dlífeair pionós breise €10 a chur air nó uirthi in aghaidh gach lae a leanfar amhlaidh den mhainneachtain.



(2) I gcás ina dtugann an duine aon fhaisnéis mhícheart nó aon sonraí de chineál a luaitear in alt 239, 401 nó 427 nó i gCuid 13, dlífeair, faoi réir fho-alt (4), pionós €3,000 a chur ar an duine.

(3) I gcás inar cuideachta an duine a luaitear i bhfo-alt (1)—

(a) dlífeair pionós €4,000 a chur ar an gcuideachta agus, má leanann an mhainneachtain tar éis breithiúnas a bheith tugtha ag an gcúirt ar os a comhair a tionscnaíodh imeachtaí i leith an phionóis, dlífeair pionós breise €60 a chur uirthi in aghaidh gach lae a leanfar amhlaidh den mhainneachtain, agus

(b) dlífeair pionós ar leithligh €3,000 a chur ar rúnaí na cuideachta.

(4) I gcás inar cuideachta an duine a luaitear i bhfo-alt (2)—

(a) dlífeair pionós €4,000 a chur ar an gcuideachta, agus

(b) dlífeair pionós ar leithligh €3,000 a chur ar rúnaí na cuideachta.

(5) Beidh feidhm ag fo-alt (3) d’alt 1053 agus ag fo-alt (9) d’alt 1077E chun críocha an ailt seo mar atá feidhm aige chun críocha alt 1053 agus alt 1077E.”

(aq) i gCaibidil 3 de Chuid 47, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 1077:

“Pionóis mar gheall ar mhainneachtain tuairisceáin a thabhairt etc., agus mar gheall ar thuairisceáin mhíchearta a thabhairt d’aon turas nó go míchúramach. 1077.—(1) Gan dochar do ghinearáltacht alt 913(1), beidh feidhm ag Caibidil 1 agus Caibidil 3B den Chuid seo, faoi réir aon mhodhnuithe is gá, maidir le cáin ghnóchan caipitiúil, agus déanfar ailt 1052, 1053, 1054 agus 1077E, arna gcur chun feidhme leis an alt seo, a fhorléiriú chun críocha na nAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil amhail is dá gcuirfí na tagairtí seo a leanas san áireamh i Scedeal 29—

(a) i gcolún 1, tagairtí d’ailt 914 go 917,

(b) i gcolún 2, tagairt d’alt 945, agus

(c) i gcolún 3, tagairt d’alt 980.

(2) I gcás inar ceanglaíodh ar aon duine le fógra nó le proiceacht faoi fhorálacha na nAchtanna Cánach Ioncaim, arna gcur

chun feidhme le halt 913, nó faoi alt 914, 915, 916, 917 nó 980, aon ghníomh a dhéanamh de chineál a luaitear in aon cheann de na forálacha nó na hailt sin, agus go mainníonn an duine déanamh de réir an fhógra nó na proiceachta, nó i gcás ina ndéanann aon duine aon tuairisceán, ráiteas, dearbhú, liosta, cuntas, sonraí nó doiciméad eile atá mícheart a dhéanamh, a sheachadadh nó a thabhairt ar aird, d'aon turas nó go míchúramach (nó ina ndéanfaidh sé nó sí go feasach aon ráiteas bréagach nó uirioll bréagach), faoi aon cheann de na forálacha nó de na hailt sin, beidh feidhm ag Caibidil 1 agus Caibidil 3B den Chuid seo maidir leis an duine chun críocha cánach gnóchan caipitiúil mar atá feidhm aici i gcás mainneachtana nó gnímh den chineál céanna chun críocha cánach ioncaim.”,

(ar) in alt 1078(9)—

- (i) trí “fo-ailt (9) agus (17) d’alt 1077E,” a chur isteach i ndiaidh “alt 1053”, agus
- (ii) trí “, alt 27A(16) den Acht Cánach Breisluacha 1972,” a chur in ionad “agus ailt 26(6) agus 27(7) den Acht Cánach Breisluacha, 1972,

(as) in alt 1086—

(i) i bhfo-alt (2)—

- (I) i mír (a), trí “nó ar ina leith a chinn cúirt fíneáil nó pionós eile” a chur isteach i ndiaidh “ar ar fhorchuir cúirt fíneáil nó pionós eile,”
- (II) i mír (b), trí “nó ar ina leith a chinn cúirt fíneáil nó pionós eile thairis sin” a chur isteach i ndiaidh “ar ar fhorchuir cúirt fíneáil nó pionós eile thairis sin,”
- (III) i mír (d), trí “nó cinnte” a chur isteach i ndiaidh “gearrtha”,

(ii) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2A):

“(2A) Chun críocha fho-alt (2), folaíonn an tagairt do shuim shonraithe i míreanna (c) agus (d) den fho-alt sin tagairt do shuim arb é méid iomlán an éilimh ó na Coimisinéirí Ioncaim é i leith an dliteanais shonraithe dá dtagraítear sna míreanna sin. I gcás go nglacann na Coimisinéirí Ioncaim, nó go ngeallann siad glacadh le suim den sórt sin, arb é méid iomlán a n-éilimh é, ansin—

- (a) measfar go ndearna siad sin de bhun comhaontaithe, a rinneadh leis an duine dá dtagraítear i mír (c), ar staon siad dá réir ó imeachtaí a thionscnamh chun aon fhíneáil nó pionós den chineál a luaitear i

míreanna (a) agus (b) d'fho-alt (2) a ghnóthú, agus

(b) measfar an comhaontú sin a bheith déanta sa tréimhse iomchuí inar ghlac na Coimisinéirí Ioncaim nó gur gheall siad go nglacfaidís leis an méid iomlán sin.”,

(iii) i bhfo-alt (4), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) gur deimhin leis na Coimisinéirí Ioncaim go ndearna an duine, sular thosaigh siad féin nó aon duine dá n-oifigigh aon imscrúdú nó aon fhiosrúchán faoi aon ábhar ba bhun le dliteanas dá dtagraítear sna míreanna sin, nochtadh cáilitheach (de réir bhrí alt 1077E, alt 27A den Acht Cánach Breisluacha 1972 nó alt 134A den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa 1999, de réir mar a bheidh) i ndáil leis an ábhar sin agus sonraí iomlána ina thaobh a thabhairt dóibh go deonach,”,

(iv) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4A):

“(4B) Ní bheidh feidhm ag míreanna (a) agus (b) d'fho-alt (2) i ndáil le duine más rud é i gcás an duine sin—

(a) nach mó méid pionóis arna chinneadh ag cúirt ná 15 faoi gcéad, de réir mar is cuí—

(i) de mhéid na difríochta dá dtagraítear i bhfo-mhír (11) nó (12), de réir mar a bheidh, d'alt 1077E,

(ii) de mhéid na difríochta dá dtagraítear i bhfo-alt (11) nó (12), de réir mar a bheidh, d'alt 27A den Acht Cánach Breisluacha 1972, nó

(iii) de mhéid na difríochta dá dtagraítear i bhfo-alt (7), (8) nó (9), de réir mar a bheidh, d'alt 134A den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa 1999,

(b) nach mó comhiomlán na nithe seo a leanas—

(i) an cháin atá dlite ar ina leith a ríomhfar an pionós,

(ii) ach amháin i gcás na cánach atá dlite de bhua mhíreanna (g) agus (h) den mhíniú ar ‘na hAchtanna’, an t-ús ar an gcáin sin, agus

(iii) an pionós arna chinneadh ag cúirt,

ná €30,000, nó

(c) go ndearnadh nochtadh cáilitheach.”,

(v) i bhfo-alt (5)—

(I) i mír (a), trí “nó a cinneadh i leith an duine” a chur isteach i ndiaidh “a gearradh ar an duine”,

agus

(II) i mír (b), trí “nó a chinn cúirt i leith an duine sin” a chur isteach i ndiaidh “a ghearr cúirt ar an duine sin”,

(vi) i bhfo-alt (5A)(a), trí “nó a chinneadh” a chur isteach i ndiaidh “a ghearradh”,

(at) in alt 1091 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) I gcás ina mainníonn cuideachta aon cheann d’fhorálacha fho-alt (2) a chomhlíonadh, tabhóidh an chuideachta pionós €200 i leith gach mainneachtana, ach ní mó ná €2,000 comhiomlán na bpionós a ghearrtar faoin alt seo ar aon chuideachta i leith gach mainneachtana den sórt sin a bhaineann le haon dáileadh áirithe amháin díbhinní nó úis.”.

(au) i Sceideal 29, trí “Na Forálacha dá dTagraítear in Ailt 1052, 1054 agus 1077E” a chur in ionad “Na Forálacha dá dTagraítear in Ailt 1052, 1053 agus 1054”,

(av) i Sceideal 32, i bhfomhír (3)(b) de mhír 7, trí “ailt 1052, 1054 agus 1077E” a chur in ionad “ailt 1052, 1053 agus 1054”.

### CUID 3

#### CÁIN BHREISLUACHA: PIONÓS

1. Leasaítear an tAcht Cánach Breisluacha 1972—

(a) in alt 26—

(i) (I) trí “€4,000” a chur in ionad “€1,520” sa dá áit ina bhfuil sé,

(II) trí “€4,000” a chur in ionad “€950” gach áit a bhfuil sé, agus

(III) trí “€4,000” a chur in ionad “€1,265” sa dá áit ina bhfuil sé,

agus

(ii) trí fho-ailt (4), (6) agus (7) a scriosadh,

(b) trí alt 27 a scriosadh,

(c) tríd an méid seo a leanas a chur isteach roimh alt 28:

“Pionós mar gheall ar thuairisceáin mhíchearta, etc., a dhéanamh d’aon turas nó go míchúramach.

27A.—(1) San alt seo—

ciallaíonn ‘go míchúramach’ mainneachtain cúram réasúnach a ghlacadh;

ciallaíonn ‘dliteanas i leith cánach’ dliteanas i leith mhéid na difríochta a shonraítear i bhfo-alt (11) nó (12) ar dliteanas é a éiríonn as aon ní dá dtagraítear i bhfo-alt (2), (3), (5) nó (6);

ciallaíonn ‘tréimhse’ tréimhse inchánach, tréimhse chuntasaíochta nó tréimhse eile, de réir mar a éilíonn an comhthéacs;

ciallaíonn ‘nochtadh cáilitheach spreagtha’, i ndáil le duine, nochtadh cáilitheach a rinneadh do na Coimisinéirí Ioncaim nó d’oifigeach Ioncaim sa tréimhse idir na dátaí seo a leanas—

(a) an dáta a thugann oifigeach Ioncaim fógra do dhuine faoin dáta a thosófar ar imscrúdú nó ar fhiosrúchán i dtaobh aon ní is bun le dliteanas de chuid an duine sin i leith cánach, agus

(b) an dáta a thosaíonn an t-imscrúdú nó an fiosrúchán;

ciallaíonn ‘nochtadh cáilitheach’, i ndáil le duine—

(a) i ndáil le pionós dá dtagraítear i bhfo-alt (4), nochtadh gur deimhin leis na Coimisinéirí Ioncaim gur nochtadh faisnéise iomláine i ndáil leis na nithe uile agus le sonraí iomlána na nithe sin is cionsiocair le dliteanas cánach as a dtagann pionós dá dtagraítear i bhfo-alt (4), agus le sonraí iomlána na nithe sin is cionsiocair le haon dliteanas cánach nó dleachta as a dtagann pionós dá dtagraítear in alt 1077E(4) den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997, alt 134A(2) den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa 1999 agus i bhfeidhmiú alt 1077E(4) den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 maidir leis an Acht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil 2003, agus

(b) i ndáil le pionós dá dtagraítear i bhfo-alt (7), nochtadh gur deimhin leis na Coimisinéirí Ioncaim gur nochtadh faisnéise iomláine i ndáil leis na nithe uile agus le sonraí iomlána na nithe

uile is cionsiocair le dliteanas cánach as a dtagann pionós dá dtagraítear i bhfo-alt (7) don tréimhse iomchuí,

arna dhéanamh i scríbhinn chun na gCoimisinéirí Ioncaim nó chun oifigigh Ioncaim agus arna shíniú ag an duine sin nó thar ceann an duine sin agus lena ngabhann—

- (i) dearbhú, de réir mar is fearr is eol don duine sin, a cuireadh i bhfios don duine sin agus a chreideann an duine sin, arna dhéanamh i scríbhinn go bhfuil gach ní atá sa nochtadh ceart iomlán, agus
- (ii) íocaíocht ar an gcáin nó ar an dleacht, nó orthu araon, is infíoitha i leith aon ní atá sa nochtadh agus an úis ar íoc déanach na cánach agus na dleachta sin;

ciallaíonn ‘oifigeach Ioncaim’ oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim;

“ciallaíonn ‘nochtadh cáilitheach neamhspreagtha’, i ndáil le duine, nochtadh cáilitheach ar deimhin leis na Coimisinéirí Ioncaim ina leith gur tugadh dóibh é go deonach—

- (a) sular thosaigh siad féin, nó sular thosaigh oifigeach Ioncaim, imscrúdú nó fiosrúchán i dtaobh aon ní is bun le dliteanas de chuid an duine sin i leith cánach, nó
- (b) i gcás oifigeach Ioncaim do thabhairt fógra don duine faoin dáta a thosóidh imscrúdú nó fiosrúchán i dtaobh aon ní is bun le dliteanas de chuid an duine sin i leith cánach, roimh an bhfógra sin.

(2) I gcás go dtugann duine tuairisceán nó ina ndéanann sé nó sí éileamh nó dearbhú chun críocha an Achta seo nó chun críocha rialachán arna ndéanamh faoi agus, le linn dó nó di déanamh amhlaidh, i gcás ina ndéanann an duine, d’aon turas, tuairisceán mícheart a thabhairt nó éileamh nó dearbhú mícheart a dhéanamh, ansin dlífeá pionós a chur ar an duine sin.

(3) I gcás go mainníonn duine d’aon turas ceanglas a chomhlíonadh de réir an Achta seo nó de réir rialachán ar ceanglas

é tuairisceán a thabhairt, ansin dlífear pionós a chur ar an duine sin.

(4) Is é a bheidh sa phionós dá dtagraítear sna fo-ailt seo a leanas—

(a) i bhfo-alt (2), an méid a shonraítear i bhfo-alt (11), agus

(b) i bhfo-alt (3), an méid a shonraítear i bhfo-alt (12),

arna laghdú, i gcás inar chomhoibrigh an duine, a ndlítear an pionós a chur air nó uirthi, go hiomlán le haon imscrúdú nó fiosrúchán a thosaigh na Coimisinéirí Ioncaim nó oifigeach Ioncaim i dtaobh aon ní is bun le dlíteanas de chuid an duine sin i leith cánach, go dtí na méideanna seo a leanas—

(i) 75 faoin gcéad den mhéid sin i gcás nach bhfuil feidhm ag fomhír (ii) nó (iii),

(ii) 50 faoin gcéad den mhéid sin i gcás ina ndéanann an duine sin nochtadh cáilitheach spreagtha, nó

(iii) 10 faoin gcéad den mhéid sin i gcás ina ndéanann an duine sin nochtadh cáilitheach neamhspreagtha.

(5) I gcás go dtugann duine tuairisceán nó ina ndéanann sé nó sí éileamh nó dearbhú chun críocha an Achta seo nó chun críocha rialachán arna ndéanamh faoi agus, le linn dó nó di déanamh amhlaidh, i gcás ina ndéanann an duine go míchúramach, ach ní d'aon turas, tuairisceán mícheart a thabhairt nó éileamh nó dearbhú mícheart a dhéanamh, ansin dlífear pionós a chur ar an duine sin.

(6) I gcás go mainníonn duine go míchúramach, ach ní d'aon turas, ceanglas a chomhlíonadh de réir an Achta seo nó de réir rialachán, ar ceanglas é tuairisceán a thabhairt, ansin dlífear pionós a chur ar an duine sin.

(7) (a) Is é a bheidh sa phionós dá dtagraítear sna fo-ailt seo a leanas—

(i) i bhfo-alt (5), an méid a shonraítear i bhfo-alt (11), agus

(ii) i bhfo-alt (6), an méid a shonraítear i bhfo-alt (12),

arna laghdú go dtí 40 faoin gcéad i gcásanna ina bhfuil feidhm ag an mbreis dá dtagraítear i bhfomhír (I) de mhír (b) agus go dtí 20 faoin gcéad i gcásanna eile.

(b) I gcás gur chomhoibrigh an duine, a ndlítear an pionós a chur air nó uirthi, go hiomlán le haon imscrúdú nó fiosrúchán a thosaigh na Coimisinéirí Ioncaim nó oifigeach Ioncaim i dtaobh aon ní is bun le dliteanas de chuid an duine sin i leith cánach, is é a bheidh sa phionós dá dtagraítear sna fo-ailt seo a leanas—

(i) i bhfo-alt (5), an méid a shonraítear i bhfo-alt (11), agus

(ii) i bhfo-alt (6), an méid a shonraítear i bhfo-alt (12),

arna laghdú—

(I) i gcás gur mó an difríocht dá dtagraítear i bhfo-alt (11) nó (12), de réir mar a bheidh, ná 15 faoin gcéad den mhéid dá dtagraítear i mír (b) d'fho-alt (11) nó i mír (b) d'fho-alt (12), go dtí na méideanna seo a leanas—

(A) 30 faoin gcéad den difríocht sin i gcás nach bhfuil feidhm ag clásal (B) nó (C),

(B) 20 faoin gcéad den difríocht sin i gcás go ndéanann an duine sin nochtadh cáilitheach spreagtha, nó

(C) 5 faoin gcéad den difríocht sin i gcás go ndéanann an duine sin nochtadh cáilitheach neamhspreagtha,

nó



(II) i gcás nach mó an difríocht dá dtagraítear i bhfomhír (11) nó (12), de réir mar a bheidh, ná 15 faoin gcéad den mhéid dá dtagraítear i mír (b) d'fho-alt (11) nó i mír (b) d'fho-alt (12), go dtí na méideanna seo a leanas—

(A) 15 faoin gcéad den difríocht sin i gcás nach bhfuil feidhm ag clásal (B) nó (C),

(B) 10 faoin gcéad den difríocht sin i gcás ina ndéanann an duine sin nochtadh cáilitheach spreagtha, nó

(C) 3 faoin gcéad den difríocht sin i gcás ina ndéanann an duine sin nochtadh cáilitheach neamhspreagtha.

(8) Más rud é, chun críocha an Achta seo nó chun críocha rialachán, go ndéanann duine, d'aon turas nó go míchúramach, aon sonrasc, uimhir chláraithe, nóta sochair, nóta dochair, admháil, cuntas, dearbhán, ráiteas bainc, meastachán, ráiteas, faisnéis, leabhar, doiciméad nó taifead atá mícheart a thabhairt ar aird, a sholáthar, a thabhairt, a chur nó a úsáid ar shlí eile, ansin dlífear—

(a) pionós €3,000 a chur ar an duine sin i gcás inar ghníomhaigh an duine sin go míchúramach, nó

(b) pionós €5,000 a chur ar an duine sin i gcás inar ghníomhaigh an duine sin d'aon turas.

(9) I gcás inar sholáthair nó ina ndearna duine aon tuairisceán, éileamh nó dearbhú mar a luaitear i bhfo-alt (2) nó (5), ach nach ndearnadh amhlaidh d'aon turas ná go míchúramach, agus i gcás ina dtiocfaidh sé ar iúl an duine sin go raibh sé mícheart, ansin, mura leigheastar an earráid gan moill mhírreasúnach, déileálfar, chun críocha an ailt seo, leis an tuairisceán, leis an éileamh nó leis an dearbhú amhail is go ndearna an

duine sin é, nó gur chuir sé nó sí isteach é, d'aon turas.

(10) Faoi réir alt 1077D(2) den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997, ní bheidh imeachtaí nó iarratais chun aon phionós a ghnóthú faoin alt seo as am de bhíthin iad a thosú tar éis an ama a lamháiltear le halt 30.

(11) Is é a bheidh sa mhéid dá dtagraítear i mír (a) d'fho-alt (4) agus i mír (a)(i) d'fho-alt (7) ná an difríocht idir na méideanna seo a leanas—

(a) an méid cánach (más ann) a d'íoc nó a d'éiligh an duine lena mbaineann don tréimhse iomchuí ar bhonn an tuairisceáin, an éilimh nó an ráitis mhíchirt arna sholáthar nó arna dhéanamh ar shlí eile, agus

(b) an méid a bheadh iníoctha go cúí ag, nó inaisíoctha go cúí leis, an duine sin don tréimhse sin.

(12) Is é a bheidh sa mhéid dá dtagraítear i mír (b) d'fho-alt (4) agus i mír (b)(ii) d'fho-alt (7) ná an difríocht idir na méideanna seo a leanas—

(a) an méid cánach (más ann) a d'íoc an duine sin don tréimhse iomchuí sular thosaigh na Coimisinéirí Ioncaim nó aon oifigeach Ioncaim aon fhiosrúchán nó imscrúdú i gcás gur fhógair na Coimisinéirí Ioncaim go poiblí gur thosaigh siad fiosrúchán nó imscrúdú nó i gcás gur sheol na Coimisinéirí Ioncaim nó oifigeach Ioncaim fiosrúchán nó imscrúdú maidir le haon ní a chuirfí san áireamh sa tuairisceán dá mba rud é gur sholáthair an duine sin an tuairisceán agus go raibh an tuairisceán ceart, agus

(b) an méid cánach a bheadh iníoctha go cúí ag an duine sin don tréimhse sin.

(13) I gcás go ndéanann duine dara nochtadh cáilitheach laistigh de 5 bliana ón tráth a tugadh an chéad nochtadh cáilitheach de chuid an duine sin, ansin maidir le nithe a bhaineann leis an dara nochtadh sin—

(a) i ndáil le fo-alt (4)—

(i) beidh feidhm ag fomhír (ii) amhail is dá gcuirfí '75 faoin gcéad' in ionad '50 faoin gcéad', agus

(ii) beidh feidhm ag fomhír (iii) amhail is dá gcuirfí '55 faoin gcéad' in ionad '10 faoin gcéad',

agus

(b) i ndáil le fomhír (I) d'fho-alt (7)(b)—

(i) beidh feidhm ag clásal (B) amhail is dá gcuirfí '30 faoin gcéad' in ionad '20 faoin gcéad', agus

(ii) beidh feidhm ag clásal (C) amhail is dá gcuirfí '20 faoin gcéad' in ionad '5 faoin gcéad'.

(14) I gcás go ndéanann duine tríú nochtadh cáilitheach nó nochtadh cáilitheach dá éis sin laistigh de 5 bliana ón tráth a thugtar dara nochtadh cáilitheach an duine sin, ansin maidir le nithe a bhaineann leis an tríú nochtadh cáilitheach sin nó leis an nochtadh cáilitheach sin dá éis sin, de réir mar a bheidh—

(a) ní dhéanfar an pionós dá dtagraítear i míreanna (a) agus (b) d'fho-alt (4) a laghdú, agus

(b) ní bheidh feidhm ag an laghdú dá dtagraítear i bhfomhír (I) d'fho-alt (7)(b).

(15) Ní nochtadh cáilitheach nochtadh i ndáil le duine, más rud é—

(a) sula ndéantar an nochtadh, go ndearna oifigeach Ioncaim fiosrúchán nó imscrúdú nó gur thosaigh sé nó sí imscrúdú i dtaobh aon ní sa nochtadh sin agus go ndearna sé nó sí teagmháil leis an duine sin nó le duine is ionadaí don duine sin, nó gur thug sé nó sí fógra don duine sin nó do dhuine is ionadaí don duine sin, maidir leis an ní sin, nó

(b) gur nithe iad nithe atá sa nochtadh—

(i) a tháinig ar iúl na gCoimisinéirí Ioncaim, nó

atá ar tí teacht ar iúl na  
gCoimisinéirí Ioncaim, trí  
imscrúduithe dá gcuid féin  
nó trí imscrúdú arna  
sheoladh ag  
gníomhaireacht nó  
comhlacht reachtúil,

(ii) atá laistigh de raon  
fiosrúcháin atá á sheoladh  
go hiomlán nó go páirteach  
go poiblí, nó

(iii) a bhfuil baint ag an duine a  
rinne an nochtadh leo, nó a  
bhfuil an duine sin ar tí  
teacht chun bheith  
bainteach leo, go poiblí.

(16) Chun críocha an ailt seo, measfar maidir le haon tuairisceán, éileamh nó dearbhú arna chur isteach thar ceann duine measfar gur chuir an duine sin isteach é mura rud é go gcruthaíonn an duine sin gur cuireadh isteach é gan toiliú an duine sin nó i ngan fhios don duine sin.

(17) Más comhlacht daoine duine a luaitear i bhfo-alt (2), (3), (5) nó (6), dlífeair pionós ar leithligh €1,500 a chur ar an rúnaí nó, i gcás iompair d'aon turas, dlífeair pionós ar leithligh €3,000 a chur air nó uirthi.

(18) Má dhéanann duine, i gcás ina dtugann an duine sin le fios gur duine cláraithe é nó í nó gur chun críocha gnó a sheolann sé nó sí a allmhairíodh earraí a d'allmhairigh sé nó sí, a chur faoi deara go míchuí go ndéantar earraí a allmhairiú gan cáin a íoc in imthosca ina bhfuil cáin innhuirearaithe, dlífeair pionós €4,000 a chur ar an duine sin agus, ina theannta sin, dlífidh an duine sin méid aon chánach ba chóir a íoc ar an allmhairiú a íoc leis na Coimisinéirí Ioncaim.

(19) Má fhaigheann duine earraí gan cáin bhreisluacha (amhail dá dtagraítear i dTreoir Uimh. 2006/112/CE an 28 Samhain 2006 ón gComhairle<sup>1</sup>) a íoc i mBallstát eile mar thoradh ar an dearbhú maidir le huimhir chláráithe mhícheart, dlífeair pionós €4,000 a chur ar an duine sin agus, ina theannta sin, dlífidh an duine sin méid a íoc leis na Coimisinéirí Ioncaim ar méid é atá comhionann leis an méid cánach ab innhuirearaithe ar na hearraí sin a fháil laistigh den Chomhphobal dá mba dhearbhu maidir le huimhir chláráithe cheart an dearbhú sin.

<sup>1</sup>IO Uimh. L 347 an 11 Nollaig 2006, lch. 1

(20) Más rud é, de bhun rialachán arna ndéanamh chun críocha alt 13(1)(a), go ndearnadh cáin ar sholáthar aon earraí a loghadh nó a aisíoc agus—

- (a) go bhfaightear na hearraí sa Stát tar éis an dáta a líomhnaíodh gur onnmhairíodh iad nó go raibh siad le honnmhairiú, nó
- (b) ina bhfuil aon choinníoll a shonraítear sna rialacháin nó a d'fhorchuir na Coimisinéirí Ioncaim gan chomhlíonadh,

agus nach bhfuil sé údaraithe, chun críocha an fho-ailt seo, ag na Coimisinéirí Ioncaim na hearraí sin a bheith sa Stát tar éis an dáta sin nó an coinníoll a bheith gan chomhlíonadh, ansin dlífead na hearraí a fhorghéilleadh agus déanfar an cháin a loghadh nó a aisíocadh a mhuirearú ar an duine, agus tiocfaidh sí chun bheith infíocho láithreach ag an duine, dár soláthraíodh na hearraí nó a bhfaighfear na hearraí ina sheilbh nó ina seilbh sa Stát agus beidh feidhm dá réir sin ag forálacha ailt 960I(1), 960J, 960L agus 960N den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997, ach féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim, más cuí leo, íoc na cánach sin go léir nó íoc cuid di a tharscaoileadh.

(21) (a) Más rud é, maidir le hearraí—

- (i) gur soláthraíodh iad de réir ráta nialas faoin gcéad faoi réir an choinníll go raibh siad le seoladh nó le hiompar lasmuigh den Stát de réir fhomhír (a), (b) nó (c) de mhír (i) den Dara Sceideal agus nach ndearnadh na hearraí a sheoladh nó a iompar amhlaidh,
- (ii) go bhfuarthas iad gan an cháin bhreisluacha dá dtagraítear i dTreoir Uimh. 2006/112/CE an 28 Samhain 2006<sup>2</sup> ón gComhairle a íoc i mBallstát eile mar thoradh ar uimhír chláráithe mhícheart a dhearbhu,
- (iii) go bhfuarthas i mBallstát eile iad agus gur modh nua iompair na hearraí sin arb amhlaidh ina leith—

<sup>2</sup>IO Uimh. L347 an 11 Nollaig 2006, lch. 1

(I) go ndéanann an faighteoir fáil laistigh den Chomhphobal sa Stát,

(II) nach bhfuil an faighteoir i dteideal asbhaint a fháil faoi alt 12 i leith na cánach is inmhuirearaithe ar an bhfáil sin, agus

(III) go mainníonn an faighteoir cuntas a thabhairt ar an gcáin atá dlite ar an bhfáil sin de réir alt 19,

nó

(iv) go bhfuil siad á soláthar ag duine cuntasach nár chomhlíon forálacha alt 9(2),

ansin dlífeáir na hearraí sin a fhorghéilleadh.

(b) Aon uair a bhfuil amhras réasúnach ar oifigeach arna údarú nó arna húdarú ag na Coimisinéirí Ioncaim go ndlitear earraí a fhorghéilleadh de réir mhír (a) féadfaidh an t-oifigeach sin na hearraí a choinneáil go dtí go mbeidh cibé scrúdú, fiosrúcháin nó imscrúduithe, a mheasfaidh an t-oifigeach sin nó oifigeach údaráithe eile do na Coimisinéirí Ioncaim a bheith riachtanach, déanta chun a chinneadh chun sástacht ceachtar oifigeach an ndearnadh nó nach ndearnadh na hearraí a sholáthar nó a fháil amhlaidh.

(c) Nuair a bheidh cinneadh dá dtagraítear i mír (b) déanta i leith aon earraí, nó ag deireadh tréimhse dhá mhí ón dáta a coinníodh na hearraí sin faoin bhfo-alt sin, cibé acu is luaithe, déanfar na hearraí sin a urghabháil mar earraí a dhlitear a fhorghéilleadh nó déanfar iad a scaoileadh.

(d) Chun críocha an ailt seo, ciallaíonn ‘uimhir chláráithe mhícheart a dhearbhu’—

- (i) duine do dhéanamh uimhir chláraithe duine eile a dhearbhú,
- (ii) duine do dhéanamh uimhir a dhearbhú nach uimhir chláraithe iarbhír í ach a n-airbheartaíonn an duine sin ina leith gurb í a uimhir chláraithe nó a huimhir chláraithe í,
- (iii) duine do dhéanamh uimhir chláraithe atá cealaithe a dhearbhú,
- (iv) duine do dhéanamh uimhir chláraithe a dhearbhú, ar uimhir í a fuarthas ó na Coimisinéirí Ioncaim trí fhaisnéis mhícheart a sholáthar, nó
- (v) duine do dhéanamh uimhir chláraithe a dhearbhú, ar uimhir í a fuarthas ó na Coimisinéirí Ioncaim chun earraí a fháil gan cáin bhreisluacha dá dtagraítear i dTreoir Uimh. 2006/112/CE an 28 Samhain 2006<sup>3</sup> ón gComhairle a íoc, agus ní chun aon chríche gnó *bona fide*.

(22) Beidh feidhm ag na forálacha de na hAchtanna Custam a bhaineann le forghéilleadh agus daoradh earraí maidir le hearraí a dhlítear a fhorghéilleadh faoi fho-alt (20) nó (21) amhail is dá mba rud é gur tháinig siad chun bheith faoi dhliteanas a bhforghéillte faoi na hAchtanna sin agus, maidir leis na cumhachtaí go léir is infheidhmithe ag oifigeach Custam agus Máil faoi na hAchtanna sin, féadfaidh oifigh do na Coimisinéirí Ioncaim iad a fheidhmiú ar oifigh iad atá údaraithe chun na cumhachtaí sin a fheidhmiú chun críocha na bhfo-alt sin agus beidh feidhm ag aon fhorálacha i ndáil le cionta faoi na hAchtanna sin, fara aon mhodhnuithe is gá, i ndáil leis na fo-ailt sin.

(23) I gcás forais réasúnacha a bheith ag oifigeach atá údaraithe ag na Coimisinéirí Ioncaim chun críocha an fho-ailt seo nó ag comhalta den Gharda Síochána chun droch-amhras a bheith air nó uirthi go bhfuil cion coiriúil faoi fhorálacha alt 1078 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997, i ndáil le cáin, déanta ag duine nach bhfuil

<sup>3</sup>IO Uimh. L347 an 11 Nollaig 2006, lch. 1

bunaithe sa Stát nó a gcreideann an t-oifigeach sin ina leith gur dóigh dó nó di an Stát a fhágáil, féadfaidh an t-oifigeach sin an duine sin a ghabháil.”,

- (d) in alt 28, trí “€4,000” a chur in ionad “€950”,
- (e) trí alt 29 a scriosadh, agus
- (f) in alt 30 trí fho-ailt (2) agus (3) a scriosadh.

#### CUID 4

##### CÁIN FHÁLTAS CAIPITIÚIL: PIONÓS

#### 1. Leasaítear an tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil 2003—

- (a) trí alt 25 a scriosadh, agus
- (b) in alt 58—
  - (i) trí “€3,000” a chur in ionad “€2,535” i bhfo-ailt (1)(a) agus (1A)(a),
  - (ii) trí “€3,000” a chur in ionad “€1,265” i bhfo-alt (2),
  - (iii) trí “, d’aon turas nó go míchúramach,” a chur isteach i ndiaidh “ina mainneoidh duine” agus trí “, mar gheall ar chalaois nó ar fhaillí arna déanamh ag an duine sin,” a scriosadh i bhfo-alt (1A),
  - (iv) trí “d’aon turas nó go míchúramach” a chur in ionad “go calaoiseach nó go faillíoch” i bhfo-alt (3),
  - (v) trí “d’aon turas nó go míchúramach” a chur in ionad “go calaoiseach ná go faillíoch” agus trí “go míchúramach” a chur in ionad “go faillíoch” i bhfo-alt (4),
  - (vi) trí “€3,000” a chur in ionad “€1,265” i bhfo-alt (7), agus
  - (vii) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (9):

“(9) Faoi réir an ailt seo—

- (a) beidh feidhm ag ailt 987(4), 1062, 1063, 1064, 1065, 1066 agus 1068 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997, fara aon mhodhnuithe is gá, maidir le pionós faoin Acht seo amhail is dá mba pionós faoi na hAchtanna Cánach Ioncaim an pionós, agus
- (b) beidh feidhm ag alt 1077E (arna chur isteach leis an *Acht Airgeadais (Uimh. 2) 2008*) den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997, fara aon mhodhnuithe is gá, maidir le pionós faoin Acht seo amhail is dá mba pionós a bhaineann le cáin ioncaim, cáin



chorparáide nó cáin ghnóchan caipitiúil,  
de réir mar a bheidh, an pionós.”.

CUID 5

DLEACTANNA STAMPA

*Caibidil 1*

*Pionóis*

1. Leasaítear an tAcht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa 1999—

(a) in alt 8—

- (i) i bhfo-alt (3), trí “roimh an *Acht Airgeadais (Uimh. 2) 2008* a rith,” a chur isteach roimh “ar ionstraim í”,
- (ii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

“(4A) Aon duine atá, ar an *Acht Airgeadais (Uimh. 2) 2008* a rith nó dá éis sin, chun aon ionstraim a ullmhú nó atá bainteach le hullmhú aon ionstraime agus a ullmhóidh aon ionstraim den sórt sin nach bhfuil na fíorais agus na himthosca go léir, a bhfuil an duine ar an eolas fúthu agus a dhéanann difear do dhliteanas na hionstraime sin i leith dleachta nó do mhéid na dleachta atá inmhuirearaithe ar an ionstraim sin, leagtha amach go hiomlán fírinneach san ionstraim nó in aon ráiteas lena mbaineann fo-alt (2), tabhóidh sé nó sí pionós €3,000.”.

(iii) i bhfo-alt (5)—

- (I) trí “chun críocha fho-alt (3) den alt seo nó alt 134A(2)(a), de réir mar a bheidh,” a chur in ionad “chun críocha fho-alt (3)”, agus
- (II) trí “go faillíoch nó d’aon turas, de réir mar a bheidh,” a chur in ionad “go faillíoch”, agus
- (iv) i bhfo-alt (6), trí “faoi fho-alt (3) nó faoi fho-alt (2)(a) nó (4)(a) d’alt 134A, de réir mar a bheidh,” a chur in ionad “faoi fho-alt (3)”,

(b) in alt 16(2)—

- (i) trí “chun críocha alt 8(3) nó 134A(2)(a), de réir mar a bheidh,” a chur in ionad “chun críocha alt 8(3)”, agus
- (ii) trí “go faillíoch nó d’aon turas, de réir mar a bheidh,” a chur in ionad “go faillíoch”,

(c) in alt 76—

- (i) i bhfo-alt (3), trí “Más rud é, roimh an *Acht Airgeadais (Uimh. 2) 2008* a rith, go gcuirfidh comhalta córais” a chur in ionad “I gcás go gcuirfidh comhalta córais”, agus

(ii) i bhfo-alt (5), trí “fho-alt (3) den alt seo nó alt 134A(2)(b), de réir mar a bheidh,” a chur in ionad “fho-alt (3)”, agus

(d) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 134:

“Pionóis.

134A.—(1) San alt seo—

ciallaíonn ‘go míchúramach’ mainneachtain cúram réasúnach a ghlacadh;

ciallaíonn ‘dliteanas i leith dleachta’ dliteanas i leith mhéid na difríochta a shonraítear i bhfo-alt (7), (8) nó (9) agus a éiríonn ó aon ní dá dtagraítear i bhfo-ailt (2) agus (4);

tá le ‘treoir’, ‘córas iomchuí’ agus ‘comhalta córais’ an bhrí chéanna atá leo, faoi seach, in alt 68(2);

ciallaíonn ‘duine’—

(a) chun críocha fho-ailt (2)(b) agus (4)(b), comhalta córais, agus

(b) chun críocha fho-ailt (2)(c) agus (4)(c), duine cuntasach i gcás ina gcuirtear faoi deara tuairisceán leictreonach nó tuairisceán páipéir a sheachadadh nó ina seachadtar an céanna ar na Coimisinéirí;

ciallaíonn ‘nochtadh cáilitheach spreagtha’, i ndáil le duine, nochtadh cáilitheach a rinneadh do na Coimisinéirí nó d’oifigeach Ioncaim sa tréimhse idir na dátaí seo a leanas—

(a) an dáta a thugann oifigeach Ioncaim fógra don duine maidir leis an dáta a thosóidh imscrúdú nó fiosrúchán i dtaobh aon ní is bun leis an duine sin a bheith faoi dhliteanas i leith dleachta, agus

(b) an dáta a thosaíonn an t-imscrúdú nó an fiosrúchán;

ciallaíonn ‘nochtadh cáilitheach’, i ndáil le duine—

(a) i ndáil le pionós dá dtagraítear i bhfo-alt (3), nochtadh gur deimhin leis na Coimisinéirí Ioncaim gur nochtadh faisnéise iomláine i ndáil leis na nithe uile agus le sonraí iomlána na nithe sin is cionsiocair le dliteanas dleachta as a dtagann pionós dá dtagraítear i bhfo-alt (3), agus le

sonraí iomlána na nithe sin is cionsiocair le dliteanas cánach as a dtagann pionós dá dtagraítear in alt 1077E(4) den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997, alt 27A(4) den Acht Cánach Breisluacha 1972 agus i bhfeidhmiú alt 1077E(4) den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 maidir leis an Acht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil 2003, agus

- (b) i ndáil le pionós dá dtagraítear i bhfo-alt (5), nochtadh gur deimhin leis na Coimisinéirí Ioncaim gur nochtadh faisnéise iomláine i ndáil leis na nithe uile agus le sonraí iomlána na nithe uile is cionsiocair le dliteanas dleachta as a dtagann pionós dá dtagraítear i bhfo-alt (5) don tréimhse iomchuí,

arna dhéanamh i scríbhinn chun na gCoimisinéirí Ioncaim nó chun oifigigh Ioncaim agus arna shíniú ag an duine sin nó thar ceann an duine sin agus lena ngabhann—

- (i) dearbhú, de réir mar is fearr is eol don duine sin, a cuireadh i bhfios don duine sin agus a chreideann an duine sin, arna dhéanamh i scríbhinn go bhfuil gach ní atá sa nochtadh ceart iomlán, agus
- (ii) íocaíocht ar an gcáin agus ar an dleacht, nó orthu araon, is iníoctha i leith aon ní atá sa nochtadh agus an úis ar íoc déanach na cánach agus na dleachta sin;

ciallaíonn ‘oifigeach Ioncaim’ oifigeach do na Coimisinéirí;

ciallaíonn ‘nochtadh cáilitheach neamhspreagtha’, i ndáil le duine, nochtadh cáilitheach ar deimhin leis na Coimisinéirí Ioncaim ina leith gur tugadh dóibh é go deonach—

- (a) sular thosaigh siad féin, nó sular thosaigh oifigeach Ioncaim, imscrúdú nó fiosrúchán i dtaobh aon ní is bun le dliteanas de chuid an duine sin i leith dleachta, nó
- (b) i gcás oifigeach Ioncaim do thabhairt fógra don duine faoin

dáta a thosóidh imscrúdú nó fiosrúchán i dtaobh aon ní is bun le dliteanas de chuid an duine sin i leith dleachta, roimh an bhfógra sin.

(2) Más rud é go ndéanfaidh aon duine, d'aon turas—

- (a) aon ionstraim a fhorghníomhú ar ionstraim í nach bhfuil na fíorais nó na himthosca go léir a dhéanann difear do dhliteanas na hionstraime sin i leith dleachta, nó do mhéid na dleachta atá inmhuirearaithe ar an ionstraim sin, leagtha amach go hiomlán agus go fírinneach san ionstraim nó in aon ráiteas lena mbaineann alt 8(2),
- (b) treoir mhícheart a chur isteach i gcóras iomchuí, nó a chur faoi deara treoir mhícheart a chur isteach i gcóras iomchuí, agus go mbeidh an treoir mhícheart sin ina cúis le gearríos dleachta stampa, nó gurb é an toradh atá uirthi éileamh ar dhíolúine ó dhleacht nach bhfuil aon teideal ann chuici, nó
- (c) a chur faoi deara tuairisceán leictreonach mícheart nó tuairisceán páipéir mícheart a sheachadadh, nó tuairisceán leictreonach mícheart nó tuairisceán páipéir mícheart a sheachadadh, ar na Coimisinéirí ar tuairisceán é nach léiríonn na fíorais agus na himthosca uile a dhéanann difear do dhliteanas na hionstraime sin i leith dleachta, nó do mhéid na dleachta atá inmhuirearaithe ar an ionstraim sin, arb iad na fíorais agus na himthosca iad a cheanglaíonn na Coimisinéirí a nochtadh ar an tuairisceán sin,

ansin tabhóidh an duine sin pionós €1,265 agus pionós breise.

(3) Is é a bheidh sa phionós breise dá dtagraítear sna fo-ailt seo a leanas—

- (a) i bhfo-alt (2) i ndáil le mír (a) den fho-alt sin, an méid a shonraítear i bhfo-alt (7),
- (b) i bhfo-alt (2) i ndáil le mír (b) den fho-alt sin, an méid a shonraítear i bhfo-alt (8), agus

- (c) i bhfo-alt (2) i ndáil le mír (c) den fho-alt sin, an méid a shonraítear i bhfo-alt (9),

arna laghdú, i gcás inar chomhoibrigh an duine a thabhaigh an pionós go hiomlán le haon imscrúdú nó fiosrúchán a thosaigh na Coimisinéirí nó oifigeach Ioncaim i dtaobh aon ní is bun leis an duine sin a bheith faoi dhliteanas i leith dleachta, go dtí na méideanna seo a leanas—

- (i) 75 faoin gcéad den mhéid sin i gcás nach mbeidh feidhm ag mír (ii) nó (iii),
  - (ii) 50 faoin gcéad den mhéid sin i gcás go mbeidh an duine sin tar éis nochtadh cáilitheach spreagtha a dhéanamh, nó
  - (iii) 10 faoin gcéad den mhéid sin i gcás go mbeidh an duine sin tar éis nochtadh cáilitheach neamhspreagtha a dhéanamh.
- (4) Más rud é go ndéanfaidh aon duine, go míchúramach ach ní go toiliúil—

- (a) aon ionstraim a fhorghníomhú ar ionstraim í nach mbeidh na fíorais ná na himthosca go léir a dhéanann difear do dhliteanas na hionstraime sin i leith dleachta nó do mhéid na dleachta atá inmhuirearaithe ar an ionstraim sin leagtha amach go hiomlán agus go fírinneach san ionstraim ná in aon ráiteas lena mbaineann alt 8(2),
- (b) treoir mhícheart a chur isteach i gcóras iomchuí nó a chur faoi deara go ndéantar an céanna agus go mbeidh an treoir mhícheart sin ina cúis le gearríos dleachta, nó gurb é an toradh atá uirthi éileamh ar dhíolúine ó dhleacht nach bhfuil aon teideal ann chuici, nó
- (c) a chur faoi deara tuairisceán leictreonach mícheart nó tuairisceán páipéir mícheart a sheachadadh, nó go ndéanfaidh sé nó sí, go míchúramach ach ní go toiliúil, tuairisceán leictreonach mícheart nó tuairisceán páipéir mícheart a sheachadadh, ar na Coimisinéirí nach léirítear ann na fíorais ná na himthosca a dhéanann difear do dhliteanas na hionstraime sin

i leith dleachta nó do mhéid na dleachta is inmhuirearaithe ar an ionstraim sin agus a cheanglaíonn na Coimisinéirí a nochtadh ar thuaisceán den sórt sin,

ansin tabhóidh an duine sin pionós €1,265 agus pionós breise.

(5) (a) Is é pionós breise dá dtagraítear—

- (i) i bhfo-alt (4) i ndáil le mír (a) den fho-alt sin, an méid a shonraítear i bhfo-alt (7),
- (ii) i bhfo-alt (4) i ndáil le mír (b) den fho-alt sin, an méid a shonraítear i bhfo-alt (8), agus
- (iii) i bhfo-alt (4) i ndáil le mír (c) den fho-alt sin, an méid a shonraítear i bhfo-alt (9),

arna laghdú go dtí 40 faoin gcéad i gcás feidhm a bheith ag an mbarrachas dá dtagraítear i bhfomhír (I) de mhír (b) agus go dtí 20 faoin gcéad i gcásanna eile.

(b) Más rud é gur chomhoibrigh an duine a thabhaigh an pionós go hiomlán le haon imscrúdú nó fiosrúchán a thosaigh na Coimisinéirí nó oifigeach Ioncaim faoi aon ní is bun leis an duine sin a bheith faoi dhliteanas dleachta, is é an pionós breise dá dtagraítear—

- (i) i bhfo-alt (4) i ndáil le mír (a) den fho-alt sin, an méid a shonraítear i bhfo-alt (7),
- (ii) i bhfo-alt (4) i ndáil le mír (b) den fho-alt sin, an méid a shonraítear i bhfo-alt (8), agus
- (iii) i bhfo-alt (4) i ndáil le mír (c) den fho-alt sin, an méid a shonraítear i bhfo-alt (9),

arna laghdú—

(I) i gcás inar mó méid na difríochta dá dtagraítear i bhfo-alt (7), (8) nó (9), de réir mar a bheidh, ná 15 faoin gcéad den mhéid

dá dtagraítear i bhfo-alt (7)(b), (8)(b) nó (9)(b), de réir mar a bheidh, go dtí—

(A) 30 faoin gcéad de mhéid na difríochta (dá ngairtear ‘an méid sin’ i gclásail (B) agus (C)) i gcás nach bhfuil feidhm ag clásal (B) nó (C),

(B) 20 faoin gcéad den mhéid sin i gcás go mbeidh an duine sin tar éis nochtadh cáilitheach spreagtha a dhéanamh, nó

(C) 5 faoin gcéad den mhéid sin i gcás go mbeidh an duine sin tar éis nochtadh cáilitheach neamhspreagtha a dhéanamh,

nó

(II) i gcás nach mó méid na difríochta dá dtagraítear i bhfo-alt (7), (8) nó (9), de réir mar a bheidh, ná 15 faoin gcéad den mhéid dá dtagraítear i bhfo-alt (7)(b), (8)(b) nó (9)(b), de réir mar a bheidh, go dtí—

(A) 15 faoin gcéad de mhéid na difríochta (dá ngairtear ‘an méid sin’ i gclásail (B) agus (C)) i gcás nach bhfuil feidhm ag clásal (B) nó (C),

(B) 10 faoin gcéad den mhéid sin i gcás go mbeidh an duine sin tar éis nochtadh cáilitheach

spreagtha a  
dhéanamh, nó

(C) 3 faoin gcéad den  
mhéid sin i gcás  
go mbeidh an  
duine sin tar éis  
nochtadh  
cáilitheach  
neamhspreagtha a  
dhéanamh.

(6) Más rud é go ndéanann aon duine,  
agus nach d'aon turas ná go míchúramach  
a dhéanann sé nó sí amhlaidh—

(a) ionstraim a fhorghníomhú agus  
go dtiocfaidh sé ar iúl an duine  
sin nach ndéantar na fíorais  
agus na himthosca go léir a  
leagan amach go hiomlán agus  
go fírinneach san ionstraim nó  
in aon ráiteas lena mbaineann  
alt 8 (2),

(b) treoir a thaifeadadh, nó a chur  
faoi deara treoir a thaifeadadh,  
i gcóras iomchuí agus go  
dtiocfaidh sé ar iúl an duine sin  
gur threoir mhícheart an treoir,  
nó

(c) a chur faoi deara tuairisceán  
leictreonach nó tuairisceán  
páipéir a sheachadadh, nó  
tuairisceán leictreonach nó  
tuairisceán páipéir a  
sheachadadh, agus go dtiocfaidh  
sé ar iúl an duine sin nach  
léiríonn an tuairisceán  
leictreonach nó an tuairisceán  
páipéir na fíorais agus na  
himthosca go léir a  
cheanglaíonn na Coimisinéirí a  
nochtadh ar thuairisceán den  
sórt sin,

ansin, mura rud é go ndéantar an earráid a  
leigheas gan moill mhírreasúnach, déileálfar  
leis an duine chun críocha an ailt seo mar  
dhuine a ghníomhaigh d'aon turas.

(7) Is é a bheidh sa mhéid dá dtagraítear  
i bhfo-ailt (3)(b) agus (5)(b) ná méid na  
difríochta idir na méideanna seo a leanas—

(a) méid na dleachta is iníoctha i  
leith na hionstraime ar bhonn  
na bhfíoras agus na n-imthosca  
a bheidh leagtha amach agus  
seachadta, agus



(b) méid na dleachta arbh é an méid é ab iníoctha amhlaidh dá mba rud é go mbeadh na fíorais agus na himthosca go léir dá dtagraítear i bhfo-ailt (1) agus (2) d’alt 8 leagtha amach go hiomlán agus go fírinneach san ionstraim agus in aon ráiteas a ghabhann léi.

(8) Is é a bheidh sa mhéid dá dtagraítear i bhfo-ailt (3)(b) agus (5)(b) ná méid na difríochta idir na méideanna seo a leanas—

(a) an dleacht a íocadh amhlaidh (más ann), agus

(b) an dleacht ab iníoctha dá mba rud é gur taifeadadh an treoir i gceart.

(9) Is é a bheidh sa mhéid dá dtagraítear i bhfo-ailt (3)(c) agus (5)(c) ná méid na difríochta idir na méideanna seo a leanas—

(a) an méid dleachta is iníoctha i leith na hionstraime ar bhonn na bhfíoras agus na n-imthosca arna nochtadh ar an tuairisceán sin, agus

(b) an méid dleachta arbh é an méid é ab iníoctha amhlaidh dá mba rud go ndearnadh na fíorais agus na himthosca go léir a dhéanann difear do dhliteanas na hionstraime sin i leith dleachta nó do mhéid na dleachta is inmhuirearaithe ar an ionstraim sin, arb iad na fíorais agus na himthosca iad a cheanglaíonn na Coimisinéirí a nochtadh ar thuairisceán den sórt sin, a nochtadh dóibh.

(10) I gcás go ndéanfaidh duine dara nochtadh cáilitheach laistigh de 5 bliana ón tráth a dhéantar an chéad nochtadh cáilitheach de chuid an duine sin, ansin maidir le nithe a bhaineann leis an dara nochtadh—

(a) i ndáil le fo-alt (3)—

(i) beidh feidhm ag fomhír (ii) amhail is dá gcuirfí ‘75 faoin gcéad’ in ionad ‘50 faoin gcéad’, agus

(ii) beidh feidhm ag fomhír (iii) amhail is dá gcuirfí ‘55

faoin gcéad' in ionad '10  
faoin gcéad', agus

(b) i ndáil le fomhír (I) d'fho-alt  
(5)(b)—

(i) beidh feidhm ag clásal (B)  
amhail is dá gcuirfí '30  
faoin gcéad' in ionad '20  
faoin gcéad', agus

(ii) beidh feidhm ag clásal (C)  
amhail is dá gcuirfí '20  
faoin gcéad' in ionad '5  
faoin gcéad'.

(11) I gcás go ndéanfaidh duine tríú  
nochtadh cáilitheach nó nochtadh  
cáilitheach dá éis sin laistigh de 5 bliana ón  
tráth a dhéantar an dara nochtadh  
cáilitheach de chuid an duine sin, ansin  
maidir le nithe a bhaineann leis an tríú  
nochtadh cáilitheach nó le nochtadh  
cáilitheach dá éis sin, de réir mar a  
bheidh—

(a) ní laghdófar an pionós breise dá  
dtagraítear i míreanna (a), (b)  
agus (c) d'fho-alt (3), agus

(b) ní bheidh feidhm ag an laghdú dá  
dtagraítear i bhfomhír (I) d'fho-  
alt (5)(b).

(12) Ní bheidh nochtadh, i ndáil le  
duine, ina nochtadh cáilitheach más rud é—

(a) sula ndéantar an nochtadh, go  
mbeidh fiosrúchán tosaithe ag  
oifigeach Ioncaim i dtaobh aon  
ní sa nochtadh sin agus go  
mbeidh teagmháil déanta aige  
nó aici leis an duine, nó le duine  
atá ionadaitheach don duine, nó  
fógra tugtha aige nó aici don  
duine, nó do dhuine atá  
ionadaitheach don duine,  
maidir leis an ábhar seo, nó

(b) gurb é atá sna nithe atá sa  
nochtadh ná nithe—

(i) atá tagtha ar iúl, nó atá ar tí  
teacht ar iúl, na  
gCoimisinéirí trí bhíthin a  
bhfiosrúchán féin nó trí  
bhíthin imscrúdaithe arna  
sheoladh ag comhlacht  
reachtúil nó ag  
gníomhaireacht reachtúil,

- (ii) atá faoi réim fiosrúcháin atá á sheoladh, go hiomlán nó go páirteach, go poiblí, nó
  - (iii) lena bhfuil baint ag an duine a rinne an nochtadh, nó a bhfuil an duine a rinne an nochtadh ar tí a bheith bainteach leo, go poiblí.”.
2. (a) Faoi réir *fhomhír (b)* den *mhír* seo, tá éifeacht le *mír 5* den *Sceideal* seo (seachas clásail (i) agus (ii) *d’fhomhír (a)* agus *d’fhomhír (c)(i)* maidir le pionóis arna dtabhú tráth rite an Achta seo nó dá éis.
- (b) Tagann fo-ailt (2)(c) agus (4)(c) d’alt 134A (atá á gcur isteach san Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa 1999 le *fomhír (d)* de *mhír 5* den *Sceideal* seo), mar aon le haon tagairtí san alt sin a bhaineann leis na fo-ailt sin (2)(c) agus (4)(c), i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire Airgeadais le hordú nó le horduithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

## Caibidil 2

### Ús agus Pionóis

1. Leasaítear an tAcht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa 1999—
- (a) in alt 1 sa mhíniú ar “dísle”, trí “nó aon ús nó pionós” a chur in ionad “nó aon phionós”,
  - (b) in alt 2(4), trí “, aon ús agus pionós” a chur in ionad “agus aon phionós”,
  - (c) in alt 14—
    - (i) i bhfo-alt (1)—
      - (I) trí na focail “ar phionós €25 a íoc” a scriosadh, agus
      - (II) trí na focail “agus freisin trí phionós breise,” a scriosadh,
    - (ii) i bhfo-alt (2)—
      - (I) trí “an úis” a chur in ionad “na bpionós”, agus
      - (II) trí “phionós” a chur in ionad “phionós breise”,
    - (iii) i bhfo-alt (3), trí “aon ús nó pionós, nó aon ús agus pionós,” a chur in ionad “aon phionós”, agus
    - (iv) i bhfo-alt (4), trí “le haon ús nó pionós” a chur in ionad “le haon phionós”,
  - (d) in alt 45A(4)—
    - (i) trí “méid (dá ngairtear ‘aisghlámadh’ san fho-alt seo) a íoc leis na Coimisinéirí” a chur in ionad “pionós a íoc leis na Coimisinéirí i méid”,

- (ii) i mír (ii), trí “aon aisghlámtha” a chur in ionad “aon phionóis”, agus
  - (iii) trí “a íocfar an t-aisghlámadh” a chur in ionad “a íocfar an pionós”,
- (e) in alt 71—
- (i) i mír (b)(ii), trí “aon ús agus pionós” a chur in ionad “aon phionós”, agus
  - (ii) i mír (d), trí “an t-ús agus an pionós” a chur ionad “na pionóis”,
- (f) in ailt 79(7), 80(8) agus 80A(8) trí “trí phionós,” a scriosadh,”
- (g) in alt 81—
- (i) i bhfo-alt (7)—
    - (I) i mír (a), trí “méid (dá ngairtear ‘aisghlámadh’ san alt seo) a chur in ionad “pionós”,
    - (II) i mír (aa), trí “ar aisghlámadh” a chur in ionad “ar phionós” agus “an t-aisghlámadh” a chur in ionad “an pionós”,
    - (III) i mír (ac), trí “aisghlámadh” a chur in ionad “pionós”, trí “aon aisghlámadh” a chur in ionad “aon phionós” agus trí “aon aisghlámthaí” a chur in ionad “aon phionóis”,

agus

  - (ii) i míreanna (c) agus (d) d’fho-alt (8), trí “aisghlámadh faoi mhír (a)” a chur in ionad “pionós faoi mhír (a)”,
- (h) in alt 81A—
- (i) i bhfo-alt (11)—
    - (I) i mír (a), trí “méid (dá ngairtear ‘aisghlámadh’ san alt seo)” a chur in ionad “pionós”,
    - (II) i mír (aa), trí “aisghlámadh” a chur in ionad “phionós” agus “t-aisghlámadh” a chur in ionad “pionós”, agus
    - (III) i mír (ac), trí “aisghlámadh” a chur in ionad “pionós” agus “phionós” agus “aon aisghlámthaí” a chur in ionad “aon phionós”,

agus

  - (ii) i míreanna (c) agus (d) d’fho-alt (12), trí “aisghlámadh faoi mhír (a)” a chur in ionad “pionós faoi mhír (a)”,
- (i) in alt 81AA—
- (i) i bhfo-alt (12)—

- (I) i mír (a), trí “méid (dá ngairtear ‘aisghlámadh’ san alt seo)” a chur in ionad “pionós”,
- (II) i mír (b), trí “aisghlámadh” a chur in ionad “phionós” agus “t-aisghlámadh” a chur in ionad “pionós”, agus
- (III) i mír (d), trí “aisghlámadh” a chur in ionad “pionós” agus “phionós” agus trí “aon aisghlámthai” a chur in ionad “aon phionós”,  
agus
- (ii) i míreanna (c) agus (d) d’fho-alt (13), trí “aisghlámadh faoi mhír (a)” a chur in ionad “pionós faoi mhír (a)”,
- (j) in ailt 81B agus 81C—
  - (i) i mír (a) d’fho-alt (9) de gach alt acu sin, trí “méid (dá ngairtear ‘aisghlámadh’ san alt seo)” a chur in ionad “pionós de mhéid” agus trí “an t-aisghlámadh” a chur in ionad “an pionós”, agus
  - (ii) i bhfo-alt (10) de gach alt acu sin—
    - (I) i mír (b), trí “aisghlámadh nó pionós amháin faoi mhír (a), (c) nó (d), de réir mar a bheidh,” a chur in ionad “pionós amháin faoi mhír (a), (c) nó (d)”,
    - (II) i mír (c), trí “aisghlámadh faoi mhír (a)” a chur in ionad “pionós faoi mhír (a)”,
    - (III) i mír (d), trí “aisghlámadh nó pionós faoi mhír (a) nó (d), de réir mar a bheidh,” a chur in ionad “pionós faoi mhír (a) nó (d)”, agus
    - (IV) i mír (e), trí “aisghlámadh nó pionós faoi mhír (a) nó (c), de réir mar a bheidh,” a chur in ionad “pionós faoi mhír (a) or (c)”,
- (k) in alt 82B—
  - (i) i bhfo-ailt (4)(a) agus (5), trí “méid (dá ngairtear ‘aisghlámadh’ san alt seo)” a chur in ionad “pionós”,
  - (ii) i bhfo-alt (6), trí “aisghlámadh” a chur in ionad “phionós” agus “an t-aisghlámadh” a chur in ionad “an pionós”, agus
  - (iii) i bhfo-alt (7), trí “an t-aisghlámadh” a chur in ionad “an pionós”,
- (l) in alt 87(3), trí “mar phionós breise,” a scríosadh,
- (m) in alt 87A(4), trí “mar phionós breise,” a scríosadh,
- (n) in ailt 91(2)(c)(i), 91A(6)(a), 92(2)(a) agus 92B(4)(a)—
  - (i) trí “méid (dá ngairtear ‘aisghlámadh’ san alt seo) a chur in ionad “pionós”, agus

- (ii) trí “dáta loghtha an aisghlámtha” a chur in ionad “dáta loghtha an phionóis”,
- (o) in alt 92B(5), tríd an leagan cuí gramadaí de “aisghlámadh” a chur in ionad an leagain chomhréirigh de “pionós” gach áit a bhfuil sé,
- (p) in alt 108A—
  - (i) i bhfo-alt (4), trí “méid (dá ngairtear ‘aisghlámadh’ san alt seo)” a chur in ionad “pionós” agus tríd an leagan cuí gramadaí de “an t-aisghlámadh” a chur in ionad an leagain chomhréirigh de “an pionós” gach áit a bhfuil sé, agus
  - (ii) i bhfo-alt (5), trí “an t-aisghlámadh” a chur in ionad “an pionós”,
- (q) in alt 117(3), trí “ar mhodh pionóis” a scriosadh,
- (r) in ailt 123(7), 123A(7) agus 124(5)(b)—
  - (i) trí “ar mhodh pionóis,” a scriosadh, agus
  - (ii) trí “ar mhodh pionóis” a chur in ionad “ar mhodh pionóis breise”,
- (s) in alt 123B(7)—
  - (i) trí “ar mhodh pionóis,” a scriosadh, agus
  - (ii) trí “ar mhodh pionóis” a chur in ionad “ar mhodh pionóis breise”,
- (t) in ailt 123C(8) agus 124A(8)—
  - (i) trí “ar mhodh pionóis,” a scriosadh, agus
  - (ii) trí “ar mhodh pionóis” a chur in ionad “ar mhodh pionóis breise”,
- (u) in ailt 123C(12) agus 124A(12), trí “aon ús nó pionós” a chur in ionad “aon phionós”,
- (v) in alt 125(6), trí “ar mhodh pionóis agus” a scriosadh,
- (w) in alt 126(7), trí “ar mhodh pionóis,” a scriosadh,
- (x) i míreanna (a) agus (b) d’alt 126B(4), trí “aon ús agus pionós” a chur in ionad “aon phionós”,
- (y) in alt 127—
  - (i) i bhfo-alt (1), trí “maille leis an ús agus leis an bpionós” a chur in ionad “agus maille leis an bpionós”,
  - (ii) i bhfo-alt (2), tríd an leagan cuí gramadaí de “, an t-ús agus an pionós” a chur in ionad an leagain chomhréirigh de “agus an pionós” gach áit a bhfuil sé, agus
  - (iii) i bhfo-alt (3)—

(I) trí “, ús agus pionós” a chur in ionad “nó pionós”, agus

(II) trí “, an t-ús agus an pionós” a chur in ionad “agus an pionós”,

(z) in alt 130(2), tríd an leagan cuí gramadaí de “an t-ús agus an pionós” a chur in ionad an leagain chomhréirigh de “an pionós” gach áit a bhfuil sé,

agus

(aa) in alt 156(3)(a), trí “aon ús nó pionós” a chur in ionad “aon pionós”.

2. Maidir le *mír 7 den Sceideal seo*—

(a) tá éifeacht le *fomhíreanna (a) go (aa)* (seachas *fomhír (c)(i)(I)*) den mhír sin amháil ar agus ó dháta rite an Achta seo agus a mhéid atá feidhm ag Caibidil 3A (atá á cur isteach i gCuid 47 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 le *Cuid 1* den *Sceideal seo*) maidir le pionóis arna dtabhú faoin Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa 1999 roimh an Acht seo a rith ar pionóis iad nach mbeidh íoctha ar an Acht seo a rith, ní bheidh feidhm aici maidir le pionóis den sórt sin atá i bhfoirm úis a bheidh fabhráithe faoi aon fhorálacha den Acht sin, agus

(b) tá éifeacht le *fo-mhír (c)(i)(I)* den mhír sin maidir le pionóis arna dtabhú i leith ionstraimí a fhorghníomhaítear ar dháta rite an Achta seo nó dá éis.

SCEIDEAL 6

LEASUITHE ILGHNÉITHEACHA TEICNIÚLA I nDÁIL LE CÁIN

1. Leasaítear an tAcht Comhdhlúite Cánacha 1997—

(a) in alt 128C(2), trí “agus chun na críche seo folaíonn ‘fostaíocht’ fostaíocht roimhe sin nó fostaíocht ionchasach, agus folaíonn ‘oifig’ oifig roimhe sin nó oifig ionchasach.” a chur in ionad “agus chun na críche seo folaíonn ‘fostaíocht’ fostaíocht roimhe sin nó fostaíocht ionchasach.”,

(b) in alt 598(1)(a) sa mhíniú ar “an Scéim”—

(i) i mír (i), trí “nó” a scriosadh agus, i mír (ii), trí “nó” a chur isteach ag deireadh na míre sin, agus

(ii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (ii):

“(iii) an Scéim um Luath-Scor ó Fheirmeoireacht a thug an tAire Talmhaíochta agus Bia isteach chun Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 an 20 Meán Fómhair 2005 ón gComhairle<sup>1</sup> a chur i ngníomh;”,

(c) in alt 1078B(6), trí “nó faoi fho-alt (3) d’alt 908C” a chur isteach i ndiaidh “d’alt 905”, agus

(d) i Sceideal 24A—

(i) i gCuid 1—

(I) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 25:

“25A. An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam)(Poblacht na Macadóine) 2008 (I.R. Uimh. 463 de 2008).”,

(II) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 26:

“26A. An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam) (Málta) 2008 (I.R. Uimh. 502 de 2008).”,

(III) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 41:

“41A. An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam agus Gnóchain Chaipitiúla) (Poblacht na Tuirce) 2008 (I. R. Uimh. 501 de 2008).”,

agus

<sup>1</sup>IO Uimh. L277 an 21 Deireadh Fómhair 2005, lch. 1



(IV) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 43:

“43A. An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam) (Poblacht Shóisialach Vítneam) 2008 (I.R. Uimh. 453 de 2008).”,

agus

(ii) i gCuid 3, tríd an méid seo a leanas a chur isteach:

“1. An tOrdú um Malartú Faisnéise a bhaineann le Cúrsaí Cánach agus Faoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam) (Oileán Mhanann) 2008 (I.R. Uimh. 459 de 2008).”.

2. Leasaítear an tAcht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa 1999—

(a) trí alt 49 a scriosadh, agus

(b) in alt 92B(8)(aa)(iv)(III), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhochlásal (E):

“(E) ó dháta forghníomhaithe an tíolactha nó an aistriú, go ndearnadh na coinníollacha dá dtagraítear i bhfo-alt (3)(b)(ii) nó (4A), de réir mar a bheidh, nó na coinníollacha dá dtagraítear i bhfo-alt (1)(b)(ii) nó (2A) d’alt 92, a chomhlíonadh agus go gcomhlíonfar iad go ceann an chuid eile den tréimhse 2 bhliain dá dtagraítear san fho-alt a bhfuil feidhm aige maidir leis an tíolacadh nó leis an aistriú lena mbaineann.”.

3. Leasaítear an tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil 2003, in alt 28(2)(a), trí “an deontaí nó an chomharba sin” a chur in ionad “an diúscróra sin”.

4. Leasaítear an tAcht Cánach Breisluacha 1972—

(a) in alt 1(1)—

(i) sa mhíniú ar “earraí caipitiúla”, trí “agus folaíonn sé athfheistiú de réir bhrí alt 12E,” a chur isteach i ndiaidh “earraí dochorraithe forbartha”,

(ii) i mír (a) den mhíniú ar “gníomhaíocht díolmhaithe”, trí “de bhun ailt 4(6) agus 4B(2) agus fho-ailt (2) agus (6)(b) d’alt 4C” a chur in ionad “de bhun ailt 4(6), 4B(2) agus 4C(2)”, agus

(iii) sa mhíniú ar “leas atá coibhéiseach le ruíleas”, trí “leas in earraí dochorraithe, seachas leas ruílse,” a chur in ionad “leas in earraí dochorraithe seachas leas ruílse”,

(b) in alt 4(8)(c)(ii), trí “Ní bheidh feidhm ag an bhfomhír seo i gcás é a bheith d’oibleagáid ar an duine a dhéanann an

géilleadh nó an sannadh doiciméad a eisiúint de réir alt 4C(8)(a) chuig an duine dá ndéantar an géilleadh nó an sannadh sin.” a chur isteach i ndiaidh “an sannadh sin.”,

(c) in alt 4B—

(i) i bhfo-alt (2)—

(I) trí “agus alt 4C(6)(a)” a chur isteach i ndiaidh “Faoi réir fho-ailt (3), (5) agus (7)”,

(II) i mír (a), trí “laistigh de 20 bliain roimh an soláthar sin” a chur isteach i ndiaidh “orthu”,

(III) i mír (c)(ii)(II), trí “inchánach” a scriosadh, agus

(IV) i mír (e)(ii)(II), trí “inchánach” a scriosadh,

agus

(ii) i bhfo-alt (5)—

(I) trí “, fho-alt (2) nó (6)(b) d’alt 4C” a chur isteach i ndiaidh “fho-alt (2)”, sa dá áit a bhfuil sé, agus

(II) trí “(tráth nach déanaí ná an cúigiú lá déag den mhí tar éis na míosa ina ndéantar an soláthar sin)” a chur isteach i ndiaidh “comhaontú i scríbhinn”,

(d) in alt 4C—

(i) i bhfo-alt (1)—

(I) i mír (a), trí “, ar earraí dochorraithe críochnaithe iad roimh an 1 Iúil 2008,” a chur isteach i ndiaidh “roimh an 1 Iúil 2008”, agus

(II) i mír (b)—

(A) trí “alt 4,” a chur in ionad “alt 4”, agus

(B) trí “agus an leas frithdhílse, de réir bhrí alt 4(9), ar an leas sin go dtí go ngéillfear an leas sin tar éis an 1 Iúil 2008” a chur isteach i ndiaidh “arna shealbhú ag duine inchánach an 1 Iúil 2008”,

(ii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) I gcás ina ngéilltear leas lena mbaineann fo-alt (1)(b), ansin, chun críocha fheidhm alt 12E i leith na n-earraí dochorraithe lena mbaineann—

(a) beidh an méid cánach is inmhuirearaithe ar an ngéilleadh de réir fho-alt (7) san áireamh sa cháin iomlán arna tabhú agus

ní bheidh cáin arna tabhú roimh an leas a géilleadh a chruthú san áireamh inti, agus

- (b) is é a bheidh sa tréimhse choigeartúcháin ná an líon eatramh a shonraítear i bhfo-alt (11)(c)(iv) agus tosóidh an t-eatramh tosaigh ar dháta an ghéillte sin.”,
- (iii) i bhfo-alt (3)(c), trí “go ndéanann” a chur in ionad “go gcruthaíonn”,
- (iv) i bhfo-alt (4), trí “ón tráth a rinneadh an sannadh is déanaí” a chur in ionad “ón sannadh is déanaí”,
- (v) i bhfo-alt (7)(b), trí “ach amháin an méid cánach arna mhuirearú i leith aon fhorbartha ag an duine a dhéanann an sannadh nó an géilleadh tar éis an leas a fháil” a chur isteach i ndiaidh “i bhfo-alt (11)(d)”,
- (vi) i bhfo-alt (8)(a)—
- (I) trí “do dhuine inchánach” a chur isteach i ndiaidh “a shannadh nó a ghéilleadh”, agus
- (II) i bhfomhír (ii), trí “arna chinneadh de réir fho-alt (11)(c)(iv)” a chur isteach i ndiaidh “sa tréimhse choigeartúcháin”,
- (vii) trí mhír (b) d’fho-alt (9) a scríosadh,
- (viii) i bhfo-alt (10) trí “ach má dhéanann an duine sin na hearraí dochorraithe a fhorbairt agus más athfheistiú, de réir bhrí alt 12E, a chríochnaítear an 1 Iúil 2008 nó dá éis, an fhorbairt sin ansin ní dhéanfar neamhshuim de na fo-ailt seo i leith an athfheistithe sin” a chur isteach i ndiaidh “an 1 Iúil 2008”, agus
- (ix) i bhfo-alt (11)—
- (I) trí “le hearraí dochorraithe” a chur in ionad “le hearraí dochorraithe,”,
- (II) i mír (b), trí “developed” a chur in ionad “developed,” sa leagan Béarla,
- (III) i mír (c)—
- (A) trí “nó leasanna in earraí dochorraithe” a chur isteach i ndiaidh “i leith earraí dochorraithe”,
- (B) i bhfomhír (ii), trí “cibé acu is giorra,” a chur in ionad “cibé acu is giorra, nó”,
- (C) i bhfomhír (iii), trí “roimh an 1 Iúil 2008,” a chur isteach i ndiaidh “leas in earraí dochorraithe,” agus trí “cibé acu is giorra, nó” a chur in ionad “cibé acu is giorra,”, agus
- (D) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (iii)—

“(iv) i gcás an méid seo a leanas—

(I) leas in earraí dochorraithe a ghéilleadh nó a shannadh den chéad uair an 1 Iúil 2008 nó dá éis, an líon blianta iomlána atá fágtha sa tréimhse choigeartúcháin arna chinneadh de réir fhomhíreanna (ii) agus (iii), móide aon bhliain amháin, nó

(II) an dara sannadh nó aon sannadh dá éis sin ar leas in earraí dochorraithe tar éis 1 Iúil 2008, an líon eatramh iomlán atá fágtha sa tréimhse choigeartúcháin arna chinneadh de réir chlásal (I), móide aon eatramh amháin,

agus, dá éis sin, is é an líon seo an líon eatramh atá fágtha sa tréimhse choigeartúcháin,”

(IV) i mír (d), trí “is déanaí” a scriosadh,

(V) i mír (e), trí “eatramh” a chur in ionad “blianta”,

(VI) i mír (h), trí “, ach i gcás leasa a shanntar nó a ghéilltear an 1 Iúil 2008 nó dá éis, beidh leis an dara heatramh den tréimhse choigeartúcháin an bhrí a shanntar dó le halt 12E” a chur isteach i ndiaidh “an dara heatramh”, agus

(VII) i mír (j)—

(A) i bhfomhír (ii), trí “2008,” a chur in ionad “2008, agus”,

(B) i bhfomhír (iii), trí “i leith na n-earraí caipitiúla sin de réir alt 3(1)(e) nó 4(3)(a)” a chur in ionad “de réir fho-alt (3) nó alt 4(3)(ab)” agus trí “an t-úinéir earraí caipitiúla, agus” a chur in ionad “an t-úinéir earraí caipitiúla,” agus

(C) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (iii):

“(iv) i gcás ina mbeidh coigeartú déanta ar inasbhainteacht i leith an earra chaipitiúil de réir fho-alt (3) nó alt 4(3)(ab), an méid ‘T’ san fhoirmle in alt 4(3)(ab),”

(e) in alt 7A—

(i) i bhfo-alt (1)(d)(ii)—

(I) i gclásal (I), trí “nach mbeidh níos luaithe ná dáta an chomhaontaithe sin” a chur isteach i ndiaidh “an dáta foirceanta”, agus

(II) i gclásal (II), trí “nach mbeidh níos luaithe ná dáta an chomhaontaithe sin” a chur isteach i ndiaidh “an dáta foirceanta”,

agus

(ii) i bhfo-alt (2)—

(I) i mír (a)—

(A) trí “Faoi réir mhíreanna (b) agus (c), ní ceadmhach do thiarna talún” a chur in ionad “Ní ceadmhach do thiarna talún”, agus

(B) i bhfomhír (i), trí “faoi réir mhír (b),” a scríosadh,

agus

(II) i mír (b), trí “agus fo-alt (1)(d)(iii)” a chur isteach i ndiaidh “mír (a)(i)”,

(f) in alt 7B(3), trí “ina ndéanann nó ina ndearna” a chur in ionad “ina ndearna”,

(g) in alt 8—

(i) i bhfo-alt (1B)(b), trí “lena mbaineann alt 531(1) den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997” a chur a chur isteach i ndiaidh “ina bhfaigheann príomhaí”,

(ii) i bhfo-alt (5A), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (c)—

“(d) Níl feidhm ag an bhfo-alt seo maidir le hearraí dochorraithe arna bhfáil nó arna bhforbairt an 1 Iúil 2008 nó dá éis.”,

agus

(iii) i bhfo-alt (8)(d), trí “ansin, mura mbeidh rogha cánach an tiarna talún feidhmithe ag an tiarna talún sin de réir alt 7A i leith na hearraí dochorraithe sin a ligean tráth an scoir nó mura mbeidh tarscaoileadh aige nó aici” a chur in ionad “ansin, mura mbeidh tarscaoileadh ag an tiarna talún sin”,

(h) in alt 12—

(i) i bhfo-alt (1)(a)(iv), trí “alt 5(3)(c)” a chur in ionad “alt 5(3)(d)”, agus

(ii) i bhfo-alt (4)(a), sa mhíniú ar “inchuir dhé-úsáide” trí “, nó seirbhísí a bhaineann le forbairt earraí dochorraithe atá faoi réir fhorálacha alt 12E” a chur isteach i ndiaidh “ar iad a cheannach nó a fháil”,

(i) in alt 12E—

(i) i bhfo-alt (3)(b)(ii)(I), trí “de réir alt 4B(2) nó fho-alt (2) nó (6)(b) d’alt 4C” a chur in ionad “de réir alt 4B(2)”, agus

(ii) i bhfo-alt (10), trí “de réir alt 4B(2) nó fho-alt (2) nó (6)(b) d’alt 4C” a chur in ionad “de réir alt 4B(2)”,

agus

(j) in alt 13(3)(b), trí “de réir mhír (f) nó (g) d’fho-alt (1A), nó fho-alt (1B)(b) nó (2), d’alt 8” a chur in ionad “de réir alt 8(2)”.

5. Leasaítear an tAcht Airgeadais 2001, in alt 116(5), trí “alt 99(3)” a chur in ionad “alt 99(1)(b)”.

6. Leasaítear an tAcht Airgeadais 2008—

(a) in alt 5—

(i) i mír (d)(ii), trí “agus” a chur in ionad “nó”,

(ii) i mír (f), trí “agus” a chur in ionad “nó”, agus

(iii) i mír (g), trí “agus” a chur in ionad “nó”,

agus

(b) trí alt 108 a scriosadh agus trína mheas nach raibh éifeacht leis riamh.

7. (a) Maidir le *mír 1*—

(i) meastar gur tháinig *fomhír (a)* i bhfeidhm agus go raibh éifeacht léi amhail ar an agus ón 31 Eanáir 2008,

(ii) meastar gur tháinig *fomhír (b)* i bhfeidhm agus go raibh éifeacht léi maidir le diúscairt sócmhainne an 13 Meitheamh 2007 nó dá éis, agus

(iii) tá éifeacht le *fomhíreanna (c)* agus *(d)* amhail ar agus ó dháta rite an Achta seo.

(b) Tá éifeacht le *mír 2* amhail ar agus ó dháta rite an Achta seo.

(c) Meastar gur tháinig *mír 3* i bhfeidhm agus go raibh éifeacht léi amhail ar an agus ón 21 Feabhra 2003.

(d) Tá éifeacht le *mír 4* amhail ar agus ó dháta rite an Achta seo.

(e) Tá éifeacht le *mír 5* amhail ar agus ó dháta rite an Achta seo.

(f) Maidir le *mír 6*—

(i) meastar gur tháinig *fomhír (a)* i bhfeidhm agus go raibh éifeacht léi amhail ar an agus ón 13 Márta 2008, agus

(ii) tá éifeacht le *fomhír (b)* amhail ar agus ó dháta rite an Achta seo.